

13

Banc Ceannais Tuarascáil Bhliantúil



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Banc Ceannais na hÉireann

14 Aibreán 2014

A Aire, a chara,

Faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), tá sé de cheangal ar Bhanc Ceannais na hÉireann (an Banc) tuarascáil a ullmhú maidir lena ghníomhaíochtaí i rith na bliana agus an cháipéis sin a thíolacadh duit laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais.

Áirítear freisin sa Tuarascáil Bhliantúil, na Tuarascálacha Bliantúla a cheanglaítear faoin Acht um lontaobhais Aonad 1990, faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995, faoi na Rialacháin Réamheolaire 2005 agus na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh 2005.

Is onóir dom é Gníomhaíochtaí agus Cuntais Bhliantúla an Bhainc don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 a iamh leis seo.

Is mise le meas,

Patrick Honohan
An Gobharnóir

Clár na nÁbhar

Cuid 1

Coimisiún an Bhainc Ceannais	4
Cairt Eagraíochta	5
Bainistíocht	6
Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir	8
Sracfhéacht ar 2013 – An Banc agus an Geilleagar	12
Liosta na nGiorrúcháin Coitianta	14

Caibidil 1: Na Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí in 2013

– Réamhrá	17
– Cobhsaíocht an Chórais Airgeadais	23
– Rialáil Chuí Éifeachtach ar Institiúidí Airgeadais agus ar Mhargaí Airgeadais	25
– Deacrachtaí Airgeadais in Institiúidí Creidmheasa a Réiteach	44
– Tomhaltóirí Seirbhísí Airgeadais a Chosaint	46
– Comhairle Neamhspleách Eacnamaíoch agus Staidreamh Airgeadais d'Ardchaighdeán	52
– Córais Éifeachtacha, Éifeachtúla Íocaíochta agus Seirbhísí Airgeadra	56
– Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Cost-Éifeachtacht	61
– Foscúbhinn 1: Ceanglais na hÉireann maidir leis an Earnáil Airgeadais faoi Chlár Seachtrach AE-CAI um Thacaíocht Airgeadais	68
– Foscúbhinn 2: Forbairtí Fuinnimh, Sábháilteachta agus Comhshaoil	74
– Iarscríbhinn: Ráitis agus Páipéir arna bhFoilsíú ag an mBanc in 2013	76

Caibidil 2: Rialachas Corparáideach

Cuid 2

Oibríochtaí Airgeadais	91
Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013	96

Cuid 1



Coimisiún an Bhainc Ceannais

amhail ar an 31 Márta 2014



**Patrick Honohan,
An Gobharnóir***



**Stefan Gerlach,
Leas-Ghobharnóir
(Baincéireacht
Cheannais)***



**Cyril Roux,
Leas-Ghobharnóir
(Rialáil Airgeadais)***



**John Moran,
Ard-Rúnaí na Roinne
Airgeadais***



Alan Ahearne



Patricia Byron



Blanaid Clarke



John FitzGerald



Des Geraghty




Michael Soden



**Neil Whoriskey,
Rúnaí**

* Comhaltaí ex-officio

Cairt Eagraíochta



* Ex-officio

[^] Tuairiscíonn an Rannán ^ Iniúcháireacht Inmheánach go díreach don Ghobharnóir agus ní thuairiscíonn sé don Leas-Ghobharnóir ach amháin i ndáil le cúrsaí riaracháin nó buiséid.

[~] Beidh Fiona Muldoon ag fónamh mar Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa agus ar Mhaoirseacht Árachais go dtí an 1 Bealtaine 2014. Ceapadh Sharon Donnery mar Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa an 25 Márta 2014.

An Ardbhainistíocht

amhail ar an 31 Márta 2014¹



**Patrick Honohan,
An Gobharnóir**



**Stefan Gerlach,
Leas-Ghobharnóir
(Baincéireacht Cheannais)**



**Cyril Roux,
Leas-Ghobharnóir
(Rialáil Airgeadais)**



**Gerry Quinn,
An Príomh-Oifigeach
Oibríochtaí**



**Patrick Brady,
Stiúrthóir
Beartas & Riosca**



**Sharon Donnery,
Stiúrthóir
Institiúidí Creidmheasa**



**Liz Joyce,
Stiúrthóir
Acmhainní Daonna**



**Maurice McGuire,
Stiúrthóir
Oibríochtaí Airgeadais**



**Paul Molumby,
Stiúrthóir
Airgeadra & Bainistíocht
Saoraidí**



**Fiona Muldoon²
Stiúrthóir
Institiúidí Creidmheasa &
Maoirseacht Árachais**



**Gareth Murphy,
Stiúrthóir
Margai**



**Derville Rowland
Stiúrthóir
Forfheidhmiúchán**



**Bernard Sheridan,
Stiúrthóir
Cosaint Tomhaltóirí**

¹ Bhí Lars Frisell ag fónamh mar an Stiúrthóir ar Eacnamaíocht go dtí an 7 Feabhra 2014.

² Beidh Fiona Muldoon ag fónamh mar Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa & Maoirseacht Árachais go dtí an 1 Bealtaine 2014.

Lucht Bainistíochta

amhail ar an 31 Márta 2014

Stiúrthóireacht	Rannán	Ceannasaí Rannáin
	Ardrúnaíocht Iniúcháireacht Inmheánach Dlí Comhlíonadh dlí Riosca Eagraíochtúil Comhairleoir don Ghobharnóir	Neil Whoriskey Joe Foy Joseph Gavin Hilary Griffey AnneMarie McKiernan Frank Browne
Oibríochtaí Airgeadais	Margaí Airgeadais Íocaíocht agus Socraíocht Urrús	Michael Maher Daragh Cronin
Eacnamaíocht	Anailís ar Gheilleagar na hÉireann Cobhsaíocht Airgeadais Beartas Airgeadaíochta Staidreamh Ceannasaí ar Thionscadail Taighde agus ar Thionscadail Thras-Stiúrthóireachta	John Flynn Mark Cassidy Gillian Phelan Joe McNeill Gerard O'Reilly
Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Faisnéise	Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Faisnéise Caidreamh le Custaiméirí	Michael Power Karina McArdle
Airgeadra agus Bainistíocht Saoráidí	Eisiúint Airgeadra Táirgeadh Airgeadra Bainistíocht Saoráidí	Lucy O'Donoghue Harry Murphy Michael Enright
Acmhainní Daonna	Acmhainní Daonna Forbairt Eagraíochtúil	Folúntas Folúntas
Oibríochtaí	Airgeadas agus Soláthar Idirbhearta Rialála	Fergal Power Alan Briscoe
Institiúidí Creidmheasa agus Maoirseacht Árachais	Maoirseacht ar Bhaincéireacht - Bainc Chumhdaithe Maoirseacht ar Bhaincéireacht - Bainc Idirnáisiúnta Árachas Ginearálta Árachas Saoil Clárúitheoir na gComhar Creidmheasa	Shane O'Neill Fiona McMahon Domhnall Cullinan Mark Burke Sharon Donnery
Margaí	Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí Maoirseacht ar Ghnóilachtaí Infheistíochta agus ar Chistí	Grainne McEvoy Michael Hodson
Beartas agus Riosca	Beartas Stuaamachta Beartas Rialachais Riosca agus Cuntasaíochta Beartas Margaí	Mary Burke Máiréad Devine Martin Moloney
Cosaint Tomhaltóirí	Cosaint Tomhaltóirí – Baincéireacht, Árachas, Infheistíochtaí agus Beartas Cosaint Tomhaltóirí – Idirghabhálaithe Miondíola agus Institiúidí Íocaíochta	Colm Kincaid Patricia Moloney
Forfheidhmiú	Forfheidhmiú Frithsciúradh Airgid	Brenda O'Neill AJ McKeon



Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir

In 2013, dhírigh Banc Ceannais na hÉireann ar athbhunú na cobhsaíochta airgeadais agus ar thacú leis an téarnamh eacnamaíoch intíre.

Ar phríomhthosaíochtaí an Bhainc, áiríodh caoi a chur ar an gcóras baincéireachta agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le réitigh inmharthana d'iasachtaithe anásta. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na nithe sin ach tá neart cúraimí fós le déanamh. Mar aon leis an dá bhliain roimhe sin, rinneadh iarracht mhór maidir le ceanglais Chlár AE/CAI a chomhlíonadh, rud a chuidigh le dálaí margaidh níos fearr a chruthú d'Éirinn chun go raibh sí in ann imeacht as an gClár.

Leanann an téarnamh ar gheilleagar na hÉireann. Bhí forbairtí dearfacha i ndáil le hinfheistíochtaí, le héileamh seachtrach agus le caiteachas miandíola mar thaca ag an méadú láidir, leathan ar fhostaíocht. Meastar go dtacódh imthosca feabhsaithe seachtracha le fás níos láidre ar onnmhairí sa bhliain atá romhainn.

Ar leibhéal níos leithne an Eurochórais, lean an Banc de bheith ag rannchuidiú le forbairt agus cur chun feidhme beartas; chuidigh seasamh in-chomhfhoireamh an BCE maidir le beartas airgeadaíochta leis na himthosca a chruthú lena n-éascófaí téarnamh inmharthana ar gheilleagar an limistéir euro, cé gur téarnamh lag a bheadh ann.

Chaith an Banc acmhainní suntasacha ar ullmhú agus ar fhorghníomhú Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa chéad leath de 2013. Le linn na hUachtaránachta, rinneadh dul chun cinn suntasach reachtaíochta maidir le raon saincheisteanna a bhain le seirbhísí airgeadais agus baineadh comhaontú amach ar Threoracha riachtanacha: bhí foireann an Bhainc páirteach go dlúth ar gach leibhéal i ndearadh agus i gcaibidlíú casta na reachtaíochta.

Ar an leibhéal Eorpach, cuireadh tús leis na hullmhúcháin chun Sásra Maoirseachta Aonair (SMA) Eorpach a bhunú. An measúnú ar chlár

chomhardaithe na mbanc intíre (arna dhéanamh mar chuid de Chlár AE/CAI), fónóidh sé sin do Mheasúnú Cuimsitheach an BCE ar na bainc laistigh den SMA agus cuirfear bailchríoch air leis an tástáil struis Eorpach níos déanaí in 2014.

Lean foireann an Bhainc Ceannais d'aird dhícheallach a thabhairt, ar bhonn laethúil, ar an dá ghné chomhfhreagracha de mhisean an Bhainc, eadhon cobhsaíocht a choimirciú, agus tomhaltóirí a chosaint. Leagtar amach éagsúlacht agus castacht na gcúraimí arna nglacadh de láimh i dtéacs na Tuarascála Bliantúla seo. I mbliana, tá an Tuarascáil leagtha amach i gcomhréir le Plean Straitéiseach an Bhainc don tréimhse 2013-2015 ina gcuirtear príomhthosaíochtaí straitéiseacha an Bhainc in iúl faoi ocht sprioc ardleibhéil bunaithe ar shainordú reachtúil an Bhainc.

Cé gur baineadh neart amach le linn 2013 sna réimsí tosaíochta, lena n-áirítear leachtú IBRC (agus malartú gaolmhar an Nóta Gealltanais neamh-inaistrithe ar bhannaí fadtéarmacha inmhargaidh Rialtais), agus dul chun cinn de réir sprice maidir le réitigh inmharthana a fhorbairt d'iasachtaithe teaghlach agus gnóthaí beaga atá faoi strus, tá neart dúshlán ann i gcónaí.

Tá leibhéil an fhiachais, idir fhiachas poiblí agus fhiachas príobháideach, fós ard agus leanfaidh siad de bheith ina ndúshlán suntasach do lucht déanta beartais. Tá inbhuanaitheacht fiachais riachtanach chun téarnamh níos marthanaí a áirithiú. Ar an macraileibhéil, tá sé ríthábhachtach anois, tar éis an Clár a fhágáil, go bhfanfaidh an t-airgeadas poiblí ar chonair bheartaithe an chomhdhlúthaithe fhioscaigh: níl aon amhras sa scéal. Tá an ceart ag na margatí airgeadais glacadh leis go leanfar le cur chuige araíonach; bheadh sé místuama ligean d'aon tuairim eile dul ar ceann riain.

Mar aon leis na ceithre bliana roimhe seo sa ghéarchéim, bhí brabús mór airgeadais ag an mBanc de thoradh bainistíochta stuama


airgeadais agus fho-éifeachtaí dearfacha na géarchéime; b'ionann an brabús sin agus €1.5 billiún san iomlán i mbliana. Tar éis tuilleamh coimeádta, íocfar ioncam barrachais €1.2 billiún leis an Státchiste.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais as a gcomhairle agus a rannpháirtíocht luachmhar le linn na bliana. Thar gach ní eile, ní mór aitheantas a thabhairt do thiomantas, do ghairmiúlacht agus d'obair chrua na gcomhaltaí foirne agus na gcomhaltaí bainistíochta le linn na bliana chrua, iar-ghéarchéime seo. Is móide an t-aitheantas sin nuair a chuirtear san áireamh go raibh neart comhaltaí foirne sa Bhanc, mar aon lena gcontrapháirteanna ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann, faoi réir ciorruithe pá faoin reachtaíocht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI). Ba mhaith liom ómós a thabhairt dá rúndaingne a bhí ar aon dul leis an rúndaingne a chonacthas sa tsochaí i gcoitinne le linn na mblianta crua a chuaigh roimhe seo, agus is dealraitheach anois go bhfuil cuma níos dóchasaí ar na blianta atá romhainn.

Patrick Honohan
An Gobharnóir


Aibreán, 2014

Sracfhéachaint ar 2013




2013: Srachféachaint ar an mBanc

Ioncam Barrachais a Íocadh leis an Státchiste




Tháinig méadú ar an ioncam barrachais a íocadh leis an Státchiste go dtí €1,212,1 milliún (€1,147.6 milliún in 2012).

Sómhainní Iomlána




Tháinig laghdú ar na Sómhainní Iomlána go dtí €108.1 billiún (€137.5 billiún in 2012).

Líon na nOibríochtaí Margaidh Oscailte



Sheol an Banc tuairim is 289 oibríocht thar ceann an Eurochórais (194 in 2012).


Eisiúint Nótaí Bainc agus Monaí



Tháinig laghdú ar líon na nótaí bainc a eisíodh (345 milliún in 2013 anuas ó 351 milliún in 2012) agus ar líon na monaí a eisíodh (172 anuas ó 185 milliún in 2012).


2013: Sracfhéachaint ar an nGeilleagar

Fíor-OTN agus Fíor-OTI




Meastar gur mhéadaigh an fíor-OTN agus an fíor-OTI faoi 2 faoin gcéad agus 0.4 faoin gcéad, faoi seach, in 2013.

Boilsciú (TCPT)



B'ionann boilsciú TCPT agus 0.5 faoin gcéad ar an méan in 2013.


Iarmhéid Rialtais Ghinearálta (IRG) mar % de OTI



Meastar gurbh ionann an tEasnamh Rialtais Ghinearálta in 2013 agus -7.5 faoin gcéad den OTI.


Nóta: Tá na figiúirí do 2013 bunaithe ar mheastacháin ón Roinn Airgeadais tráth Bhuiséad 2014 agus beidh siad faoi réir athbhreithnithe nuair a fhoilseofar figiúirí EDP ag Eurostat ag deireadh mhí Aibreáin 2014.

An Ráta Dífhostaíochta




Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta go dtí 13.1 faoin gcéad ar an méan in 2013.

Praghsanna Náisiúnta Réadmhaoiné Cónaithe



Mhéadaigh praghsanna náisiúnta réadmhaoiné cónaithe faoi 1.4 faoin gcéad in 2013.

Rátaí Bliantúla an Athraithe Deireadh Bliana ar Iasachtaí



Laghaigh an t-iasachtú le Teaghligh agus le Corparáidí Neamhairgeadais in Éirinn faoi 4.1 faoin gcéad agus 6.0 faoin gcéad, faoi seach, bliain-ar-bhliain faoi dheireadh 2013.

Nóta: Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta bunúsacha i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do dhíluachálacha, d'urrusú agus d'aistrithe chuig NAMA etc.

Liosta na nGiorrúchán Coitianta

ACI	Árachas Cosanta Íocaíochta
ACS	Athbhreithniú ar Cháilíocht Sócmhainní
AE	An tAontas Eorpach
AMSC	Athbhreithniú ar Mheasúnú Stiuamachta Caipitil
AMSL	Athbhreithniú ar Mheasúnú Stiuamachta Leachtachta
AOCA	Athbhreithniú ar Oibríochtaí Creidmheasa Anásta
ARA	Athbhreithniú Riosca Airgeadais
ASG	Árachas Slánaíochta Gairmiúla
BCE	An Banc Ceannais Eorpach
BCNanna	Bainc Cheannais Náisiúnta
BCP	Croíphrionsabail Basel
BERS	An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach
BIS	An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta
BRF	Bainistíocht ar Riosca Fiontair
CAI	An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
CBA	An Clár um Bearta Airgeadais
CE	An Coimisiún Eorpach
CEBC	An Córas Eorpach Banc Ceannais
CIRM	An Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste
CLE	Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla
CMA	Corparáidí um Meáin Airgeadais
CMR	Clár um Maolú Riosca
CMRC	Cinneadh maidir le Measúnuithe Riosca Comhpháirteacha
CMU	Clár na Margaí Urrús
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
EBC	Éilimh Bhreise ar Chreidmheas
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
ECOFIN	Comhairle na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais
ESMA	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí
FBM	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
GNBS	An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistiú Sócmhainní
IAASA	Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann
IBRC	Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc
ICCL	An Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí Teoranta
MIR	Measúnú Iomlán Riosca
MOC	An Coiste um Oibríochtaí Margaí
MPC	An Coiste um Beartas Airgeadaíochta
MRM	Meicníocht an Ráta Malairte
NPP	An Plean Íocaíochta Náisiúnta
NRC	Nótaí Rátaí Comhlúthacha
OAF	Oibríocht Athmhaoinithe Fhadtéarmach
OAL	Oibríocht Aisíocaíochta Luaithe

OM	Oibríocht Mhionchoigeartaithe
OSFC	Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
PAMM	Próiseas Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta
POA	Príomhoibríocht Athmhaoinithe
POR	Príomh-Oifigeach Riosca
PRR	Painéal Rialachais Riosca
SCU	Scórchárta Ualaithe
SÉ	Stocmhalartán na hÉireann
SEPA	An Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro
SIB	An Suirbhé Iasachtaithe Bainc
SMA	An Sásra Maoirseachta Aonair
SMBPNanna	Nótaí Gealltanais Speisialta le taca Morgáistí
SNNB	Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin atá Neamhspleách ar an mBord
SRT	An Scéim Ráthaíochta Taiscí
TRC	An Treoir um Riachtanais Chaipitil
ÚBE	An tÚdarás Baincéireachta Eorpach
ÚEÁPC	An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin
ÚMEanna	Na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha
UMN	Údaráis Mhaoirseachta Náisiúnta
USB	Urrús Sócmhainn-Bhunaithe
VA	Blianachtaí Athraitheacha

Caibidil 1:

Na Príomhghníomhaíochtaí
agus Forbairtí le linn 2013



Réamhra



Foilsíodh Plean Straitéiseach an Bhainc don tréimhse 2013-2015 i mí na Samhna 2012. Sa Phlean sin, tugtar breac-chuntas ar an gcaoi ina bhfuil sé beartaithe ag an mBanc a mhisean maidir le **Cobhsaíocht a Choimirciú, Tomhaltóirí a Chosaint** a bhaint amach agus leagtar amach príomhthosaíochtaí an Bhainc don tréimhse trí bliana faoi ocht Sprioc Ardleibhéil atá ailínithe go dlúth le sainordú dlíthiúil an Bhainc.

Is iad seo a leanas Spriocanna Ardleibhéil an Phlean Straitéisigh:

- » **Éifeachtacht an Eurochórais agus Cobhsaíocht Praghsanna**
Tá an Banc freagrach as cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun trí bheartas airgeadaíochta a fhoirmlíú ar leibhéal an Eurochórais.
- » **Cobhsaíocht an Chórais Airgeadais**
Tá cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus ar fud an limistéir euro mar phríomhthosaíocht ag an mBanc.
- » **Rialáil chuí éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí airgeadais agus ar mhargaí airgeadais**
Tugtar faoin rialáil ar institiúidí agus ar mhargaí trí mhaoirseacht threallúsach, riosca-bhunaithe, a mbeidh iombhagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca fúithi.
- » **Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa a réiteach**
Is gné ríthábhachtach de théarnamh eacnamaíoch na hÉireann é leabú pleananna téarnaimh agus réitigh sna bainc, sna comhair chreidmheasa agus in institiúidí airgeadais eile.

» **Tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint**
Le tosaíochtaí straitéiseacha um chosaint tomhaltóirí, neartaítear agus cothabháiltear an chosaint do thomhaltóirí seirbhísí airgeadais.

» **Comhairle neamhspleách eacnamaíoch agus staidreamh airgeadais d'ardchaighdeán**

Trí cháilíocht agus ábharthacht na hanailíse eacnamaíche, an taighde eacnamaíoch agus an staidrimh airgeadais a fheabhsú, cuidítear le measúnuithe agus comhairle a chur ar fáil do lucht déanta beartais, do na meáin, don phobal agus do na margaí maidir le saincheisteanna eacnamaíocha intíre.

» **Córais éifeachtacha, éifeachtúla íocaíochta agus socraíochta agus seirbhísí airgeadra**

Le hoibríochtaí agus maoirseacht córas íocaíochta agus socraíochta urrús, féachtar lena áirithiú go bhfuil na córais sin sábháilte, solúbtha, éifeachtúil agus éifeachtach. Príomhghné de na córais íocaíochta is ea nótaí bainc agus monaí d'ardchaighdeán agus seirbhísí gaolmhara airgeadra a sholáthar don phobal.

» **Éifeachtúlacht oibríochtúil agus cost-éifeachtacht**

Tá éifeachtúlacht agus cost-éifeachtacht mar thaca faoi oibríochtaí uile an Bhainc. Seoltar oibríochtaí laistigh de chreataí dea-shainithe bainistíochta agus rialaithe riosca.

Déantar forbairtí agus gníomhaíochtaí an Bhainc le linn 2013 a thuairisciú faoi gach ceann de na Spriocanna Ardleibhéil.

Éifeachtacht an Eurochórais agus Cobhsaíocht Praghsanna

Tá an Banc freagrach as cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun trí bheartas airgeadaíochta a fhoirmlíú ar leibhéal an Eurochórais.

Beartas Airgeadaíochta a Fhoirmlíú

Tá an Gobharnóir ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) atá freagrach as beartas airgeadaíochta a fhoirmlíú (rátaí úis a shocrú agus leachtacht a sholáthar) sa limistéar euro.

Le linn 2013, lean an Banc de bheith ag tacú le beartas airgeadaíochta an Eurochórais sa mhéid go raibh an Gobharnóir ag rannchuidiú go héifeachtach le saincheisteanna caighdeánacha agus neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta.

Beartas Airgeadaíochta

In 2013, rannchuidigh an Banc le hobair an Choiste um Beartas Airgeadaíochta (MPC) agus an Choiste um Oibríochtaí Margaidh (MOC) de chuid an BCE. Cuirtear de fhreagracht ar an MPC measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna straitéiseacha agus fadtéarmacha eile a bhaineann le seoladh bheartas airgeadaíochta an limistéar euro d'fhonn aiseolas agus comhairle beartais a thabhairt do Chomhairle Rialaithe BCE. Chomh maith leis sin, comhlíonann MPC feidhm thábhachtach trí réamh-mheastacháin eacnamaíocha ráithiúla an Eurochórais a thabhairt chun críche agus ghlac sé ról lárnach i bhforbairt beart neamhchaighdeánach beartais airgeadaíochta le linn ghéarchéim na margaí airgeadais. Trína rannpháirtíocht sa Choiste seo, cuireann an Banc go gníomhach le heochair-dhíospóireachtaí a bhaineann leis an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta agus le cur chun feidhme an bheartais sin agus bíonn tionchar aige ar na díospóireachtaí sin.

Cuidíonn an MOC le cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an limistéar euro lena n-áirítear oibríochtaí malartaí eachtraí agus bainistiú cúlchistí eachtracha an BCE. De bheis air sin, bíonn sé rannpháirteach i gcur chun feidhme MRM II agus cuireann sé le tuairisciú, le hanailísiú, le measúnú agus le léirmhíniú forbairtí margaidh airgeadais laistigh agus lasmuigh den AE.

Bhí timpeallacht an bhoilscithe ísil fós i réim le linn 2013, agus b'ionann an ráta boilscithe ag deireadh na bliana agus 0.8 faoin gcéad. Cé gur cheart go mbeadh an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta sách scaoilte chun cur in aghaidh

an ionchais mhaolaithe seo don bhoilsciú, lagaíodh úsáid ionstraimí traidisiúnta beartais airgeadaíochta ag tosca éagsúla. Ar an gcéad dul síos, tá tarchur spreagthaí beartais airgeadaíochta fós maolaithe i gcoibhneas leis na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim. Leis na lagaithe ar chláir chomhardaithe na mbanc agus le braistintí treisithe rioscaí i dtíortha agus in earnálacha áirithe, laghdaíodh an iarmhairt a bhí ag na ciorruithe ar an ráta úis caighdeánach ar an bhfíorghilleagar. Ar an dara dul síos, tá níos lú roghanna ann do lucht déanta beartais chun freagairt don bhoilsciú lag ó tharla go bhfuil beartas airgeadaíochta caighdeánach faoi réir na híoschuimse nialasaí.

Ar an gcaoi sin, gabhann dúshlán leis an timpeallacht seo agus beidh freagairtí nua beartais ag teastáil ina leith. Mar shampla, d'fhonn an seasamh maidir le beartas a dhéanamh níos scaoilte, baineadh leas as cumarsáid fheabhsaithe nó 'réamhthreoir' chun a chur in iúl go bhfanfadh rátaí ag na leibhéil reatha nó níos ísle go ceann tréimhse fada. Tá níos mó airde á díriú ag an mBanc ar anailísiú a dhéanamh ar roghanna breise, úra a d'fhéadfaí a úsáid chun an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta a dhéanamh níos scaoilte le linn na tréimhse dúshlánaí seo.

Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta

Le linn 2013, rinne an Banc gach oibríocht beartas airgeadaíochta a sheoladh agus a thabhairt chun críche ar mhodh tráthúil, éifeachtúil, éifeachtach i gcomhréir le creat oibríochtúil an Eurochórais. Ina theannta sin, chuir sé na nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm chun go rabhtas in ann an dá Oibríocht Athmhaoinithe Fhadtéarmacha 3 bliana (le haibiú i mí Eanáir agus Feabhra 2015) a aisíoc go luath (ó mhí Eanáir 2013). Rinne an Banc monatóireacht freisin ar na ceanglais cúlchiste íosta d'institiúidí creidmheasa i gcomhréir le nósanna imeachta BCE agus rinne sé measúnú ar ionstraimí fiachais atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann agus ar an Margadh Malartáin Domhanda maidir lena n-incháilitheacht d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais. Ar an gcaoi seo, chinntigh an Banc go raibh rochtain leanúnach ag na bainc Éireannacha ar leachtacht Eurochórais chun díghiaráil rianúil a gclár comhardaithe a éascú. Thairis sin, chinntigh an Banc ag Coistí éagsúla an Eurochórais go raibh an tEurochóras ar an eolas maidir leis an iarmhairt a bheadh ag cinntí beartais ar staid leachtachta institiúidí airgeadais Éireannacha trí bhíthin cruinnithe faisnéise agus cur i láthair.

Ar na hionstraimí beartas airgeadaíochta a d'úsáid an tEurochóras in 2013, áirítear oibríochtaí margaidh oscailte amhail Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (POAanna), Oibríochtaí

Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna), Oibríochtaí Mionchoigeartaithe (OManna) agus Oibríochtaí Aisiocaíochta Luaithe (OALanna) mar aon le saoráidí seasta agus ceanglais cúlchiste íosta. Tháinig laghdú €376.8 billiún (33.4 faoin gcéad) ar an méid iomlán leachtachta a sholáthar an tEurochórais in 2013, anuas ó €1,128.8 billiún an 31 Nollaig 2012 go dtí €752 billiún an 31 Nollaig 2013. Tháinig formhór an laghdaithe seo chun cinn nuair a thosaigh na bainc ar iasachtaí OAFanna trí bliana a aisíoc trí bhíthin na nOibríochtaí Aisiocaíochta Luaithe seachtainiúla ar cuireadh tús leo i mí Eanáir 2013. D'aisíoc na Bainc ar fud an Eurochórais €446 billiún trí oibríochtaí aisiocaíochta luaithe in 2013. De thoradh na n-aisíocaíochtaí sin, tháinig laghdú suntasach ar róleachtacht¹ i gcaitheamh na bliana, ó €621 billiún an 31 Nollaig 2012 go dtí €265 billiún an 31 Nollaig 2013. Leis an bhfigiúr sin ag deireadh mhí na Nollag, léirítear dálaí níos dainge margaidh airgeadais agus b'ionann an mheán-róleachtacht i R4 2013 agus €187 billiún. B'ionann agus €306 billiún an mheán-róleachtacht don bhliain iomlán 2013 i gcomparáid le €689 billiún in 2012.

Ina theannta sin, seolann an BCE oibríochtaí mionchoigeartaithe seachtainiúla chun leachtacht a ionsú (OManna). Leis na hoibríochtaí sin ionsaítear an leachtacht a cruthaíodh trí cheannach bannaí roimhe sin faoi Chlár na Margáí Urrús (CMU). Ag deireadh 2013, b'ionann agus €179 billiún an méid a bhí le hionsú san Oibríocht Mhionchoigeartaithe sin a bhaineann le CMU, anuas ó €209 billiún de thoradh fhuascailtí na mbannaí le linn 2013.

Tháinig méadú ar líon na n-oibríochtaí a sheol an Banc thar ceann an Eurochórais ó 194 in 2012 go dtí 289 in 2013 agus ba é tabhairt isteach oibríochtaí seachtainiúla aisiocaíochta luaithe a bhaineann leis na OAFanna trí bliana ba chúis go príomha leis sin. Orthu sin, áirítear 66 oibríocht i ndollar na Stát Aontaithe chun leachtacht a sholáthar. Tháinig laghdú ar líon na gcontrapháirtithe a bhí incháilithe chun páirt a ghlacadh in oibríochtaí ó 39 sa bhliain 2012 go dtí 32 faoi dheireadh 2013.

I gcaitheamh na bliana, lean an laghdú ar úsáid na saoráide taisce. Ó mhí Iúil 2012 i leith, nuair a laghdaíodh an ráta ar an tsaoráid seo go dtí náid, níl aon dreasacht airgeadais ag na bainc róleachtacht a chur sa tsaoráid taisce seachas ina gcuid cuntas cúlchiste ó tharla nach dtugtar luach saothair i leith aon cheann díobh. B'ionann úsáid na saoráide taisce don bhliain agus €100 billiún ar an meán, agus tháinig laghdú suntasach ar an úsáid sin le himeacht na bliana (€136 billiún ar an meán sa chéad leath de 2013 agus €65 billiún ar an meán sa dara leath de 2013).

Bhí leibhéil EONIA íseal i gcaitheamh na bliana (9bps ar an meán), níos gaire do ráta na saoráide tasice thar oíche ná ráta beartais BCE, rud a léiríonn ardleibhéal róleachtachta sa chóras. De réir mar a tháinig laghdú ar róleachtacht i dtreo dheireadh na bliana, tháinig méadú ar ráta EONIA go dtí 17bps ar an meán i mí na Nollag.

I ndiaidh leachtú IBRC i mí Feabhra 2013, tháinig deireadh le hoibríochtaí Chúnamh Leachtachta Eisceachtúla an Bhainc.

Bosca 1 – Fógraí Roghnaithe maidir le Beartas Airgeadaíochta in 2013

An **22 Márta**, ghlac an Chomhairle Rialaithe Cinneadh BCE/2013/6 lena gcuirtear cosc, amhail ón 1 Márta 2015, ar úsáid bannaí bainc neamhchumhdaithe rialtas-ráthaithe arna n-eisiúint ag an gcontrapháirtí féin nó ag eintiteas atá dlúthnasctha leis an gcontrapháirtí sin mar chomhthaobhacht in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

An **2 Bealtaine**, laghdaigh an Chomhairle Rialaithe ráta na príomhoibríochta athmhaoinithe (PA) faoi 25bps go dtí 0.50 faoin gcéad agus laghdaigh sí ráta na saoráide iasachta imealláí faoi 50bps go dtí 1.00 faoin gcéad. Níor tháinig aon athrú ar ráta na saoráide taisce ag 0.00 faoin gcéad.

An **2 Bealtaine**, chinn an Chomhairle Rialaithe go leanfadh sí dá POAanna a sheoladh mar nósanna imeachta tairisceana ráta sheasta le cionroinnt iomlán ar feadh cibé fad is gá agus, ar a laghad, go dtí deireadh an séú tréimhse chothabhála de 2014 an 8 Iúil 2014. Chinn an Chomhairle Rialaithe freisin go seolfadh sí Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) trí mhí arna gcionroinnt gach mí ón 31 Iúil 2013 go dtí an 25 Meitheamh 2014 mar nósanna imeachta tairisceana ráta sheasta le cionroinnt iomlán.

An **4 Iúil**, thug an tUachtarán Draghi breac-chuntas ar réamhthreoir an Eurochórais nuair a d'fhógair sé go raibh an Chomhairle Rialaithe ag súil go bhfanfadh eochair-rátaí ag na leibhéil reatha nó níos ísle go ceann tréimhse fada.

¹ Tarlaíonn róleachtacht nuair is mó an leachtacht a sholáthraítear trí oibríochtaí margaidh oscailte agus tríd an tsaoráid iasachta imealláí ná an t-éileamh leachtachta (a eascraíonn as ceanglais cúlchiste agus tosca uathrialacha nach bhfuil smacht díreach ag BCNanna indibhidiúla orthu).

Bosca 1 – Fógraí Roghnaithe maidir le Beartas Airgeadaíochta in 2013

An **18 Iúil**, chinn an Chomhairle Rialaithe go neartófaí tuilleadh a creat rialaithe riosca trí choigeartú a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta agus ciorruithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le comhthaobhacht a nglactar léi in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais agus trí bhearta breise a ghlacadh chun comhsheasmhacht iomlán an chreata agus cur chun feidhme praiticiúil an chreata a fheabhsú.

An **5 Meán Fómhair**, dheimhnigh an tUachtarán Draghi go leanfadh an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta de bheith in-chomhfhoiremeach ar feadh cibé fad ba ghá, i gcomhréir leis an réamhthreoir a tugadh i mí Iúil.

An **9 Meán Fómhair**, d'fhógair an BCE go bhféadfadh an tEurochóras, amhail ón 16 Deireadh Fómhair 2013, glacadh ar bhonn sealadach le hurrúis neamhchomhlíontacha le taca morgáistí cónaithe (RMBS) agus le hurrúis sócmhainn-bhunaithe (USBanna) le taca ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar bhonn gach cáis ar leith.

An **16 Meán Fómhair**, chinn an Chomhairle Rialaithe, le comhaontú Bhanc Shasana, an socrú babhtála leachtachta le Banc Shasana a fhadú go dtí an 30 Meán Fómhair 2014. Bunaíodh an tsaoráid babhtála an 17 Nollaig 2010 mar bheart réamhchúramach.

An **19 Meán Fómhair**, chinn an Chomhairle Rialaithe ceanglais maidir le tuairisciú ar leibheál iasachta a thabhairt isteach do USBanna le taca infhaighteachtaí cárta creidmheasa, i gcás ina n-úsáidfead iad amhlaidh mar chomhthaobhacht in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

An **26 Meán Fómhair**, ghlac an Chomhairle Rialaithe Cinneadh go n-oiriúnófaí na critéir incháilitheachta agus caolchorraigh arna gcur i bhfeidhm ag BCNanna maidir le comhthiomsú éileamh creidmheasa agus cineálacha éagsúla éileamh creidmheasa breise atá incháilithe faoin gcreat sealadach comhthaobhachta de chuid an Eurochórais.

An **10 Deireadh Fómhair**, bhunaigh an BCE agus Daon-Bhanc na Síne comhaontú déthaobhach babhtála airgeadra. Faoin gcomhaontú, a bheidh bailí go ceann trí bliana, is ionann uasmhéid na líne babhtála agus 350 billiún Yuan na Síne nó €45 billiún. Feidhmeoidh an líne babhtála seo mar shaoráid chúlstop.

An **31 Deireadh Fómhair**, bhunaigh an BCE socruithe seasta babhtála le Banc Cheanada, Banc Shasana, Banc na Seapáine, leis an gCúlchiste Feidearálach agus le Banc Náisiúnta na hEilvéise. Na socruithe déthaobhacha babhtála leachtachta a bhí ann roimh an gcomhaontú sin, rinneadh iad a chomhshó ina socruithe seasta chun go bhféadfaí leachtacht a sholáthar don dlínse sin in aon cheann de na cúig airgeadra eachtracha.

An **7 Samhain**, laghdaigh an Chomhairle Rialaithe ráta na Príomhoibríochta Athmhaoinithe (POA) faoi 25bps go dtí 0.25 faoin gcéad agus laghdaigh sí ráta na saoráide iasachta imeallaí faoi 25bps go dtí 0.75 faoin gcéad. Níor tháinig aon athrú ar ráta na saoráide taisce ag 0.00 faoin gcéad.

An **8 Samhain**, chinn an Chomhairle Rialaithe go leanfadh sí dá POAanna a sheoladh mar nósanna imeachta tairisceana ráta sheasta le cionroinnt iomlán ar feadh cibé fad is gá agus, ar a laghad, go dtí deireadh an séú tréimhse chothabhála de 2015 an 7 Iúil 2015. Chinn an Chomhairle Rialaithe freisin go seolfadh sí OAFanna trí mhí arna gcionroinnt gach mí ón 30 Iúil 2014 go dtí an 24 Meitheamh 2015 mar nósanna imeachta tairisceana ráta sheasta le cionroinnt iomlán.

Bainistíocht Comhthaobhachta

In 2013, seoladh tionscadal lena gcumasófaí don Bhanc déanamh de réir shainordú na Comhairle Rialaithe i mí na Nollag 2011 chun seirbhísí breise bainistíochta comhthaobhachta a sholáthar do chontrapháirtithe beartais airgeadaíochta. Ar na seirbhísí sin, cuimsítear an ceanglas maidir le haisdúichiú i Samhail na Baincéireachta Ceannais Comhfhreagraí a aisbhaint le héifeacht ó mhí Bealtaine 2014 agus tacú le seirbhísí bainistíochta tríú páirtí trasteorann le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2014.

Chun go bhféadfar na seirbhísí nua sin a chur ar fáil, is réamhriachtanas don Bhanc é a mhodheolaíocht comhthaobhachta a athrú ó

chóras comharthaithe chuig chóras comhthiomsaithe. Leis seo, bainfear amach barainneachtaí don Bhanc agus dá chontrapháirtithe agus éascófar aga slánúcháin níos tapúla i gcás aistrithe/dí-aistrithe comhthaobhachta agus rochtain níos tapúla ar línte creidmheasa a úsáidtear chun rochtain a fháil ar leachtacht ionlae d'fhonn íocaíochtaí a dhéanamh trí chóras TARGET.

Beidh próisis fheabhsaithe bainistíochta comhthaobhachta ina gcúnamh d'institiúidí creidmheasa ó tharla go n-uasmhéadófar an chomhthaobhacht a bheidh ar fáil dóibh, ní hamháin chun críocha iasachtú baincéireachta ceannais ach chun críocha cheanglais eile rialtóra agus margaidh.

Cúlchistí an BCE

Ag deireadh na bliana 2013, b'ionann glan-chúlchistí eachtracha an BCE agus coibhéis de €54.9 billiún. Déanann gach BCN bainistíocht ar chion de chúlchistí an BCE i gcomhréir lena scair scála caipitil. Ón 1 Eanáir 2008 i leith, tá bainistiú á dhéanamh ag an mBanc ar chion Mhálta de chúlchistí comhthiomsaithe dhollar SAM, mar aon lena chion féin, tar éis dó iarratas a fháil chuige sin ó Bhanc Ceannais Mhálta. Is ionann punann chúlchiste an BCE atá á bainistiú agus coibhéis de €697 milliún, atá i gcomhréir le scairseilbhe an dá thír sa BCE.

Staidreamh

Lean an Banc dá oibleagáidí tuairiscithe staidrimh don BCE a chomhlíonadh in 2013. An fhaisnéis a thuairiscíonn an Banc, tiomsaítear uaithi comhiomláin don limistéar euro agus anailís ar fhorbairtí airgeadaíochta san aontas airgeadra. Leis na sonraí sin, cuimsítear raon gníomhaíochtaí na hearnála airgeadais agus baintear úsáid astu chun cinnteoireacht maidir le beartas airgeadaíochta a fhoirmiú mar aon le cúraimí eile de chuid an Eurochórais agus an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC). Ar na sonraí a chuirtear ar fáil, áirítear faisnéis mhionsonraithe maidir le hoibríochtaí institiúidí creidmheasa (bainc) agus cistí margaidh airgid, arna miondealú de réir na hearnála eacnamaíche agus na tíreolaíochta. Ina theannta sin, tiomsaítear sonraí maidir le forbairtí rátaí úis do theaghlaigh agus do ghnóthaí neamhairgeadais. Cuirtear faisnéis ar fáil freisin maidir leis an earnáil airgeadais neamhbhainc, lena n-áirítear staidreamh maidir le cláir chomhardaithe agus le hidirbhearta Cistí Infheistíochta agus Corparáidí um Meáin Airgeadais (CMAanna). Déantar staidreamh maidir le cistí infheistíochta a dhí-chomhbhailiú de réir chineál an chiste - gnáthscair, banna, falú, measctha, eastát réadach agus eile. Baineann tábhacht ar leith le sonraí Éireannacha laistigh d'iomláin an limistéir euro i ndáil le cistí agus CMAanna ó tharla gur suíomh tosaíochta í Éire d'eintitis den sórt sin. Cuirtear staidreamh ar fáil maidir le heisiúint urrús ag eintitis atá lonnaithe in Éirinn fad atá tionscadal chun faisnéis a bhailiú

maidir le sealbhóirí urrús faoi lán seoil. De bhreis air sin, bíonn an Banc ag obair go dlúth leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) chun staidreamh maidir le comhardú na n-íocaíochtaí d'Éirinn a chur ar fáil.

Chomh maith leis sin, chuir an Banc faisnéis fhairsing staidrimh agus anailís ar fáil do na Páirtithe Seachtracha i gcomhthéacs na monatóireachta ar chomhlíonadh Chlár AE/CAI ag Éirinn. Leis na sonraí arna dtiomsú ag an mBanc, éascaítear an mhonatóireacht ar fhorbairtí cistiúcháin agus creidmheasa laistigh den earnáil airgeadais agus ar fud an gheilleagair intíre. Go hidirnáisiúnta, cuireann an Banc sonraí ar fáil d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus glacann sé páirt i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le staidreamh airgeadais, lena n-áirítear tionscnaimh chun dul i ngleic le bearnaí sonraí a eascraíonn as an ngéarchéim.

Suirbhé lasachtaithe Bainc

De bhreis air sin, bhí an Banc freagrach as an gcomhpháirt Éireannach den Suirbhé lasachtaithe Bainc (SIB) don Limistéar Euro. Le linn 2013, tugadh chun críche ceithre bhabhta den Suirbhé lasachtaithe Bainc (SIB) agus b'ionann agus 100 faoin gcéad an ráta freagartha ó na cúig Bhanc Éireannacha a ghlac páirt ann. Sna ceithre bhabhta den suirbhé, scrúdaíodh athruithe ar dhálaí an mhargaidh creidmheasa idir an ceathrú ráithe de 2012 agus an tríú ráithe de 2013. Mar aon leis na blianta roimhe seo, rinneadh an suirbhé a fhorlíonadh le ceisteanna ad hoc inar scrúdaíodh saincheisteanna tráthúla sna margáil airgeadais. Bhí ionadaíocht ag an mBanc ag cruinniú bliantúil BCE d'ionadaithe SIB i mí na Samhna 2013. Ag an gcruinniú bliantúil seo, díreann ar éifeachtacht an tsuirbhé agus ar an gcaoi inar gá go minic é a athchalabhrú mar fhreagra ar athruithe leanúnacha ar na margáil airgeadais.

Eurosystem Committees

Glacann an Banc páirt i gcoistí éagsúla Eurochórais (CEBC). Leagtar amach struchtúr choistí CEBC thíos.

Bosca 2 – Coistí Eurochórais/CEBC

Cuidíonn na Coistí le hobair chomhlachtaí cinnteoireachta BCE agus féadfaidh na comhlachtaí cinnteoireachta sin a iarraidh orthu faisnéis a chur ar fáil ina réimsí saineolais chun an próiseas cinnteoireachta a éascú agus cinntí a chur chun feidhme.

Go hiondúil, bíonn rannpháirtíocht teoranta do shaineolaithe ó na bainc cheannais san Eurochóras. Ar a shon sin, féadfaidh Bainc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) na mBallstát sin san AE nach bhfuil an euro glactha gó fóill acu páirt a ghlacadh i gcruinnithe Coiste i gcás inar cuí sin.

Bosca 2 – Coistí Eurochórais/CEBC

- **An Coiste um Chuntasaíocht agus Ioncam Airgeadaíochta (AMICO)**
Cuireann sé comhairle maidir le fáil maidir leis na saincheisteanna go léir laistigh den Eurochóras a bhaineann le cuntasaíocht, le tuairisciú airgeadais agus leithdháileadh ioncaim airgeadaíochta
- **An Coiste um Nótaí Bainc (BANCO)**
Tugann sé comhairle maidir le nithe a bhaineann le beartas nótaí bainc agus cuidíonn sé leis an bpleanáil straitéiseach do tháirgeadh agus d'eisiúint nótaí bainc
- **An Coiste um Rialúchán (COMCO)**
Cuidíonn sé leis an modheolaíocht choiteann costais ar fud an Eurochórais a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt tuilleadh
- **Coiste Cumarsáide an Eurochórais/CEBC (ECCO)**
Rannchuidíonn sé leis an mbeartas cumarsáide seachtrach agus leis an mbeartas cumarsáide laistigh den Eurochóras
- **Coiste Stiúrtha TF (EISC)**
Tá sainordú aige feabhas leanúnach ar úsáid TF laistigh den Eurochóras a stiúradh
- **An Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais (FSC)**
Cuidíonn sé leis na comhlachtaí cinnteoireachta a gcuid cúraimí a chomhlíonadh i réimse na maoirseachta stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus i réimse chobhsaíocht an chórais airgeadais
- **An Coiste um Theicneolaíocht Faisnéise (ITC)**
Cuidíonn sé le forbairt, cur chun feidhme agus cothabháil chreataí TF agus na mbonneagar cumarsáide a thacaíonn le córais chomhchoiteanna oibríochtúla
- **An Coiste um Iniúcháirí Inmheánacha (IAC)**
Bunaíonn sé caighdeán chomhchoiteanna i leith iniúcháireachtaí ar oibríochtaí an Eurochórais agus déanann sé iniúcháireacht ar thionscadail agus ar chórais chomhpháirteacha oibríochtúla ar leibhéal an Eurochórais/CEBC
- **An Coiste um Chaidreamh Idirnáisiúnta (IRC)**
Rannchuidíonn sé le comhlíonadh chúraimí reachtúla an BCE a bhaineann le comhar idirnáisiúnta agus gníomhaíonn sé mar fhóram do mhalartú tuairimí maidir le hábhair leasa choitinn i réimse an chaidrimh idirnáisiúnta
- **An Coiste Dlí (LEGCO)**
Tugann sé comhairle dlí maidir le comhlíonadh chúraimí reachtúla an BCE agus ullmhaíonn sé na gníomhartha dlíthiúla d'oibriú an Eurochórais
- **An Coiste um Oibríochtaí Margaidh (MOC)**
Rannchuidíonn sé le forghníomhú oibríochtaí beartais airgeadaíochta agus idirbheart malairte eachtraí, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le hoibriú MRM II agus le bainistíocht chúlchistí eachtracha an BCE
- **An Coiste um Beartas Airgeadaíochta (MPC)**
Tugann sé comhairle maidir le saincheisteanna straitéiseacha agus fadtéarmacha a bhaineann le foirmlíú beartais airgeadaíochta agus beartais malairte eachtraí agus tá sé freagrach as réamh-mheastacháin ó fhoireann an Eurochórais
- **An Coiste um Fhorbairt Eagraíochtúil (ODC)**
Diríonn sé ar anailís/forbairt eagraíochtúil agus tugann sé comhairle maidir le saincheisteanna pleanála a bhaineann leis an Eurochóras, leis an Sásra Maoirseachta Aonair agus lena gcuid feidhmeanna
- **An Coiste um Chórais Íocaíochta agus Socraíochta (PSSC)**
Tugann sé comhairle maidir le hoibríocht agus cothabháil TARGET2, leis an sainmhíniú agus monatóireacht ar nósanna imeachta socraíochta comhthaobhachta, le ról cataíoch an Eurochórais i mbunú an Limistéir Aonair d'íocaíochtaí Euro (SEPA), le beartas do chórais ghinearálta íocaíochta agus saincheisteanna maoirseachta agus saincheisteanna is díol spéise do bhainc cheannais i réimse imréiteach agus shocraíocht na n-urrús
- **An Coiste um Bainistíocht Riosca (RMC)**
Cuidíonn sé leis na comhlachtaí cinnteoireachta chun leibhéal íomchuí cosanta a bhaint amach don Eurochóras trí na rioscaí a eascraíonn as a chuid oibríochtaí margaidh a bhainistiú agus a rialú
- **An Coiste Staidrimh (STC)**
Tugann sé comhairle maidir le dearadh agus comhthiomsú na faisnéise staidrimh arna bailiú ag an BCE le cúnamh ó na BCNanna
- **An Coiste Buiséid (BUCOM)**
Rannchuidíonn sé leis an gComhairle Rialaithe agus tuairiscíonn sé go díreach di maidir le hábhair a bhaineann le buiséad an BCE
- **An Chomhdháil Acmhainní Daonna (HRC)**
Bíonn ceannasaithe na rannán pearsanra ó bhainc cheannais uile an AE rannpháirteach ann

Cobhsaíocht an Chórais Airgeadais

Tá cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus ar fud an limistéir euro mar phríomhthosaíocht ag an mBanc.

Cobhsaíocht Airgeadais

Cuireann an Banc le cobhsaíocht airgeadais tríd an obair a dhéanann sé ar shaincheisteanna sistéamacha airgeadais (cur chuige macrastuamachta) agus ar leibhéal institiúide (cur chuige micreastuamachta). Le linn 2013, díriodh acmhainní suntasacha anailíseacha ar thionscadail a bhaineann le téarnamh earnáil baincfeireachta na hÉireann lena n-áirítear creat samhaltaithe a bheadh in ann caillteanais ag na bainc ar iasachtaí amach anseo a mheas óna gcuid punann reatha. Díriodh acmhainní ar riaráistí morgáiste freisin agus ar réitigh inmharthana. Foilsíodh páipéir ábhartha beartais agus taighde le linn na bliana agus forlíonadh an méid sin le comhdháil ar mhorgáistí anásta arna heagrú go luath in 2013.

Is sa Choiste um Chobhsaíocht Airgeadais a dhéantar comhordú ar obair an Bhainc i ndáil lena shainordú cobhsaíochta airgeadais agus tugann an Coiste sin comhairle don Ghobharnóir ar shaincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh an tsainordaithe chun rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus sa limistéar euro. Cuireadh dhá eagrán d'Athbhreithniú Macra-Airgeadais an Bhainc ar fáil in 2013 inar tugadh léargas córasach ar choinníollacha macra-airgeadais in Éirinn. Foilsítear an tAthbhreithniú chun cuidiú le rannpháirtithe margaidh airgeadais, le húdaráis eile agus leis an bpobal chun rioscaí airgeadais a mheas.

Bunaíodh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) i mí na Nollag 2010. Tá sé mar chuid den Chóras Eorpach Maoirseachta Airgeadais a bhfuil de chuspóir aige maoirseacht ar chóras airgeadais an AE a áirithiú. D'fhoillíodh le lucht déanta beartais náisiúnta agus chun a áirithiú go n-íoslaghdófar cur isteach ar an Margadh Aonair, tá ceanglais agus treoirlínte foráilte ag BERS i ndáil le forbairt straitéise náisiúnta beartais macrastuamachta a bheidh le bunú thar 2014/2015. I gcomhréir leis na ceanglais sin, rinneadh forbairt tosaigh in 2013 ar chreat cur

chun feidhme macrastuamachta agus forbraíodh uirlisí a d'úsáidfí don mheasúnú riosca. Chuir an Banc leis an díospóireacht atá ag teacht chun cinn san Eoraip maidir le scáthbhaincfeireacht trína rannpháirtíocht i Sainghrúpa BERS ar an ábhar. Tá an Banc i gceannas ar thascfhórsa Eorpach sa chéad leath de 2014 a thuairiscíonn don Choiste Teicniúil Comhairleach agus do Bhord BERS maidir le saincheisteanna scáthbhaincfeireachta.

Sócmhainní a fuarthas mar chuid de leachtú IBRC

Mar chuid de leachtú Chorpáraid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) an 6 Feabhra 2013, fuair an Banc sócmhainní breise arbh ionann a luach agus thart ar €42.6 billiún, i bhfoirm €25.034 billiún i Nótaí Rátaí Comhlúthacha fadreacha Rialtais na hÉireann, €13.724 billiún i mbannaí GNBS agus €3.461 billiún i mBanna Ráta Sheasta 2025 Rialtas na hÉireann.

An Clár um Bearta Airgeadais 2013

Leis an gClár um Bearta Airgeadais (CBA), cuirtear chun feidhme oibleagáidí an Bhainc faoi na comhaontuithe idir Éire, an Coimisiún Eorpach (CE) agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) mar aon le gealltanais an Bhainc leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) (na Páirtithe Seachtracha). Cuimsíodh sa mhéid seo, Athbhreithniú ar Cháilíocht Sócmhainní (ACS), measúnú ar ríomh sócmhainní riosca-ualaithe i ndáil le riosca creidmheasa, agus athbhreithniú ar fheidhmíocht samhla. Rinneadh cleachtadh um Fhíorú Sláine Sonraí freisin i ndáil leis an ACS. I réimsí oibre eile, lean na bainc dá gcláir chomhardaithe a dhíghiaráil trí shócmhainní a dhiúscairt agus trí neamh-bhunsócmhainní a dhíol agus thug an Banc faoi anailís réamhbhreathnaitheach ar bhrabúis oibriúcháin bhainc AMSC. Leagadh amach tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn an Bhainc maidir lena ghealltanais faoin leith na hearnála airgeadais I bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc, leagadh amach tuarascálacha rialta ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBanc i ndáil lena ghealltanais faoin CBA. Leagtar amach sonraí maidir le dul chun cinn an Bhainc don bhliain 2013 i bhFoscábhinn 1 a ghabhann leis an gCaibidil seo.

Bosca 3 – Leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc agus Malartú na Nóta Gealltanais ar Bhannaí Inmhargaidh Rialtais

Sa bhosca seo, tugtar cur síos ar na hidirbhearta a rinne an Banc i ndiaidh cheapadh Leachtaitheoirí Speisialta chuig Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC), lena n-áirítear Bannaí Rialtais lena ngabhann Rátaí Comhlúthacha fadtéarmacha a chur in ionad nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais chuig an dá eintiteas a cumascaíodh mar IBRC.

Leis an Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc 2013, arna shíniú ina dhlí ag Uachtarán na hÉireann an 7 Feabhra 2013, foráladh d'fhoirceannadh IBRC faoi chóras speisialta leachtaithe. Tar éis don Aire Leachtaitheoirí Speisialta a cheapadh chuig IBRC faoin Acht seo, fuair an Banc comhthaobhacht a bhí curtha ar fáil ag IBRC mar urrús i leith CLE (Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla) arbh ionann agus €39.45 billiún agus a bhí comhdhéanta de nótaí gealltanais aireachta, de bhannaí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistiú Sócmhainní (GNBS) agus de shócmhainní eile. Mar urrús breise i leith an CLE, chruthaigh IBRC muirear comhlúthach ar a gcuid sócmhainní i bhfabhar an Bhainc agus thairbhígh cuid den CLE as ráthaíocht ón Aire Airgeadais freisin. Thairg an Rialtas go ndéanfaí na nótaí gealltanais aireachta (ar nótaí neamh-intrádála iad) a mhalartú ar phunann de bhannaí inmhargaidh Rialtas na hÉireann, malartú a bhí tairbhíúil i dtuairim an Bhainc agus ghlac sé leis dá bhrí sin. Na bannaí a fuair an Banc, is bannaí iad lena ngabhann rátaí comhlúthacha agus tréimhsí aibíochta éagsúla ó 2038 go dtí 2053. Ina theannta sin, trí aonán nua-bhunaithe sainchuspóireach, fuair GNBS ón mBanc na hiasachtaí CLE arna n-urrú leis an muirear comhlúthach ar shócmhainní IBRC agus leis an ráthaíocht aireachta (mar aon leis an urrús i leith na n-iasachtaí sin) agus d'eisigh sé bannaí GNBS arna ráthú ag an Rialtas chuig an mBanc. De thoradh na n-idirbeart seo, rinneadh an Banc a chúiteamh i leith CLE iomlán a bhí tugtha aige do IBRC. Thairis sin, nuair a foirceannadh comhaontú athcheannaigh margaidh IBRC maidir le Banna Éireannach 2025 ar 5.4 faoin gcéad, fuair an Banc an banna seo.

Nuair a ceapadh na Leachtaitheoirí Speisialta chuig IBRC, fuair an Banc, thar ceann an Eurochórais, an chomhthaobhacht ainmniúil a bhí curtha ar fáil ag IBRC chun iasacht chaighdeánach €367 milliún ón Eurochóras a urrú. Tugadh ar ais don Leachtaitheoir Speisialta farasbarr luacha na comhthaobhachta seo thar mhéid na hiasachta ón Eurochóras chuig IBRC.

Tá an Banc tiomanta do chomhphunann na NRCanna agus an bhanna ráta sheasta a dhíol a luaithe is féidir, ar choinníoll go bhféadfar déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Ar a laghad, díolfaidh an Banc bannaí i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: go dtí deireadh 2014 (€0.5 billiún), 2015-2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus 2024 ar aghaidh (€2 billiún in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta). Beidh straitéis an diúscartha i gcomhréir go hiomlán leis an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta atá cumhdaithe sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Mar chuid den straitéis sin, dhíol an Banc €350 milliún dá shealúchas de Bhanna Ráta Sheasta 2025 an Rialtais in 2013. De bhreis air sin, fuasclaíodh €1.086 billiún de bhannaí GNBS anuraidh.

Tacaíocht Leachtachta

Tháinig laghdú ar sholáthar leachtachta ón Eurochóras chuig contrapháirtithe atá lonnaithe in Éirinn ó €70.9 billiún ag deireadh 2012 go dtí €39 billiún ag deireadh 2013, laghdú €31.9 billiún (45 faoin gcéad). Tháinig laghdú ar iasachtaí ón Eurochóras do na bainc intíre³ (ó €48.7 billiún go dtí €27.9 billiún) agus do na bainc nach bainc intíre iad (ó €22.2 billiún go dtí €11.1 billiún).

Tháinig an laghdú foriomlán ar iasachtaí ón Eurochóras do na bainc intíre chun cinn mar gheall ar thosca éagsúla, lena n-áirítear na hiarrachtaí leanúnacha díghiarála. Lean na

bainc intíre de rochtain a fháil arís ar na margai cistiúcháin mhórdhíola trí chistiú urraithe (lena n-áirítear Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne agus Comhaontuithe Athcheannaigh) mar aon le heisiúint bannaí neamhurraithe.

3 Sainmhínítear bainc intíre anseo mar bhainc a bhí ráthaithe roimhe seo ag Rialtas na hÉireann faoin Scéim um Ráthaíocht Dílteanas Incháilithe d'Institiúidí Creidmheasa.

Rialáil Chuí Éifeachtach a dhéanamh ar Institiúidí Airgeadais agus ar Mhargai Airgeadais

Tugtar faoin rialáil ar institiúidí agus ar mhargai trí mhaoirseacht threallúsach, riosca-bhunaithe, a mbeidh iombhagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca fúithi.

Maoirseacht Riosca-Bhunaithe

Eascraíonn maoirseacht riosca-bhunaithe as an bhforas nach bhfuil gach gnólacht chomh tábhachtach céanna don eacnamaíocht agus gur féidir le rialtóir an luach is fearr a bhaint as a acmhainní trí bhéim a leagan ar na gnólachtaí a mbaineann an baol is mó leo don chobhsaíocht airgeadais agus do thomhaltóirí. Le córas riosca-bhunaithe, cuirtear modh níos córasaí, níos struchtúrtha ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla riosca, agus é á chinntiú go seachnaítear cur chuige neamhghnách maidir le maoirseacht gnólachta agus go ndéantar anailís ar rioscaí ionchasacha i leith gnólachtaí is mó tionchair, trí úsáid a bhaint as creat coiteann. Leis seo, féadfar breithiúnais a dhéanamh faoi riosca ionchasach i ngnólachtaí éagsúla trí úsáid a bhaint as tíopeolaíocht choiteann riosca ar scála coiteann.

Samhail Riosca-Bhunaithe Maoirseachta

Faoi PRISM, beidh na hinstiúidí agus cuideachtaí is suntasaí – na cinn sin a bhfuil de chumas acu an iarmhairt is mó a bheith acu ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an tomhaltóir – faoi réir ardleibhéal maoirseachta faoi phleananna struchtúrtha rannpháirtíochta, sa chaoi go bhféadfai idirghabhálacha luatha a thionscnamh chun rioscaí féideartha a mhaolú. Os a choinne sin, déanfar maoirseacht fhrithghníomhach nó maoirseacht trí mheasúinithe téamacha ar na hinstiúidí sin a

mbíonn an tionchar díobhálach ionchasach is ísle acu agus glacfaidh an Banc gníomh forfheidhmiúcháin spriocdhírthe i leith gnólachtaí sna haicmí tionchair go léir a gcuireann a ndrochiompar cuspóirí reachtúla an Bhainc i gcontúirt lena n-áirítear cobhsaíocht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí.

Caighdeáin Maoirseachta

Bíonn laigí ionchasacha ag baint le haon chóras a cheapfar chun riosca a mheasúnú. Chun go laghdófaí an baol go mbeadh gnólacht faoi réir breithiúnas míchuí ag maoirseoir aonair, foláitear roinnt próiseas dearbhaithe cáilíochta i PRISM. Leis na próisis sin, áirithítear go nglacfar breithiúnais ardcháilíochta agus, ar bhonn na mbreithiúnas sin, go gceapfar bearta iomchuí do Chlár um Maolú Riosca (CMR) a bheidh dírithe ar thorthaí. Áirítear orthu siúd:

- » Painéil Rialachais Riosca (PRR) lena dtugtar le chéile comhaltaí foirne sinsearacha agus comhairleoirí lasmuigh den tsraith ceannais chun scrúdú a dhéanamh ar straitéis, ar bhreithiúnais foirne maoirseachta agus ar CMR do ghnólacht ar leith. Tugann na painéil seo an deis don mhaoirseoir a fhionnachtana a phlé le dream níos leithne ar dóigh dóibh taithí leathan a bheith acu ar mhaoirsiú gnólachtaí comhchosúla.
- » Maoirseacht bhainistíochta - aon dréacht-ghníomh CMR nach ndéanfaidh Painéal Rialachais Riosca scrúdú air, beidh sé faoi réir athbhreithniú agus formheasa ag an ardbhainistíocht rannán.

Ceadúnú PRISM

Le linn 2013, cheadúnaigh an Banc údarás maoirseachta amháin chun creat PRISM a chur chun feidhme laistigh dá dhlinse fad atá breithniú gníomhach á dhéanamh ag roinnt dlínsí eile ar cheadúnais chomhchosúla a iarraidh.

Bosca 4 – Creat Maoirseachta PRISM

Is é an Córas Dóchúlachta Riosca agus Tionchair (PRISM) creat riosca-bhunaithe an Bhainc lena ndéantar maoirseacht ar ghnólachtaí rialáilte. Tá PRISM ceaptha lena chur chun feidhme ag cúpla céad maoirseoir sna mílte gnólacht rialáilte.

Ceapadh PRISM ionas go bhféadfadh an Banc:

- » Modh comhleanúnach smaointeoireachta a ghlacadh maidir le rioscaí ar fud na ngnólachtaí go léir faoi mhaoirseacht
- » Acmhainní a leithdháileadh bunaithe ar thionchar agus ar dhóchúlacht
- » Idirchaidreamh leordhóthanach a bheith ann leis na gnólachtaí Ardtionchair go léir
- » Measúnú a dhéanamh ar rioscaí na ngnólachtaí ar bhealach córasach, struchtúrtha
- » A chinntiú go nglacfar beart chun rioscaí neamh-inghlactha i ngnólachtaí a mhaolú
- » Soiléire a chur ar fáil do ghnólachtaí maidir le dearcadh an Bhainc i leith na rioscaí a bhaineann leo
- » Creat maoirseachta riosca-bhunaithe a oibriú, ar creat é a bheidh cosúil leis an gcreat a oibríonn rialtóirí suntasacha airgeadais eile
- » Meicníochtaí rialaithe d'ardchaighdeán a úsáid chun an cur chuige maoirseachta a spreagadh, chun dúshlán a thabhairt dó agus chun é a ghéarú
- » Anailís a dhéanamh ar bhainistíocht níos fearr faisnéise maidir le próifíl riosca na ngnólachtaí agus na n-earnálacha a ndéantar maoirseacht orthu.

Tábla 1 – Próiseas Rannpháirtíochta 2013 maidir le Maoirseacht Stuamachta

			Gnólachtaí Infheistíochta & Soláthraithe Seirbhíse Ciste	Institiúidí Íocaíochta	Comhair Chreidmheasa
Rannpháirtíocht PRISM	Baincéireacht	Árachas			
Measúnú Iomlán Riosca (PAMM)	7	13	26	1	21
Na Painéil Rialachais Riosca	13	25	29	1	25
Cruinniú leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	72	164	94		
Cruinniú leis an bPríomhoifigeach Airgeadais	45	134	88		
Cruinniú leis an bPríomhoifigeach Riosca	82	129	57	1	
Cruinnithe leis an gCathaoirleach	31	109	75	1	
Cruinnithe le Stiúrthóirí Sinsearacha Neamhfheidhmiúcháin	21	166	80	1	
Cruinnithe le hIníúcháir Inmheánach	37	42	19		
Cruinnithe le hIníúcháir Seachtrach	25	103	82	1	
Freastal ar Chruinnithe Boird	7			1	
Freastal ar Choistí Boird	9				
Cruinnithe le hArdbhainistíocht eile	316	84	153		
Cruinnithe le hAchtúire		115			
Cruinnithe Eile ar an Láthair	31	24	33		
Cruinnithe le Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin atá Neamhspleách ar an mBord (SNNB)	36	68	6	1	
Cruinnithe le Grúpa Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin	10	30			
Cruinnithe le hOifigigh um Chomhlíonadh	54	74	58		
Athbhreithniú Riosca Airgeadais	24	44	2		
Eile (lena n-eisiatar cruinnithe ARA)	13		11		
Athbhreithnithe/Cigireachtaí	38		64		
Cruinnithe le Coiste Maoirseachta	1		1		
Athbhreithniú Téamach	12		5		
Cruinnithe Foirne Údarúcháin		27			
Cruinnithe eile (nach cuid den tsamhail rannpháirtíochta iad)	55	205		9	109
Rannpháirtíocht 1-lá	1		6		90
Athbhreithnithe eile - neamh-PRISM	87	134			9
Eile - Sonraigh le do thoil					
• Athbhreithniú ICAAP			45		
• Tástáil Struis			3		
IOMLÁN	1,027	1,690	937	17	254

Tábla 2 – Soláthraithe Rialáilte Seirbhíse Airgeadais

	2013 ⁴
Institiúidí Creidmheasa (lena n-áirítear brainsí d'Institiúidí Creidmheasa thar lear)	65
Cuideachtaí Árachais Saoil	53
Cuideachtaí Árachais Neamhshaoil	104
Cuideachtaí Athárachais	77
MiFID	
• Gnólachtaí Infheistíochta	117
• Brainsí de ghnólachtaí thar lear	29
Gnólachtaí Gnó Infheistíochta Neamh-Mhiondíola	10
Soláthraithe Seirbhíse Ciste	238
Idirghabhálaithe Miondíola, <i>lena n-áirítear</i>	2,964
• Idirghabhálaithe Infheistíochta (comhairleoirí údaraithe, idirghabhálaithe ilghníomhaireachta, idirghabhálaithe morgáiste)	
• Idirghabhálaithe Árachais/Athárachais	
Comhscéimeanna Infheistíochta (lena n-áirítear fochistí)	5,599
Comhair Chreidmheasa	393
Aistritheoirí Airgid agus Bureaux de Change	14
Iasachtóirí Airgid ⁵	40
Margadh Rialáilte/Oibreoirí Margaidh	1
Bróicéirí Airgid	5
Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais	20
Institiúidí Íocaíochta	11

4 Seans nach suimfidh na figiúirí mar gheall ar údaruithe iolracha.

5 Faoi réir athnuachan bhliantúil an cheadúnais.

Tábla 3 – Údaruithe/Cúlghairmeacha

	Údaruithe 2013	Cúlghairmeacha 2013
Institiúidí Creidmheasa (lena n-áirítear brainsí d'institiúidí creidmheasa thar lear)	1	8
Cuideachtaí Árachais Saoil	2	4
Cuideachtaí Árachais Neamhshaoil	0	8
Cuideachtaí Athárachais	1	9
MiFID		
• Gnólachtaí Infheistíochta	3	10
• Brainsí de ghnólachtaí thar lear	0	0
Gnólachtaí Gnó Infheistíochta Neamh-Mhiondíola	0	1
Soláthraithe Seirbhíse Ciste	14	30
Idirghabhálaithe Miondíola, <i>lena n-áirítear</i>	179 ⁶	491 ⁷
• Idirghabhálaithe Infheistíochta (comhairleoirí údaraithe, idirghabhálaithe ilghníomhaireachta, idirghabhálaithe morgáiste)		
• Idirghabhálaithe Árachais/Athárachais		
Comhscéimeanna Infheistíochta (lena n-áirítear fochistí)	804	509
Comhair Chreidmheasa	0	6
Aistritheoirí Airgid agus Bureaux de Change	2	0
Iasachtóirí Airgid ⁸	1	4
Margadh Rialáilte/Oibreoirí Margaidh	0	0
Bróicéirí Airgid	0	0
Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais	2	0
Institiúidí Íocaíochta	2	1
IOMLÁN	1,011	1,081

Maoirseacht ar Bhaincéireacht

Tá maoirseacht ar bhaincéireacht freagrach as maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar na bainc intíre agus ar bhainc mhiondíola agus mhórdhíola eachtracha. Chomh maith leis sin, tá freagracht maoirseachta ar an bhfeidhm seo i réimsí áirithe i leith brainsí de bhainc idirnáisiúnta a bhíonn ag feidhmiú in Éirinn.

Mar chuid de PRISM, glacann an Banc páirt i gcláir thimthriallacha maoirseachta do na bainc, agus bíonn minicíocht na gcúraimí rannpháirtíochta bunaithe ar scála agus ar aicmiú iarmharta foriomláine na hinstiúide.

Treochtaí tábhachtacha a dhéanann difear do shamhlacha gnó agus do straitéisí banc, cuirtear in iúl go rialta iad, fad a úsáidtear agus a fheabhsaítear uirlisí chun treochtaí tionscail agus bagairtí do mhúnlaí gnó/straitéisí institiúidí creidmheasa maoirseachta a shainathint agus a chur in iúl ar bhealach níos fearr. Tugadh chun críche athbhreithnithe ar shamhlacha gnó do bhainc Ardionchair le linn 2013 i gcomhréir le samhail rannpháirtíochta PRISM.

Tástáil Struis ar na hInstitiúidí Creidmheasa

Sa Chlár um Bearta Airgeadais do 2013, folaíodh Measúnú *pointe ama* ar an gClár

6 Le linn 2013, údaraiodh 179 idirghabhálaí miondíola. San áireamh, bhí 244 údarú leithleach ó tharla go n-iarrann roinnt gnólachtaí údarú faoi níos mó ná cineál údaraithe amháin d'idirghabhálaithe miondíola. (Ní fholaithe san fhigiúr seo, 74 idirghabhálaí árachais faoi cheangal a údaraiodh in 2013).

7 Le linn 2013, lig 491 idirghabhálaí miondíola (lena n-áirítear 101 idirghabhálaí árachais faoi cheangal) dá n-údaruithe dul in éag, nó cúlghaireadh a n-údaruithe go deonach nó baineadh iad ar bhealach eile go neamhdheonach ó chlár reachtúla an Bhainc. Cuirtear 696 údarú leithleach san áireamh sa mhéid seo.

8 Faoi réir athnuachan bhliantúil an cheadúnais.

Comhardaithe agus Athbhreithniú *pointe ama* ar Cháilíocht Sócmhainní (ACS) na dtrí Bhanc⁹ Cumhdaithe. San Athbhreithniú ar Cháilíocht Sócmhainní, arna sheoladh ag Ernst & Young do AIB agus PTSB, agus ag KPMG do Bhanc na hÉireann, cuimsíodh measúnú cainníochtúil ar leordhóthanacht soláthairtí ar bhonn caillteanais thabhairthe agus faoi threoir Treoirlínte an Bhainc maidir le Soláthar do Lagú agus Nochtadh Faisnéise, athbhreithniú ar aicmí riosca i ndáil le stádas lagaithe agus meastóireacht ar ríomh sócmhainní riosca-ualaithe do riosca creidmheasa. Seoladh cleachtadh um Fhíorú Sláine Sonraí freisin chun sláine na sonraí a úsáidtear i gcleachtadh ACS a áirithiú. Ina theannta sin, ceapadh an Boston Consulting Group (BCG) mar mheasúnóirí neamhspleácha don chleachtadh foriomlán.

Cuireadh na torthaí *pro forma* in iúl do na bainc chun cuidiú leo a bpleanáil airgeadais agus a n-ullmhúchán don Sásra Maoirseachta Aonair (SMA) a fhoirmiú. Ina theannta sin, bainfidh an Banc úsáid as na torthaí chun a Chláir um Maolú Riosca a fhoirmiú mar chuid den Phróiseas Athbhreithnithe Maoirseachta.

Athstruchtúrú agus Díghiaráil

Cuireadh an plean um athstruchtúrú do AIB faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Mheán Fómhair 2013. Faoina phlean 2012, rinneadh PTSB a atheagrú ina thrí aonad ar leith: (i) príomhbhanc miondíola; (ii) aonad um bainistiú sócmhainní ina gcoimeádfar sócmhainní áirithe leagáide; agus (iii) oibríocht morgáistí cónaithe na R.A. Leantar leis an obair chun an plean seo a bhaint amach. In 2013, chomhaontaigh Banc na hÉireann leis an gCoimisiún Eorpach go ndéanfaí bearta eile lena n-áirítear diúscairt na fochuideachta ICS a chur in ionad an phlean um athstruchtúrú lena féachadh le diúscairt Chomhlacht na hÉireann um Árachas. Táthar i mbun oibre chun na spriocanna athbhreithnithe a bhaint amach.

Samhaltú Riosca

In 2013, díriodh ar an gcreat um athbhreithniú maoirseachta do shamhlacha IRB a thabhairt chun críche do na Bainc Chumhdaithe mar aon le príomhghnéithe na hoibre a roinntear le páirtithe leasmhara seachtracha a bhaint amach ag deireadh mhí na Samhna. Mar chuid den Mheasúnú ar Cháilíocht Sócmhainní, tugadh chun críche athbhreithnithe ar shócmhainní riosca-ualaithe do phunanna a rinne suas an

ACS. Ina theannta sin, tugadh obair chun críche i ndáil leis an measúnú ar shamhlacha na mbanc um sholáthairtí do mhorgáistí (lena n-áirítear dearadh agus cur i bhfeidhm samhla ó bharr anuas ar ar cinneadh na meastacháin do sholáthairtí). I gcás an dá réimse oibre seo, rinneadh an creat a pháirtiú leis na Páirtithe Seachtracha, leis na Measúnóirí Neamhspleácha agus leis na bainc le linn an phróisis agus cinneadh fionnachtana agus gníomhaíochtaí maolaitheacha de réir mar ba chúil. Chomh maith leis sin, glacadh obair mhionsonraithe de láimh mar chuid den phróiseas athbhreithnithe maoirseachta níos leithne chun tacú le hobair PRR.

Riaráistí Morgáiste

Bhí saincheist agus scála na riaráistí morgáiste chun tosaigh i gclár beartais intíre an Bhainc le linn 2013. Ghlac an Banc cur chuige straitéiseach maidir le riaráistí/creidmheas anásta agus é á aithint aige go raibh staonadh iomarcach agus easpa réiteach inmharthana fadtéarmach ina ró-ualach ar an ngeilleagar, ar iasachtú nua agus ar bhrabúsacht na mbanc amach anseo.

In 2012, tugadh faoi Athbhreithnithe neamhspleácha ar Oibríochtaí Creidmheasa Anásta (AOCAanna) i mbainc éagsúla agus cuireadh fionnachtana suntasacha ar fáil agus léiríodh gannchion acmhainní sna hathbhreithnithe sin. Úsáideadh fionnachtana AOCA mar bhonn don rannpháirtíocht le POFanna na mbanc. D'ainneoin feabhsuithe suntasacha oibríochtúla, leanann an méadú ar leibhéil na riaráistí agus chinn an Banc go raibh tuilleadh gníomhaíochtaí ag teastáil agus, dá réir sin, tugadh isteach na Spriocanna Réitigh do Riaráistí Morgáiste agus Treoirlínte Inmharthanachta. In 2013, tugadh chun críche na chéad iniúcháireachtaí ar na spriocanna sin agus leanfar leo sin in 2014. Cé go bhfuil leibhéal na riaráistí morgáiste ag leibhéal ard, neamh-inmharthana, rinneadh dul chun cinn le linn 2013 maidir le dul i ngleic le dúshlán suntasach na riaráistí morgáiste agus tháinig laghdú ar mhéid iomlán na riaráistí i R3 2013 don chéad uair ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais.

I mí Bealtaine 2013, d'fhoilsigh an Banc 'Creat maidir le Cur Chuige Píolótach do Réiteach Comhordaithe Ilfhiach a bheidh dlite d'Iasachtaí Anásta'. Is í aidhm an chreata sin feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir iasachtóirí fiachais

urraithe agus iasachtóirí fiachais neamhurraithe chun go réiteofar go cothrom fiachas anásta don iasachtaí. I R4 2013, d'éascaigh an Banc píolót den chreat inar ndearnadh cásanna ilfhiach a tharchur chuig seirbhís chomhairleach neamhspleách maidir le fiacha.

Riaráistí Fiontar Beag agus Meánmhéide (FBM)

In 2013, chuir an Banc tús le hathbheithnithe oibríochtúla ar an láthair agus le hathbheithnithe doimhne ar chomhaid iasachta chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar chreidmheas anásta FBM agus chun spriocanna foirmiúla agus táscairí um rianú feidhmíochta a thabhairt isteach do na Bainc Chumhdaithe. Léiríonn na torthaí ar spriocanna R3 agus tionscnaimh eile go bhfuil móiminteam á bhaint amach sna hinstiúidí ábhartha i ndáil le dul i ngleic le creidmheas anásta.

Measúnuithe Riosca/CMRanna/Coláistí Maoirseachta

Bíonn na gnólachtaí ardtionchair go léir faoi réir Athbheithnithe Riosca Airgeadais (ARAanna) leanúnacha lena gcuimsítear réimsí amhail riosca margaidh, riosca creidmheasa, riosca caipitil etc. In 2013, rinneadh 24 ARA lena clúdaíodh na hinstiúidí ábhartha go léir. I gcás banc a aicmítear faoi bhun Ardtionchair, rinneadh seacht MIR le linn 2013 (10 in 2012). Instiúidí nach raibh faoi réir Measúnuithe Iomlána Riosca, bhí siad faoi réir maoirseachta i gcomhréir le PRISM. De bhun na nARAanna agus na MIRanna, eisítear CMRanna ina leagtar amach an obair a bheidh le déanamh ag instiúidí chun laigí aitheanta a réiteach. Déanann an Banc monatóireacht ghníomhach ar chur chun feidhme iomlán, tráthúil CMRanna ag instiúidí.

Mar chuid den mhaoirseacht chomhdhlúite ar ghrúpaí baincéireachta a bhfuil oibríochtaí acu i ndlínsí iolracha, glacann an Banc páirt i gColáistí Maoirseachta, ar fóraim dhéthaobhacha agus iltaobhacha iad, chun faisnéis maoirseachta a roinnt, chun maoirseacht a chomhordú agus, a mhéid is féidir, chun obair mhaoirseachta chomhpháirteach a ghlacadh de láimh. Tá an Banc ina bhall de 15 Choláiste Maoirseachta. Laistigh den AE, ceanglaítear ar Choláistí Cinntí maidir le Measúnuithe Riosca Comhpháirteacha (CMRC) a chomhaontú i dtaca le leordhóthanacht chaipitil do ghrúpaí baincéireachta agus, sa chái sin, rannchuidigh an Banc le CMRCanna i gcás inarbh iomchuí sin.

D'óstáil an Banc dhá chruinniú de Choláistí Maoirseachta i ndáil le grúpaí baincéireachta Éireannacha. Tionóladh na coláistí i gcomhréir

leis na Treoirínte ón Údarás Baincéireachta Eorpach maidir le Coláistí Maoirseachta agus fuarthas ionchur ón Údarás Rialála Stuaamachta (*Prudential Regulatory Authority - UK*), ón Údarás Iompair Airgeadais (*Financial Conduct Authority - UK*), ó Bhanc Chúlchiste Feidearálach Nua-Eabhrac (na Stáit Aontaithe) agus ón *Connecticut Department of Banking*.

TRC IV a chur chun feidhme

Tá sé de chuspóir ag an Treoir um Riachtanais Chaipitil an creat rialála a neartú d'institiúidí airgeadais trína áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais ag gnólachtaí chun an riosca a bhaineann lena ngnó a chlúdach. Tháinig an leagan deireanach den Treoir um Riachtanais Chaipitil -TRC IV - in éifeacht an 1 Eanáir 2014.

In 2012, bhunaigh an Banc ardhcreat monatóireachta lena gcuimsítear na tosca go léir a dhéanann difear do Chóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí na mbanc lena cumasaíodh dó monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBanc Cumhdaithe in 2013 i dtreo ceanglais TRC IV a bhaint amach. Lean maoirseoirí dá ndlúth-rannpháirtíocht leis na bainc d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar a bpleananna iomlána, ar a ndul chun cinn agus ar a n-iarmhairtí i dtéarmaí chur chun feidhme TRC IV in 2014. Cuireadh oiliúint fairsing ar fáil do mhaoirseoirí chun tacú leis an rannpháirtíocht seo.

An Príomh-Chlár Creidmheasa

Leis an Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, arna achtú i mí na Nollag 2013, foráiltear do bhunú an Phríomh-Chláir Creidmheasa. I gcaitheamh na bliana, chuidigh an Banc leis an Roinn Airgeadais i bhforbairt na reachtaíochta agus chuaigh sé i mbun rannpháirtíochta le hinstiúidí creidmheasa, le hionadaithe ón tionscal agus le páirtithe leasmhara eile chun ullmhú do chur chun feidhme an athchóirithe thábhachtaigh seo ar an earnáil airgeadais. Ina theannta sin, thionscain sé próiseas soláthair d'fhonn comhpháirtí a roghnú chun cuidiú leis PCC a bhunú agus a oibriú.

Athbheithniú ar Fheidhmíocht Rialála 2013 – Tuarascáil ar Chomhlíonadh Caighdeán agus Cód

I mí Feabhra 2013, d'iarr an Banc go foirmiúil ar an CAI, i gcomhréir le Clár Cúnaimh Airgeadais AE-CAI, Tuarascáil mhionsonraithe ar Chomhlíonadh Caighdeán agus Cód a dhéanamh, ar measúnú í ar chomhlíontacht an Bhainc le Croíphrionsabail Basel chun críocha na Maoirseachta Éifeachtaí ar Bhaincéireacht (BCP).

Is ionann na 29 BCP agus an t-íoschaighdeán *de facto* do rialáil agus do mhaoirseacht fhóna stuamachta na mbanc agus na gcóras baincéireachta agus baintear úsáid astu mar thagarmharc domhanda chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht córas maoirseachta. Baintear leas astu freisin chun obair a shainaithint amach anseo d'fhonn caighdeán a bhaint amach do chleachtas fóna maoirseachta. Déanann Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht na prionsabail a nuashonrú go rialta agus rinneadh an nuashonrú is déanaí i Meán Fómhair 2012.

Mar ullmhúchán do mheasúnú an CAI, thug an Banc faoi chleachtadh cuimsitheach féinmheasúnaithe. Cuireadh toradh an mheasúnaithe sin ar fáil don CAI roimh a athbhreithniú ar an láthair.

Le linn an athbhreithnithe ar an láthair, thionóil an CAI cruinnithe suntasacha éagsúla leis an mBanc chun a chinntiú go raibh tuiscint bheacht aige ar phróisis an Bhainc agus chun an Banc a cheistiú i ndáil leis an bhfaisnéis a leagadh amach sa doiciméad féinmheasúnaithe. Bhuail an fhoireann ón CAI leis an Roinn Airgeadais, leis na bainc, le Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann agus leis an nGarda Síochána (an tAonad um Fhaisnéis Airgeadais) i measc daoine eile. Bhí cumarsáid fairsing ann idir an Banc agus an CAI roimh an Misean athbhreithnithe agus ina dhiaidh.

Meastar go bhfoilseoidh an CAI a mheasúnú go luath in 2014.

Maoirseacht Árachais

Déanann an Banc maoirseacht ar 235 gnóthas árachais lena gcuimsítear cuideachtaí saoil, neamhshaoil agus athárachais.

Praghsáil Neamhshaoil agus Cúlchistí Éileamh

Is iad cúlchistí easnamhacha agus míphraghsáil táirgí árachais an dá phríomhchúis a dteipeann ar chuideachtaí (ath)árachais neamhshaoil. Le linn 2013, rinne an Banc athbhreithnithe éagsúla ar phraghsáil, ar éilimh agus ar chúlchistí agus i gcás inar aithníodh laigí rialaithe nó gá le cúlchistí a neartú, chuaigh an Banc i mbun rannpháirtíochta leis na cuideachtaí ábhartha chun dul i ngleic leis na heasnaimh sin.

Dúshlán arna gcruthú ag Timpeallacht Rátaí Ísle

Dhírigh an Banc ar cháilíocht sócmhainní cuideachtaí (ath)árachais mar gheall ar an

timpeallacht leanúnach rátaí ísle. Ba phríomhchuspóir é a áirithiú go dtabharfaí faoi aistrithe ionchasacha ar leithdháiltí straitéiseacha sócmhainní cuideachtaí go dtí infheistíochtaí ardtoraidh, beagleachtacha, ar bhealach a bheadh comhtháite leis an gcreat foriomlán riosca. Rinneadh athbhreithniú ar cháilíocht sócmhainní cuideachtaí (ath)árachais éagsúla agus ar na rialuithe gaolmhara le linn 2013 agus, i gcás inar aithníodh laigí, ceanglaíodh ar na heintitis sin bearta maolaitheacha a ghlacadh.

Blianachtaí Athraitheacha (VA)

I gcomhar le cuideachtaí (ath)árachais, d'fhorbair an Banc creat do mheasúnú cainníochtúil ar raon agus scála na rioscaí a ghabhann le timpeallacht fhadréiseach rátaí úis ísle. Díríonn an creat seo ar iniúchadh níos géire ar riosca rátaí úis agus ar mheasúnuithe ar thairiscintí táirge gnóthas sa mhargadh. Fuarthas na freagraí ó na hinstiitíidí ábhartha faoin 31 Nollaig 2013.

Úsáid Díorthach

Rinne an Banc anailís ar úsáid díorthach ag cuideachtaí (ath)árachais Ardtionchair agus Meán-Ardtionchair le linn 2013 chun a fháil amach an raibh an úsáid díorthach ag luí le bainistíocht éifeachtúil punainne infheistíochta. I gcás inar sainaithníodh neamhéifeachtúlachtaí, ceanglaíodh ar chuideachtaí bearta um maolú riosca a ghlacadh.

Cúlchistí agus Praghsáil d'Árachóirí agus d'Atharachóirí Neamhshaoil

I Meán Fómhair 2013, d'eisigh an Banc Páipéar Comhairliúcháin (CP73) inar moladh ceanglais nua agus ceanglais bhreise d'fhonn creat rialála a fhorbairt do chúlchistí agus do phraghsáil. Braitheann iarmhairt na gceanglas sin ar rátáil tionchair PRISM atá ag an ngnóthas. Ar na moltaí sin, áirítear an méid seo a leanas:

- » Ról an Achtúire Shínithe a fhorordú mar Fheidhm Rialaithe Réamhcheadaitheach
- » Go gcomhlíonfaidh Achtúire Athbhreithnithe na ceanglais maidir le hathbhreithnithe piaraí ar Ráiteas ar Thuairimí Achtúireacha agus ar na tuarascálacha faoin Ráiteas ar Thuairimí Achtúireacha
- » Ceanglais ar Iniúchóireacht Inmheánach maidir le measúnú a dhéanamh ar phróiseas cúlchiste na cuideachta
- » Coistí Cúlchiste a bhunú ar a mbeidh Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách amháin ar a laghad.

Ina theannta sin, folaíonn CP73 treoir maidir le meastachán is fearr, corrlach riosca agus athbhreithnithe piaraí. Bhí rannpháirtíocht ag an mBanc ar an ábhar seo le hionadaithe ón tionscal agus foilseoidh sé na ceanglais deiridh tar éis dó an próiseas comhairliúcháin a thabhairt chun críche.

Samhlacha Inmheánacha

Ó 2010 i leith, tá an Banc ag obair i gcomhar le cuideachtaí árachais a bhfuil ceadú á lorg acu do shamhlacha inmheánacha chun comhthuisct a spreagadh agus chun a áirithiú go bhfreastalóidh na samhlacha ar na critéir a shonraítear maidir le ceadú i dTreoir Shócmhainneacht II. Ina theannta sin, d'oibrigh an Banc le hÚdarás Mhaoirseachta Náisiúnta (ÚMNanna) eile chun na caighdeáin riachtanacha theicniúla a fhorbairt. Rinne Painéal Athbhreithnithe Piaráí an Údaráis Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)¹⁰ measúnú ar fheidhmíocht na ÚMNanna go léir agus foilsíodh a thuarascáil in 2013.

Rannpháirtíocht idir Rialtóirí

Bíonn ról lárnach ag an gcomhoibriú déthaobhach agus iltaobhach le rialtóirí eile i dtaca le maoirseacht éifeachtach ar chuideachtaí (ath)árachais rialáilte ar an leibhéal Eorpach agus domhanda. Le linn 2013, shínigh an Banc trí Mheabhrán Tuisceana (MT) leithleacha leis an *Florida Office of Insurance Regulation, an Indiana Department of Insurance agus an Missouri Department of Insurance, Financial Institutions & Professional Registrations*.

I mí Feabhra 2013, shínigh an Banc Meabhrán Tuisceana Iltaobhach Chomhlachas Idirnáisiúnta na Maoirseoirí Árachais ar creat domhanda é do chomhoibriú agus do mhalartú faisnéise idir maoirseoirí árachais. Ina theannta sin, shínigh an Banc comhaontú déthaobhach le Bord Gobharnóirí Chóras an Chúlchiste Fheidearálaigh.

I mí na Nollag 2013, dheimhnigh Roinn Árachais Delaware don Bhanc go raibh sé i gceist aici Éire a aithint mar dhlinse cháilithe faoi dhlí Stát

Delaware¹¹. Cuideachtaí (ath)árachais lonnaithe i Delaware a athárachóidh cuideachtaí bunaithe in Éirinn, féadfaidh siad anois cur isteach ar fhaoiseamh ó cheanglais comhthaobhachta.

Rannpháirtíocht leis an Tionscal

Is príomhthosaíocht i gcónaí í cumarsáid éifeachtach leis an tionscal agus is gné thábhachtach de chlár maoirseachta an Bhainc í. Bhí idirghníomhaíochtaí leanúnacha rialta ag an mBanc leis an tionscal i gcaitheamh na bliana maidir le raon ábhar éagsúil. Ar na príomhfhóiraim tionscail, áirítear: DIMA (Cumann Árachais & Bainistíochta Idirnáisiúnta), Árachas Éireann agus Meitheal IFSC an Taoisigh. D'eagraigh an Banc seimineár do Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleácha cuideachtaí (ath)árachais i mí Dheireadh Fómhair 2013.

Maoirseacht ar Mhargáí

In 2013, leagadh béim ar leabú na maoirseachta riosca-bhunaithe do ghnólachtaí agus do chistí infheistíochta trí PRISM. Tugadh faoi níos mó ná 30 MIR agus PRR gaolmhar i ndáil le gnólachtaí Meán-Ardtionchair agus Meán-Ísealtionchair mar aon le sraith d'athbhreithnithe téamacha maidir le réimsí sonracha riosca. Leis an straitéis maoirseachta a cuireadh chun feidhme le linn 2012 maidir le gnólachtaí Ísealtionchair, leanadh de shainordú PRISM a bhaint amach trí bhithin foláireamh frithghníomhach maoirseachta agus imeachtaí triáiseála. Cuireadh feabhas ar an maoirseacht ar chistí infheistíochta go háirithe tríd an gCóras Tuairiscithe Ar Líne a chur i bhfeidhm. Leis an obair seo ar fad, cuireadh le maolú feabhsaithe riosca i ngnólachtaí urrús agus le roinnt tarchur forfheidhmiúcháin.

Chuir an Stiúrthóireacht Margáí agus an Stiúrthóireacht um Chosaint Tomhaltóirí tús le rannpháirtíocht níos gníomhaí i ndáil le Measúnú Riosca Iompair do ghnólachtaí infheistíochtaí. Ag féachaint don fhorluí go minic idir riosca stuamachta agus riosca iompair, cuireann an tionscnamh seo athbhreithniú iomlánaíoch ar riosca ar fáil i ndáil le gnólachtaí infheistíochta.

¹⁰ Tá ÚEÁPC mar chuid den Chóras Eorpach Maoirseachta Airgeadais ina gcuimsítear trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚMEanna), na hÚdaráis Maoirseachta Náisiúnta agus an Bord Eorpach um Riosca Sistémach. Is comhlacht comhairleach neamhspleách don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh é.

¹¹ Is bunáit shuntasach é Stát Delaware do ghníomhaíochtaí (ath)árachais idirnáisiúnta. Mar dhlinse, rangaitear é mar an 10ú sna Stáit Aontaithe i dtéarmaí ollphréimhe scríofa agus déanann a Choimisinéir Árachais rialáil ar chuideachtaí a bhfuil sócmhainní \$506 billiún acu.

Rialacháin agus Treoir maidir le Sócmhainní Cliant

I ndiaidh an athbhreithnithe ar an gcóras rialála arna fhoilsiú i Márta 2012 maidir le sócmhainní cliant a chosaint, bhunaigh an Banc cómhcheat tionscail chun moltaí mionsonraithe a fhorbairt lena gcur in ionad na gCeanglas maidir le Sócmhainní Cliant (arna n-eisiúint i mí na Samhna 2007). Beidh na moltaí sin mar bhonn don chóras nua um Shócmhainní Cliant a leagtar amach i Rialacháin arna n-eisiúint faoi Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2013 agus arna fhorlíonadh le Treoir. Bhí na Rialacháin agus an Treoir faoi réir comhairliúcháin phoiblí a tugadh chun críche an 31 Deireadh Fómhair 2013.

Ar na hathruithe atá beartaithe ar an gcóras um shócmhainní cliant, áirítear an méid seo a leanas:

- » Leis an gcóras beartaithe, foráiltear do chreat atá bunaithe ar sheacht gCroíphrionsabal um Shócmhainní Cliant agus do Rialachán Eatramhach maidir le Plean tosaigh um Bainistíocht Shócmhainní Cliant de chuid gnólachta.
- » Ceanglófar ar ghnólachtaí doiciméad aonair i gcaint dhíreach dá ngairfear ‘Doiciméad Príomhfhaisnéise um Shócmhainní Cliant’ a thabhairt dá gclaint, ina míneofar an córas um shócmhainní cliant.
- » Ceanglófar ar ghnólachtaí duine aonair a cheapadh chuig Ról Maoirseachta um Shócmhainní Cliant a bheidh mar Fheidhm Rialaithe Réamhcheadaitheach faoi Chuid 3 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010.
- » Ceanglófar ar ghnólachtaí Plean um Bainistíocht Sócmhainní Cliant a chruthú, a dhoiciméadú agus a chothabháil d’fhonn sócmhainní cliant a chosaint.
- » Ceanglófar ar ghnólachtaí socrú a dhéanamh go n-ullmhóidh iniúchóir seachtrach tuarascáil ar bhonn bliantúil i ndáil le cosaint sócmhainní cliant ag gnólacht.

Na 26 freagra a fuarthas ar an gcomhairliúchán poiblí, bhí siad seo ag teacht don chuid is mó le moltaí an Bhainc agus déanfar breithniú orthu

nuair a bheidh na Rialacháin agus an Treoir á dtabhairt chun críche. Sula bhfoilseofar iad, ní mór don Choimisiún, don Aire Airgeadais agus don Choimisiún Eorpach na Rialacháin deiridh a cheadú. Beartaítear go mbeidh éifeacht leis na Rialacháin sa dara leath de 2014.

Gnólachtaí Infheistíochta a údarú faoi MiFID

I ndiaidh athbhreithnithe ar an bpróiseas faoina n-iarrann gnólachtaí údarú chun seirbhísí a sholáthar faoin Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID), tá sé i gceist ag an mBanc cur chuige riosca-bhunaithe níos éifeachtúla a thabhairt isteach maidir le próiseáil na n-iarratas sin. Ceapadh próiseas dhá-leibhéal faoina ndéanfar iarratasóir a mheas mar iarratasóir Leibhéal a hAon nó Leibhéal a Dó ag brath ar mhéid ghnólacht an iarratasóra agus ar chastacht a shamhla gnó. Meastar go bpróiseálfar iarratais Leibhéal a hAon laistigh de thrí mhí ón dáta a bhfaighfear an buniaratas comhlánaithe fad a bheidh suas go sé mhí i gceist d’iarratais Leibhéal a Dó. Laistigh de na hamscálaí sin, beidh seicphointí agus spriocdhátaí éagsúla i gceist maidir le malartú comhfhreagrais.

Mar chuid den phróiseas nua, tá castacht na Foirme Iarratais ar Údarú laghdaithe ag an mBanc agus tá feabhas curtha aige ar cháiliúocht an Treoirnóta d’iarratasóirí a ghabhann léi.

I ndiaidh próisis comhairliúcháin leis an tionscal le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2013, lena cuimsíodh ceardlanna agus cur i láthair do pháirtithe leasmhara ón tionscal, tháinig an próiseas i bhfeidhm i mí Eanáir 2014. Tar éis dó a bheith i ngníomh ar feadh 12 mhí, déanfaidh an Banc athbhreithniú ar éifeachtacht an phróisis nua agus beidh rannpháirtíocht bhreise le páirtithe leasmhara ón tionscal i gceist leis sin.

Rialáil Éifeachtach ar Bhaincéireacht agus Urrúis: Ionchais, Dúshláin agus Deiseanna

An 11 Deireadh Fómhair 2013, d’óstáil an Banc comhdháil dar theideal ‘Rialáil Éifeachtach ar Bhaincéireacht agus Urrúis: Ionchais, Dúshláin agus Deiseanna’¹². Ag an gcomhdháil seo, tugadh le chéile grúpa oirce de chainteoirí

¹² Tá imeachtaí na comhdhála le fáil ar: <http://www.centralbank.ie/regulation/marketsupdate/Documents/131011%20Central%20Bank%20of%20Ireland%20Conference%20-%20Effective%20Banking%20and%20Securities%20Regulation%20Conference.pdf>

idirnáisiúnta agus intíre agus breithníodh forbairtí a bhain le saincheisteanna amhail:

- » Leasú ar rialacháin stuamachta do na bainc agus do ghnólaigh infheistíochta
- » Creat maoirseachta
- » Réiteach banc agus neamhbhanc
- » Cur chuige rialála maidir le hearnáil na hinfeistíochta malartaí agus na scáthbhaincéireachta

Ról an urrúisithe, an athcheannaigh agus na n-iasachtaí comhthaoibhaithe.



Comhdháil maidir le 'Rialáil Éifeachtach ar Bhaincéireacht agus Urrúis' faoi chathaoirleacht Gareth Murphy, Stiúrthóir, Margáí

Grianghraf de: Jonathan McMahon, Páirtí, Mazars; Dr Kay Swinburne, MEP; Gareth Murphy, Stiúrthóir, Maoirseacht ar Mhargáí, an Banc Ceannais; Tanis J MacLaren, an Ceannasaí ar an *Office of International Affairs, Ontario Securities Commission*; Sally Dewar, Stiúrthóir Bainistíochta, JP Morgan.

Le linn 2013, d'óstáil an Banc nó thacaigh sé le 31 cruinniú tionscail leithleach agus cur i láthair maidir le saincheisteanna amhail an t-athbhreithniú reatha ar MiFID agus an Lámhleabhar ar Chiste Infheistíochta Malartaí a moladh le déanaí, rud a léiríonn an tábhacht a leagann an Banc ar rannpháirtíocht leis an tionscal agus ar oideachas a chur ar an tionscal maidir leis na forbairtí ar rialáil san Eoraip.

Scéimeanna Comhinfheistíochta

Bunaítear Scéimeanna Comhinfheistíochta (cistí) d'fhonn sintiúis chomhthiomsaithe infheistíochtaí (arna sealbhú mar aonaid nó mar scaireanna sa scéim) a infheistiú i sócmhainní infheistíochta i gcomhréir le cuspóirí infheistíochta arna bhfoilsíú sa réamheolaire.

B'ionann glanluach sócmhainne na gcistí arna n-údarú in Éirinn agus €1.344 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2013 a bhí déanta suas de 5,599 ciste, lena n-áirítear fochistí. B'ionann líon chúlghairmeacha (gach ceann díobh deonach) na gcistí reatha, lena n-áirítear fochistí, sa bhliain 2013 agus 509. Sa bhliain 2013, ba é 118 líon iomlán na gcistí (804 má chuirtear fochistí san áireamh) arna n-údarú faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2003, faoin Acht um Lontaobhais Aonad 1990, faoi Chuid XIII d'Acht na gCuideachtaí 1990, faoin Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 agus faoin Acht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta 1994¹³.

Measúnú CAI ar Phrionsabail IOSCO

Go luath in 2013, d'iarr an Banc go foirmiúil ar an CAI measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh 'an Rialacháin um Chuspóirí agus Phrionsabail IOSCO maidir le Rialáil Urrús' (na Prionsabail) ag Éirinn. Leagann na Prionsabail seo amach creat leathan do rialáil urrús agus is ionann iad agus ceann de na príomhchaighdeáin agus príomhchóid arna sainaithint ag an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais mar chinn atá rithabhachtach do chórais fhónta airgeadais. I dtéarmaí a gcur chun feidhme phraiticiúil, úsáideann an Banc Domhanda agus an CAI na Prionsabail do Chlár Measúnaithe na hEarnála Airgeadais.

Chuir an Banc doiciméad féinmheasúnaithe mionsonraithe faoi bhráid an CAI i mí Iúil 2013 sular tháinig measúnóirí CAI i Meán Fómhair 2013. Mhair an misean measúnaithe beagnach trí mhí agus cuimsíodh ann grinn-agallaimh le roinnt mhaith rannán sa Bhanc mar aon le mórán cruinnithe seachtracha le comhlachtaí rialála agus comhlachtaí Stáit eile (mar shampla Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann) agus le heintitis rialáilte éagsúla. Roimh an misean measúnaithe agus ina dhiaidh, bhí cumarsáid fhairsing ann idir an Banc agus an CAI. Meastar go bhfoilsíodh an CAI a mheasúnú go luath in 2014.

Gníomhaíocht Maoirseachta a bhaineann leis an Margadh

Sna táblaí thíos, tugtar sonraí maidir le méid na gníomhaíochta maoirseachta a bhaineann leis an margadh arna glacadh de láimh ag an mBanc le linn 2013.

¹³ Leis na sonraí seo, comhlíontar ceanglais an Bhainc maidir le tuairisciú faoi Alt 3(6) den Acht um Lontaobhais Aonad 1990.

Tábla 4 – Nochtadh Faisnéise ag Cuideachtaí¹⁴

	2012	2013
Tuarascálacha Bliantúla Airgeadais a foilsíodh	143	134
Tuarascálacha Leathbhliantúla Airgeadais a foilsíodh	121	113
Ráitis Eatramhacha Bainistíochta a foilsíodh	100	98
Mór-scairsheilbh a cuireadh faoi bhráid an Bhainc	379	416
Líon na nEisitheoirí ar chuir an Banc a n-urrúis ar fionraí ó thrádáil ar SÉ	8	14

Tábla 5 – Imscrúduithe faoi Dhlí na nUrrús

	2012	2013
Fiosruithe arna dtionscnamh i ndáil le sárúithe féideartha	76	52
Fiosruithe arna dtabhairt i gcrích i ndáil le sárúithe féideartha	79	67
Tuarascálacha ar Idirbhearta Amhrasacha arna gcur faoi bhráid an Bhainc ag daoine a eagraíonn idirbhearta ar bhonn gairmiúil	19	27
Tuarascálacha faoi Idirbhearta Amhrasacha arna gcur faoi bhráid an Bhainc ag Údaráis Inniúla eile san AE	5	8
Tuarascálacha faoi Idirbhearta Amhrasacha arna n-aistriú ag an mBanc chuig Údaráis Inniúla eile san AE	16	21
Cúnamh a tugadh d'Údaráis Inniúla eile san AE	19	17
Fógraí Cobhsaíochta arna gcur faoi bhráid an Bhainc	0	1
Comhaontuithe Réitigh faoi Dhlí na nUrrús (arna dtabhairt i gcrích)	2	1
Rabhaidh Fhoirmiúla Phríobháideacha arna n-eisiúint faoi Dhlí na nUrrús	0	0

Tábla 6 – Tuarascálacha ar Mhonatóireacht ar Mhargáí

	2012	2013
Tuarascálacha Idirbheart a fuarthas ó eintitis atá lonnaithe in Éirinn (milliúin)	58.5 ^r	142.8
Tuarascálacha Idirbheart a seoladh chuig údaráis inniúla eile via TREM* (milliúin)	50.1 ^r	124.4
Tuarascálacha Idirbheart a fuarthas ó údaráis inniúla eile via TREM* (milliúin)	13.2 ^r	17.0
Smachtbhannaí Riaracháin/Rabhaidh Maoirseachta - Cásanna Oscailte	8	3
Smachtbhannaí Riaracháin/Rabhaidh Maoirseachta - Cásanna Dúnta	4	8 ¹⁵
Iníuchtaí arna ndéanamh ar thuarascálacha idirbheart gnólachtaí	82	60

* Modh Babhtála do Thuairisciú Idirbheart

^r Athbhreithnithe chun ceartuithe arna bhfáil i ndiaidh dheireadh na bliana a léiriú.

14 Ainmnítear an Banc mar an údarás lárnach inniúil chun críocha na Rialachán, ach amháin chun críocha na Teorach Trédhearcachta ar ina leith a ceapadh Údarás Maoirseachta Iníuchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) mar an Údarás Inniúil.

15 Tugadh cás amháin chun críche gan aon ghníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh.

Tábla 7 – An Próiseas um Fhaomhadh Réamheolaire

	2012	2013
Líon na dTearmaí Deiridh a Comhdaíodh	1223	1750
Líon na nDoiciméad a Faomhadh	670	844
Líon na nDoiciméad/bhFógraí a foilsíodh	2633	3124
Teastais Pas a ullmhaíodh	91	250
Fógraí Pasála Isteach a próiseáladh	739	492
Líon na nEisitheoirí a ndearna SÉ a n-urrúis a chur ar fionraí ó thrádáil ar iarratas ón mBanc	2	2

An difríocht idir líon na ndoiciméad a faomhadh go dtí seo agus líon na ndoiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Bhainc, baineann sí le (i) Téarmaí Deiridh, Praghais Tairisceana Deiridh agus Líon na bhFógraí Urrúis agus na dTuarascálacha Faisnéise Bliantúla (nach gá a fhaomhadh) a comhdaíodh agus a foilsíodh ar an suíomh gréasáin agus (ii) fógraí i ndáil le réamheolairí arna bhfaomhadh ag Údarás Inniúil Ballstáit eile agus arna bpasáil ansin isteach go hÉirinn agus ar ina leith nach gá faomhadh ón mBanc.

Beartas, Riosca agus Rialachas

An Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí (AIFMD)

Tháinig an Treoir (Uimh. 2011/61/AE) maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí (AIFMD) in éifeacht an 22 Iúil 2013. Forlíontar í le bearta mionsonraithe Leibhéal II agus le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA)¹⁶ maidir le luach saothair agus raon feidhme. In Éirinn, rinneadh AIFMD a thrasú chuig an dlí náisiúnta le I.R. 257/2013.

Le linn 2013, thug an Banc a chreat athbhreithnithe chun críche maidir le rialáil cistí infheistíochta malartaí agus bainisteoirí cistí infheistíochta malartaí a bheidh le rialáil faoin reachtaíocht intíre. Foilsíodh Leabhar Rialacha AIF i mí Iúil 2013 agus d'eisigh an Banc páipéar comhairliúcháin maidir leis na cineálacha AIF, lena n-áirítear Iontaobhais Aonad Díolmhaithe agus Iontaobhais Infheistíochta Eastáit Réadaigh (REITs). De thoradh na hoibre seo, bhí an Banc ar an gcéad dlínse san Eoraip a raibh a chreat AIFMD i bhfeidhm aige.

I mí Aibreáin 2013, chomhaontaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa Rialacháin Aontais Eorpaigh lena foráladh do chur chun cinn cistí infheistíochta a dhéanann infheistiú i gcaipiteal fiontair (EuVECA) agus cistí infheistíochta a bhfuil cuspóirí infheistíochta acu atá freagrach ón taobh sóisialta de agus tháinig na Rialacháin sin in éifeacht an 22 Iúil 2013.

Leasú ar na Ceanglais maidir le Soláthar do Lagú agus Nochtadh Faisnéise

I mí Bealtaine 2013, d'eisigh an Banc sraith leasuithe ar na 'Treoirlínte maidir le Soláthar do

Lagú agus Nochtadh Faisnéise' (na Treoirlínte). Bhí na leasuithe bunaithe ar athbhreithniú a rinne an Banc i ndáil le comhlíonadh na gceanglas maidir le nochtadh faisnéise i ráitis airgeadais na mBanc Cumhdaithe amhail ar an 31 Nollaig 2011 agus an 31 Nollaig 2012. Ar na príomhathruithe ar na Treoirlínte leasaithe, foláitear an méid seo a leanas a chur isteach: (i) sainmhíniú ar 'lasacht Neamhthuillmheach'; agus (ii) alt nua ina ndéantar soiléiriú ar an gcoincheap d'lasachtaí Leigheasta.

Athbhreithniú ar an gCód Cleachtais maidir le hiasachtú do Pháirtithe Gaolmhara

I mí an Mheithimh 2013, rinne an Banc athbhreithniú ar an 'gCód Cleachtais d'Institiúidí Creidmheasa maidir le hiasachtú do Pháirtithe Gaolmhara' (An Cód Cleachtais). Sa Chód Cleachtais, leagtar amach na ceanglais do na bainc i ndáil le hiasachtaí arna n-eisiúint ag na bainc do pháirtithe gaolmhara nó bainteacha, mar a shainítear sa Chód Cleachtais iad, a údarú, a leasú, a riaradh, a mhonatóiriú agus a thuairisciú don Bhanc. Leis na hathruithe a tugadh isteach, rinneadh soiléiriú ar ghnéithe áirithe a bhain le feidhmiú praiticiúil an Chóid Cleachtais.

Athbhreithniú ar an gCód Rialachais Chorporáidigh d'Institiúidí Creidmheasa agus do Ghnóthais Árachais

Rinne an Banc athbhreithniú ar an 'gCód Rialachais Chorporáidigh d'Institiúidí Creidmheasa agus do Ghnóthais Árachais' (an Cód) le linn mhí na Nollag 2013. Leagtar amach sa Chód sin na ceanglais íosta reachtúla maidir leis an gcaoi inar cheart d'institiúidí creidmheasa agus do chuideachtaí árachais rialachas a n-institiúidí a réachtáil agus tá sé

¹⁶ Is Údarás neamhspleách AE é an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) a rannchuidíonn le cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint trí fheidhmiú éifeachtúil, rianúil na margáí urrúis a áirithiú, mar aon le cosaint infheisteoirí a fheabhsú.

mar phríomhchuspóir ag an gCód rialachas corparáideach maith a éascú sna hinstiúidí sin a thagann faoina chúram. Ar na príomhathruithe a rinneadh ar an gCód, áirítear an ceanglas atá ar instiúidí Príomh-Oifigeach Riosca (POR) a cheapadh, tugadh isteach alt nua ina leagtar amach ról agus freagrachtaí an POR agus leasuithe eile a fhéachann le prionsabal na comhréireachta sa Chód a fheabhsú. Tiocfaidh an Cód athbhreithnithe in éifeacht an 1 Eanáir 2015.

Athbhreithniú ar Phrótacal an Iniúcháir idir an Banc Ceannais agus Iniúcháirí Soláthraithe Rialáilte Seirbhíse Airgeadais

Leis an 'bPrótacal Iniúcháir idir an Banc Ceannais agus Iniúcháirí Sholáthraithe Rialáilte Seirbhíse Airgeadais' (an Prótacal Iniúcháir), cuirtear creat ar fáil don mhalartú faisnéise ar bhonn tráthúil idir an Banc agus iniúcháirí d'fhonn na próisis iniúcháireachta rialála agus

reachtúla a fheabhsú. Trí bhithin na n-athbhreithnithe sin, leathnaítear raon feidhme Phrótacal an Iniúcháir chun go mbeidh feidhm aige maidir leis na cruinnithe go léir idir iniúcháirí agus an Banc seachas díreach le gnólaigh a aicmítear mar ghnólaigh Ardionchair faoi PRISM. Rinneadh nuashonrú ar Phrótacal an Iniúcháir freisin chun na hathruithe a rinneadh le gairid ar reachtaíocht, eadhon an fhoráil a dhéantar in alt 58 d'Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2013 maidir le teorannú dlíleanais i dtuairisciú nithe ar leith ag iniúcháirí.

Rannpháirtíocht le hÚdarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Bíonn rannpháirtíocht ag an mBanc le hÚdarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) maidir le nithe a bhaineann le cúrsaí in eintitis leasa choitinn agus tá áit ag an mBanc ar Bhord IAASA.

Rannpháirtíocht le hÚdarás Maoirseachta Eorpacha

Bosca 5 - Sásra Maoirseachta Aonair

Is ionann an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA) agus córas nua maoirseachta airgeadais san Eoraip lena gcuimsítear an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na húdaráis inniúla náisiúnta ó na tíortha rannpháirteacha AE. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí SMA: (i) sábháilteacht agus fíorthacht an chórais baincéireachta Eorpaigh a áirithiú agus (ii) cobhsaíocht airgeadais san Eoraip a mhéadú. Faoin SMA, déanfaidh an BCE maoirseacht ar instiúidí creidmheasa 'suntasacha'. Déanfar tuairim is 130 banc a mhaoirsiú go díreach, is ionann an méid sin agus beagnach 85 faoin gcéad de na sócmhainní baincéireachta iomlána sa limistéar euro. Rachaidh an BCE i mbun a róil nua mar mhaoirseoir ar na bainc sa limistéar euro i mí na Samhna 2014.

An 23 Deireadh Fómhair 2013, d'fhógair an BCE go ndéanfaidh sé Measúnú Cuimsitheach (Measúnú) ina gcuimseofar an méid seo a leanas:

- » Measúnú maoirseachta riosca chun príomhrioscaí a mheas go cainníochtúil agus go cáilíochtúil, lena n-áirítear leachtacht, giaráil agus maoiniú.
- » Athbhreithniú ar Cháilíocht Sócmhainní (ACS) chun an trédhearcacht maidir le neamhchosaintí na mbanc a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht shócmhainní na mbanc, lena n-áirítear leordhóthanacht luacháil sócmhainní agus comhthaobhachta agus forálacha gaolmhara.
- » Tástáil struis chun stóinseacht chlár chomhardaithe na mbanc i gcásanna struis a scrúdú.

Tá na trí ghné seo dlúth-nasctha. Beidh an measúnú bunaithe ar thagarmharc caipitil de 8 faoin gcéad bunchaipiteal leibhéal 1, ag féachaint don mhíniú ar an Treoir um Riachtanais Chaipitil/an Rialachán um Riachtanais Chaipitil, lena n-áirítear socruithe idirtheimhseacha do ACS agus do chás bonnlíne tástála struis araon. Fógrófar na sonraí maidir leis an tástáil struis ag tráth níos déanaí i gcomhar leis an Údarás Baincéireachta Eorpach.

Cuireadh tús leis an bpróiseas measúnaithe i mí na Samhna 2013 agus táthar ag súil go gcríochnófar é faoi mhí Dheireadh Fómhair 2014, tráth a chuirfear an toradh deiridh in iúl go poiblí. Is iad seo a leanas na bainc Éireannacha a áiríodh sa Mheasúnú:

- » AIB
- » Banc na hÉireann
- » PTSB
- » Ulster Bank
- » Merrill Lynch

Bunaíodh Bord Maoirseachta SMA i mí Eanáir 2014 agus tionóladh a chéad chruinniú an 30 Eanáir. Is comhalta de Bhord Maoirseachta SMA é Cyril Roux (an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais).

Tá tuilleadh faisnéise agus nuashonruithe maidir leis an Sásra Maoirseachta Aonair le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Bhainc agus BCE.

Na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha

Le linn 2013, lean an Banc de bheith ag cur le hobair na dtrí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚMEanna)¹⁷ lena gclúdaítear baincéireacht, árachas/pinsin cheirde agus urrúis/margaí. Glacann sé páirt ghníomhach i líon mór de na buanchoistí agus foghrúpaí sna ÚMEanna, a bhfuil a bhformhór díobh freagrach as dreachtú tosaigh gníomhartha tarmligthe agus caighdeán teicniúil i ndáil le reachtaíocht Eorpach atá le teacht.

An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)

Tá an Banc ina chomhalta de Bhord Maoirseoirí an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE)¹⁸. In 2013, lean an Banc de thionchar a imirt ar threorú na maoirseachta ar leibhéal Eorpach trína chaidreamh leis an ÚBE. Ina theannta sin, bhí ionadaíocht ag an mBanc ar an mBuanchoiste Oibríochtaí agus Cleachtas, ar fhoghrúpaí den Choiste sin agus ar mheithlí éagsúla eile.

Thacaigh an Banc freisin le forbairt an tSásra Maoirseachta Aonair (SMA) agus tá tús curtha aige leis an bpleanáil don obair riachtanach e.g. Measúnú Cuimsitheach agus na hathruithe eagraíochtúla atá ag teastáil chun SMA a chur chun feidhme sa Bhanc agus is tosaíochtaí straitéiseacha iad an dá ní sin do 2014.

ÚEÁPC

Mar chuid de chlár an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)¹⁹ maidir le Maoirseacht Grúpaí, molann ÚEÁPC go dtionólfar ar bhonn bliantúil Coláistí Maoirseachta a bhfreastalaíonn rialtóirí domhanda eile orthu chun príomhghnéithe d'fheidhmíocht an ghrúpa a phlé agus chun dearcadh iomlánaíoch i leith na rioscaí maoirseachta do ghrúpa den sórt sin a áirithiú. Príomhthoradh an Choláiste seo is ea plean oibre lena n-áirithítear go dtugtar aghaidh ar na príomhréimsí riosca go léir. Tá sé de fhreagracht ar mhaoirseoir an ghrúpa a áirithiú go gcuirfear an plean seo i ngníomh go héifeachtúil roimh an gcéad chruinniú eile den choláiste.

Bhí baint mhór ag an mBanc le Coláistí Rialála le linn 2013. Bhí 56 eintiteas rialálte faoi réir imscrúdú Coláiste Rialála agus tionóladh 38

cruinniú leithleach coláiste. Chomh maith leis sin, thionóil an Banc trí choláiste maoirseachta le húdaráis maoirseachta mar chuid den chlár do mhaoirseacht grúpaí.

Tá an Banc ina chathaoirleach ar Fhoghrúpa ÚEÁPC ar Athbhreithniú Maoirseachta agus ar Thuairisciú Rialachais Inmheánaigh.

ESMA

Tá an Banc ina chomhalta de Bhord Maoirseoirí an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus tá ionadaithe aige ar gach ceann de na Buanchoistí a bhíonn ag plé le hábhair amhail struchtúr margaidh, cosaint infheisteoirí, bainistíocht infheistíochta, sláine an mhargaidh, nuálaíocht airgeadais, tuairisciú corporáideach agus airgeadais corporáideach. Tá roinnt foghrúpaí agus tascfhórsaí ag ESMA freisin a bhíonn ag obair ar shaincheisteanna áirithe faoi gach ceann de na Buanchoistí. Glacann an Banc páirt ghníomhach i líon mór de na foghrúpaí seo a bhfuil a bhformhór díobh freagrach as dreachtú tosaigh gníomhartha tarmligthe agus caighdeán teicniúil i ndáil le reachtaíocht atá le teacht maidir le hurrúis.

Ceapadh an Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí mar Chathaoirleach ar FinCoNet, eagraíocht nua idirnáisiúnta d'údaráis maoirseachta um chosaint tomhaltóirí airgeadais, is eagraíocht a fhéachann le hiompar fóna margaidh agus cosaint láidir tomhaltóirí a chur chun cinn.

Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

Sainaitheint & Maolú Riosca

B'éigean d'earnáil na gcomhar creidmheasa dul i ngleic le dúshlán shuntasacha in 2013. Tháinig laghdú ar an gcóimheas comhiomlán iasachtaí le taiscí go dtí 33 faoin gcéad de réir mar a lean an t-iasachtú nua de bheith ag íslí, cé go raibh ráta an íslithe sin ní ba mhoille. Ó tharla go bhfuil cóimheasa trí chomhar creidmheasa as gach ceithre chomhar creidmheasa faoi bhun 40 faoin gcéad anois, leanann an róspleáchas ar ioncam ó infheistiú cistí barrachais de bheith ag méadú. Tá dúshlán eile ann do shamhail reatha ghnó na gcomhar creidmheasa sa mhéid go bhfuil leibhéal ard riaráistí ann agus, ag an am céanna, nach mór don earnáil iasachtaí

¹⁷ An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

¹⁸ Is Údarás neamhspleách AE é an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) a áirithíonn go ndéantar rialáil agus maoirseacht éifeachtúil, chomhsheasmhach stuamachta ar an earnáil baincéireachta Eorpach.

¹⁹ Tá ÚEÁPC mar chuid den Chóras Eorpach Maoirseachta Airgeadais ina gcuimsítear trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚMEanna), na hÚdaráis Maoirseachta Náisiúnta agus an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach. Is comhlacht comhairleach neamhspleách don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh é.

trioblóideacha a réiteach, ar iasachtaí iad a mbeidh iarmhairt ag an gcóras dócmhainneachta pearsanta agus comhaontuithe saorálacha um ghlanadh fiachais orthu. De réir mar a leanann an méadú ar chostais oibríochtúla, is dócha go leanfaidh an brú in 2014 agus ar aghaidh ar ghlan-chorrallaigh ó ioncam úis ar iasachtaí atá ag ísliú agus ar thorthaí infheistíochtaí atá ag titim.

Ó tharla go bhfuil samhail ghnó na gcomhar creidmheasa go hiomlán spleách ar ioncaim ó iasachtaí neamhurraithe tomhaltóirí agus ar chistí barrachais, tugtar dúshlán straitéiseach do chomhair chreidmheasa an laghdú ar iasachtú a aisiompú agus aghaidh a thabhairt ar éagsúlú ioncaim agus ar éifeachtúlachtaí oibríochtúla. Ag eascairt as próiseas leanúnach caidrimh an Bhainc, bhí imní ann nach raibh formhór na gcomhar creidmheasa ag gabháil do phleanáil straitéiseach éifeachtach nó do phleanáil éifeachtach gnó agus i gcásanna áirithe bhí gá le feabhas suntasach ar chaighdeán an mheasúnaithe riosca agus na bainistíochta riosca.

Dá bhrí sin, lean an Banc de bheith ag díriú ar chúlchistí agus ar sholáthairtí comhar creidmheasa a neartú agus ar bheartas stuamachta díbhinní a chothabháil. I gcásanna áirithe, ghlac an Banc gníomh rialála lenar áiríodh srianta ar iasachtú go dtí gur maolaíodh go cuí rioscaí ábhartha áirithe. Tá srianta den sórt sin ceaptha a áirithiú nach gcuirfidh comhair chreidmheasa coigiltis comhaltáí i mbaol míchuí, agus déantar athbhreithniú orthu go rialta.

Ag deireadh 2013, bhí clár rannpháirtíochta PRISM ag druidim i dtreo dheireadh a chéad timthrialla maoirseachta i dtaca le comhair chreidmheasa Meán-Ardtíonchair agus Meán-Ísealtíonchair. Cé gur aithníodh cleachtais fhónta rialachais agus bainistíochta riosca i gcásanna áirithe, bhí feabhsuithe substaintiúla ag teastáil i bhformhór na gcásanna. Ar phríomhréimsí na himní maoirseachta, áirítear caipiteal, rialachas, samhlacha straitéise agus gnó agus rioscaí creidmheasa agus oibríochtúla. B'ionann na réimsí rioscaí seo agus os cionn 90 faoin gcéad de 1,600 saincheist maolaithe riosca a aithníodh le linn chlár rannpháirtíochta an Bhainc leis na comhair chreidmheasa i gcaitheamh na bliana.

I bhfianaise go bhfuil an creat neartaithe rialála i bhfeidhm tríd is tríd, áiríteofar go ndéanfaidh comhair chreidmheasa a struchtúir agus a

gcórais rialachais, bainistíochta agus oibríochtúla a athrú chun go mbeidh siad in oiriúint do na caighdeáin níos airde atá le comhlíonadh acu anois. Bhí clár rannpháirtíochta PRISM ina mhórspreagadh don athrú dearfach. I gcás nach mbeidh glactha ag comhair chreidmheasa leis an ngá le hathrú, beidh maoirseacht níos déine i gceist chun rioscaí a mhaolú agus beidh gníomh forfheidhmiúcháin i gceist i gcás inar gá sin.

Rannpháirtíocht le hEarnáil na gComhar Creidmheasa

Feabhas a chur ar an gCreat Rialála Intíre a bhaineann le Comhair Creidmheasa

San Acht um Chomhair Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche 2012 a achtaíodh an 19 Nollaig 2012 (Acht 2012), folaithear ceanglais nua rialachais agus stuamachta do chomhair chreidmheasa de réir mar a mhol Coimisiún na gComhar Creidmheasa.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, shínigh an tAire Airgeadais ordú um thosach feidhme lenar tugadh in éifeacht formhór na gceanglas nua rialachais agus stuamachta a cuimsíodh in Acht 2012. Orthu sin, áirítear ceanglais ina leagtar amach feidhmeanna agus oibríochtaí phríomhghnéithe an struchtúir rialachais i gcomhar creidmheasa lena n-áirítear an bord stiúrthóirí, an cathaoirleach, an bainisteoir, an coiste um maoirseacht boird agus an coiste ainmniúcháin mar aon le ceanglais i ndáil le bainistíocht riosca, comhlíonadh, iniúchóireacht inmheánach, agus phleanáil straitéiseach.

Leis na ceanglais nua rialachais agus stuamachta, mar aon le tabhairt isteach an chórais nua Oiriúnachta agus Ionracais do chomhair chreidmheasa, foráiltear do chreat neartaithe rialála nua a mbeidh feidhm aige maidir leis na comhair chreidmheasa go léir.

Seimineáir Faisnéise

Príomhghné de shamhail rannpháirtíochta rialála an Bhainc don earnáil is ea an rannpháirtíocht dhíreach le comhair chreidmheasa agus an plé maidir le cur chuige rialála an Bhainc. Thug an Banc faoi shraith de 14 seimineáir faisnéise do chomhair chreidmheasa ar fud na tíre le linn mhí Iúil 2013 chun sonraí an chreata neartaithe rialála don earnáil a chur i láthair agus chun ceisteanna na gcomhar creidmheasa a fhreagairt.

Lámhleabhar na gComhar Creidmheasa

I Meán Fómhair 2013, d'eisigh an Banc cóip de Lámhleabhar na gComhar Creidmheasa (an Lámhleabhar), a cuireadh le chéile sa chéad leath de 2013, chuig na comhair chreidmheasa go léir. Tá an Lámhleabhar ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc freisin. Is é is cuspóir don Lámhleabhar cuidiú le comhair chreidmheasa an creat neartaithe rialála nua a chur chun feidhme trí na ceanglais dhlíthiúla agus rialála éagsúla agus trí threoir dhlíthiúil agus rialála a mbíonn feidhm acu maidir le comhair chreidmheasa a thabhairt le chéile in aon áit amháin. Folaíonn raon an Lámhleabhair na ceanglais nua rialachais agus stuamachta do chomhair chreidmheasa, an córas Oiriúnachta agus lonracais mar aon le haon cheanglais reatha eile a mbeidh feidhm acu maidir le comhair chreidmheasa.

An Córas Oiriúnachta agus lonracais do na Comhair Chreidmheasa

An 1 Lúnasa 2013, tugadh isteach an chéad chéim de chóras oiriúnaithe Oiriúnachta agus lonracais do chomhair chreidmheasa i leith na gcomhar chreidmheasa sin ar mó ná €10 milliún a sócmhainní iomlána. Leis an gcóras seo, ainmnítear ról chathaoirleach an bhoird stiúrthóirí agus ról an bhainisteora mar Fheidhmeanna Rialaithe Réamhcheadaitheacha i gcomhair chreidmheasa sa chaoi go mbeidh gá le ceadú roimh ré ón mBanc sula bhféadfar duine aonair a cheapadh chuig ceachtar den dá ról sin. Tosódh an dara céim an 1 Lúnasa 2015 nuair a thabharfar na comhair chreidmheasa eile go léir faoi raon feidhme an chórais.

Cur chuige cisealaithe Rialála a Fhorbairt do na Comhair Chreidmheasa

Tá breithniú á dhéanamh ag an mBanc faoi láthair ar chur chuige cisealaithe rialála a fhorbairt do chomhair chreidmheasa agus moltaí Choimisiún na gComhar Creidmheasa á gcur san áireamh. Eisíodh páipear comhairliúcháin tosaigh an 23 Nollaig 2013 inar lorgaíodh tuairimí ó chomhair chreidmheasa agus ó pháirtithe leasmhara eile eárnála i dtaca leis an gcur chuige beartaithe maidir le cisealú, le hoibríocht ardleibhéil na gciseal, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí agus seirbhísí a bheartaítear do na comhair chreidmheasa i ngach ciseal, moltaí maidir le creat soláthair do chomhair chreidmheasa agus tráthú iomchuí do thabhairt isteach cur chuige cisealaithe rialála. Déanfar tuilleadh oibre ar fhorbairt an chur

chuige chisealaithe rialála in 2014 tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas ar an bPáipear Comhairliúcháin.

Gníomhartha Forfheidhmiúcháin

Comhaontuithe Socraíochta

I rith 2013, rinne an Banc 16 comhaontú socraíochta. Is faoin Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin faoi Chuid IIIC d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 a rinneadh cúig cinn déag de na comhaontuithe socraíochta sin; rinneadh an tsocraíocht eile faoin nós imeachta leithleach a ndéantar foráil dó faoi reachtaíocht na margaí urrús. Ar na smachtbhannaí a forchuireadh, áirítear 16 fhíneáil ó €420 go €5 milliún, arbh ionann iad san iomlán agus tuairim is €6.35 milliún²⁰, 16 iomardú agus dícháiliú amháin. Foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Bhainc sonraí maidir leis na smachtbhannaí aonair a forchuireadh agus na ráitis phoiblí i ndáil le gach socraíocht.

Na cásanna a socraíodh in 2013, bhain siad le heintitis a raibh rátálacha riosca thar speictream chreat PRISM acu.

Na saincheisteanna suntasacha a aithníodh sna cásanna thuas, bhain siad leis an mainneachtain seo a leanas ag gnólachtaí:

- » Nósanna imeachta nó rialuithe leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh ar shócmhainní, ar cúlchistí teicniúla gnólachta iad na sócmhainní sin.
- » A gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le Liostaí Chos Istigh a chothabháil agus a nuashonrú go cuí.
- » Cion leordhóthanach sócmhainneachta a chothabháil i gcomhréir le Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamhshaoil) 1994.
- » Árachas slánaíochta gairmiúla sásúil a shealbhú.
- » Beachtas an tuairiscithe rialála don Bhanc a áirithiú.
- » Réitigh mhíosúla a dhéanamh nó a choimeád ar mhéideanna a bheidh dlite d'eintitis rialáilte leis an iarmhéid i ngach cuntas scairbhisigh cliant, de shárú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí.

²⁰ Folaíonn an figiúr sin fineáil €5m arna forchur i gcás Quinn Insurance Limited (Faoi Riaradh), ar fineáil í a tarscaoileadh mar gheall ar imthosca eisceachtúla an cháis, eadhon go bhfuil an gnólacht faoi riaradh faoi láthair agus go bhfuil sé go hiomlán spleách ar mhaoiniú ón gCiste Cúitimh Árachais.

Tábla 8 – Gníomhartha Rialála a Rinneadh

Cineál	Líon Gníomhartha	
	2012	2013
Comhaontuithe Socraíochta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin	14	15
Comhaontuithe Réitigh faoi Dhlí na nUrrús	2	1
Rabhaidh Fhoirmiúla Phríobháideacha arna n-eisiúint faoi Dhlí na nUrrús	0	0
Orduithe arna bhForchur faoin Treoir Trédhearcachta ²²	11	18
Fógraí Rabhaidh arna n-eisiúint i ndáil le Gníomhaíocht Neamhúdaraíthe	34	27
Rabhaidh Maoirseachta	16	15
Iarratas ar Athbhreithnithe Seachtracha – Comhair Chreidmheasa	248	184
Údarú / Ceadúnas/ Clárú a Diúltaíodh	2	0
Riarthóir/Leachtaitheoir a Cheapadh	0	1
Gnólachtaí arna nAthchaipitliú mar thoradh ar Fhadhbanna Sócmhainneachta	0	3
Treoir / Ceanglas a Forchuireadh ar Chomhair Chreidmheasa	42	24
Iníúcháir Neamhspleách Ceaptha/Gá le Cigire	4	0
Imscrúdú a rinneadh ar Shaincheisteanna Fógraíochta	188	182
Cigire arna cheapadh ag an gCúirt	0	0
Treoir / Ceanglas a Forchuireadh faoi Reachtaíocht Eile	168	470
Faisnéis arna nochtach d'Údaráis Forfheidhmiúcháin eile	105	60
Cúlghairmeacha Neamhdheonacha/Tarraingt Siar Údaraíthe	6	27
Cinneadh ar Dhlí na nUrrús arna tharchur chuig Measúnóir	1	0
IOMLÁN	841	1,027

- » Beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bhunú a bheidh leordhóthanach chun comhlíonadh Rialacháin MiFID a áirithiú.
- » An Cód d'Iasachtóirí Airgid lena bhforáiltear nach bhféadfaidh iasachtóirí ceadúnaithe airgid saoráidí réamhcheadaitheacha creidmheasa gan iarraidh a thairscint do thomhaltóirí.
- » Na ceanglais a chomhlíonadh maidir le láimhseáil, córais agus rialú lacáiste scairbhisigh agus ró-íocaíochta mar a leagtar amach iad i Lámhleabhar na gComhairleoirí Údaraíthe agus sa Chód um Chosaint Tomhaltóirí.
- » Ceanglais an díchill chuí i leith custaiméirí a chomhlíonadh maidir le custaiméirí a shainaithint agus a fhíorú.

Eisíodh rabhadh maoirseachta²¹ i 15 chás eile.

Cásanna Airgeadais Suntasacha

Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC)

I mí Bealtaine 2011, chuir an Garda Síochána in iúl don Bhanc, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, go bhféadfaí dochar a dhéanamh d'aon ionchúiseamh coiriúil amach anseo dá rachadh an Banc ar aghaidh lena imscrúduithe. Dá réir sin, chinn an Banc a imscrúdú ar IBRC a chur siar. I bhfianaise thromchúis agus íogaire na n-imeachtaí coiriúla agus láidreacht na smachtbhannaí atá ar fáil don Gharda Síochána agus d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC), is é seo an cur chuige is iomchuí ó tharla go bhfuil féidearthacht réasúnta ann go mbeidh imeachtaí iolracha dlí ann. Coinneoidh an Banc an cinneadh seo faoi athbhreithniú agus bíonn

²¹ Is ionann Rabhadh Maoirseachta agus modh neamhrechtúil atá ar fáil don Rannán Maoirseachta i gcás ina mbeidh cúis réasúnta aige a cheapadh gur tharla sárú forordaithe ach ina measfar nach bhfuil gá le smachtbhanna ASP.

²² Orduithe arna bhforchur faoin Treoir Trédhearcachta, ní fhéadfar iad a eisiúint ach le haghaidh tréimhse 10 lá san iarraidh agus, dá bhrí sin, ní mór Ordú nua a eisiúint gach 10 lá. Mar shampla, dá mainneodh eisitheoir tuarascáil bhliantúil airgeadais a fhoilsiú laistigh den amscála a shonraítear sna Rialacháin, d'eiseodh an Banc ordú chuig Stocmhalartán na hÉireann ag iarraidh air trádáil in urrúis an eisitheora a chur ar fionraí ar feadh tréimhse 10 lá go dtí go bhfoilseofaí an tuarascáil bhliantúil airgeadais. I gcás ina gcuirfí an t-eisitheoir ar fionraí ar feadh 30 lá, bheadh sé seo bunaithe ar 3 Ordú a bheith eisithe ag an mBanc. Sa bhliain 2013, eisíodh 376 Ordú faoin Treoir Trédhearcachta (306 sa bhliain 2012). Má dhéantar coigeartú d'atheisiúint Orduithe a eisíodh roimhe sin, is ionann líon iomlán na nOrduithe a eisíodh de bhun na Rialachán agus 18 (11 in 2012).

Tábla 9 – Frithsciúradh Airgid/Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac/Smachtbhannaí Airgeadais - Cigireachtaí

Cineál Eintitis	Cigireachtaí	Eile
Bainc Mhiondíola	3	21 Ceistneoir um Measúnú Riosca
Comhair Chreidmheasa	7	10 Ceistneoir um Measúnú Riosca
Margaí		13 Ceistneoir um Measúnú Riosca
Institiúidí Íocaíochta	2	
Iasachtóirí Airgid	5	
Bureaux de Change	3	
Bainisteoirí Sócmhainní Infheistíochta	2	
Idirghabhálaí Ilghníomhaireachta	1	

teagmháil rialta aige leis an nGarda Síochána agus an OSFC.

Quinn Insurance Limited (Faoi Riaradh)

Rinne an Banc comhaontú socraíochta le Quinn Insurance Limited (Faoi Riaradh), de bhun a Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin an 18 Feabhra 2013. Cé gur mheas an Banc gurbh fhiú pionós uasta airgeadaíochta €5 milliún a ghearradh i bhfianaise na sárúithe a rinne an gnólacht, chinn sé, ag féachaint d'ímthosca eisceachtúla an ghnólaigh (gnólacht faoi riaradh atá go hiomlán spleách ar mhaoiniú ón gCiste Cúitimh Árachais), gurbh é leas an phobail é an pionós airgeadaíochta a tharscaoileadh go hiomlán.

Deimhníonn an Banc go bhfuil a imscrúdú ar an ngnólacht thart anois; tá imscrúduithe eile gaolmhara de chuid an Bhainc fós ar siúl.

Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann (INBS)

Tá imscrúdú ar chleachtas iasachtaithe stairiúla ag an INBS ar siúl i gcónaí agus tá sé ag céim chun cinn. A luaithe a bheidh an t-imscrúdú críochnaithe, glacfar cinntí maidir le himeachtaí forfheidhmiúcháin.

Bloxham Stockbrokers

Tá imscrúdú fairsing ar neamhrialtachtaí airgeadais i Bloxham Stockbrokers ar siúl faoi láthair agus, a luaithe a bheidh sé críochnaithe, glacfar cinntí maidir le himeachtaí ionchasacha forfheidhmiúcháin amach anseo.

Cásanna Forfheidhmiúcháin Eile

I rith 2013, ceapadh Measúnóirí faoi Rialachán 35 de na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005, chun measúnú a dhéanamh ar shárú ionchasach ar na Rialacháin sin. Tá an cas seo fós ar siúl.

An Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin

I ndiaidh dhá chomhairlúchán phoiblí (Samhain 2011 agus Bealtaine 2013), d'eisigh an Banc Treoirínite nua Fíorúcháin de bhun alt 33BD de Chuid IIIC d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, an 6 Samhain 2013. Sna Treoirínite Fíorúcháin, leagtar amach na nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag an mBanc nuair a bheidh Fíorúcháin á sheoladh faoi Chuid IIIC d'Acht 1942.

An 6 Samhain 2013, d'eisigh an Banc Breac-Chuntas Athbheithnithe ar an Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin ina dtugtar cur síos ar struchtúir agus nósanna imeachta Nós Imeachta an Bhainc um Smachtbhannaí Riaracháin faoi Chuid IIIC d'Acht 1942, lena n-áirítear breac-chuntas ar chéim an imscrúdaithe, ar bheartas agus nós imeachta socraíochta agus ar sheoladh fíorúcháin agus smachtbhannaí.

Frithsciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus Smachtbhannaí Airgeadais

Is é an Banc an t-údarás inniúil do mhaoirsiú institiúidí airgeadais agus creidmheasa maidir le reachtaíocht atá bainteach le gníomhaíochtaí

Frithsciúradh Airgid, Maoiniú
Frithsceimhlitheoireachta (AML-CFT) agus
Smachtbhannaí Airgeadais AE. Tá sé freagrach
freisin as imscrúdú a dhéanamh ar
ghníomhaíocht gnó neamhúdaraíthe.

Cigireachtaí agus Measúnuithe Riosca

In 2013, rinne an Banc 20 cigireacht
chaighdeánach agus 3 chigireacht
mhionsonraithe ar institiúidí airgeadais de bhun
an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid
agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010
(ACC2010). De bhreis air sin, sheol an Banc
measúnuithe riosca AML/CFT ar 44 gnólacht
san earnáil baincéireachta, in earnáil na margaí
agus in earnáil na gcomhar creidmheasa.

Gníomhaíochtaí Beartais/Teicniúla

San obair a rinneadh i réimse AML-CFT in
2013, cuimsítear foilsiú treoirlinnte earnála do
chomhair chreidmheasa i mí Eanáir 2013; cur i
láthair a dhéanamh do ghnólachtaí gairmiúla
agus do chomhlachtaí tionscail éagsúla lena
n-áirítear Conradh na hÉireann de Chomhair
Chreidmheasa agus Cónaidhm Baincéireachta
na hÉireann; cúnamh teicniúil a thabhairt don
Roinn Airgeadais maidir le sraith de chruinnithe
meithlí teicniúla i dtaca le togra ón gCoimisiún
maidir leis an gceathrú treoir um fhrithsciúradh
airgid; cúnamh teicniúil a thabhairt don Roinn
Airgeadais i rannpháirtíochtaí tábhachtacha leis
an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais
agus cúnamh teicniúil agus comhairle a
thabhairt do ranna agus do ghníomhaireachtaí a
raibh baint acu le leasú an Achta um Cheartas
Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú
Sceimhlitheoireachta) 2010.

Smachtbhannaí Airgeadais

Lean an Banc d'fholáirimh ráithiúla maidir le
smachtbhannaí airgeadais a thabhairt d'eintitis
rialáilte agus don phobal trí chóras uathoibríoch
an Bhainc um shíntiúis le foláirimh ríomhphoist.
Rinneadh forbairtí maidir le smachtbhannaí
airgeadais a chur in iúl le nuashonruithe arna
bhfoilsiú ar na leathanaigh um smachtbhannaí
airgeadais ar shuíomh gréasáin an Bhainc. Ina
theannta sin, chuir an Banc a chúraimí
riaracháin i gcrích i ndáil le taifeadadh fógraí
caltha agus fógraí roimh aistrithe cistí áirithe,
le deonú údaruithe roimh ré, le próiseáil
maoluithe agus le freagairt ceisteanna maidir le
smachtbhannaí airgeadais. De bhreis air sin,

chuirimsigh an Banc gné maidir le
smachtbhannaí airgeadais ina chigireachtaí ar
an láthair ar eintitis rialáilte.

Gníomhaíocht Neamhúdaraíthe

Sa bhliain 2013, fuair an Banc 183 fiosrú i ndáil
le gníomhaíocht neamhúdaraíthe líomhnaithe,
agus thug freagra ar na fiosruithe sin,
d'fhoilsigh sé sé cinn d'fhógraí rabhaidh i ndáil
le 24 gnólacht agus thug 40 tuairisc don
Gharda Síochána faoi Alt 33AK d'Acht an
Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Deacrachtaí Airgeadais in Institiúidí Creidmheasa a Réiteach

Is gné ríthábhachtach de théarnamh eacnamaíoch na hÉireann é leabú pleananna téarnaimh agus réitigh sna bainc, sna comhair chreidmheasa agus in institiúidí airgeadais eile.

Comhair Chreidmheasa a Athstruchtúrú agus a Réiteach

Le linn 2013, lean an Banc de ghníomhaíochtaí réamhghabhálacha a ghlacadh de láimh d'fhonn comhair chreidmheasa, arna sainaitint mar chomhair chreidmheasa laga, a réiteach. Leanadh leis an obair ar an gclár um athbheithniú sócmhainní ina ndearnadh measúnú ar staid airgeadais comhar creidmheasa chun aon lagú ionchasach sócmhainní a aimsiú agus ar leordhóthanacht a gcúlchistí. Tá an Banc ag obair i gcomhar leis na comhair chreidmheasa sin i gcás inar tháinig saincheisteanna chun cinn i ndáil le leordhóthanacht a suíomhanna cúlchiste agus

rinne sé comhar creidmheasa a ngealltanais a aistriú.

Comhar Creidmheasa Bhinn Éadair Chill Fhionntain

Tar éis don Bhanc iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte an 5 Márta 2014, cheadaigh an Ard-Chúirt go n-aistreofaí Comhar Creidmheasa Bhinn Éadair Chill Fhionntain (HSCU) chuig an Progressive Credit Union a ghlac úinéireacht agus bainistíocht ar shócmhainní agus dhliteanais an chomhair chreidmheasa. D'iarr an Banc an t-aistriú le tacú ó Bhord HSCU toisc nach raibh HSCU inmharthana a thuilleadh mar eintiteas neamhpleách. Rinneadh an t-aistriú chun coigiltis comhaltaí a chosaint agus chun rochtain leanúnach ar sheirbhísí an chomhair chreidmheasa sa chomphobal a áirithiú. Bhí Bord HSCU ag obair go dlúth leis an mBanc agus chomhoibrigh sé leis le linn an phróisis réitigh agus thacaigh sé leis an aistriú mar an réiteach ab iomchuí ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí.

Bosca 6 – Réiteach Chomhar Creidmheasa an Droichid Nua Teo

Bhí an Banc ag iarraidh dul i ngleic le saincheisteanna airgeadais agus rialachais i gComhar Creidmheasa an Droichid Nua ar feadh roinnt blianta agus ba bhun é sin le ceapadh an Bhainisteora Speisialta i mí Eanáir 2012. I ndiaidh measúnaithe chríochnúil agus i gcomhthéacs na reachtaíochta reatha, b'fhacthas don Bhanc nach raibh aon réiteach inmharthana eile ann ar na deacrachtaí airgeadais ach é a aistriú chuig eintiteas eile.

Thug an Banc faoi phróiseas inar scrúdaíodh cumaisc ionchasacha idir comhair chreidmheasa agus de thoradh an scrúdaithe sin chuathas i dteagmháil le comhair chreidmheasa éagsúla. Ar deireadh thiar, áfach, níor shíl aon chomhar creidmheasa go rachadh sé chun leasa a gcomhaltaí tabhairt faoin aistriú fiú i gcomhthéacs na tacaíochta fairsinge ó cháiníocóirí. Léirigh sé seo go pointe scála coibhneasta Chomhar Creidmheasa an Droichid Nua san earnáil agus cineál neamhchoitianta a chuid deacrachtaí airgeadais. Rinne an Banc breithniú ar réitigh arna moladh ag páirtithe leasmhara éagsúla ach ní raibh aon cheann díobh indéanta.

An 10 Samhain 2013, rinne an Banc comhaontú um dhreasachtaí airgeadais (CDA) le PTSB agus cheadaigh an Ardchúirt ordú aistrithe maidir le haistriú shócmhainní (lena n-eisiatar an t-áitreabh) agus dhliteanais uile Chomhar Creidmheasa an Droichid Nua chuig PTSB. Faoi CDA, tugadh dreasacht airgid láithreach €23.0 milliún chuig PTSB ón gCiste Réitigh Foras Creidmheasa (an Ciste Réitigh) mar aon le dreasacht ionchasach bhreise suas go €30.9 milliún (chun costais a bhain le hathstruchtúrú agus lánpháirtíú a íoc agus chun PTSB a chosaint ar dhliteanais a aistríodh agus ar chaillteanais bhreise ar iasachtaí).

Ba é an t-aistriú seo chuig PTSB an chéad uair ar thug an Banc faoi ghníomh réitigh i ndáil le comhar creidmheasa. Ar deireadh thiar, ba é sin an t-aon réiteach inmharthana a bhí ar fáil, ó tharla gurbh é leachtú láithreach lánskála an chomhair chreidmheasa an rogha mhalartach, rud a chuirfeadh isteach ar rochtain na gcomhaltaí ar a gcistí agus a chruthódh rioscaí do thaisceoirí nach mbeadh clúdaithe faoin Scéim Ráthaíochta Taiscí.

An 16 Nollaig 2013, cheadaigh an Ardchúirt ordú foirceanta i ndáil leis an eintiteas a bhí fágtha, Comhar Creidmheasa an Droichid Nua Teo. Tá diúscairt iar-áitreabh an chomhair chreidmheasa á socrú ag an leachtaitheoir faoi láthair agus déanfar na fáilais, glan ar chostais, a tharchur chuig an gCiste Réitigh.

An Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT)

Tá an Banc freagrach as an Scéim Ráthaíochta Taiscí a oibriú i gcomhréir leis an reachtaíocht. Cuireadh córais agus próisis i bhfeidhm le hinstiúidí airgeadais chun sonraí taisceoirí a fháil d'fhonn íocaíochtaí cúitimh a ghiniúint. Leanfaidh SRT de bheith ag obair i gcomhar le hinstiúidí airgeadais ar bhonn leanúnach chun ullmhacht oibríochtúil a áirithiú d'fhonn déileáil le cásanna amach anseo ina mbeidh instiúid neamhábalta taisceoirí a aisíoc.

Rinne SRT íocaíochtaí cúitimh le taisceoirí incháilithe in IBRC nuair a ceapadh na Leachtaitheoirí Speisialta chuig IBRC i mí Feabhra 2013. Rinneadh na híocaíochtaí le taisceoirí incháilithe arna bhfóru go cuí laistigh den spriocdháta reachtúil de 20 lá oibre. B'éigean do na Leachtaitheoirí Speisialta agus do SRT fóru breise a dhéanamh ar chuntais áirithe sula bhféadfaí íocaíocht SRT a dhéanamh agus, dá bhrí sin, bhí íocaíochtaí breise ann le linn 2013. Rinneadh íocaíochtaí le 1,181 taisceoir agus b'ionann luach na n-íocaíochtaí sin agus €25.1 milliún suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2013.

An Ciste Cúitimh Árachais

In 2011, rinneadh an tAcht Árachais 1964, faoinar bunaíodh an Ciste Cúitimh Árachais, a leasú chun go n-éascófaí íocaíochtaí le sealbhóirí polasaí i ndáil le rioscaí sa Stát i gcás ina rachadh árachóir neamhshaoil Éireannach nó árachóir neamhshaoil eile a mbeadh údarú aige ón AE faoi leachtú nó i gcás ina gcuirfí an t-árachóir sin faoi riarachán. Is é ról an Bhainc faoin reachtaíocht measúnú bliantúil a dhéanamh ar sheasamh airgeadais an Chiste agus ranníocaíocht iomchuí a chinneadh a bheidh le híoc ag cuideachtaí árachais neamhshaoil leis an gCiste. I mí na Samhna 2011, thug an Banc fógra d'árachóirí go mbeadh sé de cheangal orthu ranníocaíocht 2 faoin gcéad den Ollphréimh Scríofa a íoc leis an gCiste ón 1 Eanáir 2012. I R4 de 2013, rinne an Banc a mheasúnú bliantúil ar an gCiste agus chinn sé go gcoinneofaí an ranníocaíocht leis an gCiste ag 2 faoin gcéad.

Bosca 7 – Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT)

Leis an Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT), tugtar cosaint do thaisceoirí incháilithe i mbainc nó i gcomhair chreidmheasa, agus is gné thábhachtach í den líontán sábhála airgeadais atá ann do shealbhóirí taiscí. I gcás nach mbeidh an instiúid ina bhfuil na taiscí ar seilbh ábalta taisceoirí a aisíoc, tabharfaidh SRT ráthaíocht cúitimh i leith taiscí go feadh €100,000 in aghaidh an duine, in aghaidh na hinstiúide. Tá ceanglas dlíthiúil ann an cúiteamh seo a thabhairt do thaisceoirí a bheidh fíoraithe go cuí laistigh de 20 lá oibre i ndiaidh an lae nach mbeidh an banc nó an comhar creidmheasa ábalta taiscí a aisíoc.

Is iad na hinstiúidí airgeadais a mhaoiníonn íocaíochtaí cúitimh SRT. Is é an Banc a fheidhmíonn an scéim faoi reachtaíocht AE agus faoi reachtaíocht na hÉireann. Tá príomhchoinníollacha na scéime comhchuibhithe ar fud an AE, amhail an teorainn €100,000 agus an ceanglas chun cúiteamh a thabhairt laistigh de 20 lá oibre.

Mura mbeidh banc nó comhar creidmheasa ábalta taisceoirí a aisíoc, mar shampla má théann sé faoi leachtú, tabharfar cúiteamh go feadh teorainn €100,000 do na taisceoirí ón SRT agus ní bheidh ar na taisceoirí sin iarratas a dhéanamh chuig an SRT. Ceanglaítear ar an mbanc nó ar an gcomhar creidmheasa sonraí na dtaisceoirí incháilithe a thabhairt don SRT i bhformáid chomhaontaithe agus eiseoidh an SRT íocaíochtaí seic go díreach le gach taisceoir. Tá formhór na dtaisceoirí miondíola clúdaithe faoin SRT ach tá roinnt eisiaimh ón SRT amhail taiscí ag cuideachtaí móra, instiúidí airgeadais agus údarais rialtais. Leagtar amach breis sonraí maidir le heisiaimh SRT in alt 16 de Rialacháin SRT.

I ndiaidh leachtú IBRC i mí Feabhra 2013, rinneadh na chéad íocaíochtaí cúitimh ón SRT in Éirinn le taisceoirí incháilithe.

Tomhaltóirí Seirbhísí Airgeadais a Chosaint

Leis na tosaíochtaí straitéiseacha um chosaint tomhaltóirí, neartaítear agus cothabháiltear an chosaint do thomhaltóirí seirbhísí airgeadais.

Lean an Banc dá shainordú um chosaint tomhaltóirí a bhaint amach thar chúig phríomhréimse straitéiseacha, eadhon riaráistí morgáiste, creat cosanta a fhorbairt, a áirithiú go ndéileálfar go cóir le tomhaltóirí, na gnólachtaí Ísealtionchair a rialáil agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Leagadh béim ar réimsí tábhachtacha go háirithe i ndáil le féichiúnas agus riaráistí, le díol árachais cosanta íocaíochta (ACI) agus le bunú creata maoirseachta do bhainistiú fiachais agus rialáil idirghabhálaithe miondíola.

Lean an Banc de mhaoirseacht a dhéanamh ar na hearnálacha baincúireachta, árachais, infheistíochta agus íocaíochta trí chigireachtaí téamacha, trí mheasúnuithe riosca eile faoi shamhail rannpháirtíochta PRISM agus trí fhreagairt riosca-bhunaithe thráthúil maidir le saincheisteanna stuamachta nó saincheisteanna a bhaineann le gnó a dhéanamh. Lean an Banc lena straitéis maidir le sainathint saincheisteanna riosca tomhaltóra agus freagairt dóibh mar aon le cigireachtaí a sheoladh agus tuarascálacha ar ghnólachtaí Ísealtionchair amhail idirghabhálaithe miondíola agus iasachtóirí airgid.

Forbraíodh agus neartaíodh tuilleadh faisnéise margaidh san fheidhm um chosaint tomhaltóirí. Faigheann an Banc fianaise riosca-bhunaithe ó fhoinsí éagsúla ar líne agus as líne lena n-áirítear gnólachtaí, páirtithe inmheánacha, príomhpháirtithe leasmhara agus taighde coimisiúnaithe. Baintear úsáid as treochtaí tábhachtacha chun maoirseacht gnólachtaí, forbairtí beartais, cinnteoireacht, cumarsáid phoiblí agus pleananna oibre a fhoirmiú.

Forbairtí maidir le Riaráistí Morgáiste

Rinneadh athbhreithniú ar an gCód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM) chun a áirithiú go raibh cásanna leithleacha riaráistí morgáiste á réiteach ar mhodh cothrom, inmharthana, trédhearcach tríd an CIRM.

D'fhoilsigh an Banc an CIRM athbhreithnithe agus an Treoir do Thomhaltóirí i mí an Mheithimh 2013 i ndiaidh comhairliúcháin fairsing leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus tar éis dó ceadú

a fháil ón gCoimisiún agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Ina dhiaidh sin, d'iarr an Banc ar na hiasachtóirí morgáiste go léir pleananna cur chun feidhme a chur i bhfeidhm faoin 31 Iúil 2013 ina mionsonrófaí an rialachas corparáideach sa phlean (lena n-áirítear maoirseacht ardbhainistíochta), na hathruithe córas a bheadh ag teastáil chun an CIRM athbhreithnithe a chur chun feidhme agus an oiliúint foirne a bheadh ag teastáil chun a áirithiú go gcomhlíonófaí an CIRM athbhreithnithe faoi dheireadh na bliana.

Mar chuid de chur chun feidhme an CIRM athbhreithnithe ag na hinstitiúidí airgeadais, thíolaic na hiasachtóirí morgáiste go léir tuarascálacha míosúla inar mionsonraíodh a ndul chun cinn i dtreo an chur chun feidhme agus rinneadh measúnuithe ar an láthair ar an gcur chun feidhme i roinnt iasachtóirí morgáiste freisin. Chuir an Banc de cheangal ar bhord stiúrthóirí na n-iasachtóirí morgáiste go léir a fhíorú go ndearnadh forálacha uile an CIRM athbhreithnithe a chur chun feidhme go hiomlán agus a thástáil agus gur cuireadh oiliúint ar an bhfoireann maidir leis an gcéanna. D'iarr sé freisin ar Fheidhmeanna na hIníochóireachta Inmheánaí sna hiasachtóirí morgáiste comhlíonadh an CIRM a áireamh ina gcuid pleananna iniúchóireachta do 2014. Déanfaidh an Banc athbhreithniú ar chomhlíonadh an CIRM athbhreithnithe in 2014.

Athbhreithniú ar Dhíol Árachais Cosanta Íocaíochta

Threoraigh an Banc do 11 institiúid chreidmheasa²⁴ athbhreithniú a dhéanamh ar dhíolacháin Árachais Cosanta Íocaíochta (ACI) ó mhí Iúil 2007 i leith. Rinne institiúidí creidmheasa athbhreithniú ar dhíolacháin (faoi mhaoirseacht tríú páirtithe neamhspleách) chun a chinneadh ar díoladh ACI i gcomhréir leis an gCód um Chosaint Tomhaltóirí 2006. Bhí baint ag na gnólachtaí seo le 74 faoin gcéad de dhíolacháin uile ACI le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2007 go dtí an 30 Meitheamh 2012. Tugadh an t-athbhreithniú seo chun críche faoi dheireadh 2013. I Márta 2014, d'fhoilsigh an Banc tuairisc achomair ar an athbhreithniú.

I gcás nárbh fhéidir comhlíontacht a chruthú, tairiscíodh aisíoc de phréimheanna ACI do thomhaltóirí móide aon ús cúiteach. I gcás ina raibh na polasaithe fós gníomhach, tugadh an rogha do thomhaltóirí a bpolasaithe a choinneáil ar oscailt seachas aisíoc a fháil. Sainathnódh tuairim is €67 milliún a bheadh le haisíoc le 77,000 sealbhóir polasaí.

²⁴ AIB, Bank of Ireland, Educational Building Society, Ulster Bank, PTSB, GE Money, Danske Bank, KBC Bank, RaboDirect, MBNA, Bank of Scotland (Ireland)

Gnólachtaí Bainistithe Fiachais

Le hAcht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2013, foráiltear do chóras um rialú gnólachtaí bainistithe fiachais i.e. gnólachtaí a thugann comhairle do thomhaltóirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus a dhéanann caibidlíocht le creidiúnaithe na dtomhaltóirí sin. Ghlac an Banc freagracht as údarú agus maoirsiú na ngnólachtaí sin ó mhí Lúnasa 2013.

D'eisigh an Banc páipéar comhairliúcháin maidir le 'Authorisation Requirements and Standards for Debt Management Firms' (CP70). Eisíodh na caighdeáin deiridh (lena n-áirítear C&F agus doiciméid aiseolais) agus cuimsítear iontu aon aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí a sheol an Banc. Tá próiseáil á déanamh ar na hiaratais a fuarthas ó ghnólachtaí a bhfuil údarú á lorg acu chun gníomhú mar ghnólachtaí bainistithe fiachais agus leanfar leis an obair sin in 2014.

Ina theannta sin, d'eisigh an Banc páipéar comhairliúcháin ar 'Additional Consumer Protection Requirements for Debt Management Firms' (CP75) ina leagtar amach sraith ceanglas beartaithe um chosaint tomhaltóirí a mbeidh feidhm acu, de bhreis ar fhorálacha an Chóid um Chosaint Tomhaltóirí, i gcás inar cuí sin. Forbraíodh na ceanglais bhreise ar bhonn anailíse ar dhochar iarbhir nó ar dhochar ionchasach do thomhaltóirí a bhaineann leis an earnáil áirithe seo agus tabharfar chun críche iad in 2014.

Táillí Bainc a cheadú faoi alt 149

Faoi alt 149 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995, ní mór d'institiúidí creidmheasa fógra a thabhairt don Bhanc más mian leo táille nua custaiméara a thabhairt isteach nó táille reatha custaiméara a mhéadú i ndáil le soláthar seirbhísí amhail cuntais idirbhearta a chothabháil agus a riaradh, creidmheas a thabhairt agus a dheonú, íocaíochtaí a dhéanamh agus a fháil agus saoráidí malairte eachtraí a sholáthar. Tar éis dó an táille bheartaithe a bhreithniú, féadfaidh an Banc an táille a cheadú ina hiomláine, an táille a cheadú ag leibhéal níos ísle nó féadfaidh sé an táille a dhiúltú.

Amhail i mí na Nollag 2013, bhí próiseáil déanta ar 21 fógra mar a leagtar amach thíos.

In 2013, láithrigh an Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí sa Bhanc ar Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú i mí Aibreáin chun táillí bainc agus oibleagáidí reachtúla an Bhainc faoi alt 149 a phlé. Leag an Stiúrthóir béim ar an ngá atá ann a áirithiú go mbainfear cothromaíocht iomchuí amach idir réasúnacht na dtáillí sin don tomhaltóir agus an gá atá ag gnólachtaí a gcostais i leith sholáthar na seirbhísí a aisghabháil.

Téamaí

Rinneadh na cigireachtaí téamacha seo a leanas in 2013:

- » **Riaráistí Morgáiste**
Rinne an Banc athbhreithniú ar chleachtais sna hinstiúidí go háirithe i réimsí den phróiseas riaráistí chun maoirseacht agus athbhreithniú leanúnach an Bhainc ar an CIRM a fhoirmiú. Dhírigh an t-athbhreithniú ar úsáid reatha agus ar úsáid bheartaithe na teicneolaíochta diaileora²⁵ i ndáil le teagmháil le custaiméirí.
- » **Dreasachtaí Díolachán agus Luach Saothair (árachas saoil & institiúidí creidmheasa)**
Sa chigireacht théamach ar dhreasachtaí díolachán arna n-íoc le fostaithe díreacha de chuid gnólachtaí árachais saoil, sainnaithníodh rioscaí éagsúla a d'fhéadfadh iompar díolachán gearthéarmach a spreagadh nach rachadh chun sárleasa na dtomhaltóirí. De thoradh na cigireachta sin, chuir an Banc de cheangal ar na gnólachtaí árachais go léir athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid socruithe luacha saothair agus beart feabhsúcháin a dhéanamh i gcás inar gá sin in 2014.
- » **Éilimh i leith Maoine Cónaithe**
Rinne an Banc cigireacht théamach ar láimhseáil éileamh i leith maoine cónaithe ag árachóirí, is éilimh a éiríonn as damáiste uisce. Tugadh faoi athbhreithniú ar phróisis

Tábla 10 – Fógraí a Próiseáladh maidir le Méadú ar Tháillí Bainc

Fógraí	2013
Ceadaithe go hiomlán	12
Ceadaithe go páirteach	5
Diúltaithe	1
Díolúintí ceadaithe	3
IOMLÁN	21

²⁵ Córas diaileora is ea bogearra a úsáideann gnólachtaí chun glaochanna a ghiniúint go huathoibríoch. Meastar gur uirlis éifeachtúil í i gcás inar gá líon mór glaochanna a chur ar ghrúpaí áirithe daoine ó tharla go gcuirtear deireadh leis an méid ama a chaitear ar dhiallú uimhreacha de láimh.

na n-árachóirí maidir le héilimh i leith maoinne cónaithe agus ar cibé acu an ndearnadh socruithe cothroma ar éilimh.

- » **Ceanglais maidir le staid airgeadais agus árachas slánaíochta gairmiúla (ASG)**
 Seoladh cigireacht i ndáil leis an dá tháscaire seo in idirghabhálaithe miondíola in 2013. De thoradh na gcigireachtaí ar staid airgeadais gnólachtaí, foirceannadh formhór na gcásanna (97 faoin gcéad) toisc gur thug na gnólachtaí aghaidh ar a staid airgeadais, toisc gur chomhlíon siad na treoruithe arna bhforchur ag an mBanc nó, i gcásanna áirithe, toisc gur fhéach siad lena n-údaruithe/gclárúcháin a chúlghairm go deonach. Cuireadh tús leis an dara cigireacht théamach i ndáil le staid airgeadais i Meán Fómhair 2013 agus leanfar leis an rannpháirtíocht leis na gnólachtaí in 2014. I ndiaidh na cigireachta téamaí ar ASG, thug an Banc iomardú agus pionóis airgeadais do sheacht idirghabhálaí árachais a raibh bearna acu ina gcumhdach ASG.

- » **Na Próisis um Dhíolacháin Árachais**
 Cuireadh tús le cigireacht théamach eile in 2013 i ndáil leis an bpróiseas díolacháin arna úsáid ag idirghabhálaithe le linn dóibh polasaithe pinsin a dhíol le tomhaltóir nó le linn dóibh comhairle maidir le polasaithe pinsin a thabhairt do tomhaltóir i gcás ina raibh polasaí reatha cheana féin ag an tomhaltóir. Sna cigireachtaí seo ar an láthair, díriodh ar chomhlíonadh forálacha ábhartha den Chód um Chosaint Tomhaltóirí 2012 ag na comhairleoirí díolacháin.

- » **Athbhreithniú ar RCB Iasachtóirí Airgid agus ar Chostas Creidmheasa**
 D'fhoilsigh an Banc torthaí cigireachta téamaí ar iasachtóirí ceadúnaithe airgid inar díriodh ar cibé acu an raibh ús á ghearradh ar tomhaltóirí i gcomhréir le Rátaí Céatadánacha Bliantúla agus costais creidmheasa mar a leagtar amach i gceadúnais na n-iasachtóirí airgid iad. I gcás amháin, rinne an Banc Comhaontú Socraíochta le gnólacht ar tugadh iomardú dó agus ar ceanglaíodh air pionós airgeadaíochta €8,000 a íoc i ndáil le sárú ar Chomhriail 31 den Chód um Chosaint Tomhaltóirí d'iasachtóirí Ceadúnaithe Airgid. Foráiltear leis an gComhriail seo nach bhféadfaidh iasachtóirí ceadúnaithe airgid saoráidí réamhcheadaitheacha creidmheasa gan iarraidh a thairiscint do chustaiméirí.

Idirghabhálaithe Miondíola

Le linn na bliana, leanadh le rannpháirtíocht

fheabhsaithe an Bhainc le tuairim is 3,100 gnólacht san earnáil. I mí Feabhra, d'fhoilsigh an Banc a chéad Tuarascáil ar Earnáil na nIdirghabhálaithe in Éirinn, inar leagadh béim ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha ábhartha agus ar rioscaí don earnáil agus do thomhaltóirí e.g. thuairiscigh 17 faoin gcéad de ghnólachtaí caillteanas sa bhliain airgeadais roimhe sin. Fuarthas an fhaisnéis sin ó shonraí²⁶ arna dtabhairt ag idirghabhálaithe miondíola ina gcuid Tuairisceán Bliantúil ar líne. Foilsíodh sé nuachtlitir earnáil-shonracha - *Intermediary Times* - agus d'óstáil an Banc trí thaispeántas taistil i Leitir Ceanainn, Cill Chainnigh agus Loch Garman ar fhreastail beagnach 300 gnólacht orthu. Thug an Banc athbhreithniú chun críche ar an bpróiseas údaraithe, iar-údaraithe agus cúlghairme don earnáil, agus féachadh leis na próisis a fheabhsú agus a shruthlíniú.

Forbraíodh cur chuige riosca-bhunaithe chun saincheisteanna rialála maidir le hidirghabhálaithe miondíola a bhainistiú de réir mar a thiocfaidís chun cinn. D'eascair na saincheisteanna rialála sin as faisnéis arna cur ar fáil ag foinsí inmheánacha agus seachtracha araon e.g. daoine den phobal, tomhaltóirí, iarfhostaithe gnólachtaí, eintitis rialáilte eile agus comhlachtaí reachtúla. I gcaitheamh na bliana, rinneadh measúnú ar 46 saincheist den sórt sin faoin bpróiseas seo agus rinneadh imscrúdú ar gach saincheist agus rinneadh bearta leantacha de réir mar ba ghá. Tugadh dhá ghníomh forfheidhmiúcháin chun críche de bhun na hoibre sin.

D'eisigh an Banc páipéar comhairliúcháin i ndáil leis an athbhreithniú ar 'Lámhleabhar na gCeanglas Stuamachta do Chomhairleoirí Údaraithe agus d'Idirghabhálaithe Srianata' (CP72) inar leag sé amach athruithe beartaithe ar rialacha stuamachta agus inar thug sé roinnt soiléirithe i ndáil le cleachtas tionscail. Foilseofar an Lámhleabhar athbhreithnithe i R2 2014.

Iasachtóirí Airgid

D'fhoill cur chuige fianaise-bhunaithe a fhorbairt maidir leis an earnáil seo, d'fhoilsigh an Banc tuarascáil i mí na Samhna 2013 ar thionscal na n-iasachtóirí airgid in Éirinn. Ó foilsíodh taighde roimhe sin in 2007, tá laghdú tagtha ar líon na n-iasachtóirí ceadúnaithe agus tá rátaí iomlána úis ag leibhéal 2007. Sa taighde, tuairiscíodh leibhéal ard sásaimh ag formhór na gcustaiméirí lena gcuid iasachtóirí airgid, agus luadh éascacht rochtana agus áisiúlacht mar na príomhchúiseanna leis an sásamh sin. Bhí formhór na gcustaiméirí a ghlac páirt sa taighde ar an eolas maidir leis an gcostas creidmheasa ar a gcuid iasachtaí agus leis an méid

26 Ní dearnadh an fhaisnéis sin a fhíorú go neamhspleách ag an mBanc.

Bosca 8 – Rannpháirtíocht le Tomhaltóirí ar an leibhéal Eorpach

Ina chuid oibre leis na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEanna), chuidigh an Banc leis na feabhsuithe seo a leanas a bhaint amach ar an gCreat Eorpach um Chosaint Tomhaltóirí:

- » Rinne Buainchoiste an Údaráis Baincseachta Eorpaigh (ÚBE) ar Chosaint Tomhaltóirí agus Nuálaíocht Airgeadais tuarascáil ar Threochtaí Tomhaltóirí a fhoilsiú maidir le hImlí Mhaoirseachta i leith Saincheisteanna Cosanta Tomhaltóirí in 2012/13 mar aon le dhá thuairim maidir leis an gcaoi ina gcaitear le daoine a bhfuil riaráistí morgáiste acu agus le cleachtais fhreagracha iasachtóireachta morgáiste.
- » Rinne Buainchoiste ESMA ar Chosaint Infheisteoirí agus Idirghabhálaithe dianobair ar na bearta um chosaint infheisteoirí faoi chóras beartaithe MiFID II. Ar an obair a rinne coistí gaolmhara, foláitear ionchur a sholáthar maidir le tionscnaimh éagsúla ESMA um chosaint infheisteoirí lena n-áirítear Rabhaidh Infheisteoirí, Tuairimí agus Treoirínte ó ESMA.
- » Coiste EIOPA ar Chosaint Tomhaltóirí agus Nuálaíocht Airgeadais agus an Foghrúpa ar Threochtaí Tomhaltóirí, bhunaigh siad creat do bhailiú agus d'anailísiú treochtaí tomhaltóirí ó na húdaráis maoirseachta náisiúnta, d'fhoilsigh siad Treoirínte maidir le láimhseáil gearán ag idirghabhálaithe agus d'eisigh siad tuairim maidir le socruithe um chosaint tairbhíthe i ndáil le conarthaí árachais saoil.
- » Lean Fochoiste na ÚMEanna ar Chosaint Tomhaltóirí agus Nuálaíocht Airgeadais dá obair thrasearnála, lena n-áirítear comhsheasamh maidir le maoirseacht agus rialachas táirgí a fhoirmiú agus ceadú a fháil ina leith (ó Chomhchoiste na ÚMEanna) ina leith.

úis á bhí á ghearradh ar an iasacht. Ar na saincheisteanna a sainathnódh (lena gcuirtear sárúithe ionchasacha in iúl ar cheanglais reatha reachtúla maidir le hiasachtú airgid), áirítear neamh-íocaíocht lacáistí ar aisíoc luath iasachta; athmhaoiniú (iasacht atá amuigh a ionadú le cuid d'iasacht nua) agus measúnú neamhfhoirmiúil ar chreidiúnacht a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar fhaisnéis neamhleor. Leanfaidh an Banc de mhonatóireacht a dhéanamh ar an earnáil seo agus glacfaidh sé gníomh nuair is gá sin chun leas iasachtaithe a chosaint.

Institiúidí Íocaíochta²⁷

D'eisigh an Banc páipéar comhairliúcháin (CP 64) maidir le 'Authorisation Requirements and Standards for Money Transmission Businesses' (i.e. gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí tarchuir airgid ach nach bhfuil á rialáil ar shlí eile ag an mBanc). Tá ceanglais stuamachta an chórais nua (na cinn sin a bhaineann le caipiteal agus cosaint cistí cliant) cosúil leis na ceanglais a bhaineann le hinstiúidí íocaíochta faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Íocaíochta) 2009.

D'fhoilsigh an Banc Treoirnótaí athbhreithnithe freisin maidir le hiarratais ar údarú mar institiúid íocaíochta agus mar institiúid airgid leictreonaigh.

Beartas a Neartú trí Rannpháirtíocht Ghníomhach agus Idirchaidreamh

I rith 2013, lean an Banc de chaighdeán arda um chosaint tomhaltóirí i seirbhísí airgeadais a

mholadh mar aon le cóir chothrom do thomhaltóirí ar leibhéal idirnáisiúnta, AE agus áitiúil. Cuimsíodh sa mhéid sin, rannchuidiú le roinnt tograí AE agus páirt a ghlacadh san obair thíos.

Intíre

De bhreis ar an gcomhairliúchán ar an CIRM agus ar bhainisteoirí fiachais, glacadh tionscnaimh éagsúla de láimh. D'eisigh an Banc Treoir maidir le Ceanglais Fógraíochta an Chóid um Chosaint Tomhaltóirí chun cuidiú le gnólachtaí caighdeán fógraíochta a fheabhsú agus lean sé de pháirt a ghlacadh sa Mheitheal (arna bunú ag an Roinn Airgeadais) ina mbreathnaítear ar fhorbairt Cuntais Bainc Caighdeánaigh. Cuireadh tús le Scéim phiolótach Cuntais Bainc i mbliana.

Lean an Banc lena straitéis rannpháirtíochta le príomhpháirtithe leasmhara chun go n-áiritheofaí cur chuige a bheadh bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar riosca, rud a d'fhoirmeodh cinnteoireacht, forbairt beartais agus bainistíocht iomlán riosca.

Mar chuid de phróiseas rannpháirtíochta an Bhainc, d'óstáil sé ceithre chruinniú leis an nGrúpa Comhairleach do Thomhaltóirí a thug comhairle don Bhanc maidir lena fheidhmíocht i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint. Ina theannta sin, tionóladh cruinnithe rialta le príomhghrúpaí tionscail, trádala agus tomhaltóirí.

²⁷ Lena n-áirítear institiúidí airgid leictreonaigh, gnóthaí bureaux de change agus gnóthaí tarchuir airgid.

Tábla 11 – Cigireachtaí agus Cruinnithe Téamacha Dírithe ar Thomhaltóirí le linn 2013

Cigireachtaí Téamacha (ar an láthair agus as an láthair)	Eintiteas	Líon a ndearnadh cigireacht/ iniúchadh orthu
An Próiseas um Dhíolacháin Árachais	Idirghabhálaithe Miondíola	36 ²⁸
Árachas Slánaíochta Gairmiúla	Idirghabhálaithe Miondíola	31
Téama maidir le Staid Airgeadais	Idirghabhálaithe Miondíola	208
Éilimh i leith Maoine Cónaithe	Árachóirí Neamhshaoil	10
Athbhreithniú lena bhfoirmeofar an tAthbhreithniú ar CIRIM	Institiúidí Creidmheasa	6
An Cód athbhreithnithe Iompair um Riaráistí Morgáiste a chur chun feidhme	Institiúidí Creidmheasa	5
Dreasachtaí díolachán d'fhostaithe díreacha Cuideachtaí Árachais	Cuideachtaí Árachais Saoil	8
Athbhreithniú deasc-bhunaithe ar dhreasachtaí díolachán	Institiúidí Creidmheasa	6
Dreasachtaí Díolacháin d'fhostaithe díreacha Institiúidí Creidmheasa agus Gnólachtaí Infheistíochta	Institiúidí Creidmheasa & Gnólachtaí Infheistíochta	9
Athbhreithniú ACI	Institiúidí Creidmheasa	11
Cigireachtaí Riosca-Bhunaithe		
	Idirghabhálaithe Miondíola	4
	Gnólacht MiFID	1
	Árachóir	1
Cigireachtaí mar chuid de Mheasúnuithe Iomlána Riosca faoi PRISM		
Measúnuithe Iomlána Riosca roimh na Painéil Rialachais Riosca	Gnólachtaí MiFID	Measúnú Riosca arna dhéanamh do Phainéil Rialachais Riosca i 12 ghnólacht, bhí cigireachtaí ar an láthair i gceist le 5 cinn de na measúnuithe sin.
Measúnuithe Páirteacha Riosca roimh na Painéil Rialachais Riosca	Bainc Mhiondíola	Folófar cruinnithe as an láthair i measúnú riosca a dhéanfar thar ceann Painéal Rialachais Riosca i 7 mbanc
Cruinnithe eile (Neamhchigireachta i.e. le gnólachtaí, comhlachtaí ionadaíocha, rialtóirí eile etc.)		
Institiúidí Íocaíochta		10
Na bainc chumhdaithe, na bainc neamhchumhdaithe agus gaolmhar		63
Idirghabhálaithe Miondíola		18
Gnólachtaí MiFID		9
Árachas		74 (41 le díoltóirí ACI)
Iasachtú Airgid agus S149		17
Stiúrthóir - Cruinnithe (PFOanna, Boird, etc.)		9

28 Ceanglaíodh ar 36 gnólacht ceistneoir a chomhlánú i ndáil lena ngníomhaíochtaí díolachán pinsin. Tugadh cuairteanna ar an láthair freisin ar 9 gcinn de na gnólachtaí seo.

Tábla 12 – Saincheisteanna Fógraíochta

Imscrúdú a rinneadh ar Shaincheisteanna Fógraíochta

	2012	2013
Monatóireacht an Bhainc Ceannais	126	173
Gearáin	62	9
Iomlán	188	182

Torthaí an Imscrúdaithe a Rinneadh ar Shaincheisteanna Fógraíochta 2013

Fógraí Leasaithe	Fógraí Tarraingthe Siar	Gan Athrú le Déanamh	Leanúnach
126	24	27	5

Comhairle Neamhspleách Eacnamaíoch agus Staidreamh Airgeadais d'Ardchaighdeán

Trí cháiliócht agus ábharthacht na hanailíse eacnamaíche, an taighde eacnamaíoch agus an staidrimh airgeadais, cuidítear le measúnuithe agus comhairle a chur ar fáil do lucht déanta beartais, do na meáin, don phobal agus do na margaí maidir le saincheisteanna eacnamaíocha intíre.

Anailís agus Tráchttaireacht Eacnamaíoch

Lean an Banc de ról tábhachtach a ghlacadh i bhfoirniú beartais eacnamaíoch náisiúnta trí chomhairle eacnamaíoch neamhspleách a chur ar fáil trí bhithin tráchttaireachtaí rialta, réamhaisnéisí, taighde agus staidrimh airgeadais d'ardchaighdeán. Cuireadh iad sin in iúl trí fhoilseacháin an Bhainc agus trí pháipéir taighde, irisleabhair idirnáisiúnta, ráitis agus trí óráidí arna dtabhairt ag an nGobharnóir agus ag comhaltaí eile den ardbhainistíocht agus trí rannpháirtíocht i gcomhdhála agus i seimineáir. Go hinmheánach, is ionchur tábhachtach iad an anailís agus taighde eacnamaíoch i measúnuithe leanúnacha ar chobhsaíocht airgeadais agus in athbhreithnithe macrastuamachta. Laistigh den Eurochóras, rannchuidigh an Banc le cleachtaí um réamhaisnéisí maicreacnamaíoch agus le soláthar comhairle beartais agus anailíse eacnamaíche comhtheagmhasaí.

Leanadh leis an obair ar an Tionscadal um Shamhaltú Macraí, trína mbíonn an Banc agus an ESRI ag obair lena chéile chun sraith samhlacha nua-aimseartha maicreacnamaíocha/eacnaiméadracha de gheilleagar na hÉireann a fhorbairt. Is iad cuspóirí an tionscnaimh seo anailís agus réamhaisnéisí níos fearr ar éabhlóid gheilleagar na hÉireann a éascú thar an meántearma, agus fairsinge agus cáiliócht na comhairle a thugtar don Rialtas a fheabhsú.

Cuireadh réamhaisnéisí maicreacnamaíocha rialta ar fáil le linn na bliana. Tugadh sé cinn de chleachtaí réamhaisnéise maicreacnamaíche chun críche, ar seoladh dhá cheann díobh i gcomhthéacs Chleachtadh Réamh-Mheastachán Leathan Maicreacnamaíoch an Eurochórais agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFaisnéis Ráithiúil an Bhainc. Ina theannta sin, ghlac an Banc páirt freisin i bhfóirí eile réamhaisnéise agus beartais nár bhain leis an Eurochóras/CEBC agus chuaigh sé i gcomhairle le misin chuartaíochta ráithiúla Páirtithe Seachtracha, le gníomhaireachtaí rátála agus le dreamanna eile nach iad.

Cuimsíodh in obair anailíseach an Bhainc, réimse ábhar tábhachtach a bhain le geilleagar na hÉireann. Ar na tionscadail a cuireadh i gcrích, áirítear feabhsuithe ar an modheolaíocht réamhaisnéise lena n-áirítear táscaire míosúil timthriallta gnó; saincheisteanna margaidh saothair amhail cinntithigh dóchúlachtaí athfhostaíochta i margadh saothair na hÉireann; feidhmiú an mhargaidh creidmheasa d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); agus an iarmhairt a bhíonn ag fiachas teaghlach ar phátrún tomhaltais phríobháidigh.

Lean na gníomhaíochtaí taighde sa Bhanc de bheith ag díriú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ngéarchéim airgeadais go hintíre agus go hidirnáisiúnta. Glacann an Banc páirt i gcreataí taighde a dhéanann imscrúdú ar shaincheisteanna macrastuamachta, ar shocrú pá, ar airgeadas teaghlaigh agus ar iomaíochas. Foilsíodh 21 alt piarmheasúnaithe arna scríobh ag eacnamaíthe san fhoireann agus rinne eacnamaíthe neart cur i láthair lena n-áirítear ag an *American Economic Association*, Comhlachas Eacnamaíochta na hEorpa, Lárionad do Bheartas agus do Thaighde Eacnamaíoch agus sa BCE. Bronnadh Duais Barrington ar Yvonne McCarthy dá páipéar '*Credit Condition in a Boom and Bust Property Market*'. Is duais í seo a bhronntar i leith an pháipéir is fearr arna scríobh ag eacnamaí atá faoi bhun 33 bliana d'aois. San larscríbhinn a ghabhann leis an gCaibidil seo, foláitear liosta de Pháipeir Theicniúla Taighde arna bhfoilsiú in 2013.

D'óstáil an Banc comhdháil i mí Feabhra 2013 inar scrúdaíodh réitigh ionchasacha ar mhargáí morgáiste anásta. Ag an gcomhdháil sin, leagadh béim ar thaighde inmheánach an Bhainc agus bhí roinnt cainteoirí ó na Stáit Aontaithe ann chomh maith. Bhí an Banc ina údar ar dhá pháipéar a cuireadh i láthair ag an gcomhdháil agus ina ndearnadh measúnú ar an iarmhairt a bhíonn ag costas úsáide caipitil ar fhorbairtí tithíochta agus inar imscrúdaíodh a mhéid a chuideodh spreagadh físcach le praghsanna tithíochta, le cláir chomhardaithe banc agus le riaráistí banc.

Staidreamh Airgeadais

Is é an Banc an príomh-sholáthraí staidrimh d'Éirinn agus foilsíonn sé faisnéis agus anailís mhionsonraithe maidir leis an earnáil airgeadais agus lena cuid fo-earnálacha. Le linn 2013, foilsíodh staidreamh nua maidir le staideanna agus sreafaí trasteorann na mbanc intíre agus maidir le heisiúint agus sealúchais urrús ag cónaitheoirí intíre.

Leis na sonraí arna dtiomsú ag an mBanc, éascaítear anailís agus monatóireacht ar shreafaí creidmheasa chuig an ngeilleagar intíre. Tá sé rithabhachtach d'athghiniúint an fháis

eacnamaíoch go mbeidh rochtain ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) ar chreidmheas, ar fiontair iad atá spleách tríd is tríd ar institiúidí creidmheasa intíre do mhaoiniú. Soláthraíonn an Banc sonraí ráithiúla maidir le hiasachtaí atá fós amuigh ag FBManna agus ar chreidmheas nua le FBManna agus bíonn na sonraí sin briste síos de réir na gníomhaíochta earnála. Ar an gcaoi chéanna, foilsítear faisnéis mhionsonraithe ar bhonn míosúil maidir le coigiltis agus iasachtaí teaghlach le hinstitiúidí creidmheasa, á ndí-chomhbhailiú de réir ionstraime, feidhme agus aibíochta. Cuidíonn sé seo leis an monatóireacht ar chlár chomhardaithe agus, go háirithe, ar fhorbairtí i ndáil le haghaidh a thabhairt ar ardleibhéil reatha féichiúnais. Ar na haschuir eile, áirítear cuntais ráithiúla airgeadais lena dtugtar forbhreathnú ar idirbhearta agus staideanna na n-earnálacha eacnamaíocha intíre i gcoibhneas lena chéile agus leis an gcuid eile den domhan.

Ina theannta sin, déanann an Banc anailís ar na sonraí arna dtionsú trí na hait, na litreacha eacnamaíocha agus tríd an tráchtareacht a fhoilsítear san Fhaisnéis Ráithiúil. Ar na saincheisteanna a clúdaíodh in 2013, áirítear féichiúnas corparáidí neamhairgeadais Éireannacha, cothromas tithíochta a tharraingt siar agus breisluch na hearnála airgeadais intíre. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe rialta ag an mBanc le páirithe leasmhara, lena n-áirítear gníomhairí tuairiscithe, ionadaithe earnála agus úsáideoirí staidrimh, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

Lean an dlúthchaidreamh oibre idir an Banc agus an Phríomh-Oifig Staidrimh le linn 2013. Tá comhaontuithe foirmiúla um chomhar ann cheana agus bunaíodh meithlí thar raon réimsí staidrimh. Ar na réimsí comhair, foláitear formhór an staidrimh ó na hearnálacha institiúideacha, lena n-áirítear comhardú na n-íocaíochtaí, cuntais airgeadais, árachas agus staidreamh airgeadais an rialtais - folaíonn an ceann deireanach sin plé modheolaíoch mionsonraithe ar láimhseáil staidrimh tacaíochtaí rialtais don earnáil baincéireachta. Tá an dá hinstitiúid ag obair go dlúth ar lámhleabhair nua staidrimh idirnáisiúnta a thabhairt isteach - cuirfear iad seo chun feidhme i ndáil le staidreamh eacnamaíoch Éireannach sa dara leath de 2014. Leis an dlúthchomhar seo, áirithítear freisin go seachnófar dúbláil oibre, a mhéid is féidir, agus go laghdófar an t-ualach tuairiscithe ar an earnáil airgeadais.

Glacann an Banc páirt freisin sna coistí staidrimh agus sna meithlí staidrimh laistigh den CEBC chun an creat staidrimh a chothabháil agus a fhorbairt. Tá an obair forbartha reatha dírithe go príomha ar

na lámhleabhair idirnáisiúnta nua²⁷ a thabhairt isteach agus ar ullmhúcháin a dhéanamh do thabhairt isteach an tSásra Maoirseachta Aonair (SMA) in 2014. Folaíonn an obair maidir le SMA, leathnú an staidrimh maidir le cobhsaíocht airgeadais agus soláthar faisnéise chun tacú leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéimeach (BERS). Sa chlár oibre a comhaontaíodh, díreofar ar chomhtháthú agus réiteach sonraí staidrimh agus maoirseachta chun pictiúr níos iomláine a thabhairt den earnáil baincéireachta agus ar fhaisnéis níos fearr a chomhthiomsú maidir le hidirnascadh agus neamhchosaintí trasteorann na hearnála airgeadais.

Staidreamh maidir le Riaráistí Morgáiste

Le linn 2013, chuir an Banc feabhas ar a bhailiúchán sonraí agus ar an anailís ar riaráistí morgáiste chun níos mó sonraí a thabhairt maidir leis na cineálacha athstruchtúraithe arna dtairiscint ag iasachtóirí agus maidir le fad na riaráistí. Rinneadh an mhodheolaíocht agus na chéad torthaí ón tsraith leathnaithe sonraí a mhíniú in airteagal san Fhaisnéis Ráithiúil a foilsíodh in R3.

Anailís Eacnamaíoch AE agus Idirnáisiúnta

Bhí ionadaíocht ag an mBanc ag cruinnithe den Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA), ar coiste AE é a bunaíodh chun comhordú beartais idir na Ballstáit a chur chun cinn. Is é an Coiste a ullmhaíonn na cláir do chruinnithe ECOFIN, lena n-áirítear, inter alia, measúnú agus imscrúdú a dhéanamh ar fhorbairtí reatha eacnamaíocha agus airgeadais, beartais eacnamaíocha agus fhioscacha AE a chomhordú, anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir leis an margadh airgeadais agus cobhsaíocht airgeadais agus caidreamh le tíortha sa tríú domhan agus institiúidí idirnáisiúnta.

Ghlac an Banc páirt freisin san Fhochoiste den Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Saincheisteanna CAI (FCCAI). Rinne FCCAI breithniú in 2013 ar shaincheisteanna a bhain le beartas CAI agus ar shaincheisteanna institiúideacha lena n-áirítear socruithe réigiúnacha maoiniúcháin, leordhóthanacht cúlchistí, ionstraimí iasachta CAI agus acmhainní an Chiste. Ag cainteanna FCCAI i gcruinnithe 2013, díreodh ar chur chun feidhme na n-athchóirithe arna gcomhaontú in 2010 ag an CAI maidir le cuóta agus rialachas. Glacadh obair de láimh freisin maidir le tuilleadh athchóirithe ar chuótaí agus maidir le teachtaireachtaí a ullmhú ag cruinnithe idirnáisiúnta ar an ollstruchtúr airgeadais domhanda.

Gníomhaíochtaí agus Caidreamh Idirnáisiúnta

BOSCA 9 – Uachtaránacht na hÉireann ar an AE

Le linn 2013, chaith an Banc acmhainní suntasacha ar ullmhúchán d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Folaíonn na hacmhainní sin tacaíocht theicniúil agus comhairle maidir le reachtaíocht bheartaithe seirbhísí airgeadais agus ghlac comhaltaí foirne ón mBanc páirt mar shaineolaithe teicniúla i bhfoirne na hUachtaránachta agus bhí siad i gceannas ar chaibidlí sa Chomhairle agus le Parlaimint na hEorpa.

Bhí an Gobharnóir ina chomhóstach do chruinniú neamhfhoirmiúil de Chomhairle na nGóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN) i mBaile Átha Cliath an 12-13 Aibreán 2013. Ag an gcruinniú sin, chomhaontaigh na hAí agus Gobharnóirí na mBanc Ceannais Náisiúnta i bprionsabal go gcuirfí fad le haibíochtaí iasachtaí na hÉireann agus na Portaingéile ón AE agus phléigh siad an staid eacnamaíoch agus airgeadais san Eoraip, struchtúr an aontais baincéireachta agus roghanna maoiniúcháin chun tacú le fás fadtéarmach.

Chuir an Banc comhairle ar fáil i dtaca leis an Rialachán maidir leis an Taisclann Lárnach Urrús, UCITS V, an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí (AIFMD), EMIR, CRD IV/CRR, MiFID agus an Rialachán um Dhrochúsáid Margaidh le linn 2013 agus d'fhreastail sé ar roinnt mhaith cruinnithe Meithlí de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar aon le cruinnithe trípháirteacha Polaitiúla agus Teicniúla le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach. Trí bhithin na hoibre seo baineadh gnólachtaí suntasacha amach i bhforbairtí margaidh airgeadais amhail MiFID agus MAR. Leanann an Banc de shaineolas agus de chomhairle a thabhairt don Roinn Airgeadais maidir leis an dul chun cinn sna réimsí seo ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon.

Le linn na hUachtaránachta, thángthas ar chomhaontú leis an bParlaimint maidir leis an Treoir ar Chomhaontuithe Creidmheasa a bhaineann le Réadmhaoin Chónaithe (an Treoir Creidmheasa Morgáiste) agus maidir leis an Treoir ar Tháirgí Infheistíochta Miondiola Pacáistithe.

Faoi Uachtaránacht na Liotuáine, rinne an Gobharnóir ionadaíocht don Bhanc ag ECOFIN neamhfhoirmiúil arna thionól i Vilnius an 13-14 Meán Fómhair. Pléadh an t-aontas baincéireachta agus an t-ionchas eacnamaíoch ag an gcruinniú sin, mar aon le rochtain níos fearr ar mhaoiniú d'fhiontair bheaga agus mheánmheide agus bearta chun calaois chánach agus imghabháil chánach a chomhrac.



Cruinniú EcoFin arna thionól i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2013 mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. (Foinse: MacInnes Photography)

Saincheisteanna bheartas CAI agus Saincheisteanna Toghlacha

Tá an Gobharnóir ina Ghobharnóir Malartach d'Éirinn ar Bhord Gobharnóirí an CAI agus, sa chail sin, d'fhreastail sé ar Chruinnithe Bliantúla an CAI/an Bhainc Dhomhanda arna dtionól i Washington i nDeireadh Fómhair 2013. Bhí Leas-Ghobharnóir na Baincéireachta Ceannais ina ionadaí don Bhanc ag na Cruinnithe Earraigh arna seoladh in Aibreán 2013. Sna pléití ag na Cruinnithe Earraigh, díriodh ar an

ionchas domhanda agus ar na beartais atá ag teastáil chun stóinseacht an gheilleagair dhomhanda a athbhunú, mar aon le saincheisteanna institiúideacha CAI, lena n-áirítear athchóiriú cuóta agus rialachais. Ar an dul céanna, áiríodh ionchais dhomhanda agus beartais ar an gclár oibre don chruinniú i mí Dheireadh Fómhair, mar aon le bearta chun an CAI a neartú. I bhfianaise go bhfuil an idircheangailteacht idir tíortha ag dul i méid, pléadh comhtháthú beartas freisin.

Gníomhaíochtaí eile Idirnáisiúnta agus Caidreamh Idirnáisiúnta

Bhí teagmháil ag an mBanc freisin leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) mar chuid dá hAthbhreithniú Eacnamaíoch ar Éirinn 2013. Soláthraíonn an Banc sonraí agus staidreamh ar Éirinn don CAI (a d'fhoilsigh sé ar a shuíomh gréasáin), lena n-áirítear tuarascálacha ráithiúla ar thascáir ar fhóntacht airgeadais. Rinneadh athbhreithniú ar pháipéir ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile le linn na bliana agus tugadh tráchtas orthu agus tugadh chun críche suirbhéanna ón CAI, ón gCoimisiún Eorpach, ón ECFE agus ó Pharlaimint na hEorpa.

Ina theannta sin, rannchuidigh an Banc le hobair an Choiste um Chaidreamh Idirnáisiúnta (IRC). Is fóram ardleibhéil Eurochórais é IRC ina malartaítear tuairimí maidir le nithe comhleasa i réimse an chaidrimh idirnáisiúnta e.g. saincheisteanna G20/CAI, feidhmiú an chórais airgeadaíochta idirnáisiúnta, forbairtí maicreacnamaíocha agus airgeadais agus míchothromaíochtaí domhanda. Tá an Coiste freagrach freisin as seasamh CEBC a ullmhú i ndáil le comhaontuithe idirnáisiúnta ar ábhair airgeadaíochta nó malairte eachtraí a chaibidlíú agus a thabhairt chun críche.

Lean an rannpháirtíocht le hinstiúidí idirnáisiúnta amhail an CAI, an Banc Domhanda agus an ECFE agus, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, chuidigh an Banc le seasamh náisiúnta na hÉireann a fhoirmlíú maidir le beartas CAI agus saincheisteanna toghlacha. Ina theannta sin, rannchuidigh an Banc le Clár AE-CAI lena n-áirítear ceithre mhisean athbhreithnithe agus misean Airteagal IV. Bhí ionadaíocht ag an mBanc freisin ar Fhochoiste den Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Saincheisteanna CAI (FCCA).

Le linn 2013, thug an Banc cúnamh teicniúil do Bhanc Náisiúnta Phoblacht na Macadóine d'fhonn stádas na Macadóine mar thír is iarrthóir don AE a chur ar aghaidh. Bhí trí chéim i gceist leis an gcúnamh sin - tagarmharcáil, stocáireamh agus tuarascáil deiridh anailíse ar riachtanais. San athbhreithniú, féachadh le hidirdhealú a dhéanamh idir na tagarmharcanna éigeantacha agus na tagarmharcanna roghnacha, na cinn sin a mbíonn feidhm acu mar cheanglais i ndáil le haontachas leis an CEBC agus na cinn sin a cheanglaítear i ndáil le haontachas leis an Eurochóras. Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid Ghobharnóir Bogov i mí Iúil 2013.

Ar choinní an Ghobharnóra in 2013, áirítear an chéad sraith de Léachtaí Leathbhliantúla Uachtaránacht AE de chuid Bhanc Náisiúnta na Polainne an 19 Márta. Thug an Gobharnóir aithisc ag comhdhálacha agus seimineáir idirnáisiúnta i Basel, Iarúsailéim, Londain, Reykjavik, Vilnius, Washington D.C., Zurich agus i mBaile Átha Cliath. Thug Leas-Ghobharnóir na Baincéireachta Ceannais agus Leas-Ghobharnóir na Rialála Airgeadais agus comhaltaí eile den ardbhainistíocht oráidí ag seimineáir agus comhdhálacha idirnáisiúnta agus ghlac siad páirt i seimineáir agus comhdhálacha idirnáisiúnta lena n-áirítear an 11ú Comhdháil Bhliantúil Eorpach um Sheirbhísí Airgeadais an 31 Eanáir sa Bhruiséil, cruinniú de Líonra an Eurochórais um Thaighde Iomaíochais an 13 Márta i mBaile Átha Cliath agus Fóram Eorpach Árachais an 9 Bealtaine i mBaile Átha Cliath.

D'óstáil an Banc roinnt toscaireachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta le linn 2013 lena n-áirítear toscaireacht i mí Feabhra ó Bhanc Ceannais Oileán na Tríonóide agus Tobága faoi stiúir Ghobharnóir Jwala Rambarran agus toscaireacht pharlaiminteach i mí Iúil ón tSeapáin faoi stiúir Chathaoirleach an Bhuanchóiste um Ghnóthaí Buiséid ó Theach na nIonadaithe. Thug Stiúrthóir Bainistíochta an CAI cuairt ar Bhaile Átha Cliath i mí an Mhárta le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Bhuail Mme. Lagarde leis an nGobharnóir in oifigí an Bhainc agus phléigh siad saincheisteanna lena n-áirítear Clár AE/CAI agus beartas CAI agus saincheisteanna institiúideacha a mbíonn iarmhairt acu ar Éirinn.



An Gobharnóir Honohan agus Mme. Lagarde, Stiúrthóir Bainistíochta an CAI, a thug cuairt ar Bhaile Átha Cliath i Márta 2013 le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Córais Éifeachtacha, Éifeachtúla Íocaíochta agus Socraíochta agus Seirbhísí Airgeadra

Le hoibríochtaí agus maoirseacht córas íocaíochta agus socraíochta urrús, féachtar lena áirithiú go bhfuil siad sábháilte, solúbtha, éifeachtúil agus éifeachtach. Príomhghné de na córais íocaíochta is ea soláthar nótaí bainc agus monaí d'ardchaighdeán agus soláthar seirbhísí gaolmhara airgeadra don phobal.

Maoirseacht Íocaíochtaí

Lean an Banc de shábháilteacht agus d'éifeachtúlacht na gcóras íocaíochtaí intíre a chur chun cinn faoina shainchúram reachtúla agus, sa cháil sin, lean sé de bheith i ndlúth-theagmháil le hEagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta (IPSO) - comhlacht ionadaitheach do thionscal na n-íocaíochtaí in Éirinn. Mar fhreagra ar an míshocracht shuntasach don chóras íocaíochtaí náisiúnta i dtreo dheireadh 2012, rinneadh modheolaíocht bhliantúil nua um measúnú riosca íocaíochtaí a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme lena gclúdaítear maoirseacht ar bhonneagair íocaíochtaí agus ar nósanna imeachta um bainistiú riosca oibríochtúil sna bainc imréitigh. Leis an bpróiseas feabhsaithe seo, táthar ag aistriú ó shamhail fhéinmheasúnaithe chuig próiseas ina mbeidh bailíochtú seachtrach ag teastáil i leith thuairisceáin na mbanc tráchtála. Ina theannta sin, ceanglaítear ar na bainc cur i láthair a dhéanamh do Bhord Rialachais Riosca Íocaíochtaí ar a mbeidh ionadaithe sinsearach ó na réimsí seo a leanas sa Bhanc: Maoirseacht Íocaíochtaí, Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus Riosca Eagraíochtúil agus IPSO.

Ar an leibhéal Eorpach, ghlac an Banc páirt ghníomhach i bhforbairt beartais, caighdeán agus ceanglas maoirseachta ábhartha de chuid an Eurochóras, trí pháirt a ghlacadh i bhfóiraim idirnáisiúnta, go háirithe i gCoiste Chóras Íocaíochtaí agus Socraíochtaí an CEBC (CCIS) agus ina fhoghrúpaí gaolmhara.

TARGET2 RTGS

Is córas singil tras-Eorpach é TARGET2 atá in úsáid ag gach ceann de na córais íocaíochta náisiúnta faoi seach chun bonneagar mórdhiola aonchineálach euro a chinntiú, rud a chuirfidh éifeachtacht agus comhtháiteacht bhreise chun cinn i margaí airgeadais na hEorpa.

In 2013, rinneadh 100 faoin gcéad de na híocaíochtaí a socraíodh i modúl íocaíochta TARGET2 a phróiseáil faoi bhun cúig nóiméad (99.98 faoin gcéad in 2012). Níor tháinig aon athrú ar scairmhargadh an chórais socraíochta, agus rinneadh 91 faoin gcéad de luach iomlán na n-íocaíochtaí ar luach ard i gcórais íocaíochta euro a chur i gcrích trí TARGET2. Sa bhliain 2013, phróiseáil an córas 92.59 milliún idirbheart agus b'ionann an meán laethúil agus 363,099 idirbheart.

I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mhéadaigh líon foriomlán na n-idirbheart faoi 2.1 faoin gcéad. B'ionann luach iomlán thrácht TARGET2 sa bhliain 2013 agus €493.4 billiún, agus b'ionann an meánluach laethúil agus €1.935 billiún. I gcomparáid le 2012, laghdaigh luach iomlán na n-idirbheart arna bpróiseáil ag an gcóras faoi 22.2 faoin gcéad³⁰.

An Plean Íocaíochtaí Náisiúnta

Foilsíodh an Plean Íocaíochtaí Náisiúnta (NPP) i mí Aibreáin 2013 tar éis os cionn bliana a chaitheamh ar dhianchomhairliúchán agus ar thaighde. Leagadh amach ann, plean uaillmhianach chun íocaíochtaí in Éirinn a bhunathrú d'fhonn an t-iomaíochas náisiúnta a fheabhsú. Tá na moltaí sa phlean á gcur chun feidhme faoi láthair. Mar aon le cur chun feidhme an phlean a rianú, rinne an Banc trí cinn de na moltaí sin a chur chun feidhme in 2013:

- » Rinne sé athbhreithniú mionsonraithe chun éifeachtúlacht, sábháilteacht agus éifeachtacht thimthriall airgid na hÉireann a áirithiú
- » Sheol sé 'Triail Chothromaithe' i Loch Garman Meán Fómhair-Samhain chun an gá le monaí 1c/2c a laghdú

30 Tá an laghdú géar ar luachanna idir 2012 agus 2013 inchurtha d'athruithe ar an modheolaíocht staidrimh a úsáideadh. Bhí 256 lá oibríochtúil i gceist in 2012 agus 255 in 2013.

Bosca 10 – An Plean Íocaíochtaí Náisiúnta

Leanann Éire de bheith ag brath go mór ar ionstraimí airgid agus ar ionstraimí íocaíochtaí eile páipéir, agus tá sí go mór taobh thiar de phiaraí Eorpacha an Bhainc i dtéarmaí ionstraimí íocaíochta leictreonacha níos éifeachtúla a úsáid. Bíonn impleachtaí suntasacha aige seo ar iomaíochas costais, ar shlándáil agus ar rogha an tomhaltóra in Éirinn. D'fhéadfaí éifeachtúlacht bhonneagar córas íocaíochta na hÉireann a fheabhsú dá mbainfí níos mó úsáide as íocaíochtaí leictreonacha éifeachtúla, sláine agus, ar an gcaoi sin, laghdófaí líon na n-idirbheart ina n-úsáidtear airgead tirim agus seiceanna.

D'iarr an tAire Airgeadais ar an mBanc, i gcomhréir lena ról mar mhaoirseoir ar bhonneagar córas íocaíochta na hÉireann, ról ceannasach a ghlacadh in ullmhú an Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta. Rinne Coiste Stiúrtha maoirseacht ar ullmhú an NPP, ar coiste é atá comhdhéanta d'ionadaithe ó thomhaltóirí, ó mhiondíoltóirí, ó na bainc, ón Rialtas agus ón ngnó agus foilsíodh an NPP i mí Aibreáin 2013.

Leagtar amach plean uailmhianach sa NPP chun íocaíochtaí a bhunathrú in Éirinn. Bheadh buntáistí ionchasacha móra i gceist don gheilleagar agus don tsochaí dá mbainfí spriocanna an phlean amach:

- » Iomaíochas feabhsaithe - meastar go bhféadfar deireadh a chur le costas €1 billiún nach gá ar an ngeilleagar in aghaidh na bliana trí bhithin an athchóirithe ar íocaíochtaí, rud a rachadh chun sochair do ghnóthaí, do theaghlaigh agus don earnáil phoiblí
- » Dul i ngleic leis an scáthgheilleagar - tá comhghaol láidir idir úsáid airgid thirim i ngeilleagar agus méid an scáthgheilleagair
- » Slándáil a fheabhsú - is mór-riosca slándála é cúrsaíocht agus stóráil airgid thirim agus bhí na hionsaithe airgid faoi bhealach cúig huaire ní b'airde in Éirinn ná an chuid eile den Eoraip
- » Deireadh a chur leis an gcultúr d'íocaíochtaí déanacha - tá comhghaol láidir ann idir úsáid seiceanna i dtír agus an méid ama a thógann sé ar ghnóthaí íocaíocht a fháil i leith sonraisce.

- » Rinne sé athbhreithniú earnála ar íocaíochtaí a bhain le bunscoileanna agus meánscoileanna.

Beidh sé de chuspóir ag an mBanc tionscnaimh shonracha áirithe NPP a chur chun cinn le linn 2014 agus cur chun feidhme an phlean fhoriomláin a rianú. Déanfaidh an Banc athbhreithniú ar fheidhmiú NPP agus molfaidh sé struchtúir iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar earnáil íocaíochta na hÉireann a reáchtáil ar mhodh éifeachtúil, slán, éifeachteach agus go dtairbheoidh tomhaltóirí agus gnóthaí araon de bhuntáistí an athchóirithe ar íocaíochtaí.

An Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)

Ceapadh an Banc chun gníomhú mar an Údarás Inniúil in Éirinn chun comhlíontacht a áirithiú i ndáil le comhlíonadh Rialachán SEPA (Rialachán AE 260/2012). Sa chái seo, tá an Banc ag obair i gcomhar leis an bpobal bainc éireachta náisiúnta agus le páirtithe leasmhara eile le roinnt blianta

anuas chun aistriú náisiúnta rathúil chuig SEPA a áirithiú faoin 1 Feabhra 2014. Lean an obair seo le linn 2013 ar leibhéal éagsúla agus leagadh béim ar leith ar fheachtas cumarsáide náisiúnta (lena n-áirítear fógraíocht raidió, nuachtáin agus fógraíocht ar líne agus suíomh gréasáin tiomanta) chun an leibhéal feasachta faoi thionscnamh SEPA a fheabhsú i mí Eanáir 2014, d'eisigh an Coimisiún Eorpach togra chun Rialachán SEPA a leasú chun idirthréimhse bhreise sé mhí a thabhairt, ar lena linn a d'fhéadfaí glacadh le híocaíochtaí nach bhfuil i bhfoirm SEPA chun go n-íoslaghdófaí an riosca go gcuirfí isteach ar íocaíochtaí do thomhaltóirí agus do ghnóthaí ar fud limistéar SEPA.

Bosca 11 – An Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro

Daoine a bhíonn ag taisteal idir tíortha sa limistéar euro, is féidir leo íoc go héasca as earraí agus seirbhísí in airgead tirim san airgeadra aonair. Bíonn sé níos deacra, áfach, íocaíochtaí trasteorann a dhéanamh laistigh den limistéar euro ar mhodhanna eile (e.g. trí aistriú creidmheasa nó trí dhochar díreach) mar gheall ar bhacainní teicniúla, dlíthiúla nó margaidh atá fós ar marthain ón tréimhse a bhí ann sular tugadh isteach an euro. Le tionscnamh an Limistéir Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA), féachtar leis na bacainní sin a sháru trí mhargadh aonair a chruthú d'íocaíochtaí miondíola arna n-ainmniú san euro. Le SEPA - limistéar 33 tír a bheidh déanta suas de na 28 ballstát AE mar aon leis an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis, Monacó agus Lichtinstéin) - éascófar d'úsáideoirí córas íocaíochta íocaíochtaí gan airgead tirim, arna n-ainmniú san euro, a dhéanamh le híocaíthe áit ar bith san AE agus sa LEE, trí chuntas íocaíochta aonair agus trí shraith aonair ionstraimí íocaíochta a úsáid. Is í aidhm SEPA margadh comhtháite, iomaíoch, nuálaíoch íocaíochtaí miondíola a chruthú d'íocaíochtaí neamhairgid euro.

I Rialachán AE 260/2012, socraíodh an 1 Feabhra 2014 mar an dáta faoina gcaithfear na híocaíochtaí leictreonacha miondíola i SEPA a aistriú ó chórais íocaíochta 'intíre amháin' chuig a choibhéis uile-Eorpach. Dá bhrí sin, tiocfaidh deireadh le scéim náisiúnta íocaíochta na hÉireann d'aistríthe creidmheasa agus do dhochair dhíreacha a luaithe a bheidh aistriú SEPA curtha i gcrích agus cuirfear dhá scéim uile-Eorpacha ina háit, Scéim Aistríthe Creidmheasa SEPA agus Scéim Dochair Dhíreach SEPA. Cuirfear Cóid Aitheantais Bainc (BIC) agus Uimhreacha Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN) in ionad Cóid Sórtála Náisiúnta agus uimhreacha cuntas bainc. Leis na hathruithe seo, éascófar caighdeánú ar theachtaireachtaí íocaíochta ar fud SEPA agus is í próiseáil níos éifeachtúla íocaíochta an toradh a bheidh orthu.

Beidh tionchar ag SEPA ar gach saoránach, ceannai, eintiteas riaracháin phoiblí agus eintiteas corparáideach (gan féachaint dá mhéid) a bhfuil cuntas íocaíochta aige le banc. Sealbhóirí na gcuntas sin sna tíortha go léir a bheidh rannpháirteach i dtionscnamh SEPA, beidh siad ábalta íocaíochtaí arna n-ainmniú san euro a dhéanamh agus a fháil, beag beann ar a suíomh féin, laistigh nó trasna teorainneacha náisiúnta, faoi na téarmaí agus coinníollacha bunúsacha céanna.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar SEPA, téigh go dtí <http://www.readyforsepa.ie/>.

Eisiúint agus Táirgeadh Airgeadra

Déanann an Banc nótaí bainc agus monaí a tháirgeadh, a eisiúint agus a phróiseáil, agus aon airgeadra nach bhfuil oiriúnach lena chur i gcúrsaíocht a scrios. Cinntíonn an Banc go bhfuil bonneagar éifeachtúil, slán i bhfeidhm maidir le soláthar airgid agus, ar an gcaoi sin, cosnaítear infhaighteacht, sláine agus cáilíocht an euro. Sa bhliain 2013, sholáthair an Banc 345 milliún nóta bainc nua agus in-atheisithe.

Próiseáil na nótaí bainc úsáidte go léir arna dtaisceadh sa Bhanc i meaisíní próiseála ardluas lena seiceáil a bhfiordheimhneacht agus a n-oiriúnacht. Scriostar nótaí bainc mí-oiriúnacha fad a dhéantar nótaí oiriúnacha (nótaí bainc in-atheisithe) a chur ar ais i gcúrsaíocht. In 2013, próiseáladh 323 milliún nóta bainc euro. Déantar nótaí bainc loite agus nótaí bainc Éireannacha a phróiseáil freisin. Glacann an Banc i gcónaí le nótaí bainc agus le monaí Éireannacha arna n-eisiúint sular tugadh an euro isteach. Ag deireadh 2012, bhí €231

milliún i nótaí bainc Éireannacha fós amuigh mar aon le €124 milliún i monaí.

Lean an Banc de mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Chinneadh BCE/2010/14 arna leasú le Cinneadh BCE/2012/19 agus Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 ag láimhseáil airgid thirim gairmiúla, is cinneadh agus rialachán a bhaineann le fiordheimhniú agus oiriúnacht nótaí bainc agus monaí euro sula gcuirtear i gcúrsaíocht iad. In 2013, seoladh 66 cigireacht monatóireachta agus rinneadh tástáil ar níos mó ná 200 gléas láimhseála airgid. In 2013, chonacthas feidhmiú céimneach inneall athchúrsála airgid i mbrainsí bainc agus rinne an Banc oiriúnú dá réir sin ar a chuid nósanna imeachta maidir le comhlíonadh.

Faoi shocruithe táirgeachta comhthiomsaithe BCE, cuireadh de cheangal ar an mBanc 134 milliún nóta bainc €10 a phriontáil in 2013. Fuarthas nótaí bainc d'ainmníochtaí eile ó BCNanna eile agus d'eisigh an Banc iad.

Tábla 13 – Eisiúintí Nótaí Bainc

Ainmníocht	Líon na Nótaí Bainc (Milliún)		Luach € Milliún	
	2012	2013	2012	2013
€5	56	59	283	293
€10	51	57	514	573
€20	100	94	1,998	1,873
€50	143	134	7,129	6,689
€100	1	1	142	135
€200	0	0	2	2
€500	0	0	16	16
Iomlán	351	345	10,084	9,581

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

Tábla 14 – Eisiúintí Monaí

Ainmníocht	Líon na Monaí (Milliún)		Luach € Milliún	
	2012	2013	2012	2013
1c	70	49	0.7	0.5
2c	35	40	0.7	0.8
5c	30	19	1.5	1
10c	9	15	1	1
20c	19	17	4	3
50c	5	11	2	5
€1	7	6	7	6
€2	10	15	20	29
Iomlán	185	172	37	46

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

Sa bhliain 2013, táirgeadh 113 milliún mona agus eisíodh 172 milliún mona. Tháinig laghdú 7 faoin gcéad ar an éileamh ar mhonaí ó 2012, tráth a eisíodh 185 milliún mona.

Is iad an Lárionad Anailíse Náisiúnta agus an Lárionad Anailíse Náisiúnta Monaí a fhaigheann agus a phróiseálann na nótaí bainc agus monaí góchumtha go léir a bhraitear in Éirinn. Cuireann an fhoireann seo oiliúint ar fáil do láimhseálaithe gairmiúla airgid thirim agus ar ghníomhaireachtaí forghníomhaithe dlí maidir le gnéithe slándála nótaí bainc a aithint agus maidir le fiordheimhneacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil. Leis na seisiúin oiliúna seo, comhlánaítear an obair an dhéanann an fhoireann monatóireachta

thuasluaite agus féachtar le heolas láimhseálaithe gairmiúla airgid thirim a fheabhsú chun go mbeidh feabhsuithe ar cháilíocht na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht.

Bíonn baint ghníomhach ag Aonad na Monaí Inbhailithe le heisiúint monaí inbhailithe Éireannacha chun ócáidí móra i stair, in oidhreacht nó i gcultúr na hÉireann a chomórath. D'eisigh an Banc, mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, táirgí éagsúla monaí inbhailithe le linn 2013. D'éirigh go han-mhaith le Clár Monaí 2013 agus bhí an-éileamh ar na monaí go léir a eisíodh.

Mar chuid den Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta, tugadh faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Bosca 12 – Sraith Nótaí Bainc Europa

I mí Eanáir 2013, chuir Uachtarán BCE, Mario Draghi, nóta bainc nua €5 i láthair, an chéad nóta bainc sa tsraith nua de nótaí bainc euro lena bhféachtar le cáiliúocht agus slándáil nótaí bainc euro a fheabhsú. Gairtear sraith Europa den tsraith nua nótaí bainc euro ó tharla go gcuimsítear portráid d'Europa - pearsa ó mhíotaseolaíocht na Gréige agus bunús ainm na Mór-roinne - i ndá cheann de na gnéithe slándála. Beidh sraith Europa á tabhairt isteach de réir a chéile, in ord ardaitheach, thar roinnt blianta agus ní bheidh aon athrú ar na hainmníochtaí: €5, €10, €20, €50, €100, €200 agus €500. Déanfar sraith Europa a chur i gcúrsaíocht i gcomhthreomhar leis an gcéad sraith de nótaí bainc euro a leanfaidh de bheith ina nótaí dlíthairgthe. Tabharfar réamhfhógra sula stadfaidh an chéad sraith de nótaí bainc euro de bheith ina nótaí dlíthairgthe. Ar a shon sin, coimeádfaidh an chéad sraith de nótaí bainc euro a luach i gcónaí agus féadfar iad a mhalartú go ceann tréimhse neamhtheoranta tráth ar bith i BCNanna an Eurochórais.

An 2 Bealtaine 2013, rinne an Banc agus na BCNanna eile go léir nóta bainc €5 ó shraith Europa a chur i gcúrsaíocht. Chuir an Banc tús leis na hullmhúcháin do sheoladh an €5 nua roinnt blianta roimhe sin agus bhí an Banc ar cheann de thrí BCNanna a roghnaíodh chun tástálacha a dhéanamh ar chineálacha éagsúla cótála ar an nóta bainc nua sular roghnaíodh na hábhair deiridh. Roimh an seoladh, sholáthair an Banc nótaí bainc nua do na bainc, do chuideachtaí airgid faoi sheoladh, do sholáthróirí trealamh láimhseála nótaí bainc agus do thríú páirtithe eile d'fhonn tástáil agus nuashonrú trealamh láimhseála nótaí bainc a éascú. Bhí teagmháil ag an mBanc le páirtithe leasmhara sa timhriall airgid agus cuireadh oiliúint ar fáil do láimhseálaithe gairmiúla airgid thirim maidir le gnéithe slándála an nóta bainc nua. Soláthraíodh ábhar cumarsáide (bróisiúir, póstaí etc.) do mhiondíoltóirí, do na bainc, do chuideachtaí airgid faoi bhealach, do chomhair chreidmheasa agus d'oifigí poist i gcomhthráth leis an dáta seolta.

Tá na hullmhúcháin do sheoladh na chéad ainmníochta eile i sraith Europa, nóta bainc €10, faoi lán seoil. Cuireadh an nóta bainc €10 nua i láthair don phobal an 13 Eanáir 2014 agus cuirfear i gcúrsaíocht é i Meán Fómhair 2014.

timhriall airgid na hÉireann. Cuireadh tús leis an tionscadal seo dá ngairtear Éifeachtúlacht Thimhriall Airgid na hÉireann i mí Eanáir 2013 agus bailíodh faisnéis ó pháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an timhriall airgid lena n-áirítear bainc mhiondíola, cuideachtaí airgid faoi bhealach, miondíoltóirí agus údarais slándála. Tar éis cleachtadh anailíse a chur i gcrích, cuireadh tuarascáil ina raibh moltaí éagsúla faoi bhráid Choiste Stiúrtha an Phlean Íocaíochtaí Náisiúnta i Meán Fómhair 2013. Tá measúnú á dhéanamh ag an mBanc anois ar na moltaí sin d'fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht an timhrialla airgid a fheabhsú agus a stóinseacht iomlán a neartú.



Nóta bainc €5 nua ó shraith Europa.

Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Cost-Éifeachtacht

Tá éifeachtúlacht agus cost-éifeachtacht mar thaca faoi oibríochtaí uile an Bhainc. Seoltar oibríochtaí laistigh de chreataí dea-shainithe bainistíochta agus rialaithe riosca.

Straitéis an Bhainc Ceannais 2013-2015

I bPlean Straitéiseach an Bhainc don tréimhse 2013-2015, tugtar breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an mBanc a mhisean maidir le **Cobhsaíocht a Choimirciú, Tomhaltóirí a Chosaint** a bhaint amach agus leagtar amach príomhthosaíochtaí an Bhainc sna blianta atá le teacht faoi ocht Sprioc Ardleibhéil atá ailínithe go dlúth le sainordú dlíthiúil an Bhainc.

Próiseas an Scórchárta Ualaithe

Is trí phróiseas Scórchárta Ualaithe an Bhainc a dhéantar cuspóirí cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh a mhaoirsiú agus a thomhas. Ullmhaítear SCU bliantúil don Bhanc lena ndéantar measúnú ar fheidhmíocht na heagraíochta.

Sainítear na cuspóirí sa SCU ina gceithre chatagóir:

- » Oibríochtaí - príomhoibríochtaí laethúla an Bhainc
- » Tionscadail Feabhsúcháin - tionscadail shuntasacha a mbeadh tionchar acu ar an eagraíocht
- » Daoine agus Foghlaim - tionscnaimh mhóra chun feidhmíocht na foirne a fheabhsú
- » Airgeadas agus Comhlíonadh - bearta chun a chinntiú go bhfuil oibríochtaí na heagraíochta chomh héifeachtach, chomh héifeachtúil agus chomh comhlíontach is féidir.

Tá gach cuspóir sa SCU nasctha le ceann de na Spriocanna Ardleibhéil atá sa Phlean Straitéiseach. Tá Stiúirthóirí an Bhainc cuntasach as na cuspóirí go léir a bhaint amach agus déantar monatóireacht ar fheidhmíocht i ndáil leis an Scórchárta Ualaithe agus déantar tuairisciú ina leith sin d'ardbhainistíocht an

Bhainc ar bhonn ráithiúil, do Choimisiún an Bhainc agus don Choiste Buiséid agus Luacha Saothair. Déanann Coiste an Ghobharnóra measúnú bliantúil ar fheidhmíocht. Ina theannta sin, tá an Scórchárta Ualaithe nasctha go dlúth le Clár Forbartha Bainistíochta agus Feidhmíochta lena ndéantar measúnú ar fheidhmíocht na foirne.

Soláthar Foirne

Ag deireadh 2013, bhí 1,384 comhalta foirne ar fostú ag an mBanc, comhdhéanta de chomhaltaí foirne buana agus de chomhaltaí foirne ar théarma seasta. Astu sin, sannadh 284 d'fheidhmeanna Baincfeachta Ceannais, 612 do réimsí Rialála agus 488 d'Oibríochtaí. Sannadh 8 breise don Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí Teoranta (ICCL). B'ionann an méid iomlán agus glanlaghdú 0.7 faoin gcéad ar leibhéal foirne 2012, cobhsú ar an leibhéal foirne i ndiaidh tréimhse ina bhfacthas méadú suntasach ar an bhfoireann. Cé go raibh laghdú beag ar an leibhéal foirne, leanadh leis na gníomhaíochtaí i ndáil le hacmhainní a chur ar fáil agus rinneadh 130 ceapacháin nua in 2013. B'ionann an ráta iomlaoide foirne don Bhanc in 2013 agus 6.8 faoin gcéad.

Straitéis Acmhainní Daonna a chur chun feidhme

I straitéis Acmhainní Daonna an Bhainc, leagtar amach cuspóirí don tréimhse trí bliana 2012-2014. Le linn 2013, leanadh leis an dul chun cinn ar chur chun feidhme na Straitése lena dtacaítear le comhlíonadh shainordú an Bhainc. Is gné lárnach den straitéis é cumas agus éifeachtacht eagraíochtúil a chothú.

Leanadh de bheith ag díriú ar chumas na foirne le linn 2013 agus ar infheistíocht sa chumas sin. Forbraíodh clár ceannaireachta ar fheastail os cionn 200 comhalta foirne air agus cuireadh 122 clár oiliúna ar fáil lena n-áirítear oiliúint maidir le forbairt bainisteoireachta agus éifeachtacht phearsanta; bhí níos mó ná 2,500 lá oiliúna i gceist san iomlán. Ina theannta sin, seoladh 145 cúrsa oiliúna teicniúla in 2013 a raibh 1,755 duine rannpáirteach iontu agus bhí 3,300 lá oiliúna i gceist leo. Seoladh scéim mheantóireachta don fhoireann sa Bhanc i mí na Samhna.

Cuireadh tacaíochtaí éagsúla ar fáil do na comhaltaí foirne sin ón mBanc a bheidh ag glacadh le deiseanna arna gcruthú le bunú an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM). Orthu sin, áirítear beartais go rachadh daoine ar iasacht agus beartais maidir le sosanna gairme, le hoiliúint teangacha agus ceardlanna gairme chun a chumasú do chomhaltaí foirne iarratas a dhéanamh ar ról arna bhfógairt sa Sásra Aonair Maoirseachta.

Rinneadh Iniúcháireacht Inscne chun tuiscint níos fearr a shealbhú ar rátaí rannpháirtíochta ban. Deimhníodh leis an iniúchadh seo gur mhná iad 49 faoin gcéad de na fostaithe ag leibhéal meánbhainistíochta nó níos airde agus sealbhaíonn 33 faoin gcéad díobh sin ról ardbhainistíochta (Leas-Cheannasí nó níos airde).

Tugadh chun críche tionscadal píolótach chun féidearthacht agus úsáid teaghlach post agus conairí gairme a fhiosrú agus bainfear leas as fionnachtana an tionscadail sin chun an tAthbhreithniú Oibríochtúil ar an mBanc in 2014 a fhoirimiú.

Leis an idirbheartaíocht a tugadh chun críche i mí na Nollag 2013 ar Chomhaontú Comhchoiteann foirmiúil ('Comhaontú Foster') leis an gceardchumann a dhéanann ionadaíocht do chomhaltaí foirne Gairmiúla agus Riaracháin, cumasaíodh don Bhanc agus dá fhoireann freastal ar a gcuid ceangaltas arna leagan síos don tseirbhís phoiblí sa Reachtáíocht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) a tháinig in éifeacht an 1 Iúil 2013. Déanfar cur chun feidhme an chomhaontaithe agus na n-athruithe gaolmhara ar na téarmaí agus coinníollacha oibre lena n-áirítear uaireanta oibre a leabú le linn 2014.

Bainistiú na bPróiseas Inmheánach agus na Nósanna Imeachta Inmheánacha

Punann Infheistíochta

Ag deireadh 2013, bhí sócmhainní arbh ionann a luach agus €19.5 billiún i bpunann infheistíochta an Bhainc. Is ionann an luach sin agus méadú €0.1 billiún ar an luach ag deireadh 2012 (€19.4 billiún). B'ionann an tuilleamh ó

phunanna infheistíochta an Bhainc in 2013 agus €430.0 milliún i gcomparáid le €552.7 milliún in 2012. B'ionann agus 2.25 faoin gcéad na fáiltais ar an bpunann infheistíochta in 2013 i gcomparáid le 3.06 faoin gcéad in 2012.

Lean margaí ioncaim sheasta de bheith faoi chois ag an timpeallacht toraidh ísil/dhiúltaigh, agus chonacthas méadú áirithe ar thorthaí bannaí ó lár na bliana ar aghaidh de réir mar a d'fheabhsaigh imthosca eacnamaíocha agus nuair a chuir na Stáit Aontaithe in iúl go raibh sé ar intinn acu roinnt dá mbearta eisceachtúla tacaíochta a laghdú de réir a chéile. De réir mar a laghdaigh luaineacht na margaí, chonacthas cobhsaíocht níos fearr i margaí bannaí an Eurochórais, rud a d'fhag go raibh na torthaí i margaí forimeallacha níos gaire do leibhéal na Gearmáine.

Rinne an Banc a phunann dhollar SA a leachtú go hiomlán in 2013 tar éis dó formhór na punainne a dhíol in 2011-2012 (b'ionann sealúchais dhollar SA ag deireadh 2012 agus €13.2m). Déantar bainistiú ar phunann infheistíochta an Bhainc i gcomhréir le teorainneacha arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún, ar teorainneacha iad a choimeádtar faoi athbhreithniú i gcónaí.

Tobhach Maoiniúcháin don Tionscal

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, thug an Banc athruithe éagsúla isteach in 2013 ar a mhodheolaíocht um ríomh tobhach agus ar phróisis ghaolmhara. An t-athrú ba shuntasá, bhain sé le tabhairt isteach próisis um ríomh tobhach atá ceaptha maoiniú chostais na rialála airgeadais ag eintitis rialáilte a ailíniú go dlúth le leithdháileadh acmhainní maoirseachta faoi PRISM.

Chuir an Banc in iúl freisin go raibh sé ar intinn aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

- » Féachaint le maoiniú arbh ionann agus 50 faoin gcéad den chostas a bhaineann le rialáil a dhéanamh ar earnáil na gcomhar creidmheasa a thabhairt isteach de réir a chéile thar thréimhse cúig bliana ó 2016-2020 tríd an teorainn reatha de 0.01 faoin gcéad de shócmhainní iomlána a ardú de réir a chéile

- » Táillí iarratas a thabhairt isteach
- » 100 faoin gcéad de phionóis airgeadaíochta a tharchur chuig an Státchiste.

Na Creataí um Fhaomhadh Beartais don Chaiteachas agus don Soláthar

I gCreat an Bhainc um Fhormheas Caiteachais, tugtar cur síos ar an rialachas faoina ndéantar na húdaráis formheasa d'infheistíocht agus do chaiteachas oibríochtúil a leagan amach. Déantar monatóireacht ar chaiteachais oibríochtúla agus infheistíochta an Bhainc agus tuairiscítear orthu don ardbhainistíocht ar bhonn míosúil agus ráithiúil i gcomhréir leis an gcreat sin.

Is iad príomhphrionsabail Bheartas Soláthair an Bhainc an luach is fearr ar airgead a bhaint amach fad a bheidh Treoracha uile AE agus dlíthe náisiúnta uile á gcomhlíonadh agus na rioscaí gaolmhara go léir á mbainistiú. Ag tacú leis an mbeartas seo, bainistíonn an Banc an próiseas soláthair ó cheann ceann lena n-áirítear bainistíocht aicme, córas tairiscintí iomaíocha, roghnú soláthróra, conraitheoireacht, bainistíocht caidreamh soláthróirí agus bainistíocht ordaithe ceannaigh.

Bainistíocht Riosca Oibríochtúil

Tá oibleagáid ar an mBanc a áirithiú go bhfuil creataí éifeachtúla bainistíochta riosca aige i leith rioscaí airgeadais ar chlár comhardaithe an Bhainc agus i leith rioscaí neamhairgeadais a eascraíonn as a chuid gníomhaíochtaí. Eascraíonn rioscaí airgeadais as punann infheistíochta an Bhainc agus as a chuid oibríochtaí caighdeánacha agus neamhcaighdeánacha chun leachtacht a sholáthar. Rioscaí neamhairgeadais, díríonn siad ar riosca oibríochtúil agus ar bhainistíocht leanúnachais gnó. Rannchuidíonn an Banc le forbairt beartais um bainistíocht riosca don Eurochóras trína rannpháirtíocht i gCoiste an Eurochórais um Bainistíocht Riosca.

In 2013, feabhsaíodh tuilleadh uirlisí an Bhainc chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí airgeadais. Ar na feabhsuite sin, áirítear samhlacha airgeadais a fheabhsú lena dtugtar léiriú níos iomláine ar neamhchosaintí an Bhainc ar riosca agus ar na maoláin ghaolmhara. Chomh maith leis sin, ghlac an Banc páirt i dtioncnaimh agus i meithlí bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais. I ndiaidh leachtú IBRC go luath in 2013, fuair an Banc punann de bhannaí Rialtas na hÉireann agus de bhannaí

na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistiú Sócmhainní (GNBS). Leantar de mhonatóireacht a dhéanamh ar na sealúchais i gcomhréir le creat bainistíochta riosca an Bhainc.

Rinneadh punann infheistíochta an Bhainc a bhainistiú i gcomhréir leis na teorainneacha arna bhforordú ag Coimisiún an Bhainc Ceannais chun riosca margaidh, creidmheasa agus leachtachta a rialú. Le linn 2013, rinneadh dhá mhórfheabhas ar na teorainneacha: ar an gcéad dul síos, cuireadh chun feidhme feabhas ar shamhail bainistíochta riosca creidmheasa chun riosca contrapháirtí a rialú; agus, ar an dara dul síos, tugadh isteach tagarmharc nua don phunann arna marcáil ón margadh. Ionchorpraítear sa tagarmharc nua, ualú OTI seachas a bheith ag brath go hiomlán ar an gcur chuige traidisiúnta caipitlithe margaidh dá chomhdhéanamh. Thairis sin, cuireadh tús le hathbhreithniú iomlánaíoch ar leithdháileadh sócmhainní in 2013, ina n-ionchorpraítear anailís fheabhsaithe chainníochtúil, chun an treoir straitéiseach don phunann infheistíochta a bhunú don mheántearma.

Rannchuidíonn an Banc le forbairt beartais comhthaobhachta trí pháirt a ghlacadh i gCoiste an Eurochórais um Bainistíocht Riosca agus ina chuid tascfhórsaí éagsúla agus cuireann sé i bhfeidhm an creat um bainistíocht riosca comhthaobhachta arna fhorbairt ag an Eurochóras. Le linn 2013, lean an Banc lena chuid iarrachtaí chun infhaighteacht leachtachta ag contrapháirtithe a mhéadú trí chur chun feidhme leanúnach an tionscnaimh um Éilimh Bhreise ar Chreidmheas (EBC). Mar chuid de chreat rialaithe riosca an Bhainc, rinneadh dícheall cuí ar gach comhthaobhacht EBC agus ar ionstraimí Fiachais le Taca Morgáistí Cónaithe.

Rinneadh an Creat feabhsaithe um Bainistíocht Riosca Eagraíochtúil a leabú le linn 2013. Tá trí ghné leathana ann: (i) próiseas bainistíochta riosca trí chlár um Fhéinmheasúnú Riosca agus Rialaithe agus trí thuairisciú ráithiúil ar phróifíl riosca an Bhainc don Bhord (ii) beartas agus próiseas um bainistíocht teagmhas mar aon le tuairisciú míosúil ar theagmhais nach mór a tharchur chuig an mBord; agus (iii) oiliúint fhairsing agus oideachas chun feasacht ar rioscaí agus cultúr na bainistíochta riosca a fheabhsú.

Ag féachaint do bhainistíocht leanúnachais gnó, b'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Bhainc agus ar

leordhóthanacht pleananna gaolmhara solúbthachta agus pleananna leanúnachais mar thoradh ar spleáchas méadaithe rannpháirtithe na hearnála airgeadais ar oibríochtaí an Bhainc chun leachtacht a sholáthar agus ar chastacht mhéadaitheach cheanglais oibríochtúla an bheartais airgeadaíochta. Sa chur chuige feabhsaithe maidir le rioscaí leanúnachais gnó a bhainistiú, áirítear feabhas ar phleananna teagmhasacha do rannáin rithábhachtacha; limistéar oibre malartacha intástála a fhorbairt; cumas níos leithne téarnaimh do chórais rithábhachtacha; agus méadú suntasach ar thástáil agus ar fheidhmiú.

Seirbhísí Dlí

I réimse na Rialála Airgeadais, díriodh ar obair an Bhainc i ndáil le gníomh a thionscnamh in aghaidh gnólachtaí a sháraigh ceanglais rialála agus ar dhlíthíocht i ndáil leis na gníomhartha sin (lena n-áirítear iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú aistrithe chun sócmhainní agus dlíteanais Chomhar Creidmheasa an Droichid Nua a aistriú chuig PTSB). Ar na mórtionscadail reachtaíochta, áiríodh achtú Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2013, achtú an Achta um Thuairisciú Creidmheasa 2013 agus cur chun feidhme agus tosach feidhme an Achta um Chomhair Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche 2012. Caitheadh acmhainní suntasacha ar thionscnaimh Eorpacha dlí amháin an Sásra Maoirseachta Aonair, Sócmhainneacht II, trasuíomh na Treorach maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha, trasuíomh na Treorach um Riachtanais Chaipitil IV agus athbhreithniú CAI ar an 'Tuarascáil ar Chomhlíonadh Caighdeán agus Cód' agus tuarascáil IOSCO.

I réimse na Baincéireachta Ceannais agus na nOibríochtaí, tugadh comhairle i leith mórtionscadail éagsúil lena n-áirítear áitreabh nua don Bhanc, córas nua bainistíochta comhthaobhachta a fhorbairt agus socrúithe nua conarthacha a chomhaontú agus a dhéanamh le córas socraíochta urrús, ar córas é a oibreoidh mar 'chóras coimhdeach' i TARGET2. Ina theannta sin, cuireadh bearta chun feidhme lena cuireadh san áireamh an leathnú ar raon na comhthaobhachta is incháilithe d'oibríochtaí Eurochórais chun go bhforálfaí d'éilimh bhreise creidmheasa (lena n-áirítear Nótaí Gealltanais Speisialta le taca Morgáistí (SMBPNanna)) agus rinneadh athbhreithnithe ar chomhthiomsú morgáistí cónaitheacha lena dtacaítear le SMBPNanna.

Leasaíodh doiciméid an Bhainc a bhaineann le hionstraimí agus nósanna imeachta beartas airgeadaíochta chun go gcuirfí san áireamh na treoirlínte iomchuí de chuid an BCE agus rinneadh measúnuithe dlíthiúla ar chomhlíonadh chritéir inchailitheachta an Eurochórais ag urrús de bhun sócmhainní.

Bunaíodh an Fheidhm um Chomhlíonadh Dlí in 2013 chun comhordú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí an Bhainc maidir le nochtadh. Folóidh sé seo oibleagáidí faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise a mbeidh feidhm aici maidir leis an mBanc in 2014, fiosrúchán baincéireachta an Oireachtais a gcuirfear tús leis in 2014, imeachtaí dlí a bhfuil an Banc mar pháirtí iontu agus iarratais um chosaint sonraí. Chomh maith leis sin, tugann an Fheidhm um Chomhlíonadh Dlí tacaíocht dhlíthiúil d'fheidhmeanna cinnteoireachta an Bhainc, lena n-áirítear i dtaca le deonú/díúltú údaruith le haghaidh soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais.

Bainistíocht Saoráidí

Tá ceithre áitreabh ag an mBanc i mBaile Átha Cliath - trí cinn i lár na cathrach agus ceann amháin in Áth an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath. Le linn na bliana, lean an Banc dá áitribh a chothabháil agus de sheirbhísí saoráide a sholáthar don fhoireann, do chonraitheoirí agus do chuairteoirí chuig an mBanc. An oifig phoiblí inar féidir nótaí bainc agus monaí a mhalartú agus boinn inbhailithe a cheannach, rinneadh í sin a athlonnú san áitreabh ar Shráid an Dáma chun go mbeadh fáil níos éasca ag an bpobal uirthi agus chun spás níos iomchuí a chruthú.

Tugadh faoi dhá mhórtairiscint: deonaíodh tairiscint lónadóireachta; agus tugadh cuireadh chun tairisceana le haghaidh soláthraí seirbhíse 'Bainistíochta Saoráidí Iomlána'.

Bainistíocht Tionscadal

In 2013, leanadh leis an obair chun an dea-chleachtas sa Bhainistíocht Tionscadal agus sa mhaoriseacht a leabú ar fud an Bhainc. B'airde ná 90 faoin gcéad an leibhéal comhlíontachta don bhliain agus, leis an leibhéal dea-chleachtais seo sa Bhainistíocht Tionscadal, cuirtear le sprioc straitéiseach an Bhainc chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochtúil a uasmhéadú. Le linn na bliana, thacaigh acmhainní an Bhainc go mór le mórtionscadail éagsúla gnó atá faoi lán seoil sa Bhanc lena n-áirítear an Clár um Idirbhearta Rialála. Leis an taithí oibríochtúil seo, cuireadh ionchur luachmhar ar fáil i ndáil le forbairt

Bosca 13 – Banc Ceannais na hÉireann: Ceanncheathrú Nua

Cuireadh chun cinn an clár chun an fhoireann a athlonnú ó na trí shuíomh i lár na cathrach go dtí suíomh lárnach amháin agus cheannaigh an Banc suíomh ag Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath, dá cheanncheathrú nua.

I mí Feabhra 2013, chuir an Banc bailchríoch ar shealbhú an fhoirgnimh nua agus chuir sé socruithe éagsúla teorann agus slándála chun feidhme ar an suíomh. Ceapadh Suirbhéirí Cainníochta, Innealtóirí Sábháilteachta ó Dhóiteán agus sainchomhairleoirí deartha Fuaime agus Lónadóireachta chuig an bhfoireann um dhearadh tógála.

Le linn 2013, tugadh chun críche an chéim um Dhearadh Féidearthachta de chlár an fhoirgnimh nua lenar áiríodh rannpháirtíocht leis na comhaltaí foirne, leis na húdaráis reachtúla agus le páirtithe leasmhara eile chun a chumasú don fhoireann dearadh ardleibhéil an fhoirgnimh a mholadh. Comhaontaíodh an Tuairisc ar an gCéim Féidearthachta i Meán Fómhair 2013.

Le linn na bliana, tugadh chun críche an chéim Deartha Scéime den chlár. Sa chéim seo, folaíodh comhairliúchán fairsing le húdaráis pleanála agus dul chun cinn breise ar phleananna, ar chodanna agus ar airdí an fhoirgnimh ag Cé an Phoirt Thuaidh ag díriú ar dhearadh na haghaidhe agus an limistéir phoiblí agus ar athbhreithnithe ar Phlean Urláir agus ar Phlean Láir an fhoirgnimh.

I mí Eanáir in 2014, chuir an Banc iarratas isteach ar leasú ar an gCeadú Pleanála don fhoirgneamh chun go bhféadfaidh an Banc a chuid spriocanna maidir le hinmharthanacht a bhaint amach, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an leagan amach inmheánach a d'fhreastalódh ar cheanglais an Bhainc agus chun gné sheachtrach den fhoirgneamh a fhorbairt a chuirfidh le carachtar ailtireachta na cathrach.



Ceanncheathrú nua an Bhainc, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1.

Modheolaíochta um Bainistíocht Tionscadal a bhfuil sé ar intinn ag an mBanc a thabhairt isteach mar chaighdeán eagraíochtúil in 2014.

Bronnadh Caighdeán ISO 21500 sa Bhainistíocht Tionscadal ar an mBanc i R 2014 agus ba é an Banc an chéad eagraíocht ón earnáil phoiblí agus an chéad BCN a deimhníodh amhlaidh.

Bainistíocht na Teicneolaíochta Faisnéise

In 2013, leanadh leis an dul chun cinn ar Ailtireacht Fiontair agus ullmhaíodh pleananna mionsonraithe d'fheidhmchláir TF agus don teicneolaíocht. Le linn na bliana, sainmhíníodh Straitéis d'Idirbhearta Rialála inar cuireadh in iúl ailtireacht nua córas agus creat nua teicneolaíochta agus cuireadh tús leis an gcur chun feidhme go luath in 2014. Forbraíodh cumas feabhsaithe freisin chun tuairisceáin a

phróiseáil agus a tharchur d'fhonn tacú le cur chun feidhme tuairisceáin TRC IV do bhainc agus d'infheistíochtaí mar a cheanglaíonn an ÚBE. Forbraíodh pleananna le linn 2013 chun córas bainistíochta comhthaobhachta an Bhainc mar aon lena ardáin TF d'oibríochtaí margaidh a athsholáthar; cuirfear tús le cur chun feidhme na gcóras nua agus leis an aistriú chuig an gcóras nua sa chéad leath de 2014. Tá aistriú an bhonneagair theicniúil a bhaineann le freastalaithe chuig sain-lárionad sonraí nach mór críochnaithe ag an mBanc agus cuirfear an bhailchríoch air seo i R1 2014. Leis seo, cuirfear bonneagar TF slán ar fáil mar aon le cumas athshlánaithe ó thubaiste. Le linn 2013, cuireadh tús le clár oibre chun príomh-bhonneagar TF de chuid an Bhainc a fheabhsú agus a chothabháil agus tá an clár sin ailínithe le tacaíocht TF atá ag teastáil do chlár an Bhainc don fhoirgneamh nua.

Bosca 14 – Nuashonrú ar an Straitéis um Idirbhearta Rialála – 2013

I bPlean Straitéiseach Bhanc Ceannais na hÉireann 2013-2015 (Sprioc Ardleibhéil 8 Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Cost-Éifeachtacht), leagtar amach an sprioc chun an Straitéis um Idirbhearta Rialála a chur chun feidhme chun na gcríoch seo a leanas:

- » Éifeachtúlacht agus éifeachtacht próiseas rialála a fheabhsú
- » Cáilíocht faisnéise rialála a fheabhsú
- » Cáilíocht seirbhíse a fheabhsú

Chuir an Banc tús le clár um atheagrú agus um uathobairí próiseas atá ceaptha feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar chost-éifeachtacht i ndáil le príomh-phróisis maoirseachta. Leis an gclár seo, rinneadh an fhreagracht maidir le tuairisciú ar líne agus maidir le próiseáil iarratas ar fheidhmeanna rialaithe réamhcheadaitheacha (oiriúnacht agus ionracas) a lárnú.

Sa chéad chéim eile den chlár oibre seo, déanfar na próisis do ghnóilachtaí ísealtionchair a shruthlíniú agus a uathobairí tuilleadh. Ar na próisis sin, áirítear:

- » Údarú Eintitis/Athnuachan ar Údarú Eintitis
- » Pasáil isteach chuig dlínsí Eorpacha eile agus pasáil amach uathu.
- » Idirbhearta fála
- » Athruithe Riaracháin
- » Cúlghairmeacha Saorálacha

Is é cur chuige an Bhainc éifeachtúlacht oibríochtúil agus rialú costas a fheabhsú gan leibhéal an ghrinnscrúdaithe is gá faoina chuspóirí reachtúla a laghdú.

Cuireadh tús leis an obair chun teacht ar réiteach lena bhfeabhsófaí éifeachtúlacht agus éifeachtacht na bpróiseas údaraithe d'Idirghabhálaithe Cistí agus Miondíola in 2014 trí Thairseach Ar Líne a chur ar fáil lena gcumasófaí do Sholáthraithe Rialáilte Seirbhíse Airgeadais faisnéis a mhalartú go sábháilte leis an mBanc lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le húdairithe.

Leis an Scéim um Idirbhearta Rialála, déanfar na próisis nua ar líne seo a chur ar fáil in 2014:

- » Ráithe 2 2014 - Cistí Infheistíochta Malartaí de chuid Infheisteora Cháilithigh a Údarú
- » Ráithe 3 2014 - Cistí, Soláthraithe Seirbhíse Ciste agus Idirghabhálaithe Miondíola a Údarú

Cumarsáid Sheachtrach

Le linn 2013, próiseáladh 1,459 ceist ó na meáin, ó na meáin intíre agus idirnáisiúnta araon. Bhain na ceisteanna seo le saincheisteanna maoirseachta, airgeadais agus eacnamaíocha agus le ról an Bhainc. Lean an Banc dá rannpháirtíocht leis na meáin trí óráidí, eisiúintí meán agus ráitis a fhoilsiú go rialta agus tugadh roinnt agallamh do na meáin agus roinnt seisiún faisnéise don phreas. Ina theannta sin, thug an Banc freagraí ar 491 ceist pharlaiminteach tríd an Roinn Airgeadais, ba dhúbailt é sin ar an bhfigiúr do 2012. Fuarthas 8,965 teagmháil dhíreach ón bpobal le linn na bliana.



Ba é an tOllamh Harold James, Ollscoil Princeton, a thug Leacht Whitaker 2013. Cuireadh tús leis na léachtaí seo in 2004 in onóir don Dr. T.K. Whitaker a bhí ina Ghobharnóir ar an mBanc ó 1969-1976.

Na Meáin Shóisialta

Mhéadaigh an Banc a láithreacht ar na meáin shóisialta i mí Iúil 2013 nuair a sheol sé seirbhís nuachta agus faisnéise ar an láithreán líonraithe shóisialta, Twitter. Lean an Banc lena láithreacht ar Facebook freisin chun an comórtas Gluain an Euro - Duais na nDaltaí a chur chun cinn mar aon le tionscnaimh eile do scoileanna.



Seirbhís nuachta agus faisnéise an Bhainc ar Twitter.

Gluain an Euro

Cuireadh Gluain an Euro-Duais na nDaltaí ar bun don dara huair in 2013. Sa chomórtas náisiúnta seo, iarrtar ar dhaltaí idirbhliana ról Chomhairle Rialaithe an BCE a ghlacadh chucu féin chun an ráta úis a chinneadh don limistéar euro. Tá trí bhabhta i gceist leis lena n-áirítear tráth na gceist ar líne, grúpthasc agus an Babhta Ceannais Náisiúnta ina n-iarrtar ar na foirne cur i láthair a dhéanamh do phainéal sinsearach sa Bhanc. Chuir os cionn 260 scoil ar fud na hÉireann isteach ar an gcomórtas agus ainmníodh daltaí ó Choláiste Mhuire Cois Abhainn mar na Buaiteoirí Náisiúnta do 2013. Thaistil na buaiteoirí náisiúnta, i dteannta leis na buaiteoirí ó na tíortha rannpháirteacha eile sa limistéar euro, chuig an BCE i mí Aibreáin 2013 chun casadh ar Uachtarán an BCE Mario Draghi. Ar leith uaidh sin, thug roinnt scoileanna cuairt ar an mBanc le linn na bliana agus seoladh mír nua oideachais maidir le scoileanna ar shuíomh gréasáin an Bhainc.



Coláiste Mhuire Cois Abhainn – Buaiteoirí Náisiúnta Dhuais na nDaltaí, Gluain an Euro.

Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Banc lonnaithe i gceithre shuíomh éagsúla. Bíonn formhór na foirne (tuairim is 86 faoin gcéad) ag gabháil do ghníomhaíochtaí oifige sna suíomhanna i lár na cathrach agus bíonn an chuid eile den fhoireann ag gabháil do ghníomhaíochtaí déantúsaíochta sa Lárionad Airgeadra. Tá beartais iomchuí sláinte agus sábháilteachta, comhshaoil agus fuinnimh i bhfeidhm a bhfuil córais bainistíochta cothrom le dáta mar bhuntaca leo.

Le hathbheithnithe ráithiúla sláinte agus sábháilteachta sna rannáin, leantar d'fheasacht sláinte, sábháilteachta agus chomhshaoil a fhorbairt agus de chomhlíonadh sna réimsí sin a áirithiú agus b'ionann comhlíonadh foriomlán na rannán agus 96.4 faoin gcéad faoi dheireadh 2013. In 2013, leagadh béim mhór ar nósanna imeachta agus próisis rialaithe conraitheora de chuid an Bhainc a fheabhsú.

Fuair an Banc pas le gradam ó Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann i leith na gcóras agus nósanna imeachta a léirigh sé i mbainistíocht sláinte agus sábháilteachta sna ceithre shuíomh dá chuid agus bronnadh dámhachtain náisiúnta ar an mBanc ag Dámhachtainí Bliantúla Sábháilteachta Gairmiúla de chuid Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann, arna seoladh don 22ra huair i mí Dheireadh Fómhair 2013.

Úsáid Fuinnimh

Folaítear ráiteas bliantúil an Bhainc maidir le húsáid fuinnimh in Aguisín 2 a ghabhann leis an gCaibidil seo.

Foscúbhinn 1: Ceanglais na hÉireann maidir leis an Earnáil Airgeadais faoi Chlár Seachtrach AE-CAI um Thacaíocht Airgeadais

Is é is aidhm do Chlár AE-CAI (an Clár) fiúntas chreidmheas ceannasach na hÉireann a chur ar ais ar bhonn fóna faoi dheireadh na bliana 2013. Is iad príomhchuspóirí an Chláir rath chóras baincéireachta na tíre a athbhunú, poist a chruthú, fás eacnamaíoch a athspreagadh agus an t-airgeadas poiblí a chur ar chonair inbhuanaithe arís. Faoi théarmaí comhaontaithe an Chláir, tá Éire tiomanta do na bearta riachtanacha a ghlacadh de lámh chun go mbainfí amach athchaipitliú, ísliú méide agus atheagrú an chórais baincéireachta. Liostaítear thíos na príomhghnéithe arna mbaint amach ag an mBanc faoin gclár anuas go dtí deireadh 2013, lena n-áirítear tagarmharcanna struchtúracha.

Gníomhartha arna dtabhairt chun críche faoi dheireadh R1 2013			
Uimh.	Réimse	Gníomh/Beart	Mí
1	Measúnú Caipitil	Chuir an Banc athbhreithniú ar na forbairtí i mbainc AMSC i gcomparáid le AMSC 2011 faoi bhráid na bPáirtithe Seachtracha. Foilsíodh torthaí foriomlána na hoibre seo i Márta 2013. Rinne an Banc mionsonraí sonracha an athbhreithnithe a chomhaontú leis na Páirtithe Seachtracha.	Feabhra-13
2	Díghiaráil	Rinne an Banc measúnú, i gcomhar leis na Páirtithe Seachtracha, ar dhíghiaráil na mbanc bunaithe ar na spriocanna ainmniúla reatha maidir le diúscairt agus laghdú mhéid na sócmhainní nach croí-shócmhainní iad i gcomhréir leis an gClár um Bearta Airgeadais 2011.	Márta-13
3	Monatóireacht ar Mhaoiniú agus ar Leachtacht	Chuir an Banc measúnú faoi bhráid na bPáirtithe Seachtracha maidir le dul chun cinn na mbanc i dtreo cheanglais ábhartha Basel III agus úsáid á baint aige as an ardchreat monatóireachta.	Márta-13
4	Cáilíocht Sócmhainní	Thug an Banc measúnú do na páirtithe seachtracha ar fheidhmíocht na mbanc i dtaca le hoibriú amach a gcuid punann neamhthuillmheach morgáiste agus punann FBM i gcomhréir leis na táscairí tábhachtacha feidhmíochta a comhaontaíodh. Rinne an Banc monatóireacht ar fheidhmíocht bhainc uile PCAR i gcoibhneas le táscairí tábhachtacha feidhmíochta i ndáil le dul chun cinn ar iasachtaí trioblóideacha a réiteach.	Márta-13
5	Cáilíocht Sócmhainní	D'fhoilsigh an Banc sonraí tuairiscithe na mbanc maidir le modhnuithe iasachtaí chun go bhféadfaí anailís a dhéanamh ar éifeachtacht chur chuige malartach réiteach i dtaca le feidhmíocht fiach-sheirbhíse a fheabhsú.	Márta-13
6	Cáilíocht Sócmhainní	Bhunaigh an Banc sprioc phoiblí lena gceanglaítear ar na príomhbhainc morgáiste socruithe inmharthana um athstruchtúráil a thairiscint i leith cion mhóir de na hiasachtaí trioblóideacha morgáiste le linn 2013. (Tagarmharc Struchtúrach)	Márta-13
7	Maoirseacht Airgeadais	Thug an Banc tuairisc chuimsitheach ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme a phlean gníomhaíochta chun an mhaoirseacht ar institiúidí creidmheasa a neartú.	Márta-13

	Réimse	Gníomh/Beart	Mí
8	Maoirseacht Airgeadais	Thuaiscigh an Banc ar dhul chun cinn na mbanc maidir le cur chun feidhme straitéisí chun dul i ngleic le riaráistí iasachtaí agus fiacha neamh-inbhuanaithe i bpunanna morgáiste agus i bpunanna iasachtaí FBM de chuid na mbanc.	Márta-13
9	Maoirseacht Airgeadais	Bhí rannpháirtíocht ag an mBanc le gach banc chun soláthar stuamachta iomchuí a áirithiú lena n-áirítear ar ionchur lárnach amhail rátaí leighis a mheas i ndáil le hiasachtaí tuillmheacha, le hiasachtaí staonta agus le hiasachtaí modhnaithe chun a áirithiú gurbh ionann na leighis sin agus modhnuithe inmharthana.	Márta-13
10	Maoirseacht Airgeadais	I ndiaidh na n-athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht samhla ina ndearnadh measúnú ar réamhaisnéisiú na mbanc maidir le ríomhaireachtaí sócmhainní riosca-ualaithe agus i ndiaidh na tástála struis roimh AMSC 2013, thuaiscigh an Banc do na Páirtithe Seachtracha maidir leis an dul chun cinn ar chur chun feidhme na bhfionnachtana ó phróiseas an athbhreithnithe ar chaipiteal rialála creidmheasa agus ar ghníomhaíochtaí sonracha maolaitheacha arna gcur in iúl do na bainc. (Tagarmharc Struchtúrach)	Márta-13
11	Maoirseacht Airgeadais	Maoirseacht Baincéireachta agus Rialáil Urrús: Thug an Banc faoi fhéin-mheasúnú inmheánach ar chomhlíonadh Chroíphrionsabail Basel (BCP) chun críocha na Maoirseachta Éifeachtaí ar Bhaincéireacht ag Éirinn. D'iarr an Banc measúnú seachtrach BCP d'fhonn é a chríochnú faoi dheireadh-Nollag 2013.	Márta-13
Gníomhartha arna dtabhairt chun críche faoi dheireadh R2 2013			
	Réimse	Gníomh/Beart	Mí
12	Cáilíocht Sócmhainní	I gcomhar leis na Páirtithe Seachtracha, rinne an Banc nuashonrú, i gcás inar chuí sin, ar na Treoirínte maidir le Soláthar do Lagú agus Nochtadh Faisnéise 2011 faoi dheireadh-Bhealtaine 2013. (Tagarmharc Struchtúrach)	Bealtaine-13
13	Measúnú Caipitil	Thuaiscigh an Banc do na Páirtithe Seachtracha maidir le héabhlóid caipitil rialála i mbainc AMSC anuas go dtí deireadh mhí na Nollag 2012.	Bealtaine-13
14	Cáilíocht Sócmhainní	D'eisigh an Banc treoir do na hinstiúidí creidmheasa maidir le sainmhíniú socraithe inmharthana um athstruchtúrú.	Meith-13
15	Monatóireacht ar Mhaoiniú agus ar Leachtacht	Chuir an Banc measúnú faoi bhráid na bPáirtithe Seachtracha maidir le dul chun cinn na mbanc i dtreo cheanglais ábhartha Basel III agus úsáid á baint aige as an ardchreat monatóireachta.	Meith-13
16	Cáilíocht Sócmhainní	D'fhoilsigh an Banc sonraí tuairiscithe na mbanc maidir le modhnuithe iasachtaí, lena n-áirítear athmhainneachtain iasachtaí modhnaithe a íoc, chun go bhféadfaí anailís a dhéanamh ar éifeachtacht cur chuige malartach réiteach i dtaca le feidhmíocht fiach-sheirbhíse a fheabhsú.	Meith-13

Gníomhartha arna dtabhairt chun críche faoi dheireadh R2 2013			
Uimh.	Réimse	Gníomh/Beart	Mí
17	Cáilíocht Sócmhainní	D'fhoilsigh an Banc sonraí tuairiscithe na mbanc maidir le modhnuithe iasachtaí, lena n-áirítear athmhainneachtain iasachtaí modhnaithe a íoc, chun go bhféadfaí anailís a dhéanamh ar éifeachtacht cur chuige malartach réiteach i dtaca le feidhmíocht fiach-sheirbhíse a fheabhsú.	Meith-13
18	Cáilíocht Sócmhainní	Mhol an Banc sprioc phoiblí lena gceanglófaí ar na príomhbhainc morgáiste socruithe inmharthana um athstruchtúrú a thabhairt chun críche i leith cion mhóir de na hiasachtaí trioblóideacha morgáiste le linn 2013.	Meith-13
19	Cáilíocht Sócmhainní	Thug an Banc athbhreithniú chun críche ar an gCód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM) agus d'fhoilsigh sé Cód athbhreithnithe agus é á chinntiú, ag an am céanna, go gcothabhálfaí dreasachtaí cothromaithe agus inmharthanacht féichiúnaithe.	Meith-13
20	Maoirseacht Airgeadais	Thug an Banc tuairisc chuimsitheach ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta chun an mhairseacht ar institiúidí creidmheasa a neartú.	Meith-13
21	Maoirseacht Airgeadais	Thuairiscigh an Banc ar dhul chun cinn na mbanc maidir le cur chun feidhme straitéisí chun dul i ngleic le riaráistí iasachtaí agus fiacha neamh-inbhuanaithe i bpunanna morgáiste agus i bpunanna iasachtaí FBM de chuid na mbanc.	Meith-13
22	Maoirseacht Airgeadais	Rinne an Banc athbhreithniú ar chur chun feidhme Threoirlínte an Bhainc Ceannais maidir le Soláthar do Lagú agus Nochtadh Faisnéise 2011 ag na Bainc Chumhdaithe faoi threoir na ráiteas airgeadais foilsithe ag deireadh 2012.	Meith-13
23	Maoirseacht Airgeadais	Mar bhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh chun dul i ngleic le riaráistí morgáiste, d'ullmhaigh na húdaráis athbhreithniú cuimsitheach. (Tagarmharc Struchtúrach)	Meith-13
24	Maoirseacht Airgeadais	Thuairiscigh an Banc ar na roghanna éagsúla ar breathnaíodh orthu chun costas maoinithe phunanna morgáistí rianúcháin na mbanc a íslú.	Meith-13
Gníomhartha arna dtabhairt chun críche faoi dheireadh R3 2013			
25	Measúnú Caipitil	Agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le forbairt mhodheolaíocht ábhartha SMA á chur san áireamh, chomhaontaigh an Banc gnéithe modheolaíochta eile den athbhreithniú ar cháilíocht sócmhainní leis na Páirtithe Seachtracha ar bhonn caillteanais thabhaithe.	Iúil-13
26	Measúnú Caipitil	I gcás an mheasúnaithe ar chlár chomhardaithe, chomhaontaigh an Banc an méid seo a leanas leis na Páirtithe Seachtracha: (i) go rannchuideodh tríú páirtithe neamhspleácha le cur chun feidhme an bhirt lena n-áirítear trí athbhreithnithe ar an láthair ar chomhaid iasachta agus (ii) an beart a bhailíochtú.	Iúil-13

27	Measúnú Caipitil	Chomhaontaigh an Banc treochlár mionsonraithe leis na Páirtithe Seachtracha i ndáil le tabhairt chun críche an bhirt ina sonraítear rannpháirtíocht rialta leis na Páirtithe Seachtracha ar bhonn leanúnach maidir le dul chun cinn, modheolaíocht, ionchur, aschur agus fionnachtana.	Lúil-13
28	Cáilíocht Sócmhainní	Ar bhonn comhairliúcháin leis na Páirtithe Seachtracha, d'fhoilsigh an Banc sprioc chun réitigh inmharthana a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2013 i ndáil le 15 faoin gcéad ar a laghad d'iasachtaí morgáiste atá i riaráiste ar feadh tréimhse is faide ná 90 lá, rud a bheidh i gcomhréir, tríd is tríd, le réitigh inmharthana a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2014 (gníomh roimhe seo). D'fhógair an Banc sprioc 70 faoin gcéad i leith réiteach beartaithe agus sprioc 25% ar a laghad i leith réiteach críochnaithe do R1 2014.	Lár-MF 2013
29	Measúnú Caipitil	Rinne an Banc comhaontú leis na Páirtithe Seachtracha go dtástálfaí Paraiméadair do sholáthar tagarmharcála.	MF-13
30	Díghiaráil	Rinne na húdaráis measúnú, i gcomhar leis na Páirtithe Seachtracha, ar dhíghiaráil na mbanc bunaithe ar na spriocanna ainmniúla reatha maidir le diúscairt agus laghdú mhéid na sócmhainní nach croi-shócmhainní iad i gcomhréir le Bearta Airgeadais 2011.	MF-13
31	Monatóireacht ar Mhaoiniú agus ar Leachtacht	Chuir an Banc measúnú faoi bhráid na bPáirtithe Seachtracha maidir le dul chun cinn na mbanc i dtreo cheanglais ábhartha Basel III agus úsáid á baint aige as an ardchreat monatóireachta.	MF-13
32	Brabúsacht	Rinne an Banc anailís réamhbhreathnaitheach ar an mbrabús oibríochtúil do gach ceann de bhainc AMSC, lena n-áirítear anailís íogaireachta i ndáil le costais maoinithe, go dtí deireadh 2015. (Tagarmharc Struchtúrach)	MF-13
33	Brabúsacht	Thuairiscigh an Banc ar na roghanna éagsúla ar breathnaíodh orthu chun costais maoinithe phunanna morgáistí rianúcháin na mbanc a íslíú.	MF-13
34	Cáilíocht Sócmhainní	(i) Thug an Banc measúnú do na páirtithe seachtracha ar fheidhmíocht na mbanc i dtaca le hoibriú amach a gcuid punann neamhthuillmheach morgáiste agus punann FBM i gcomhréir leis na táscairí tábhachtacha feidhmíochta a comhaontaíodh. (ii) Rinne an Banc monatóireacht ar fheidhmíocht bhainc uile AMSC i gcoibhneas le táscairí tábhachtacha feidhmíochta maidir le dul chun cinn ar iasachtaí trioblóideacha a réiteach agus i gcoibhneas le spriocanna sonracha bainc maidir le hathbheithniú a dhéanamh ar chásanna nua riaráistí agus ar chásanna leithleacha reatha riaráistí.	MF-13
35	Cáilíocht Sócmhainní	D'fhoilsigh an Banc sonraí tuairiscithe na mbanc maidir le modhnuithe iasachtaí, lena n-áirítear athmhainneachtain iasachtaí modhnaithe a íoc, chun go bhféadfaí anailís a dhéanamh ar éifeachtacht cur chuige malartach réiteach i dtaca le feidhmíocht fiach-sheirbhíse a fheabhsú.	MF-13
36	Maoirseacht Airgeadais	D'eisigh Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa treoir nua maoirsesachta do na comhair chreidmheasa maidir le ceanglais nua atá san Acht um Chomhair Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche 2012, lena n-áirítear rialachas, iniúchóireacht inmheánach, riosca oibríochtúil, seachfhoinsiú agus planáil straitéiseach.	MF-13

37	Maoirseacht Airgeadais	Chuir an Banc tuarascáil chuimsitheach i láthair ar an dul chun cinn atá déanta ar chur chun feidhme a phlean gníomhaíochta chun an mhaoirseacht ar institiúidí creidmheasa a neartú agus phléigh sé an tuarascáil sin leis na Páirtithe Seachtracha.	MF-13
38	Maoirseacht Airgeadais	Thuairiscigh an Banc ar dhul chun cinn na mbanc maidir le cur chun feidhme straitéisí chun dul i ngleic le riaráistí iasachtaí agus fiacha neamh-inbhuanaithe i bpunanna morgáiste agus i bpunanna iasachtaí FBM de chuid na mbanc.	MF-13
Gníomhartha arna dtabhairt chun críche faoi dheireadh R4 2013			
39	Measúnú Caipitil	D'ullmhaigh an Banc réamh-mheasúnú ar chlár chomhardaithe bhainc AMSC faoi dheireadh Dheireadh Fómhair. (Tagarmharc Struchtúrach)	DF-13
40	Measúnú Caipitil	Rinne an Banc anailís ar chaipiteal incháilithe reatha rialála faoi Basel III/CRD IV faoi dheireadh Dheireadh Fómhair.	DF-13
41	Cáilíocht Sócmhainní	Thuairiscigh an Banc do na Páirtithe Seachtracha faoi mhí na Samhna maidir le líon agus cineál na réiteach morgáiste arna moladh i R3 le réamh-mheasúnú ar shaincheisteanna inmharthanachta.	Luath-Shamhain
42	Cáilíocht Sócmhainní	Thuairiscigh an Banc ar thoradh na hiniúcháireachta ar na réitigh morgáiste arna moladh ag na bainc do R2, agus áiríodh sa tuairisc sin measúnú ar inmharthanacht na réiteach arna moladh ag na bainc.	Lár-Shamhain
43	Measúnú Caipitil	Cuireadh críoch ar an measúnú ar an gclár comhardaithe agus cuireadh na torthaí <i>pro forma</i> in iúl do na bainc.	Samhain-13
44	Díghiaráil	D'eisigh na húdaráis tuarascáil deiridh maidir le dul chun cinn na mbanc i leith chur chun feidhme a gcuid pleananna díghiarála faoi AMSL 2011.	Samhain-13
45	Maoirseacht Airgeadais	D'ullmhaigh na húdaráis tuarascáil chuimsitheach deiridh maidir leis na céimeanna atá fágtha i ndáil le cur chun feidhme iomlán, tráthúil an Phríomh-Chláir Creidmheasa	Samhain-13
46	Cáilíocht Sócmhainní	Cheap an Banc córas d'iasachtóirí maidir le himeachtaí dlí a thuairisciú chun go bhféadfar dul chun cinn a áirithiú i dtreo réitigh inmharthana a bhaint amach.	Samhain-13
47	Cáilíocht Sócmhainní	Ceanglóidh an Banc ar iasachtóirí straitéis a bheith i bhfeidhm acu chun dul i ngleic le haon ghannchion ionchasach de thoradh athshealbhú an áitribh.	Samhain-13
48	Monatóireacht ar Mhaoiniú agus ar Leachtacht	Chuir an Banc measúnú mionsonraithe faoi bhráid na bPáirtithe Seachtracha maidir le dul chun cinn na mbanc i dtreo leachtacht agus riachtanais maoinithe Basel III agus úsáid á baint aige as an ardchreat monatóireacht, mar aon le tuarascáil deiridh maidir leis an dul chun cinn i dtreo leachtacht agus riachtanais maoinithe Basel III a chomhlíonadh faoi na dátaí ábhartha.	Samhain-13

49	Cáilíocht Sócmhainní	D'fhoilsigh an Banc sonraí tuairiscithe na mbanc maidir le modhnuithe iasachtaí, lena n-áirítear athmhainneachtain iasachtaí modhnaithe a íoc, chun go bhféadfaí anailís a dhéanamh ar éifeachtacht chur chuige malartach réiteach i dtaca le feidhmíocht fiach-sheirbhíse a fheabhsú.	Nollaig-13
50	Cáilíocht Sócmhainní	D'fhógair an Banc spriocanna R2 2014 do na príomhbhainc morgáiste chun réitigh um athstruchtúru iasachtaí morgáiste atá i riaráiste ar feadh tréimhse is faide ná 90 lá a mholadh agus a thabhairt chun críche.	Nollaig-13
51	Cáilíocht Sócmhainní	Chuir an Banc measúnú faoi bhráid na bpáirtithe seachtracha ar fheidhmíocht na mbanc i dtaca le hoibriú amach a gcuid punann neamhthuillmheach morgáiste agus punann FBM i gcomhréir leis na táscairí tábhachtacha feidhmíochta a comhaontaíodh. Rinne an Banc monatóireacht freisin ar fheidhmíocht bhainc uile AMSC i gcoibhneas le táscairí tábhachtacha feidhmíochta maidir le dul chun cinn ar iasachtaí trioblóideacha a réiteach agus i gcoibhneas le spriocanna sonracha bainc maidir le hathbheithniú a dhéanamh ar chásanna nua riaráistí agus ar chásanna leithleacha reatha riaráistí.	Nollaig-13
52	Maoirseacht Airgeadais	Chuir an Banc tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach i láthair ar an dul chun cinn atá déanta ar chur chun feidhme a phlean gníomhaíochta chun an mhaoirseacht ar institiúidí creidmheasa a neartú agus phléigh sé an tuarascáil sin leis na Páirtithe Seachtracha.	Nollaig-13
53	Maoirseacht Airgeadais	Rinne an Banc féinmheasúnú faoin Rialachán um Chuspóirí agus Phrionsabail de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrúis agus d'iarr sé measúnú seachtrach ón CAI a tugadh chun críche faoi dheireadh mhí na Nollag 2013. Rinne an Banc measúnú BCP freisin agus d'iarr sé measúnú seachtrach ón CAI a tugadh chun críche faoi dheireadh mhí na Nollag 2013.	Nollaig-13

Foscúbhinn 2

Forbairtí Fuinnimh, Sábháilteachta agus Comhshaoil

Gníomhartha a rinneadh in 2013

Thug an Banc faoi raon tionscnamh chun a fheidhmíocht fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil a fheabhsú in 2013, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- » Oibreacha ar uasghrádú soilsithe sna háitribh in Áth an Ghainimh, ar Shráid an Dáma agus ag Duga Spencer
- » Síníodh clár comhpháirtíochta le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i ndáil le bainistíocht éifeachtach fuinnimh
- » De thoradh suirbhé a rinneadh ar sceitheadh aer chomhbhrúite san áitreabh in Áth an Ghainimh, laghdaíodh an úsáid fuinnimh faoi 50 faoin gcéad
- » Rinneadh braiteoirí cáilíochta aer a shuiteáil san áitreabh ar Shráid an Dáma chun luas gaothrán agus uaireanta oibriúcháin a laghdú
- » Rinneadh oiliúint ríomhfhoghlama agus clár measúnaithe maidir le Trealamh Scáileán Taispeána a chur chun feidhme don fhoireann go léir
- » Rinneadh athbhreithniú ar mheasúnuithe uile riosca sláinte agus sábháilteachta
- » Baineadh amach pas le gradam i gcomórtas náisiúnta um bainistíocht sábháilteachta.

Gníomhartha atá beartaithe do 2014

Tá sé beartaithe ag an mBanc a fheidhmíocht fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil a fheabhsú tuilleadh in 2014 trí na tionscnaimh seo a leanas a ghlacadh de láimh:

- » Dul chun cinn i dtreo dheimhniúcháin um chaighdeán Chórais Bainistíochta OHSAS 18001:2007 (Sábháilteacht), ISO 14001:2004 (Timpeallacht) agus ISO 50001:2011 (Fuinneamh)
- » Scéimeanna soilsithe a athbhreithniú agus a uasghrádú d'fhonn coigiltis fuinnimh bhreise a bhaint amach
- » An t-uasghrádú ar insliú agus ar ghloiniú an áitribh in Áth an Ghainimh a mheas chun riachtanais téimh agus fuaraithe a laghdú
- » An Clár Inmharthanachta a chur chun cinn chun iarmhairt an Bhainc ar an gcomhshaoil a laghdú trí thionscnaimh oibriochtúla agus trí fheasacht a spreagadh
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht gléasra agus trealamh sna háitribh go léir d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú
- » Clár inmheánach d'iniúchtaí ar fheidhmíocht bainistíochta sábháilteachta a chur chun feidhme sna suíomhanna go léir
- » Taifead lárnach a chruthú d'athbhreithnithe ar mheasúnuithe riosca sláinte agus sábháilteachta don fhoireann go léir.

D'ainneoin an mhéadaithe ar líon na ndaoine a bhí ag obair sna foirgnimh in 2013 agus d'ainneoin an fhuaraithe bhreise leictrigh a bhí

Úsáid Fuinnimh

	An Lárionad Airgeadra		Suíomhanna i Lár na Cathrach		An tIomlán	
	2013 kWh	athrú % i gcomparáid le 2012 iarbhair	2013 kWh	athrú % i gcomparáid le 2012 iarbhair	2013 kWh	athrú % i gcomparáid le 2012 iarbhair
Leictreachas	3,610,538	-3.21	5,907,779	+0.83	9,518,317	-0.74
Gás	2,273,604	-5.58	3,179,375	-3.44	5,452,979	-4.34
Ola*	187,000	-30.61	220,000	0	407,000	-16.85
Fuinneamh Iomlán	6,071,142	-5.25	9,307,154	-0.69	15,378,296	-2.54

*Tá an úsáid ola bunaithe ar sheachadtaí conraithe bliantúla

ag teastáil don tréimhse fhada bhrothallach a bhí ann idir mí Bealtaine agus mí Mheán Fómhair, chonacthas laghdú foriomlán 2.54 faoin gcéad ar an bhfuinneamh in 2013 i gcomparáid le 2012 mar gheall ar na bearta um laghdú fuinnimh a glacadh le linn na bliana.

Tugtar é seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann,

Patrick Honohan
An Gobharnóir

Neil Whoriskey
Rúnaí

14 Aibreán 2014

Iarscríbhinn **Ráitis agus Páipéir arna** **bhfoilsíú ag an mBanc in 2013**

Príomhfhóilseacháin

Faisnéis Ráithiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2012 - Aibreán 2013

Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta 2012 - 2013

Óráidí agus Cur i Láthair in 2013

Barúlacha painéil tugtha ag an nGobharnóir Patrick Honohan ag Comhdháil an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta maidir le 'Sovereign Risk: A World without Risk-free Assets', Eanáir

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir Stefan Gerlach dar theideal 'Ireland: From Crisis to Recovery' ag an Berlin Finance Lecture, Eanáir

Ráiteas tosaigh ón nGobharnóir, Patrick Honohan, don Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, Eanáir

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhargaí, Gareth Murphy, dar theideal 'Irish funds regulation after the implementation of AIFMD' ag cruinniú faisnéise don tionscal arna óstáil ag Comhlachas Thionscal Cistí na hÉireann, Eanáir

Focail tosaigh ón Leas-Ghobharnóir, Stefan Gerlach, maidir leis an Aontas Baincéireachta, Eanáir

Aitheasc ó Mark Burke, an Ceannasaí ar Mhaoirseacht Árachais Saoil, ag Comhdháil dar theideal 'A future for the Life & Pensions Industry', Eanáir

Focail tosaigh ón Leas-Ghobharnóir, Matthew Elderfield, ag an 11ú Comhdháil Bhliantúil Eorpach um Sheirbhísí Airgeadais, an Bhruiséil, Eanáir

Focail tosaigh ón nGobharnóir, Patrick Honohan, ag Léacht T.K. Whitaker, Feabhra

Léacht Whitaker 2013 arna thabhairt ag an Ollamh Harold James, Ollscoil Princeton, dar theideal: 'Design flaws of the euro', Feabhra

Aitheasc ón nGobharnóir Honohan don 2ra Scoil Earraigh Bhliantúil Garret FitzGerald, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Feabhra

Focail tosaigh ón nGobharnóir, Patrick Honohan, ag Comhdháil an Bhainc Ceannais dar theideal 'How to Fix Distressed Property Markets?', Feabhra

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Matthew Elderfield, do Lón Earraigh Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn, Feabhra

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Oibríochtaí Airgeadais, Maurice McGuire, ag Scoil Gheimhridh Cholmcille, Feabhra

Aitheasc ón gCeannasaí ar Bheartas Margaí, Martin Moloney, don 4ú Comhdháil um Threoir AIFM, Feabhra

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Eacnamaíocht agus ón bPríomh-Eacnamaí, Lars Frisell, don Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha, Feabhra

Focail tosaigh ón Leas-Ghobharnóir, Stefan Gerlach, ag Cruinniú de Lónra Iomaíochais an Eurochórais, Márta

Aitheasc ón nGobharnóir Honohan do Léacht Leathbhliantúil Bhanc Náisiúnta na Polainne d'Uachtaránacht an AE, Márta

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Mhargaí, Gareth Murphy, d'Fhóram Beartais Dhomhanda agus Rialála an Chomhlachais um Bainistíocht Infheistíochta Malartaí i Guildhall, Londain, Márta

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Eacnamaíocht agus ón bPríomh-Eacnamaí, Lars Frisell, do Bhanc na Fionlainne, an Fhionlainn, Márta

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa & Maoirseacht Árachais, Fiona Muldoon, d'Fhóram Cantillon ar Eacnamaíocht & ar Fhiontraíocht, Aibreán

Ráiteas tosaigh ón Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, don Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, Aibreán

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Mhargaí, Gareth Murphy, do Chomhdháil Cistí 2013, Aibreán

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Sharon Donnery, do CGB Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa, Aibreán

Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir, Patrick Honohan, don Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí an Aontais Eorpach, Aibreán

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Matthew Elderfield, don Fhóram Eorpach Árachais 2013 i mBaile Átha Cliath, Bealtaine

Ráiteas arna ullmhú ag an nGobharnóir, Patrick Honohan, do Chomhdháil FMC2 maidir le modhnú inmharthana morgáistí, Bealtaine

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Fhorfheidhmiúchán, Derville Rowland, maidir le Forfheidhmiúchán an Bhainc Ceannais ag Seimineár Faisnéise Byrne Wallace, Bealtaine

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Sharon Donnery, do Sheimineár Chumann Bhainisteoirí Comhar Creidmheasa 'The New Debt, Investment and Payments Environment', Meitheamh

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca, Patrick Brady, do Chomhdháil Bhliantúil Cistí Domhanda arna hóstáil ag Comhlachas Thionscal Cistí na hÉireann, Meitheamh

Ráiteas tosaigh ón Leas-Ghobharnóir, Matthew Elderfield, don Choiste um Chuntais Phoiblí maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 72 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Meitheamh

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, do IBF/Certus maidir leis an Dea-Chleachtas i mBainistíocht Riaráistí Morgáiste, Meitheamh

Aitheasc ón gCeannasaí ar an Rannán um Beartas Margaí, Martin Moloney, do Chomhlachas Thionscal Cistí na hÉireann, Iúil

Aitheasc ón gCeannasaí ar an Rannán um Beartas Margaí, Martin Moloney, don Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha, Iúil

Aitheasc dar theideal 'Restoring confidence in the financial supervision', ón Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa agus Maoirseacht Árachais, Fiona Muldoon, do Scoil Samhraidh MacGill, Lúnasa

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Sharon Donnery, do Chomhdháil Fómhair Chumann Bhainisteoirí Comhar Creidmheasa, Meán Fómhair

Aitheasc dar theideal 'Beartas Macrastuamachta in Éirinn' ó Leas-Ghobharnóir na Baincéireachta Ceannais d'Ollscoil Luimnigh, Meán Fómhair

Aitheasc dar theideal 'Financial Sector Reform - A regulatory perspective' ón Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa & Maoirseacht Árachais, Fiona Muldoon, d'Ollscoil Luimnigh, Meán Fómhair

Ráiteas tosaigh ón nGobharnóir, Patrick Honohan, don Chomhchoiste Oireachtais um

Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, Meán Fómhair

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca, Patrick Brady, do Chomhdháil Chumann Achtúirí na hÉireann maidir le 'ERM: Insights for Insurers', Meán Fómhair

Aitheasc dar theideal 'A regulatory perspective on the challenges posed by a changing interest rate environment' ón gCeannasaí ar Árachas Saoil, Mark Burke, don 3ú Dea-Chleachtas Bliantúil i mBainistíú Sócmhainní Árachais, Meán Fómhair

Aitheasc ó Colm Kincaid, an Ceannasaí ar Chosaint Tomhaltóirí (Baincéireacht, Árachas, Infheistíochtaí agus Beartas) do Thuairisc Chun Dáta Cholaíste Uí Ghríofa ar Dhlí Réadmhaoinne, Deireadh Fómhair

'Adverse selection and moral hazard in forecasting and limiting arrears and loan losses on mortgages' bunaithe ar aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, do Chumann Achtúirí na hÉireann, tráth a bronnadh Comhaltacht Oinigh an Chumainn air, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair

Focail deiridh ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Mhargaí, Gareth Murphy, ag Comhdháil Bhanc Ceannais na hÉireann maidir le Rialáil Éifeachtach ar Bhaincéireacht agus Urrúis, Deireadh Fómhair

Aitheasc tosaigh Leas-Ghobharnóir na Rialála Airgeadais, Cyril Roux, ag Comhdháil Bhanc Ceannais na hÉireann maidir le Rialáil Éifeachtach ar Bhaincéireacht agus Urrúis, Deireadh Fómhair

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Sharon Donnery, do CGB Fóram Náisiúnta na Maoirseoirí, Samhain

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Sharon Donnery, do Dhámhachtainí LIA do na Comhair Chreidmheasa - Samhain

Aitheasc ón nGobharnóir, Patrick Honohan, do chomhdháil arna heagrú ag Banc Ceannais na hÍoslainne, Reykjavik, Samhain

Aitheasc dar theideal 'The Future Shape of Banking' ón nGobharnóir, Patrick Honohan, ag comhdháil na hInstitiúide um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha ar 'The Future of Banking in Europe', Nollaig

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Cyril Roux, ag Dinnéar Bliantúil Comhaltaí Sheirbhísí Airgeadais Éireann, Nollaig

Ailt i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

Housing Equity Withdrawal Trends in Ireland – Reamonn Lydon agus Brídín O’Leary – Uimh.1 2013

Why are Irish Non-Financial Corporations so Indebted? – Mary Cussen agus Brídín O’Leary – Uimh.1 2013

The Usage, Cost and Pricing of Retail Payments in Ireland – Ronnie O’Toole – Uimh.2 2013

Measuring the Value Added of the Financial Sector in Ireland – Mary Everett, Joe McNeill agus Gillian Phelan – Uimh.2 2013

Analysis of Recent Monetary Operations & Financial Market Developments – Eoin McCabe agus Donal Hayes – Uimh.3 2013

Mortgage Arrears in Ireland: Introducing the Enhanced Quarterly Statistics – Jean Goggin – Uimh.4 2013

Policy Measures to Improve Access to Credit for SMEs: A Survey – Sarah Holton, Fergal McCann, Kathryn Prendergast agus David Purdue – Uimh.4 2013

Boscaí i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

Understanding Revisions to Short-Term Economic Forecasts – Thomas Conefrey – Uimh.1 2013

Trends in Farm Output, Input and Income – Thomas Conefrey – Uimh.1 2013

Migration in Ireland: Recent Trends in Historical Context – Thomas Conefrey – Uimh.1 2013

Residential Mortgage Arrears – Jean Goggin agus Martin O’Brien – Uimh.1 2013

Recent Developments in World Trade – Neil Killeen – Uimh.1 2013

The US Federal Reserve’s Forward Guidance and Quantitative Easing – León Fernández Brennan – Uimh.1 2013

Assessing the Usefulness of Soft Data in Projecting Irish GDP – Joelle Liebermann – Uimh.2 2013

Unemployment by Education, Age Group and Duration – Thomas Conefrey – Uimh.2 2013

Liquidation of IBRC and Exchange of Promissory Notes for Government Bonds – Uimh.2 2013

Money Market and Investment Fund Flows in Q4 2012 – Brian Godfrey – Uimh.2 2013

The Euro Area House Price Index and the Ongoing Adjustment in Euro Area Housing Markets – Bernard Kennedy – Uimh.2 2013

A Monthly Business Cycle Indicator for Ireland – Thomas Conefrey agus Joelle Liebermann – Uimh.3 2013

The Impact of Re-domiciled PLCs on GNP and the Current Account – Thomas Conefrey – Uimh.3 2013

Focus on Long-Term Unemployment – Thomas Conefrey – Uimh.3 2013

The Changing Composition of the Irish Banking System 2003–2012 – Sarah Frost – Uimh.3 2013

Overview of Recent Growth in the Irish Investment Fund Industry – Patrick Hughes – Uimh.3 2013

Correction of Current Account Imbalances: How are the Periphery Economies Progressing? – Bernard Kennedy agus Mary Ryan – Uimh.3 2013

Comparing Household Saving Patterns in the Euro Area Periphery against those in the Rest of the Euro Area – David Purdue – Uimh.3 2013

Part-time Underemployment – Suzanne Linehan – Uimh.4 2013

The Stock of Vacant Dwellings and Recent House Price Movements – Thomas Conefrey – Uimh.4 2013

The European Semester – Ronán Hickey – Uimh.4 2013

The Irish Banking System and its International Holdings of Debt Securities – Dermot Coates and Jenny Osborne Kinch – Uimh.4 2013

The Impact of the Prospective ‘Tapering’ of Quantitative Easing by the US Federal Reserve on the Funds Industry in Ireland – Brian Golden – Uimh.4 2013

Methodological Changes in the Measurement of US GDP – Nicolas Gobalraja – Uimh.4 2013

Páipéir Theicniúla Taighde 2013

On the Hook for Impaired Bank Lending: Do Sovereign-Bank Inter-Linkages Affect the Fiscal Multiplier? – Robert Kelly agus Kieran McQuinn – Márta

Age or Size? Determinants of Job Creation – Martina Lawless – Aibreán

Why Firms Avoid Cutting Wages: Survey Evidence from European Firms – Philip Du Caju, Theodora Kosma, Martina Lawless, Julián Messina agus Tairi Room – Meitheamh

Understanding Irish House Price Movements: A User Cost of Capital Approach – Frank Browne, Thomas Conefrey agus Gerard Kennedy – Meitheamh

Spillover in Euro Area Sovereign Bond Markets – Thomas Conefrey agus David Cronin – Iúil

Price Expectations, Distressed Mortgage Markets and the Housing Wealth Effect – Yvonne McCarthy agus Kieran McQuinn – Lúnasa

Was the Securities Markets Programme Effective in Stabilizing Irish Yields? – David Doran, Peter Dunne, Allen Monks agus Gerard O'Reilly – Meán Fómhair

Credit Conditions in a Boom and Bust Property Market – Yvonne McCarthy agus Kieran McQuinn – Deireadh Fómhair

Ailt Phiarmheasúnaithe agus Caibidlí Phiarmheasúnaithe i Leabhair –

Ailt Irisleabhar

Clancy Daragh “Output Gap Estimation Uncertainty: Extracting the TFP Cycle Using an Aggregated PMI Series”, *Economic and Social Review*, 2013, 44(1), 1-18

Cronin, David agus Kevin Dowd, “Fiscal Fan Charts: A Tool for Assessing Member States’ Compliance with EU Fiscal Rules”, *Fiscal Studies*, 2013, 34(4), 517-534.

Gerlach, Stefan, “Monetary policy after the crisis,” *Manchester School: Money, Macro Finance Conference Issue*, 2013, 81, 14-34.

Gerlach, Stefan agus John Lewis, “Zero lower bound, ECB interest rate policy and the financial crisis,” *Empirical Economics*, 2013.

Holton, Sarah, Martina Lawless, agus Fergal McCann, “SME Financing Conditions in Europe:

Credit Crunch or Fundamentals?,” *National Institute Economic Review*, 2013, (225), 52-67.

Lawless, Martina, “Tax Complexity and Inward Investment,” *Economica*, 2013, 80 (317), 1-22.

Lawless Martina and Fergal McCann, “Determinants of default: Evidence from a sector level panel of Irish SME loans,” *Economic and Social Review*, 2013, 44(4), 473-488.

Lydon, Reamonn agus Yvonne McCarthy, “What lies beneath? Understanding recent trends in Irish mortgage arrears,” *Economic and Social Review*, 2013, 44 (1), 217-250.

Moloney, Kitty agus Gareth Murphy, “The spectrum of regulatory engagement,” *Law and Financial Markets Review*, 2013, 7 (3), 138-143.

Caibidlí Leabhar

Browne Frank agus Robert Kelly “Prolonged Dislocation and Financial Crisis” in Jacob Brauer, Zvi Eckstein, Stanley Fischer, agus Karnit Flug, eagarthóirí, *The Great Recession: Lessons for Central Bankers*, MIT Press, 2013, lgh. 267-313.

Le Foilsiú

Birmingham Colin agus Antonello D’Agostino “Understanding and Forecasting Aggregate and Disaggregate Price Dynamics”, *Empirical Economics*.

Birmingham, Colin agus Thomas Conefrey, “The Irish Macroeconomic Response to an External Shock with an Application to Stress Testing,” *Journal of Policy Modelling*.

Cronin, David, “The Interaction between Money and Asset Markets: A Spillover Index Approach,” *Journal of Macroeconomics*.

Gerlach, Stefan agus John Lewis, “ECB reaction functions and the crisis of 2008,” *International Journal of Central Banking*.

Holton, Sarah, Martina Lawless, agus Fergal McCann, “Credit demand, supply and conditions: A tale of three crises,” *Applied Economics*.

Kelly, Robert agus Kieran McQuinn, “On the hook for impaired bank lending: Do sovereign bank inter-linkages affect the net cost of a fiscal stimulus?,” *International Journal of Central Banking*.

Lawless, Martina, "Age or Size: Contributions to Job Creation," Small Business Economics.

Lawless, Martina, "Marginal distance: Does export experience reduce firm trade costs?," Open Economy Review.

Lawless Martina, Tara McIndoe-Calder, agus Fergal McCann, "SMEs in Ireland: Contributions, Credit and Economic Crisis," Policy Studies.

Liebermann, Joëlle, "Real-time nowcasting of GDP: A Factor Model versus Professional Forecasters," Oxford Bulletin of Economics and Statistics.

McCann Fergal, "Indirect exporters", Journal of International Competition and Trade.

Foilseacháin Staidrimh

Cuntais Airgeadais Ráithiúla

Staidreamh Cistí Infheistíochta – Ráithiúil

Staidreamh Baincéireachta Comhdhlúite: Éilimh Eachtracha – Ráithiúil

Treochtaí in Iasachtú Pearsanta agus i dTaiscí Pearsanta – Ráithiúil

Treochtaí i gCreidmheas agus i dTaiscí Gnó-Ráithiúil

Staidreamh maidir le hEisiúint Urrús – Míosúil

Staidreamh Airgid agus Baincéireachta – Míosúil

Staidreamh Rátaí Úis Miondiola– Míosúil

Staidreamh Sealúchas Urrús – Míosúil

Staidreamh maidir le Corparáidí um Meáin Airgeadais - Ráithiúil

Staidreamh maidir le Baincéireacht Gheografach - Ráithiúil

Staidreamh maidir le Riaráistí Morgáiste - Ráithiúil

Cairteacha Achoimre Staidrimh Airgeadais

Páipéir Chomhairliúcháin arna bhFoilsíú ag an mBanc in 2013

Athbhreithniú ar an gCód Iompair um Riaráistí Morgáiste - Márta

Comhairliúchán maidir le hAthbhreithnithe ar an gCreat Rialála do Ghnóthaí Tarchuir Airgid - Aibreán

Treoirínte d'Fhiosrúcháin le forordú de bhun alt 33BD d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú) - Bealtaine

Beartas Maidir le Bainistiú Riosca Tíre ag Institiúidí Creidmheasa - Iúil

Comhairliúchán maidir le Gnólachtaí, Cistí agus hIdirghabhálaithe Rialáilte a Údarú: Feabhsuithe Próisís agus Caighdeáin Seirbhíse - Iúil

Comhairliúchán maidir le Cineálacha Cistí Infheistíochta Malartaí faoi AIFMD agus maidir le Scéimeanna um Iontaobhais Aonad faoin Acht um Iontaobhais Aonad (lena n-áirítear EUTanna, REITanna etc.) - Iúil

Comhairliúchán maidir leis na Ceanglais agus na Caighdeáin um Údarú Gnólachtaí Bainistithe Fiachais - Iúil

Comhairliúchán maidir leis an Athbhreithniú ar an gCód Rialachais Chorpáiríoch d'Institiúidí Creidmheasa agus do Ghnóthaí Árachais - Lúnasa

Rialacháin & Treoirínte um Shócmhainní Cliant - Lúnasa

Comhairliúchán maidir leis an Athbhreithniú ar Lámhleabhar an gCeanglas Stuamachta do Chomhairleoirí Údaraithe agus d'Idirghabhálaithe Teoranta - Lúnasa

Comhairliúchán maidir le Lánroghanna agus Roghanna Údarás Inniúil i TRC IV agus RRC - Meán Fómhair

Comhairliúchán maidir leis na Ceanglais do Chúlchistí agus do Phraghsáil d'Árachóirí agus d'Atharachóirí Neamhshaoil - Meán Fómhair

Comhairliúchán maidir le Ceanglais Bhreise um Chosaint Tomhaltóirí do Ghnólachtaí Bainistithe Fiachais

Comhairliúchán maidir le Cur Chuige Cisealaithe Rialála a thabhairt isteach do Chomhair Chreidmheasa - Nollaig

Caibidil 2:

Rialachas



Sa Chaibidil seo, leagtar amach na nósanna imeachta agus na próisis is infheidhme maidir le rialachas an Bhainc le linn 2013.

Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann le hAcht an Bhainc Cheannais 1942 (an tAcht). Tá dhá bhunfheidhm ag an mBanc. Ar an gcéad dul síos, is banc ceannais na hÉireann é agus is comhalta é den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC). Ar an dara dul síos, tá an Banc freagrach as rialáil a dhéanamh ar earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann. Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc an Acht. Is í cobhsaíocht praghsanna príomhchuspóir an Bhainc. Tá na cuspóirí seo a leanas ag an mBanc freisin:

- » Cobhsaíocht an chórais airgeadais
- » Rialáil chuí, éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais
- » Oibriú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta a áirithiú
- » Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa a réiteach
- » Anailís agus trácht a chur ar fáil d'fhonn tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

Is é an tAire Airgeadais an t-aon scairshealbhóir amháin atá ag an mBanc.

Coimisiún an Bhainc Ceannais

Leis an Acht, foráiltear go ndéanfaidh Coimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc (seachas feidhmeanna CEBC) a bhainistiú agus a rialú.

Ról an Choimisiúin

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc. Tá a théarmaí tagartha féin

glactha ag an gCoimisiún ina leagtar amach an chaoi is fearr inar féidir leis na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Cumhachtaí agus Feidhmeanna a Tharmligean

Leis an Acht, foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún aon cheann de na feidhmeanna reachtúla a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc.

Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc agus le feidhmiú a chumhachtaí agus a feidhmeanna, déantar feidhmiú fhorhmór feidhmeanna agus cumhachtaí reachtúla an Bhainc a tharmligean chuig comhaltaí bainistíochta an Choimisiúin. I gcás ina dtarmligtear feidhmeanna amhlaidh, is ar an gcomhalta bainistíochta sin a bheidh an fhreagracht nó an chuntasacht maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin. Ar a shon sin, déanann an Coimisiún, trí bhithin a thrí choiste go minic (Iniúcháireacht, Buiséad & Luach Saothair, Riosca), monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht comhaltaí bainistíochta le linn dóibh na feidhmeanna agus cumhachtaí sin a feidhmiú agus déanann sé scrúdú ar rialuithe inmheánacha an Bhainc freisin. Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar nithe oibríochtúla a thabhairt os comhair an Choimisiúin lena gcinneadh, cinnteoidh an Coimisiún go ngníomhóidh an Banc ar shlí iomchuí i gcomhréir lena chuid feidhmeanna agus cumhachtaí reachtúla.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus na comhaltaí bainistíochta maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc (ar leith ó feidhmeanna CEBC eile) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, rannchuidíonn sé le foirmlíú straitéise chun go mbeidh an Banc in ann a feidhmeanna reachtúla a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhainc i ndáil leis an straitéis sin.

Comhaltaí an Choimisiúin

Tá an Gobharnóir ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún. Ar na comhaltaí ex-officio eile, áirítear an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais), an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais. Ceapann an tAire Airgeadais seisear comhalta eile ar a laghad den Choimisiún, ach líon nach mó ná ochtar. Bíonn na comhaltaí sin i seilbh oifige go ceann téarma cúig bliana de ghnáth. Téarma trí bliana go cúig bliana a

bheidh i dtéarmaí oifige chomhaltaí tosaigh an Choimisiúin d'fhonn leanúnachas eolais a chinntiú. Leanfaidh comhaltaí ex-officio an Choimisiúin de bheith ina gcomhaltaí fad a bheidh siad i seilbh na hoifige lena mbaineann.

Tuairiscítear luach saothair chomhaltaí an Choimisiúin i Nóta 8 den Ráiteas Cuntas.

Amhail ar an 31 Márta 2014, is iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún:

Comhaltaí ex-officio

An Gobharnóir

Is é an tUachtarán a cheapann an Gobharnóir ar chomhairle ón Rialtas, ar feadh téarma seacht mbliana a bhféadfar síneadh seacht mbliana a chur leis. Ceapadh an tOllamh Patrick Honohan ina Ghobharnóir an 26 Meán Fómhair 2009.

Is comhalta ex-officio é an Gobharnóir de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE). Ní mór don Ghobharnóir, nó ionadaí, freastal ar gach cruinniú den Chomhairle Rialaithe. Leagtar amach a ról agus a fhreagrachtaí i gConarthaí AE, i Reacht CEBC agus san Acht.

Comhallann an Gobharnóir a fheidhmeanna CEBC gan spleáchas don Choimisiún agus is é an Gobharnóir amháin atá freagrach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhorchuirtear air agus as feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don Bhanc le Conarthaí AE nó le Reacht CEBC. Tá neamhspleáchas a ról cumhdaithe i gConarthaí AE agus tá tosaíocht ag an ról sin ar dhlí na hÉireann.

Sular ceapadh ina Ghobharnóir é, bhí Patrick Honohan ina Ollamh le hEacnamaíocht agus Forbairt Airgeadais Idirnáisiúnta i gColáiste na Tríonóide ó 2007 ar aghaidh. Roimhe sin, chaith sé beagnach deich mbliana sa Bhanc Domhanda, áit a raibh sé ina Chomhairleoir Sinsearach maidir le beartas don earnáil airgeadais. Bhí sé ina Ollamh Taighde leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath (1990-98), ina Chomhairleoir Eacnamaíoch don Taoiseach Garret Fitzgerald (1981-82 agus 1984-86) agus chaith sé roinnt blianta mar eacnamaí i mBanc Ceannais na hÉireann (1976-81 agus 1984-86) agus sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (1971-73). Is céimí de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, é agus bhain sé Ph.D. san eacnamaíocht amach ó Ollscoil na hEacnamaíochta, Londain, (LSE) i 1978. Theagasc sé eacnamaíocht in Ollscoil na hEacnamaíochta, Londain, in Ollscoil California-San Diego, in Ollscoil Náisiúnta na hAstráile, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus i

gColáiste na Tríonóide. Sular ceapadh ina Ghobharnóir é, dhírigh a chuid taighde don chuid is mó ar bheartas airgeadaíochta agus ar bheartas don earnáil airgeadais.

An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)

Ceapadh Stefan Gerlach ina Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) an 1 Meán Fómhair 2011. Sular ghlac sé leis an bpost seo, bhí sé ina Ollamh le hEacnamaíocht Airgeadaíochta agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an Institiúid um Chobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais in Ollscoil Frankfurt. Ina theannta sin, bhí sé ina Ánra Taighde sa CEPR agus ina Ánra sa CFS. Bhí sé ina Cheannasaí Rúnaíochta sa Choiste um an gCóras Airgeadais Domhanda sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus ba Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Taighde) é ar Údarás Airgeadaíochta Hong Cong. Roimhe sin, bhí sé ag obair mar eacnamaí sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta.

An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)

Ceapadh Cyril Roux ina Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) an 1 Deireadh Fómhair 2013. Sular ghlac sé leis an ról seo, bhí sé ina Chéad Leas-Ard Rúnaí ar údarás réitigh agus maoirseachta na Fraince (*l'Autorité de contrôle prudentiel et de résolution* (ACPR)) ó bunaíodh an tÚdarás sin i Márta 2010. Bhí sé ina chomhalta boird freisin den údarás Francach um shocrú caighdeán cuntasaiochta (*Autorité des normes comptables* (ANC)).

Roimhe sin, bhí sé ina Leas-Ard Rúnaí ar údarás maoirseachta árachais na Fraince (ACAM) agus chaith sé 10 mbliana in AXA áit a raibh poist éagsúla ar seilbh aige.

Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

Ceapadh John Moran mar Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais an 6 Márta 2012. Roimhe sin, bhí sé ina Dhara hArd-Rúnaí sa Roinn Airgeadais, áit a raibh sé ina Cheannasaí ar an Rannán Baincéireachta.

Tá taithí fhairsing ardbhainistíochta ag an Uasal Moran agus bhí se ina Cheannasaí tráth ar Mhaoirseacht ar Bhaincéireacht Mhórdhiála i mBanc Ceannais na hÉireann agus ina POF ar *Zurich Capital Markets* agus ina chomhalta boird de.

Comhaltaí Ceaptha

Cheap an tAire Airgeadais na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo thíos. Bíonn téarmaí oifige idir trí bliana agus cúig bliana ag na comhaltaí seo.

Alan Ahearne (Arna cheapadh an 8 Márta 2011 go ceann 4 bliana)

Is léachtóir le heacnamaíocht é Alan Ahearne i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta don Aire Airgeadais ó Márta 2009 go dtí Márta 2011.

Is Ánra Neamhchónaitheach i Bruegel é agus is Comhlach Taighde é san Institiúid Léinn um Lánpháirtíocht Eorpach i gColáiste na Tríonóide. Sular ndeachaigh sé i mbun poist in OÉ, Gaillimh, bhí sé ina Eacnamaí Sinsearach sa *Federal Reserve Board* i Washington, DC. Theagasc sé an eacnamaíocht in Ollscoil Carnegie Mellon, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus in Ollscoil Luimnigh. Thosaigh sé amach ar a shlí bheatha i *Cooper & Lybrand* agus d'oibrigh sé sa *Bank of Ireland Group Treasury* chomh maith. Ar a réimsí saineolais, áirítear an mhaicreacnamaíocht agus an t-airgeadas idirnáisiúnta agus tá a chuid taighde foilsithe i bpríomhírisí idirnáisiúnta. Tá Ph.D. san eacnamaíocht aige (1998) ó Ollscoil Carnegie Mellon.

Patricia Byron (Arna ceapadh an 1 Eanáir 2014 go ceann 5 bliana)

Tá Patricia Byron ina Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, comhlacht stáit neamhspleách a bunaíodh in 2004 chun athchóiriú a dhéanamh ar an tsamhail chostasach do dhíobhálacha pearsanta, ar samhail í ba chionsiocair le préimheanna iomarcacha árachais do thomhaltóirí agus do ghnóthaí. Le blianta beaga anuas, bhí baint aici le roinnt tionscnamh lena dtacaítear le hathchóiriú poiblí.

Chaith sí mórchuid a gairmréime ag obair san earnáil árachais agus d'éirigh sí as a post mar chomhalta den fhoireann feidhmiúcháin in Aviva sular ghlac sí lena ról reatha. Is céimí í de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, is Árachóir Cairte í, is iar-Chathaoirleach Bhiúró Árachóirí Mótair na hÉireann í agus ba í an chéad uachtarán bainneann í ar Institiúid Árachais Bhaile Átha Cliath. Bhí sí ag fónamh ar bhord an Fhorais Riaracháin agus is iar-Chathaoirleach Chomhlachas Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Gnólachtaí Stáit í.

Blanaid Clarke (Arna ceapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 3 bliana agus arna hathcheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2013 go ceann 5 bliana)

Tá Ollúnacht McCann Fitzgerald sa Dlí

Corparáideach aici i gColáiste na Tríonóide. Ar na réimsí taighde a bhfuil spéis aici iontu, áirítear rialachas corparáideach, dlí seirbhísí airgeadais, dlí urrús agus an dlí táthcheangail agus tá neart téacsanna foilsithe aici ar na hábhair sin. Bíonn sí ag obair le Painéal Táthcheangail na hÉireann freisin agus is comhalta í de Líonra Tairiscintí Táthcheangail an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí. Ba chomhalta-bhunaitheoir í de Lárionad COBÁC um Rialachas Corparáideach i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ina comhalta de Mheitheal Mhachnaimh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Todhchaí Dhlí Cuideachtaí an AE.

John FitzGerald (Arna cheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 5 bliana)

Is Ollamh Taighde é John FitzGerald san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i mBaile Átha Cliath áit a mbíonn sé ag obair ar bheartas maicreacnamaíoch agus fuinnimh. Tá neart foilsithe aige ar na hábhair sin. Is iar-Uachtarán é ar Chumann Eacnamaíochta na hÉireann agus ar ghrúpa EUROFRAME d'institiúidí Eorpacha um thaighde eacnamaíoch. Is iar-chomhalta é den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, den *Northern Ireland Authority for Energy Regulation* agus den Ghrúpa um Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch a chuireann comhairle ar Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Rinne sé staidéar i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus tá céimeanna aige sa stair agus san eacnamaíocht. Thosaigh sé amach ar a shlí bheatha sa Roinn Airgeadais i 1972 agus d'aistrigh sé chuig an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i 1984.

Des Geraghty (Arna cheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 4 bliana)

Is iar-pholaiteoir agus iar-cheannaire ceardchumainn é Des Geraghty. Bhí sé ina uachtarán ar SIPTU ó 1999 go dtí 2004. Ceapadh chuig Parlaimint na hEorpa é i 1992 do thoghcheantair Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ina chomhalta den Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus um Beartas Tionsclaíoch i bParlaimint na hEorpa. Is comhalta é de bhord ESB Networks agus de Bhord TG4. Is iarchomhalta é d'Údarás RTÉ, de Bhord FÁS, den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, den Chomhpháirtíocht um Thithe Incheannaithe agus den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta.

Michael Soden (Arna cheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 4 bliana)

Bhí Michael Soden ina POF ar Bhanc na hÉireann ó 2001 go dtí 2004. Sular fhill sé ar Éirinn chun

Tábla 15 – Cruinnithe ar fhreastail Comhaltaí an Choimisiúin orthu le linn 2013

Comhaltaí an Choimisiúin	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2013
Patrick Honohan	13/13
Matthew Elderfield	9/10
Stefan Gerlach	11/13
Cyril Roux	3/3
John Moran	12/13
Alan Ahearne	13/13
Blanaid Clarke	13/13
John FitzGerald	13/13
Des Geraghty	13/13
Michael Soden	13/13

Sa Tábla thuas, tugtar le fios gur tionóladh 13 chruinniú den Choimisiún in 2013 agus léirítear líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu.

glacadh leis an bpost sin, chaith sé breis is 30 bliain i mórinstiúidí éagsúla airgeadais, áiteanna ina raibh baint aige le gach gné de na margaí caipitil. Le linn na tréimhse sin, bhí sé ar Choiste Feidhmiúcháin an *National Australian Bank*, áit a raibh sé freagrach as Baincéireacht Mhórdhíola Dhomhanda agus, ina dhiaidh sin, as Baincéireacht Mhiondíola Dhomhanda. Ina theannta sin, bhí sé freagrach as gníomhaíochtaí mhargaí caipitil idirnáisiúnta *Security Pacific Bank* a fhorbairt. Chaith sé blianta tosaigh a ghairmréime i *Citibank/Citicorp Investment Bank*, Ceanada. Scríobh sé an leabhar, *Open Dissent – An Uncompromising View of the Crisis*, arna fhoilsiú in 2010.

Rúnaí an Bhainc

Tá Neil Whoriskey ina Cheannasaí ar Rannán na hArd Rúnaíochta sa Bhanc agus ceapadh mar Rúnaí an Bhainc é i mí Eanáir 2011.

Tar éis do Matthew Elderfield éirí as a phost, ceapadh Cyril Roux ina Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) an 1 Deireadh Fómhair 2013.

Tar éis dul in éag dá téarma ceaptha tosaigh trí bliana, rinne an tAire Airgeadais Blanaid Clarke a athcheapadh chuig an gCoimisiún go ceann téarma cúig bliana dar tús an 1 Deireadh Fómhair 2013.

Rinne an tAire Airgeadais Patricia Byron a cheapadh chuig an gCoimisiún go ceann téarma cúig bliana le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Nósanna Imeachta an Choimisiúin

Déantar cruinnithe den Choimisiún a sceidealú ar bhonn míosúil (seachas mí Lúnasa) agus is é an Gobharnóir a bhíonn ina Chathoirleach orthu. Déanfar tuilleadh cruinnithe a sceidealú de réir mar is gá d'fheidhmiú cuí fheidhmeanna an Choimisiúin.



Coimisiún an Bhainc Ceannais le hUachtarán Ollscoil Luimnigh, an tOllamh Don Barry, ag Ollscoil Luimnigh i Meán Fómhair 2013.

Ar chúl (ó chlé) Alan Ahearne, Neil Whoriskey, Stefan Gerlach, Michael Soden, Des Geraghty.

Chun tosaigh (ó chlé) Blanaid Clarke, John Moran, An Gobharnóir Patrick Honohan, an tOll Don Barry, John Fitzgerald.

Tábla 16

Committee Members	Cruinnithe den Choiste Iniúcháireachta ar freastalaíodh orthu le linn 2013
Blanaid Clarke (Chair)	7/7
Alan Ahearne	7/7
John FitzGerald	7/7

Sa Tábla thuas, tugtar le fios gur seoladh seacht gcruinniú den Choiste Iniúcháireachta in 2013 agus léirítear líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu.

Seisear is córam do na cruinnithe go léir. Tionóladh trí chruinniú dhéag den Choimisiún le linn 2013. Is in Ollscoil Luimnigh a tionóladh an cruinniú den Choimisiún an 20 Meán Fómhair 2013.

Coistí an Choimisiúin

Tá an chumhacht ag an gCoimisiún coistí a bhunú ar a mbeidh comhalta amháin nó níos mó den Choimisiún, cibé acu ina aonar nó i gcomhar le hoifigeach amháin nó níos mó de chuid an Bhainc, agus féadfaidh sé níos imeachta na gcoistí sin a chinneadh agus feidhmeanna agus cumhachtaí na gcoistí sin a shainiú.

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas:

- » An Coiste Iniúcháireachta
- » An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair
- » An Coiste Riosca

An Coiste Iniúcháireachta

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an Coiste Iniúcháireachta agus beidh trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin air. Amhail ar an 31 Márta 2014, ba iad Blanaid Clarke (an Cathaoirleach), John FitzGerald agus Alan Ahearne comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta.

Tionólfar cruinnithe den Choiste Iniúcháireachta ceithre huaire ar a laghad gach bliain. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe den Choiste Iniúcháireachta mar bhreathnadóirí. Déanfaidh Cathaoirleach an Choiste cruinniú a thionól freisin má iarrann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó iniúcháir seachtrach neamhspleách air amhlaidh. De bhreis air sin, bualfaidh an Coiste Iniúcháireachta leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus leis an iniúcháir seachtrach uair amháin sa bhliain ar a laghad in éagmais na bhfeidhmeannach. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe rialta idir an Coiste agus an Ceannasaí ar Iniúcháireacht Inmheánach in. Déanfar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin.

Chomh maith leis sin, bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta leis an gCoiste Riosca le linn 2013.

Rinneadh athbhreithniú ar oibriú an Choiste Iniúcháireachta le linn 2013 faoi threoir na téarmaí tagartha agus faoi cheannteidil leathna. Cinneadh san athbhreithniú sin gur oibrigh an Coiste laistigh dá thearmaí tagartha agus gur chruthaigh sé go héifeachtach le linn na tréimhse a athbhreithníodh.

Ar phríomhfhreagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta, áirítear na cinn seo a leanas:

- » Athbhreithniú a dhéanamh ar shláine ráitis airgeadais an Bhainc, lena n-áirítear na breitheanna suntasacha cuntasáiochta a dhéantar in ullmhú na ráiteas sin, agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún ina leith.
- » Athbhreithniú agus formheas a dhéanamh ar an Ráiteas Bliantúil ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil.
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna iniúcháireachta bliantúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an iniúcháir sheachtraigh agus a áirithiú go mbeidh siad i gcomhréir le raon na rannpháirtíochta iniúcháireachta. Athbhreithniú a dhéanamh ar na litreacha bainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ón Iniúcháir Seachtrach sula n-eiseofar an freagra ón lucht bainistíochta.
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh an Bhainc.
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar chairt agus ar phlean oibre bliantúil na feidhme iniúcháireachta inmheánaí, monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus neamhspleáchas na feidhme i gcomhthéacs chórais bainistíochta riosca an Bhainc, agus más iomchuí, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha na feidhme agus a áirithiú go ngníomhófar i gcomhréir le tuarascálacha na feidhme.
- » Comhairle a thabhairt maidir le ceapadh agus le hathcheapadh iniúcháirí seachtracha, maidir lena luach saothair agus maidir le ceisteanna faoi éirí as agus faoi dhífhostú.
- » Monatóireacht a dhéanamh ar an mbeartas maidir le frúiliú na n-iniúcháirí seachtracha chun seirbhís neamhiniúcháireachta a chur ar fáil. A áirithiú go gcuirfear nósanna imeachta

Tábla 17

Comhaltaí an Choiste	Cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ar freastalaíodh orthu le linn 2013
Michael Soden (Chair)	7/7
Blanaid Clarke	7/7
Matthew Elderfield	4/4
Stefan Gerlach	7/7
Cyril Roux	2/3

Sa Tábla thuas, tugtar le fios gur tionóladh seacht gcruinniú den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair in 2013 agus léirítear líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu.

iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú go gcoifear le rialacha CEBC maidir leis an iniúchóir seachtrach a cheapadh le haghaidh seirbhísí neamhiniúcháireachta.

- » Athbhreithniú a dhéanamh ar na fionnachtana a eascraíonn as iniúcháireachtaí arna ndéanamh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ag na hiniúcháirí seachtracha.
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht.
- » Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.

An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus beidh beirt chomhalta neamhfheidhmiúcháin nó triúr comhalta neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóir.

Ba iad Michael Soden (Cathaoirleach), Blanaid Clarke, Stefan Gerlach agus Cyril Roux (arna cheapadh chuig an gCoiste Buiséid agus Luacha Saothair an 1 Deireadh Fómhair 2013) comhaltaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair amhail ar an 31 Márta 2014.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnadóirí. Déanfar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin. Tionóladh seacht gcruinniú den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair in 2013.

I ndiaidh athbhreithnithe a rinneadh ar éifeachtacht an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair sa chéad leath de 2013, bhí an Coiste sásta glacadh le roinnt leasuithe ar a théarmaí tagartha. D'fhormheas an Coimisiún na téarmaí tagartha athbhreithnithe ag cruinniú den Choimisiún i Meán Fómhair 2013. I dtéarmaí tagartha athbhreithnithe an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair, leagtar amach na

príomhfhreagrachtaí seo a leanas:

- » Athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair chomhaltaí sinsearach an Choimisiúin, lena n-áirítear an Gobharnóir, agus moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina leith.
- » Athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar bheartas agus nósanna imeachta luacha saothair an Bhainc agus moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás inar cuí sin.
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí buiséid agus caiteachais agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith.
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar phróiseas Scórchárta Ualaithe an Bhainc agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith.
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht.
- » Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.

An Coiste Riosca

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an Coiste Riosca agus beidh triúr comhalta neamhfheidhmiúcháin ar a laghad ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóir.

Ba iad Des Geraghty (Cathaoirleach), Alan Ahearne, Michael Soden, Stefan Gerlach agus Cyril Roux (arna cheapadh chuig an gCoiste Riosca an 1 Deireadh Fómhair 2013) comhaltaí an Choiste Riosca amhail ar an 31 Márta 2014.

Tionóltar cruinnithe go ráithiúil ar a laghad. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnadóirí. Déanfar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin. Tionóladh sé chruinniú den Choiste Riosca le linn 2013.

Tábla 18

Comhaltaí an Choiste	Cruinnithe den Choiste Riosca ar freastalaíodh orthu le linn 2013
Des Geraghty (Cathaoirleach)	6/6
Michael Soden	6/6
Alan Ahearne	6/6
Matthew Elderfield	4/5
Stefan Gerlach	5/6
Cyril Roux	0/1

Sa Tábla thuas, tugtar le fios gur seoladh sé chruinniú den Choiste Riosca in 2013 agus léirítear líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu.

Chomh maith leis sin, bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Riosca leis an gCoiste Iniúcháireachta in 2013.

I mí na Samhna 2012, rinneadh athbhreithniú ar an gCoiste Riosca agus rinneadh tuilleadh oibre sa chéad leath de 2013.

I dtéarmaí tagartha an Choiste Riosca, leagtar amach na príomhfhreagrachtaí seo a leanas:

- » Athbhreithniú a dhéanamh ar infheistiú sócmhainní infheistíochta agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith.
- » Comhairle a thabhairt don Choimisiún ar nithe a bhaineann le beartais agus cleachtais infheistíochta an Bhainc a tharchuirfidh an Coimisiún chuig an gCoiste ó am go ham.
- » Neamhchosaintí reatha riosca agus an straitéis fhoriomlán riosca don eagraíocht a mheas agus a thuar.
- » Staid reatha airgeadais an Bhainc a mheas, ag féachaint do shuíomh an Bhainc maidir le sócmhainní agus le dliteanais agus ag féachaint do réamhaisnéisí.
- » An timpeallacht rialaithe agus éifeachtacht na gclár bainistíochta riosca san eagraíocht a chur i gcuntas, ag baint úsáid as tuarascálacha ón gCoiste Iniúcháireachta freisin.

Cód Cleachtais do Chomhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais

Tá éifeacht leis an gCód Iompair do Chomhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais ón 1 Eanáir 2013 i leith. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhainc.

Struchtúir Rialachais Inmheánaigh

Cé go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as bainistiú agus rialú an Bhainc, tá coistí inmheánacha éagsúla ann atá freagrach

as forbairt agus cur chun feidhme beartas a chomhordú agus as comhairle agus eolas a thabhairt maidir le saincheisteanna móra.

Sa tsamhail nua rialachais inmheánaigh, cuimsítear na coistí seo a leanas atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra:

- » Bíonn **Coiste an Ghobharnóra** ag plé go príomhúil le coistí an Choimisiúin a ullmhú, bearta leantacha, ceapacháin shinsearacha agus le saincheisteanna straitéiseacha eile.
- » Cinntíonn an **Coiste Ardcheannaireachta** go ndéanfar na gníomhaíochtaí go léir a ailíniú agus go ndéanfar straitéis an Bhainc a chur i ngníomh trí Scórchárta Ualaithe na heagraíochta a forbairt agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, déanann an Coiste maoirseacht ar chur chun feidhme beartas a mbíonn iarmhairtí leathana eagraíochtúla acu.
- » Tá an **Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais** freagrach as monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus airgeadais intíre agus idirnáisiúnta agus as béim a leagan ar réimsí ionchasacha imní i gcóras airgeadais na hÉireann. Dírionn an Coiste go háirithe ar straitéisí um maolú riosca agus ar ionstraimí beartas micreastuamachta agus/nó macrastuamachta a bhreithniú, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú. Is é ról an Choiste seo comhairle a thabhairt don Ghobharnóir agus eolas a thabhairt do bhainistíocht inmheánach maidir le saincheisteanna cobhsaíochta airgeadais.

Ar na coistí ardleibhéil eile, áirítear na cinn seo a leanas:

- » Tá freagracht ar an **gCoiste Oibríochtaí** (atá faoi chathaoirleacht an Phríomh-Oifigigh Oibríochtaí) as pleananna a bhaineann le feidhmiú éifeachtúil an Bhainc a cheapadh agus a bhaint amach agus as a áirithiú go seolfaidh an eagraíocht a gnó agus go

Tábla 19 – Láithreas os comhair Comhchoistí Oireachtais le linn 2013

Dáta	Duine a d'fhreastail	Coiste Oireachtais
Ean 16	An Gobharnóir Honohan	An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú - Cúrsaí a bhaineann leis an nGeilleagar
Aib 14	Greg Dempsey, Ceannasaí ar an Aonad Speisialta Réitigh	An Comhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú
Aib 17	Bernard Sheridan, Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí	An Comhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú
Aib 30	An Gobharnóir Honohan	An Comhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh
Meith 13	Leas-Ghobharnóir Matthew Elderfield	An Coiste um Chuntais Phoiblí
MF 25	An Gobharnóir Honohan	An Comhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú

mbainfidh sí úsáid as a cuid acmhainní, lena n-áirítear cumas teicneolaíochta agus acmhainní daonna, ar mhodh éifeachtúil agus cost-éifeachtach.

- » Déanann an **Coiste Feidhmiúcháin um Rioscaí** (atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Baincéireacht Cheannais)) maoirseacht ar bhainistíocht rioscaí airgeadais an Bhainc lena n-áirítear bainistíocht riosca ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc agus ar rioscaí i ndáil le cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Is é ról an Choiste sin, athbhreithniú agus bainistíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna riosca agus moltaí a dhéanamh do Choiste Riosca an Choimisiúin ina leith.
- » Déanann an **Coiste um Maoirseacht ar Riosca** (atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Rialáil Airgeadais)) breithniú ar thuarascálacha riosca a chuirtear ar aghaidh chuige. Feidhmíonn an Coiste seo mar fhóram freisin lena bhféadfar ionchur agus comhairle a thabhairt maidir le mór-shaincheisteanna maoirseachta agus faisnéis a roinnt maidir le saincheisteanna suntasacha maoirseachta.
- » Déanann an **Coiste Beartais** (atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Rialáil Airgeadais)) breithniú ar shaincheisteanna beartais agus monatóireacht ar fhorbairtí AE agus ar fhorbairtí idirnáisiúnta a bhaineann le rialáil airgeadais.

Cuntasacht

I gcomhréir le hAlt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc tuarascáil maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana agus cuireann sé an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de shé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le

hAlt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Cuntas don bhliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a chur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh, a dheimhniú agus tuairiscíonn sé air agus cuireann sé nó sí a t(h)uarascáil maille leis an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire.

Cuirtear cóipeanna den dá cháipéis seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Chomh maith leis sin, déanann iniúcháirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais airgeadais an Bhainc, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEB/C BCE.

Ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta a ullmhú maidir le rialáil seirbhísí airgeadais agus an Ráiteas sin a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais faoin 30 Aibreán gach bliain. I gcomhréir leis an Acht, beidh an Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil ina thrí chuid:

- » Plean Feidhmíochta Rialála ina dtabharfar breac-chuntas ar aidhmeanna agus ar chuspóirí na gníomhaíochta rialála atá beartaithe don bhliain reatha.
- » Athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála le linn na bliana roimhe sin ag féachaint don Plean Feidhmíochta Rialála don bhliain sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an bhfeidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus ag Clárathóir na gComhar Creidmheasa mar aon le haon chúrsaí ábhartha eile;
- » Tuarascáil ó aon athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar chomhlíonadh feidhmeanna rialála ag an mBanc, ar feidhmeanna iad a bheidh curtha i gcrích faoin reachtaíocht le linn na bliana.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, a iarraidh ar an nGobharnóir dul i gcomhairle leis an Aire i ndáil le comhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna. Ní fhéadfaidh an tAire, ámh, dul i gcomhairle leis an nGobharnóir i ndáil lena fheidhmeanna CEBC.

Laistigh d'aon mhí tar éis dó Ráiteas Feidhmíochta Rialála a fháil, ní mór don Aire an Ráiteas sin a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

I mí na Samhna 2012, d'fhoilsigh an Banc Plean Straitéiseach trí bliana don tréimhse 2013-2015.

Faoi réir cheanglais Chomhaontú Maastricht agus faoi réir na bhforálacha rúndachta arna bhforchur le dlí, láithreoidh an Gobharnóir nó na Leas-Ghobharnóir na Baincéireachta Ceannais nó Leas-Ghobharnóir na Rialála Airgeadais os comhair Comhchoistí den Oireachtas ar iarratas chuige sin. In 2013, láithrigh ionadaithe de chuid an Bhainc os comhair cúig chruinniú de choistí Oireachtais (féach Tábla 19).

Iniúcháireacht Inmheánach

Is feidhm neamhspleách oibríochtúil breithmheasa í feidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí, a gceanglaítear uirthi dearbhú iniúcháireachta a thabhairt go bhfuil na córais bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh leordhóthanach chun bainistíocht agus rialú a dhéanamh ar na rioscaí sin a bhfuil an Banc neamhchosanta ina leith. Cuidíonn sí freisin leis an mBanc éifeachtúlacht agus críochnúlacht a bhaint amach.

Tuairiscíonn Iniúcháireacht Inmheánach don Ghobharnóir agus don Choiste Iniúcháireachta gach ceithre mhí ar thorthaí iniúcháireachtaí. Ina theannta sin, ullmhaítear tuarascálacha dhá uair sa bhliain ar stádas saincheisteanna iniúcháireachta oscailte; déantar iad seo a scaipeadh ar an gCoiste Iniúcháireachta agus ar an gCoiste Oibríochtaí lena mbreithniú. Ullmhaítear plan trí bliana ar bhonn atrátha agus formheasann an Coiste Iniúcháireachta an plan sin gach bliain.

Le linn na bliana, rinne Iniúcháireacht Inmheánach raon iniúcháireachtaí thar na réimsí Baincéireachta Ceannais, Rialála agus Oibríochtaí. Cuimsíodh na hábhair seo a leanas: PRISM, an Creat um Maoirseacht ar Shócmhainní Cliant, an Creat um Riosca Oibríochtúil, Soláthar, Creidiúnaithe, na Próisis um Sheiceálacha Slándála, Scarbhileoga Ríthábhachtacha a Bhainistiú agus roinnt iniúcháireachtaí TF lena n-áirítear Athbhreithniú ar Mhórhionscadal TF agus iniúcháireachtaí éagsúla

sa Rannán Airgeadra. Ina theannta sin, ghlac Iniúcháireacht Inmheánach páirt i roinnt iniúcháireachtaí CEBC inar cuimsíodh na hábhair seo a leanas: córais iocaíochta, creat bainistíochta comhlíonachta, creat eiticíúil, bainistíocht riosca airgeadais agus rialachas TF. Cuireadh tuarascálacha faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus an Choiste Oibríochtaí maidir le torthaí na n-iniúcháireachtaí go léir lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur chun feidhme aon mholtaí ó iniúcháireachtaí roimhe seo. Tháinig an Ceannasaí ar Iniúcháireacht Inmheánach agus an Gobharnóir le chéile go rialta chun saincheisteanna a bhain le hiniúcháireacht a phlé.

Mar chuid dá próiseas um bailiú faisnéise agus chun a áirithiú go mbeidh Iniúcháireacht Inmheánach chun dáta maidir le forbairtí agus rioscaí laistigh den eagraíocht, freastalaíonn Iniúcháireacht Inmheánach go rialta ar chruinnithe inmheánacha ardbhainistíochta agus tionólann sí cruinnithe le líon mór rannán éagsúil san eagraíocht freisin.

Tuairiscíonn an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí do Choiste Iniúcháirí Inmheánacha an BCE maidir le torthaí iniúcháireachtaí CEBC thuasluaite agus maidir le saincheisteanna iniúcháireachta eile. Déantar tuarascálacha ón gCoiste Iniúcháirí Inmheánacha a chur faoi bhráid Chomhairle Rialaithe an BCE agus faoi Choistí ábhartha CEBC.

Cuid 2

Oibríochtaí Airgeadais



Torthaí Airgeadais don bhliain 2013

An Comhthéacs

Le blianta beaga anuas, tá freagairt Bhanc Ceannais na hÉireann (an Banc) don ghéarchéim airgeadais intíre agus idirnáisiúnta le brath i gclár comhardaithe an Bhainc. Bhí na gníomhaíochtaí sin ag teacht le sainordú intíre agus Eurochórais an Bhainc chun rannchuidiú le cobhsaíocht an chórais airgeadais agus bhí tionchar díreach suntasach acu ar thorthaí airgeadais an Bhainc.

In 2013, tháinig laghdú ar an ngá le tacaíocht ón mBanc don earnáil baincéireachta intíre nó d'oibríochtaí Eurochórais mar gheall ar an bhfeabhas a tháinig ar dhálaí margaidh airgeadais anseo agus thar lear. Ba iad seo a leanas na príomhfhorbairtí:

- » tháinig laghdú breise ar leibhéal na tacaíochta airgeadais a bhí ag teastáil ón earnáil baincéireachta intíre, ar tacaíocht í a chuirtear ar fáil trí iasachtaí ón mBanc;
- tháinig athrú suntasach ar chomhdhéanamh shócmhainní chlár comhardaithe an Bhainc de thoradh leachtú Chorpáraid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) agus de thoradh an athstruchtúraithe ina dhiaidh sin. Tá athrú tagtha ar chomhdhéanamh shócmhainní chlár comhardaithe an Bhainc toisc gur cuireadh deireadh le Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla agus cuireadh punann de bhannaí fadreacha Rialtais na hÉireann agus bannaí gearhéarmacha GNBS ina ionad;
- leanadh leis an gcur chuige de “lán-chionroinnt ar ráta socraithe” ar leibhéal an Eurochórais d'fhonn tacú le soláthar leachtachta agus le hiasachtú bainc sa limistéar euro; agus
- leanann an tEurochóras d'urrúis arna gceannach faoi Chlár na Margáí Urrús (CMU) agus faoi na Cláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach a shealbhú, d'fhonn doimhneacht agus leachtacht a áirithiú i ndeighleoga mífheidhmiúla de na margáí fiachurrús sa limistéar euro agus, ar an gcaoi sin, meicníocht tarchuir iomchuí don bheartas airgeadaíochta a athbhunú.

I gclár comhardaithe reatha an Bhainc, léirítear neamhchosaintí arna n-eascairt as gníomhaíochtaí beartais a rinneadh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim ar an leibhéal intíre agus ar leibhéal an Eurochórais. Mar aon le roinnt mhaith banc ceannais ar fud an domhain a raibh freagairtí beartais á gcur i bhfeidhm acu chun dul i ngleic leis an ngéarchéim, tháinig méadú suntasach ar chlár comhardaithe an Bhainc ó thaobh méide nuair a bhí an ghéarchéim faoi lán seoil. Feictear laghdú leanúnach, áfach, ar mhéid fhoriomlán a chlár chomhardaithe ó 2011 i leith. Tá leibhéil brabús an Bhainc fíor-ard i gcónaí. Léiríonn na brabús fíor-arda seo sealbháin an Bhainc de bhannaí fadreacha Rialtais a shealbhaítear i bpunann trádála an Bhainc agus a dhíolfar i gcomhréir leis an sceideal comhaontaithe ar choinníoll go bhféadfar déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais.

Torthaí Airgeadais

B'ionann an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2013 agus €1,518.1 milliún i gcomparáid le €1,437.4 milliún in 2012. I bhfianaise ráta úis níos ísle, tháinig laghdú ar ioncam úis agus ar chaiteachas úis an Bhainc in 2013. Tháinig laghdú €579.1 milliún ar ioncam úis go dtí €2,017.9 milliún agus tháinig laghdú €571.6 milliún ar chaiteachas úis go dtí €471.2 milliún. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú €7.6 milliún ar ghlanioncam úis an Bhainc go dtí €1,546.7 milliún.

Ioncam Úis

Bhí an laghdú ar ioncam úis inchurtha go príomha do mhéid úis ar lú go suntasach é, arna thuilleamh ar iasachtaí ón mBanc mar chuid d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (2013: €289.6 milliún, 2012: €758.1 milliún) agus ar CLE (2013: €112.8 milliún, 2012: €1,105.2 milliún) a cuireadh ar fáil d'institiúidí creidmheasa. Tháinig deireadh le soláthar CLE an 7 Feabhra 2013 i ndiaidh leachtú IBRC. Tháinig méadú €839.9 milliún ar an ioncam a tuilleadh ar phunann infheistíochta féin an Bhainc de thoradh an ioncaim a tuilleadh ar phunann na n-urrús a fuair an Banc i ndiaidh leachtú IBRC agus a cuireadh in ionad an ioncaim a tuilleadh ar sholáthar CLE. Tháinig laghdú ar an ioncam a tuilleadh ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta le linn 2013 de thoradh an íslithe ar an iasachtú d'institiúidí creidmheasa agus laghdaithe ar mheánrátaí úis an BCE¹. Tháinig laghdú ar an ioncam a tuilleadh ar urrúis

1 D'ísigh íosráta tairisceana príomhúil an BCE ó 0.88 faoin gcéad ar an meán in 2012 go dtí 0.55 faoin gcéad in 2013.

arna sealbhú faoi CMU go dtí €182.4 milliún in 2013 anuas ó €207.2 milliún in 2012. Déantar an t-ioncam/caiteachas iarbhir a ghintear ó CMU agus ó airleacain beartais airgeadaíochta a chomhthiomsú agus a roinnt idir BCNanna an Eurochórais tríd an scéim ioncaim airgeadaíochta i gcomhréir le scaireanna scála caipitil an Eurochórais ag an am.

Caiteachas Úis

Tháinig laghdú €478.0 milliún agus €47.1 milliún faoi seach ar an ús arna thabhtú ar iarmhéideanna laistigh den Eurochóras agus ar eisiúint nótaí bainc euro ag an mBanc de bheis ar a scair scála caipitil de chúrsaíocht iomlán an Eurochórais. Leis na laghduithe sin ar an dá haicme caiteachais, léirítear an titim ar íosráta tairisceana an BCE1 mar aon le hiarmhéid meánach i bhfad níos ísle in 2013 i nDliteanais laistigh den Eurochóras arbh ionann agus €61.1 billiún (2012: €91.5 billiún). Tháinig laghdú €28.9 milliún ar an ús a íocadh ar thaiscí Rialtais, fad a tháinig laghdú €17.1 milliún ar an ús a íocadh ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa in 2013. An laghdú ar an gcaiteachas a bhain le taiscí Rialtais, d'eascair sé as meánráta luacha saothair (EONIA)² ní b'ísle arna íoc le linn na bliana ar mheán-iarmhéid ní b'ísle de thaiscí Rialtais in 2013 arbh ionann é agus €15.8 billiún (2012: €19.7 billiún). Bhí an titim ar an ús a íocadh ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa inchurtha do rátaí úis ní b'ísle a íocadh ar iarmhéideanna arna sealbhú i gcuntais íos-chúlchiste le linn na tréimhse.

Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha & Soláthairtí

B'ionann an glantoradh ar oibríochtaí airgeadais, ar dhíluachálacha agus ar sholáthairtí, agus gnóthachan €69.2 milliún i gcomparáid le glanmhuirear €101.6 milliún in 2012. San aicme seo, foláitear scaoileadh coda den soláthar i leith rioscaí a bhaineann le hurrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus infheistíochtaí, bunú soláthair nua do léas dochraideach ar áitreabh an Bhainc móide gnóthachain chaipitiúla réadaithe agus cailteanais neamhréadaithe praghais agus ráta malairte ar phunann infheistíochta an Bhainc.

I ndiaidh an athbhreithnithe bhliantúil maidir le lagú ar shealúchais an Bhainc ina phunann infheistíochta (á sealbhú go dtí aibíocht) agus

ina chuid punann a bhaineann le beartas airgeadaíochta an Eurochórais (CMU agus an dá Chlár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach), laghdaíodh faoi €50 milliún, amhail ar an 31 Nollaig 2013, an soláthar de €400 milliún a cruthaíodh roimhe sin i leith na rioscaí a bhaineann leis na hurrúis sin i gcomhthéacs na géarchéime leanúnaí i margadh an fhiachais cheannasaigh (ag deireadh 2012, méadaíodh an soláthar sin ó €300 milliún go dtí 400 milliún). B'ionann gnóthachain chaipitiúla réadaithe ar phunann infheistíochta an Bhainc agus €53.1 milliún, is é sin laghdú €44.4 milliún ar an mblain roimhe sin. Tháinig méadú €16.7 milliún ar chailteanais neamhréadaithe praghais go dtí €17.0 milliún ag deireadh 2013, rud a léiríonn an ghluaiseacht aníos i dtorthaí bannaí croi-limistéir ag deireadh na bliana.

Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

D'eascair aisíoc €15.4 milliún as toradh ghlan-chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta an Eurochórais in 2013, i gcomparáid le haisíoc €68.7 milliún in 2012. Cuimsítear dhá ghné sa mhuirear seo:

- (i) aisíoc ioncaim airgeadaíochta arb ionann é agus €11.5 milliún leis an mBanc tar éis ioncam iomlán airgeadaíochta an Eurochórais a leithdháileadh ar na BCNanna i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil faoi seach. In 2013, thuill an Banc €11.5 milliún faoi bhun a scála caipitil d'ioncam airgeadaíochta an Eurochórais, i gcomparáid le €60.6 milliún in 2012.
- (ii) laghdú €3.9 milliún³ ar scair an Bhainc den soláthar i leith rioscaí contrapháirte a bhaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

Costais Oibríochtúla

Le blianta beaga anuas, dhírigh an Banc ar neartú a chuid acmhainní agus a chumais féin, lena n-áirítear comhaltáí foirne breise a earcú agus infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua. Léirítear an infheistíocht leanúnach seo sna costais iomlána oibríochtúla do 2013 arb ionann iad agus €207.3 milliún (2012: €177.8 milliún). Cuimsítear sna costais sin, pá, neamhphá, amhábhair nótaí bainc agus díluacháil. Tháinig méadú €15.1 milliún (14.3 faoin gcéad) ar chostais foirne, lena n-áirítear pá, fad a tháinig

² Thit an Mheán-Treoirimhir Euro Thar Oíche (EONIA) ó 0.23 faoin gcéad in 2012 go dtí 0.09 faoin gcéad in 2013.

³ In 2013, rinne Comhairle Rialaithe an BCE athbhreithniú ar a oiriúnaí a bhí an soláthar sin agus chinn sí an méid a bhí fágtha de €310 milliún a dhíscaloileadh ag deireadh 2013.

méadú €12.5 milliún ar chaiteachais oibríochtúla eile agus ar amhábhair nótaí bainc. B'ionann muirir dhímheasa agus €13.3 milliún (2012: €11.4 milliún). Tugtar anailís mhionsonraithe ar chostais oibríochtúla an Bhainc i Nóta 8 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas.

Tar éis aistrithe chuig cúlchistí agus coigeartuithe a bhain le sainaithint glanhnóthachain achtúirigh ar scéim pinsin an Bhainc a chur san áireamh, mar a cheanglaítear faoi FRS 17: Sochair Scoir, b'ionann loncam Barrachais an Bhainc agus €1,212.1 milliún (2012: €1,147.6 milliún), atá iníoctha leis an Státchiste.

Forbairtí ar an gClár Comhardaithe

B'ionann agus €108.1 billiún sócmhainní/dlíteanais iomlána an chlár chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2013, is é sin laghdú €29.4 billiún (21.4 faoin gcéad) ar an bhfigiúr comhréireach ag deireadh 2012 (€137.5 billiún). Ba é an laghdú ar na hairleacain iomlána beartais airgeadaíochta chuig institiúidí creidmheasa ba chionsiocair leis an laghdú sin.

Amhail ar an 31 Nollaig 2013, tháinig laghdú €3.3 billiún ar iasachtaí d'institiúidí creidmheasa tríd na príomhoibríochtaí athmhaoinithe (PA) go dtí €4.5 billiún, fad a tháinig laghdú €28.6 billiún ar iasachtaí tríd na hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAF) go dtí €34.5 billiún sa tréimhse chéanna.

Tháinig laghdú ar CLE a cuireadh ar fáil d'institiúidí creidmheasa intíre lasmuigh d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais ó €40.4 billiún in 2012 go dtí nialas in 2013 i ndiaidh leachtú IBRC i mí Feabhra 2013. Fuair an Banc punann urrús ina dhiaidh sin mar mhalairt ar chomhthaobhacht, lena n-áirítear Nótaí Gealltanais, ar punann í a leithreasaíodh i ndiaidh an leachtaithe. B'ionann an phunann sin agus €43.9 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2013.

Maidir le dlíteanais, b'ionann agus €14.1 billiún scair chomhréireach an Bhainc de na nótaí bainc euro a bhí i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana, is é sin méadú €0.7 billiún ar an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú €9.4 billiún ar thaiscí Rialtais fad a tháinig laghdú €0.3 billiún ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa (bainc thráchtála) in 2013. Glandlíteanais laistigh den Eurochóras,

arbh ionann iad agus €71.6 billiún amhail ar an 31 Nollaig 2013, bhí siad €23.6 billiún níos ísle ná na glandlíteanais ag deireadh 2012. Folaítear anseo laghdú €24.1 billiún ar dhlíteanas an Bhainc do bhainc cheannais eile san Eurochóras i leith aistrithe trasteorann trí chóras iocaíochta TARGET2⁴ arna bhfritháireamh le méadú €0.5 billiún ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint ag an mBanc de bhreis ar a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais.

Tháinig laghdú €37.2 milliún ar sholáthairtí, rud a léiríonn leachtú páirteach de €50 milliún ar an soláthar arna chothabháil ag an mBanc i leith rioscaí a bhaineann le hurrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus infheistíochta. Bhí dhá laghdú bhreise ar sholáthairtí an Bhainc de thoradh leachtú sholáthar an Eurochórais i leith rioscaí contrapháirte in oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna seoladh ag Comhairle Rialaithe an BCE (€3.9 milliún) agus de thoradh fhuascailt nótaí punt Éireannacha le linn na bliana (€1.6 milliún). Fritháiríodh na gnóthachain sin le bunú léasa dhochraidigh (€18.4 milliún) i leith glan-oibleagáidí an Bhainc a bhaineann leis an léas ar an áitreabh ag Duga Spencer tar éis 2016 i ndiaidh an chinneadh chun athlonnú go dtí Cé an Phoirt Thuaidh.

Fuascailt nótaí punt Éireannacha

Stad nótaí punt Éireannacha de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Amhail ar an 31 Nollaig 2002, bhí nótaí arbh ionann a luach agus €299.7 milliún fós amuigh, agus ag an bpointe sin, aistríodh na fáлтаis chuig an Státchiste lúide soláthar €60.0 milliún chun freastal ar oibleagáidí maidir le nótaí punt Éireannacha neamhfhuascailte. In 2010 agus 2012, d'fhormheas an Coimisiún dhá haistriú bhreise de €10.0 milliún an ceann chuig an soláthar a bhí laghdaithe de thoradh fuascailtí. Le linn 2013, fuasclaíodh €1.6 milliún (2012: €2.5 milliún), a d'fhág go raibh €231.2 milliún i nótaí punt Éireannacha fós amuigh ag deireadh 2013 agus iarmhéid €11.6 milliún sa soláthar ag deireadh na bliana.

Fáltais Monaí

Le linn 2013, b'ionann glanluach na monaí euro a eisíodh agus €5.2 milliún (2012: glanfuascailt

€24.3 milliún). Tar éis caiteachais a bhain le táirgeadh monaí a asbhaint, íocadh seigniorage €2.6 milliún leis an Státchiste i mí na Nollag 2013, i gcomparáid le híocaíocht €26.7 milliún ón Státchiste chuig an mBanc in 2012.

Leanann an Banc de mhonaí Éireannacha arna n-eisiúint sular tugadh an euro isteach i mí Eanáir 2002 a fhuascailt. In 2013, b'ionann agus €0.2 milliún na monaí Éireannacha a fuasclaíodh (2012: €0.3 milliún). Áirítear na sonraí iomlána i Nóta 25 den Ráiteas Cuntas.

Íoc Pras Cuntas 2013

Tá oibleagáid ar an mBanc déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le híoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbheart tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. I gcás inar lú ná €5 an pionós úis, ní bheidh feidhm ag na rialacháin. Is ionann an ráta úis is infheidhme maidir le híocaíochtaí déanacha agus príomhráta athmhaoinithe an BCE móide 8 bpointe céatadáin, agus beidh an ráta ábhartha amhail an 1 Eanáir agus an 1 Iúil gach bliain infheidhme don tréimhse sé mhí i ndiaidh na ndátaí sin. In 2013, bhí ús iníoctha de réir ráta idir 8.25 agus 8.50 faoin gcéad in aghaidh na bliana.

Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2013, mar aon le figiúirí comhréireacha don bhliain 2012, i gcomhréir le forálacha na Rialachán dá dtagraítear thuas

	2013	2012
Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha	308	230
Luach iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A)	€2,729,271	€5,860,175
Luach iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B)	€89,649,351	€72,578,967
A mar % de B	3.04%	8.07%
Méid iomlán an Úis a íocadh ar íocaíochtaí Déanacha	€15,150	€8,776

Ráiteas Cuntas

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J *d'Acht an Bhainc Cheannais*, 1942
(mar atá arna leasú).



Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais Chomhaltaí an Choimisiúin i gCuid III d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, (arna leasú). Anuas air sin, faoi Alt 32J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú), tá an Banc freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil.

Cuimsíonn an fhreagracht seo an Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais mar aon le hiniúcháirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (an "CEBC") agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais sa Bhanc, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúr eagraíochtúil iomchuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhall. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúcháireachta agus na hIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha agus comhaltaí de Lucht Bainistíochta an Bhainc le chéile ar bhonn tréimhsiúil chun saincheisteanna maidir le rialú, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara eile a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha ar an gCoiste Iniúcháireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach treoirlínte cuntasaíochta CEBC, cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo (i gcás inar iomchuí) agus forálacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc agus go bhfuil breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama mar thaca acu.

Patrick Honohan, An Gobharnóir

Blanaid Clarke, Comhalta den Choimisiún

14 Aibreán 2014

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithnímid, thar ceann an Choimisiúin, go bhfuil freagracht ar an gCoimisiún a chinntiú go gcothabhálfaidh an Banc córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais agus go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais sin ar bhonn leanúnach.

Leis na córais rialaithe atá i bhfeidhm, tugtar dearbhú atá réasúnta ach nach lándearbhú é go bhfuil na sócmhainní á gcosaint ar úsáid nó diúscairt neamhúdairithe, go bhfuil taifid chuí airgeadais á gcoinneáil agus gur iontaofa an fhaisnéis airgeadais atá curtha ar fáil agus foilsithe. Go bunúsach, tá na córais sin ceaptha bunrioscaí airgeadais a bhainistiú seachas iad a dhíchur.

I gcóras na rialuithe inmheánacha, áirítear na nithe seo a leanas:

- Struchtúr eagraíochta a shainmhínítear go soiléir agus a bhfuil teorainneacha údarúcháin sonracha ag gabháil leis agus ceanglais maidir le tuairiscíú don ardbhainistíocht agus don Choimisiún;
- Téarmaí tagartha iomchuí don Choimisiún agus do choistí bainistíochta a bhfuil freagracht orthu i leith croíréimsí beartas;
- Córas cuimsitheach bainistíochta faisnéise airgeadais agus buiséid lena n-ionchorpraítear:
 - Faomhadh an phlean bhliantúil agus buiséad mionsonraithe caiteachais ag an gCoimisiún;
 - Tuairiscíú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le feidhmíocht airgeadais agus buiséid; agus
 - Tuairiscíú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le caiteachas tionscadal/caipitil.
- Beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta mionsonraithe i ndáil le rialuithe airgeadais;
- Creat riosca oibríochtúil, arb é an próiseas iomlán é ina n-éascaítear go rianúil sainaithint, anailís, monatóireacht agus tuairiscíú a dhéanamh ar theagmhais oibríochtúla agus ar rioscaí bailí oibríochtúla ar mhodh comhsheasmhach agus, ag an am céanna, lena ndéantar measúnú ar rialuithe inmheánacha i ndáil le gach riosca agus teagmhas a shainaithnítear chun go maolófar an riosca go dtarlódh sé arís; agus
- Creat rialaithe riosca chun príomhrioscaí airgeadais an Bhainc a bhainistiú laistigh de bheartais inmheánacha riosca arna sainiú go soiléir, faoi threoir bheartais bainistíochta riosca an Eurochórais, i gcás inar iomchuí.

Déanann an Rannán Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú neamhspleách go rianúil ar na rialuithe atá i bhfeidhm agus tuairiscíonn sé don Choiste Iniúchóireachta ar bhonn rialta. Faomhann an Coiste Iniúchóireachta an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí agus an clár oibre. De bhreis air sin, buaileann an Coiste Iniúchóireachta leis an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas agus leis na hiniúcháirí seachtracha, RSM Farrell Grant Sparks agus faigheann sé tuarascálacha uathu. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta don Choimisiún maidir le gach saincheist shuntasach arna plé ag an gCoiste agus cuirtear miontuairiscí an Choiste Iniúchóireachta ar fáil don Choimisiún lena mbreithniú ag cruinnithe an Bhoird ina dhiaidh sin.

Leis na Conarthaí Eorpacha (Airteagal 130 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 7 de Reacht CEBC agus BCE a gcuirtear a fhorálacha in iúl freisin in Acht an Bhainc Cheannais 1942), foráiltear go bhfuil Banc Ceannais na hÉireann neamhspleách ar an Rialtas agus, ar an gcaoi sin, ní bhíonn feidhm dhíreach ag cinntí, cóid chleachtáis ná ag ciorcláin Rialtais maidir leis an mBanc. Tríd is tríd, tá beartas an Rialtais agus an Cód Cleachtáis um Rialachas Comhlachtaí Stáit leanta ag an mBanc ach tá roinnt eisceachtaí ann i réimse an tsoláthair agus i réimse beartais pá, rud atá i gcomhréir le sainordú neamhspleách an Bhainc.

Le linn 2013, tabhaíodh caiteachas €7.1 milliún (tuairim is 8 % de chaiteachais gheallta an Bhainc) ar 54 conradh gan dul in árach ar phróiseas tairisceana um sholáthar poiblí. Feabhsaíodh an próiseas rialachais maidir le tuairiscíú soláthar agus le monatóireacht ar sholáthair le linn 2013 agus rinneadh seirbhísí arna bhfáil go neamhiomaíoch a thuairiscíú don Choiste Iniúchóireachta ar bhonn ráithiúil. As 54 conradh dá dtagraítear thuas, rinneadh 23 díobh a rialtú le linn na bliana agus tá plean gníomhaíochta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an 31 conradh atá fágtha.

Is é Coimisiún an Bhainc Ceannais amháin atá freagrach as téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear luach saothair agus liúntais) a chuid foirne a shocrú i gcomhréir le halt 6D d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, agus ní foláir don Choimisiún, faoi dhlí AE agus faoi dhlí na hÉireann, an cúram sin a chomhlíonadh go neamhspleách ar Rialtas na hÉireann, de réir mar a mheasfaidh an Banc gur gá chun a shainordú a chomhlíonadh. Tá na comhaltaí foirne agus comhaltaí foirne ar scor de chuid an Bhainc (le toiliú Ghobharnóir an Bhainc agus i gcomhréir le ról neamhspleách an Bhainc) faoi réir fheidhmiú na reachtaíochta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail.

Deimhním go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013.

Patrick Honohan, An Gobharnóir

Blanaid Clarke, Comhalta den Choimisiún

14 Aibreán 2014

Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013

		2013	2012
	Nóta	€000	€000
<i>Ioncam úis</i>	1	2,017,949	2,597,061
<i>Caiteachas úis</i>	2	(471,228)	(1,042,779)
Glanioncam úis		1,546,721	1,554,282
<i>Glan-ghnóthachain a eascraíonn as Oibríochtaí Airgeadais</i>	3	54,624	8,690
<i>Díluacháil Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais</i>	3	(17,014)	(337)
<i>Soláthairtí</i>	3	31,600	(110,000)
Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí		69,210	(101,647)
Díluacháil Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais	4	2,741	3,472
Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha	5	31,717	13,499
Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta	6	15,445	68,732
Ioncam eile	7	59,588	76,815
GLANIONCAM IOMLÁN		1,725,422	1,615,153
Costais foirne	8	(120,519)	(105,435)
Costais oibríochtúla eile	8	(69,941)	(57,220)
Dímheas	8	(13,347)	(11,430)
Amhábhair nótaí bainc	8	(3,478)	(3,676)
COSTAIS IOMLÁNA		(207,285)	(177,761)
BRABÚS DON BHLIAIN SULA gCUIRTEAR GNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS SAN ÁIREAMH		1,518,137	1,437,392
Glanghluaiseacht na ngnóthachan neamhréadaithe	34	2,927,569	32,147
Aistrithe chuig na cuntais athluachála	34	(2,927,569)	(32,147)
Caillteanas achtúireach ar an Scéim Pinsin	32	21,214	(73,340)
Aistriú chuig cúlchiste ginearálta	35	(327,241)	(216,424)
BARRACHAS IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE	9, 31	1,212,110	1,147,628

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 44 mar chuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais na hÉireann

Patrick Honohan, An Gobharnóir
Stefan Gerlach, Leas-Ghobharnóir

14 Aibreán 2014

Clár Comhardaithe Amhail ar an 31 Nollaig 2013

SÓCMHAINNÍ		2013	2012
	Nóta	€000	€000
Ór agus infhaighteachtaí óir	10	168,444	243,522
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	11	1,019,123	1,051,462
Eilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro	12	–	495,597
Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro	13	1,514,728	1,228,596
Íasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta	14	39,046,000	70,936,000
Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro	15	561,606	40,425,500
Urrúis cónaitheoirí sa limistéar euro	16	63,817,152	21,264,128
Éilimh laistigh den Eurochóras		856,679	885,762
Leas rannpháirteach sa BCE	17	179,448	176,179
Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	18	643,894	639,836
Éilimh eile laistigh den Eurochóras	19	33,337	69,747
Míreanna atá á socrú	20	22,712	13,853
Sócmhainní eile	21	1,103,942	941,396
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA		108,110,386	137,485,816

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 44 mar chuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais na hÉireann

Patrick Honohan, An Gobharnóir
Stefan Gerlach, Leas-Ghobharnóir

14 Aibreán 2014

Clár Comhardaithe Amhail ar an 31 Nollaig 2013

DLITEANAIS		2013	2012
	Nóta	€000	€000
Nótaí bainc i gcúrsaíocht	23	14,051,139	13,328,406
Dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	24	3,242,700	3,518,115
Dliteanais do chónaitheoirí eile sa limistéir euro	25	10,264,054	19,638,624
Dliteanais do chónaitheoirí lasmuigh den limistéir euro	26	17,280	22,245
Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí sa limistéir euro	27	180	191
Contrapháirt ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI	28	867,159	903,913
(Glan)dliteanais laistigh den Eurochóras		71,593,462	95,199,863
<i>Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras</i>	29	16,476,549	15,940,680
<i>(Glan)dliteanais eile laistigh den Eurochóras</i>	30	55,116,913	79,259,183
Dliteanais eile	31	1,910,773	1,915,595
Dliteanas pinsin	32	84,568	97,425
Soláthairtí	33	379,963	417,141
Cuntais athluachála	34	3,262,367	334,798
Caipitil agus cúlchistí	35	2,436,741	2,109,500
DLITEANAIS IOMLÁNA		108,110,386	137,485,816

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 44 mar chuid de na cuntais seo.

Banc Ceannais na hÉireann

Patrick Honohan, An Gobharnóir
Stefan Gerlach, Leas-Ghobharnóir

14 Aibreán 2014

Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

(a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma ‘an Banc’, aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc ráiteas cuntas laistigh de 6 mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas i bhfoirm atá formheasta ag an Aire. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc laistigh de chreat CEBC¹ mar aon lena raon ilchineálacha gníomhaíochtaí.

(b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag Comhairle Rialaithe an BCE ina Treoirlíne Chuntasaíochta². Leis an Treoirlíne sin, bunaítear go háirithe na rialacha cuntasaíochta is infheidhme maidir le hoibríochtaí athmhaoinithe don earnáil baincéireachta, le hurrúis, le hidirbhearta in airgead eachtrach agus le heisiúint nótaí bainc. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc don bhliain 2013 i gcomhréir go hiomlán leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne. I gcásanna nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach nó nach mbeidh a cur i bhfeidhm éigeantach, leanfar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn (ie. Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais) agus forálacha iomchuí reachtúla³ a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc i dtaca le haithint agus le tomhas.

Ag féachaint do ról agus do ghníomhaíochtaí bainc ceannais, tá an Banc den tuairim nach gcuirfeadh ráiteas faoi shreabhadh airgid aon fhaisnéis bhreise, úsáideach ar fáil d’úsáideoirí na gcuntas. Mar sin, níl ráiteas den sórt sin mar chuid de na cuntais seo.

(c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar chomhalta den CEBC/Eurochóras, tá Treoirlíne Chuntasaíochta an BCE glactha ag an mBanc. Is achoimre ar phríomhfhórlacha na Treoirlíne é an méid seo a leanas:

(i) Cuntasaíocht Dáta Trádála⁴

Go hiondúil is ar an dáta socraíochta a dhéantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndlíteanais a thaifeadh (an dáta trádála móide dhá lá gnó, de ghnáth), mura dtitfidh deireadh na bliana idir an dáta trádála agus an dáta socraíochta, sa chás sin, ní mór iad a aithint ar an dáta trádála, i.e. déanfar gach gnóthachan agus caillteanas ó na hidirbhearta sin a thaifeadh sa bhliain reatha.

(ii) Iarmhéideanna laistigh den CEBC

Déanann BCNanna uile an Eurochórais cuntais a chothabháil lena chéile d’fhonn íocaíochtaí déthaobhacha a dhéanamh lena n-áirítear íocaíochtaí trasteorann trí chóras TARGET⁵ (Nóta 30). Ag am scoir gnó gach lá, déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha go léir a ghlanluacháil trí phróiseas iltaobhach glanluachála agus déantar oibleagáid aonair fiachais gan íoc don BCE ó gach BCN nó *vice versa* de réir mar is cuí a chur ina n-ionad.

1 An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na 28 banc ceannais náisiúnta (BCNanna) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2013 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma ‘an tEurochóras’ do na 17 BCN de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta leis an BCE amhail ar an dáta céanna.

2 Treoirlíne an 11 Samhain 2010 faoi chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (athmhúnlú), BCE/2010/20 arna leasú le Treoirlíne BCE/2012/29.

3 Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha reachtúla: *An Conradh ar an Aontas Eorpach, 1992, Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-2013, Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943, an tAcht Monaíochta, 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969 go 1990, an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998 agus Reachta an CEBC agus an BCE.*

4 Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (5 Nollaig 2002) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2002/10), arna leasú le Treoirlíne BCE/2012/29.

5 An tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach.

Déantar iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras a áireamh mar dhliteanas faoi (ghlan)dliteanais laistigh den Eurochóras: ‘Dlíteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras’ (Nóta 29) Beartas Cuntasaíochta (c)(iv).

Éilimh laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc sa BCE, tuairiscítear iad faoi ‘Leas Rannpháirteachais sa BCE’ (Nóta 17) Beartas Cuntasaíochta (c)(iii).

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as aistriú cúlsóchmainní eachtracha chuig an BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi ‘Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha’ (nóta 18) Beartas Cuntasaíochta (c) (vii).

(iii) Scála Caipitil

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa an BCE atá ar seilbh ag BCNanna faoi seach CEBC. Is tomhas é ar mhéid choibhneasta náisiúnta Bhallstáit an AE agus is cumasc 50:50 é den OTI agus de mhéid an daonra. Faoi bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC, is iad BCNanna CEBC na suibscríobhaithe aonair le haghaidh chaipiteal an BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. An 1 Iúil 2013, tháinig athrú ar scair an Bhainc de chaipiteal suibscríofa an BCE ó 1.1107 faoin gcéad in 2012 go dtí 1.1111 faoin gcéad i ndiaidh aontachas na Cróite leis an AE agus uasdátú gaolmhar ar na comhpháirteanna a úsáidtear chun an scála a ríomh (OTI agus daonra).

An dara scála, ‘Scála caipitil an Eurochórais’, arna dhíorthú ó scála caipitil an CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais.

An 1 Iúil 2013, i ndiaidh aontachas na Cróite leis an AE agus uasdátú gaolmhar ar na comhpháirteanna a úsáidtear chun an scála a ríomh (OTI agus daonra), tháinig méadú beag ar scair an Bhainc de scála caipitil an Eurochórais ó 1.5874 faoin gcéad go dtí 1.5974 faoin gcéad.

(iv) Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

Bíonn nótaí bainc euro á n-eisiúint ag an BCE agus na 17 BCN rannpháirteacha a dhéanann suas an tEurochóras⁶. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN⁷.

Rinneadh scair 8 faoin gcéad de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar an BCE fad a rinneadh 92 faoin gcéad a leithdháileadh ar na BCNanna san Eurochóras i gcomhréir lena scaireanna láníochta faoi seach de chaipiteal an BCE. Sa bhliain atá faoi chaibidil anseo, bhí scair 1.5974 faoin gcéad ag an mBanc (2012: 1.5874 faoin gcéad) de chaipiteal láníochta an BCE (Beartas Cuntasaíochta (c)(iii)) agus, dá bhrí sin, scair 1.4695 faoin gcéad de na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc. Déantar an scair de na nótaí bainc a leithdháiltear ar gach BCN a nochtadh faoin mír dliteanais ar an gClár Comhardaithe “Nótaí bainc i gcúrsaíocht” (Nóta 23)

Eascaíonn iarmhéideanna íochta laistigh den Eurochóras as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a leithdháiltear ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhír. Na héilimh seo (i gcás easnamh in eisiúint maidir le scála caipitil nótaí bainc) nó na dliteanais seo (i gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc), a thabhaíonn ús⁸, cuirtear iad in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi “Laistigh den Eurochóras: glanléamh/glandlíteanas a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc

6 Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch. 26.

7 Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céatadáin a thig as scair an BCE d’eisiúint iomlán nótaí bainc euro (8 faoin gcéad) a chur san áireamh agus as scála caipitil an Eurochórais a fheidhmiú maidir le scair na BCNanna rannpháirteacha (92 faoin gcéad).

8 Cinneadh ón BCE an 25 Samhain 2010 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta na mbanc ceannais náisiúnta de chuid na mBallstát arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2010/23), IO L 35, 9.2.2011, lch.17.

euro laistigh den Eurochóras” (Nóta 29, Beartas Cuntasaíochta (c)(ii)). Déantar an costas úis (Nóta 2 (ii)) ar na hiarmhéideanna seo a ghlanadh trí chuntais an BCE agus cuimsítear é faoi ‘Glanioncam úis’ sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

(v) Leithdháiltí ag an BCE

Ioncam seigniorage an BCE a eascraíonn as scair 8 faoin gcéad de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar an BCE agus (glan)ioncam an BCE a eascraíonn as urrúis arna gceannach faoi Chlár na Margaí Urrús (CMU), tá cinneadh déanta ag Comhairle Rialaithe an BCE go mbeidh sé dlite go hiomlán do na BCNanna sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhróidh sé, mura gcinneadh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt. Déanfaidh an BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dár gcionn i bhfoirm dháileadh eatramhach brabúis⁹. Féadfar méid ioncaim an BCE ar nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a laghdú i gcomhréir le haon chinneadh ón gComhairle Rialaithe i leith caiteachas arna dtabhú ag an BCE i dtaca le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro. Roimh dheireadh na bliana, cinneadh an Chomhairle Rialaithe cibé acu an ceart gach cuid nó páirt d’ioncam an BCE arna eascairt as urrúis CMU agus Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach (IAGA) a choinneáil agus, más gá, gach cuid nó páirt d’ioncam an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a choinneáil a mhéid is gá chun a chinntiú nach sáróidh an t-ioncam dáilte glanbhrabús an BCE don bhliain sin.

Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh freisin maidir le hioncam uile an BCE, nó cuid de, arna eascairt as urrúis CMU agus IAGA, más gá, maidir le hioncam uile an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht, nó cuid de, go gcoinneofar é nó í lena aistriú nó lena haistriú chuig soláthar i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir. Déanfar an méid arna dháileadh ar an mBanc a nochtheadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála faoi “Ioncam ó ghnáthscaireanna agus leasa rannpháirteachais” (Nóta 5(i)).

(vi) An Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

Gach méid d’ioncam airgeadaíochta gach BCN de chuid an Eurochórais, i.e. an glanioncam a thuilltear ar oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhrí ó na sócmhainní comharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanas a thomhas.

Tá an bonn dliteanas comhdhéanta de na nithe seo a leanas: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanais d’institiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro: glandliteanais laistigh den Eurochóras a thig as idirbhearta TARGET2; agus glandliteanais laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanais a áirítear sa bhonn dliteanas, déantar é a asbhaint ón ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Tá na sócmhainní comharthaithe déanta suas de na nithe seo a leanas: iasachtaí le hinstiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; glanéilimh laistigh den Eurochóras atá coibhéiseach le haistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig an BCE; glanéilimh laistigh den Eurochóras a thig as idirbhearta TARGET2; éilimh laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN. Meastar nach ngineann ór aon ioncam. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinneadh BCE/2009/16 an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme na gclár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach agus faoi Chinneadh BCE/2011/17 an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach, meastar go ngineann siad ioncam de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe.

I gcás inar mó nó inar lú luach shócmhainní comharthaithe BCN ná luach a bhoinn dliteanas, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a fheidhmiú i leith luach na difríochta. Déantar

⁹ Cinneadh ón BCE an 25 Samhain 2010 maidir le leithdháileadh eatramhach ioncam an BCE ó nótaí bainc euro i gcúrsaíocht agus a eascraíonn as urrúis arna gceannach faoi chlár na margaí urrús (arna leasú le BCE/2012/33) IO L 6, 11.1.2011, lch. 35.

an méid seo a shuimiú leis an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú nó a asbhaint uaidh, de réir mar is iomchuí.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéanfar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir na BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc, mar aon leis an ngluaiseacht sa soláthar i leith rioscaí contrapháirtí in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, “An glantoradh ar chomhthiomsú ioncain airgeadaíochta” a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 6(ii)).

I gcás ina dtabhóidh an BCE caillteanas, féadfadh an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar na BCNanna agus go feadh an méid sin.

(vii) Éilimh a bheidh Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 1992 agus in alt 5(a) d’Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú), foráiltear go bhfuil an chumhacht ag an mBanc “sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reachtaíocht CEBC”. Dá réir sin, d’aistrigh an Banc méid a bhí coibhéiseach le €424.8 milliún chuig an BCE i mí Eanáir 1999 ag tús an Aontais Airgeadaíochta Eorpaigh, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar an BCE a bhí coibhéiseach leis an méid sin. De thoradh athruithe ina dhiaidh sin ar scála caipitil, aistríodh €87.9 milliún an 1 Eanáir 2004, €0.3 milliún an 1 Bealtaine 2004, laghdú €1.2 milliún an 1 Eanáir 2007, méadú €128.0 milliún an 1 Eanáir 2009 agus méadú €4.1 milliún an 1 Iúil 2013. An t-éileamh ar an BCE dá dhroim sin, faightear luach saothair ina leith de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe a choigeartaítear chun toradh nialasach a léiriú ar an gcomhpháirt óir (Nóta 1(v) agus Nóta 18) Beartas Cuntasáíochta (c)(iii).

(viii) Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Brabúis agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den chlár comhardaithe. Ní dhéantar gnóthachain neamhréadaithe (luachála) a aithint mar ioncam ach tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear uaidh sin é chuig na Cuntais Athluachála. Déanfar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana nuair a bheidh siad níos airde ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sa Chuntas Athluachála. Déanfar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí malairte eachtraí a thaifeadadh faoi “sócmhainní/dlíteanais eile” i gcomhréir le treoirlínte CEBC, tar éis cuntas a thabhairt iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Bainfear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus leagtar amach i dTreoirlíne Chuntasáíochta BCE na teicnící a aithnítear lena n-úsáid ag an CEBC, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den chlár comhardaithe, i.e. conarthaí réamh-mhalairte, babhtálacha airgeadra eachtraigh, conarthaí todhchaíochta, babhtálacha ráta úis, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

(ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc na hurrúis sin faoi raon feidhme na gclár ceannaigh do Bhannaí Cumhdacha¹⁰ (CCBC1 agus CCBC2) agus fuarthas urrúis fiachais phoiblí faoi raon feidhme CMU¹¹. Déantar na hurrúis a aicmiú mar urrúis arna gcoinneáil go dtí aibíocht, agus déantar iad a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 1(ii), Nóta 16 agus Nóta 33).

¹⁰ Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, Ich. 18 agus Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, Ich. 70.

¹¹ Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich. 8.

(d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhráithe.

(e) Sócmhainní Dochta**(i) Tomhas**

Luaitear sócmhainní dochta ar costas lúide dímheas carntha agus ní dhéantar athluacháil orthu. I gcomhréir le FRS 11 Lagú ar Shócmhainní Dochta agus Dea-Thoil, déantar athbhreithniú ar shócmhainní dochta i ndáil le lagú má thugtar le fios go bhféadfaidh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe de thoradh teagmhas nó athruithe ar imthosca.

(ii) Dímheas

Déantar dímheas ar na sócmhainní dochta go léir (seachas sócmhainní atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais mar a leanas:

Áitreabh	–	20 - 50 bliain
Gléasra agus Innealra	–	5 - 15 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	–	3 - 5 bliana
Trealamh eile	–	5 bliana
Troscán, Feistis agus Daingneáin	–	5 bliana

Déantaí foráil maidir le dímheas luathaithe ar shócmhainní a bhfuil saol úsáideach laghdaithe acu (Nóta 22).

(f) Aoisliúntas

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc, faigheann comhaltaí foirne buana de chuid an Bhainc na sochair aoisliúntais chéanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, d'íoc an Banc na sochair seo as ioncam reatha de réir mar a tháinig siad chun bheith dlíte. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Ar chomhairle ó achtúirí Bhanc Ceannais na hÉireann ag an am, Willis, aistríodh €400 milliún ó acmhainní an Bhainc chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Oibrítear an Scéim ar bhonn neamh-ranníocach do chomhaltaí foirne arna n-earcú roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de ranníocaíochtaí arna ndéanamh leis an Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí agus d'íocaíochtaí arna bhfáil ó chomhaltaí foirne incháilithe i leith seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne arna n-earcú an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, beidh ranníocaíochtaí iníoctha i leith na príomhscéime freisin. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. Nochtann an Banc an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le FRS 17 – 'Sochair Scoir'.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dlíteanais scéime a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocfaidh as dlíteanais na scéime sa todhchaí. Déantar na sreafaí airgid seo a lascainiú de réir rátaí úis a bhaineann le bannaí corparáideacha d'ardchaighdeán atá san airgeadra céanna agus a bhfuil an téarma céanna acu atá ag na dlíteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an chostais seirbhíse roimhe seo (Nóta 8) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhlíteanais na scéime (Nóta 7). An costas seirbhíse reatha agus aon chostais seirbhíse roimhe seo don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála.

Le linn luach dhlíteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boilsciú praghsanna, méaduithe pinsin, fás tuillimh agus déimeagrafaic. I nóta 32, leagtar amach na toimhdí ba bhonn leis na dlíteanais agus costais pinsin do 2013.

(g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisíonn an Banc monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Fáltais agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990, agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998. Déantar costas táirgthe monaí a ghearradh ar an gCúlchiste Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáltais ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 25). In alt 14A den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998, (arna chur isteach le halt 137 den Acht Airgeadais 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfáltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais (Nóta 25(ii)). I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc de thoradh glanfáltais ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc.

(h) Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Idirbhearta cuntasáíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, déanfar iad a chomhshó i gcoibhéisí euro de réir na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta mura mbeidh deireadh na bliana ag teacht idir an dáta trádála agus an dáta socraíochta, sa chás sin aithneofar iad ar an dáta trádála. Beartas Cuntasáíochta (c)(i).

(i) Ioncam Amúchta

Préimheanna agus/nó lascainí a thig as urrúis, déileáiltear leo mar ghlanioncam úis agus déantar iad a amúchadh ar bhonn dronlíneach thar an tréimhse go dtí go n-aibéoidh siad agus déantar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 1).

(j) Beartas Luachála

- (i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 34). Is ar bhonn gach airgeadra ar leith a dhéantar an luacháil ráta malairte ar shócmhainní agus ar dliteanais.
- (ii) I gcomhréir le Treoirle BCE, déantar urrúis a luacháil ar bhonn gach urrúis ar leith. Urrúis inmhargaidh arna n-aicmiú mar urrúis marcáil ón margadh, déantar iad a luacháil ag praghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhla sreafa airgid lascainithe lena n-úsáidtear, a mheid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le FRS 26 Ionstraimí Airgeadais: Aithint agus Tomhas. I gcur chuige luachála marcáilte de réir samhla, ionchorpraítear breithiúnas bainistíochta ardleibhéil in éagmais sonraí margaidh inbhraite nó nuair a mheasfar nach bhfuil sonraí margaidh inbhraite iontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 13, Nóta 15 agus Nóta 16).
- (iii) Urrúis indíolta arna n-aicmiú mar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe. Déantar athbhreithniú lagaithe ar bhonn bliantúil (Nóta 13 agus Nóta 16).
- (iv) Déantar ór a luacháil ar phraghas scoir margaidh.

- (v) An cúnamh leachtachta eisceachtúla arna sholáthar d'institiúidí creidmheasa intíre arna gcumhdach faoin scéim ráthaíochta, aicmítear é mar lasachtaí agus Infhaighteachtaí. I gcomhréir le FRS 26, is sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha le híocaíochtaí socraithe nó inchinnite iad lasachtaí agus Infhaighteachtaí nach bhfuil luaite ar mhargadh gníomhach agus nach bhfuil sé ar intinn ag an mBanc iad a thrádail. I ndiaidh na haitinte tosaigh, déantar lasachtaí agus Infhaighteachtaí a shealbhú ar chostas amúchta lúide liúntas d'aon chaillteanais lagaithe a thabhaítear. Déantar caillteanais lagaithe a thaifeadadh i gcuntas dliteanas leithleach (Nóta 15) Beartas Cuntasáíochta (m).

Ar dháta an chláir chomhardaithe, measfaidh an Banc cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh na hlasachtaí agus na hInfhaighteachtaí. I bhfianaise oibiachtúil maidir le lagú sócmhainne airgeadais, cuimsítear sárú conartha, amhail mainneachtain nó faillí in íocaíocht úis nó in íocaíocht príomhshuime (Nóta 15 (ii)).

- (vi) Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais an Bhainc a aicmiú de réir mar a fhoráiltear in FRS 29: Ionstraimí Airgeadais a Nochtadh. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchar ar fáil seachas praghsanna luaite arna n-áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraithe i leith na sócmhainní nó i leith an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthaithe ó phraghsanna) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraithe) (Nóta 16).

(k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as díolacháin airgeadra eachtraigh, óir agus urrús, tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Déantar na gnóthachain agus caillteanais réadaithe go léir (FX agus euro) a ríomh faoi threoir meánchostais.

Gnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc (Beartas Cuntasáíochta (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déantar iad a aistriú uaidh sin chuig na Cuntais Athluachála.

Déantar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn gach urrúis ar leith. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a ndéantar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachan neamhréadaithe sa todhchaí.

Ó tharla go n-aithnítear na gnóthachain agus caillteanais thuasluaite tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála, meastar nach gá Ráiteas leithleach maidir le Gnóthachain agus Caillteanais lomlána Aitheanta a áireamh.

(l) Idirbhearta droim ar ais

Is ionann oibríochtaí droim ar ais agus oibríochtaí trína ndéanann an Banc sócmhainní a cheannach nó a dhíol ar airgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais. Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh mar thaiscí comhthaobhaithe isteach ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe agus eascraíonn caiteachas úis astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Urrúis arna ndíol faoin gcomhaontú sin, fanann siad ar Chlár Comhardaithe an Bhainc.

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a dhíol leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh mar iasachtaí comhthaobhaithe ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe (Nóta 13 agus Nóta 15) ach ní chuimsítear iad i sealúchais urrús an Bhainc. Eascraíonn ioncam úis astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 1).

(m) Soláthairtí

Lagú

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 33). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dlíteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní indibhidiúla).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc, ar dháta an chlár chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrús nó grúpa urrús i gceist ná ní thabhoífar caillteanais lagaithe ach amháin más rud é go mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrús ('teagmhas caillteanais') agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanais (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrús nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanais seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

- (i) mainneachtain in íocaíocht príomhshuime nó in íocaíocht úis;
- (ii) deacrachtaí maidir le sreabhadh airgid an fhéichiúnaí;
- (iii) tabhairt faoi shocrú um athstruchtúrú fiachais;
- (iv) meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh;
- (v) íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéil inghlactha;
- (vi) meathlú ar chúinsí eacnamaíocha náisiúnta nó áitiúla i gcomhchoibhneas le mainneachtain ar na sócmhainní.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú go hindibhidiúil ar urrús atá suntasach go hindibhidiúil, agus gur tharla lagú go hindibhidiúil nó le chéile ar urrús nach bhfuil suntasach go hindibhidiúil. Má chinneann an Banc nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar urrús a mheastar go hindibhidiúil, cibé acu an urrús suntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a mheas i ndáil le lagú.

Urrús a mheastar go hindibhidiúil maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear caillteanas lagaithe nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint, ní chuimsítear iad i gcomh-mheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chaillteanais a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta sa todhchaí arna lascaíniú de réir bunráta úis éifeachtaigh de chuid an urrús. Mar áis phraiticiúil, féadfaidh an Banc lagú a thomhas ar bhonn luach cóir sócmhainne trí úsáid a bhaint as praghas margaidh inbhraite.

Sreafaí airgid sa todhchaí i ngrúpa urrús a mheastar le chéile maidir le lagú, déantar iad a mheas ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbhraite.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chailiteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an cailiteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais.

Léasanna Dochraideacha

Is ionann léas dochraideach agus léas inar mó na costais dhosheachanta a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin léas ná an sochar eacnamaíoch a gheofar as.

Tugann an Banc cuntas i leith léasanna dochraideacha i gcomhréir le FRS 12 - Soláthairtí, Sócmhainní Teagmhasacha agus Dliteanais.

I gcás ina dtiocfaidh conradh de bheith dochraideach, déanfar an oibleagáid faoin gconradh a aithint agus a thomhas mar sholáthar (Nóta 3, Nóta 22 agus Nóta 33).

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

Nóta 1: Ioncam Úis

	2013	2012
	€000	€000
Ioncam taiscí	317	1,163
Ús ar urrúis - MTM(i)	943,215	161,475
Ús ar urrúis - HTM	370,445	311,214
Ús ar urrúis chun críocha beartais airgeadaíochta (ii)	218,130	254,525
Comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais (iii)	44	279
Oibríochtaí beartais airgeadaíochta (iv)	289,569	758,089
Ioncam ó aistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig an BCE (v)	3,059	4,872
Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla (vi)	112,782	1,105,155
Ús ar ghníomhas saoráide (vii)	80,364	–
Eile	24	289
Iomlán	2,017,949	2,597,061

- (i) Folaíonn an mhír seo ioncam arna thuilleamh (€855.1 milliún) ar phunann urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC. Áiríodh sa phunann sin, Nótaí Rátaí Comhlúthacha neamh-amúchta Rialtais na hÉireann, bannaí neamh-amúchta GNBS¹², Banna Éireannach 2025 ar 5.4% a fuair an Banc nuair a foirceannadh comhaontú athcheannaigh margaidh IBRC i mí Feabhra 2013 agus comhthaobhacht lena n-urraítear na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (POA). B'ionann an t-ioncam arna thuilleamh ar na hurrúis sin agus €667.6 milliún, €36.1 milliún, €149.5 milliún agus €1.9 milliún faoi seach (Nóta 16(ii)).
- (ii) Cuimsítear sa mhír seo, ioncam €24.5 milliún (2012: €37.1 milliún), €11.3 milliún (2012: €10.2 milliún) and €182.4 milliún (2012: €207.2 milliún) ar na hurrúis arna gceannach ag an mBanc faoi CCBC1, CCBC2 agus faoi CMU faoi seach (Nóta 16(i)) Beartas Cuntasaíochta (c)(ix).
- (iii) Bhí Comhaontuithe Athcheannaigh Droim Ar Ais arbh ionann a suim agus €442.0 milliún gan íoc amhail ar an 31 Nollaig 2013 (2012: Nialas) (Nóta 13 agus Nóta 15) Beartas Cuntasaíochta (l).
- (iv) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar iasachtaí ón mBanc d'institiúidí creidmheasa mar chuid d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (Nóta 14).
- (v) Baineann sé seo le luach saothair Cúlsóchmainní Eactracha arna n-aistriú chuig an BCE (Nóta 18) Beartas Cuntasaíochta (c)(vii).
- (vi) Tháinig deireadh le soláthar CLE an 7 Feabhra 2013 i ndiaidh leachtú IBRC (Nóta 15(ii)).
- (vii) Baineann an mhír seo leis an ioncam a thuill an Banc ar iarmhéid an ghníomhais saoráide le linn an phróisis um leachtú IBRC. Tuilleadh an t-ús le linn tréimhse 49 lá de réir ráta 4.5%. Glacadh leis an ngníomhas saoráide mar chomhthaobhacht do Chúnamh Leachtachta Eisceachtúla agus rinneadh é a mhalartú ar bhannaí GNBS arbh ionann a luach agus €12.9 billiún ag deireadh Mhárta 2013 (Nóta 16(ii)).

Nóta 2: Caiteachas Úis

	2013	2012
	€000	€000
Taiscí Rialtais	14,116	43,003
Taiscí institiúidí creidmheasa	16,263	33,377
(Glan)iarmhéideanna laistigh den Eurochóras (i)	351,247	829,240
Íocaíocht Dlíteanais i leith Leithdháileadh Nótaí Bainc euro i gcúrsaíocht (ii)	89,365	136,480
Eile	237	679
Iomlán	471,228	1,042,779

- (i) Is ag deireadh gach lae a ríomhann an BCE an caiteachas úis ar na hiarmhéideanna seo, a n-íocfar a luach saothair de réir rátaí gearrthéarmacha athmhaoinithe de chuid an Eurochórais. Beartas Cuntasaíochta (c)(ii).
- (ii) Tá an caiteachas úis bunaithe ar an difríocht idir luach na nótaí bainc euro leithdháilte ar gach BCN i gcomhréir lena scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann an Banc i gcúrsaíocht go hiarbhir. Beartais Chuntasaíochta (c)(ii) agus (c)(iv).

Nóta 3: Glantoradh ar Oibríochtaí Airgeadais, ar Dhíluachálacha agus ar Sholáthairtí

Glan-ghnóthachain a eascraíonn as Oibríochtaí Airgeadais	2013	2012
	€000	€000
Glanghnóthachain réadaithe ar Urrúis	53,052	8,614
Glanghnóthachain réadaithe ar ráta malairte	1,572	76
Iomlán	54,624	8,690

Díluacháil Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais	2013	2012
	€000	€000
Caillteanais neamhréadaithe ar urrúis	(16,982)	(323)
Caillteanais neamhréadaithe ar ráta malairte	(32)	(14)
Iomlán	(17,014)	(337)

Soláthairtí	2013	2012
	€000	€000
Soláthar i leith urrús (Nóta 33(ii))	50,000	(100,000)
Soláthar i leith nótaí punt neamhfhuascailte (Nóta 33(iii))	–	(10,000)
Léas dochraideach agus trochlaithe (Nóta 22(iv) agus Nóta 33(iv))	(18,400)	–
Iomlán	31,600	(110,000)

Nóta 4: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

	2013	2012
	€000	€000
Táillí agus Muirir Seirbhíse	766	753
Iasachtú Urrús	1,392	2,165
Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET2	583	554
Iomlán	2,741	3,472

Nóta 5: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

	2013	2012
	€000	€000
Sciar de bhrabúis BCE (i)	28,600	10,330
Díbhinn BIS (ii)	3,117	3,169
Iomlán	31,717	13,499

- (i) Is ionann an mhír seo agus scair an Bhainc de bhrabús BCE (Beartas Cuntasaíochta (c)(v)). Amhail ar an 31 Nollaig 2013, chinn Comhairle Rialaithe an BCE go n-aistreofaí €0.387 milliún (a leithdháiltear ó ioncam an BCE ar urrúis arna sealbhú sa CMU mar aon le hioncam a ghnóthaítear ar nótaí bainc i gcúrsaíocht) ó bhrabúis an BCE chuig soláthar riosca an BCE agus, ar an gcaoi sin, méadaíodh an soláthar sin go dtí an uasteorainn reatha €7,530.0 milliún. Dá bhrí sin, íocadh €1,369.7 milliún le BCNanna an Eurochórais an 31 Eanáir 2014 i gcomhréir lena scála caipitil san Eurochóras mar dháileadh páirteach ar bhrabúis an BCE don bhliain. B'ionann scair an Bhainc agus €21.9 milliún (Nóta 19). B'ionann agus €6.7 milliún dáileadh deiridh an bhrabúis do 2012 arna íoc i mí an Mhárta 2013.
- (ii) Is ionann an mhír seo agus díbhinní a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 21(i)).

Nóta 6: Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

	2013	2012
	€000	€000
Glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta (i)	11,493	60,586
Sciar de sholáthar an Eurochórais i gcoinne rioscaí contrapháirte (ii)	3,952	8,146
Iomlán	15,445	68,732

- (i) Is ionann é seo agus an difríocht idir ioncam airgeadaíochta €254.2 milliún arna chomhthiomsú ag an mBanc (2012: €312.1 milliún) agus méid €265.4 milliún a leithdháileadh ar an mBanc arís (2012: €371.5 milliún) i ndiaidh dháileadh ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, móide ús agus coigeartuithe arb ionann iad agus €0.2 milliún ar ghlantorthaí do na blianta roimhe sin (2012: €1.2 milliún). Beartas Cuntasaíochta (c)(vi).
- (ii) I gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reachta CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí contrapháirte in oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna bhunú in 2008 a leithdháileadh idir na bainc cheannais náisiúnta de chuid na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE sa bhliain inar tharla an mhainneachtain. Sa bhliain 2008, nuair a bunaíodh an soláthar, bhí muirear €73.1 milliún ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, arb ionann é agus scair an Bhainc den soláthar iomlán don Eurochóras. Déantar athbhreithniú ar an soláthar ar bhonn bliantúil agus b'ionann é agus €310 milliún an 31 Nollaig 2012. I gcomhréir le prionsabal cuntasaíochta ginearálta na stuamachta, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle Rialaithe ar iomchuibheas an tsoláthair atá fós amuigh agus chinn sí é a dhíscaoileadh ag deireadh 2013. Léirítear na coigeartuithe, faoi seach, i gcuntais Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála na BCNanna. I gcás an Bhainc, b'ionann an t-ioncam a thig as agus €3.9 milliún (Nóta 33(i)).

Nóta 7: Ioncam Eile

	2013	2012
	€000	€000
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin (Nóta 32 (i))	(22,025)	(23,230)
Toradh ionchasach ar shócmhainní ciste pinsin (Nóta 32 (v))	16,276	14,120
Glanmhaoiniú Tionscal don Rialáil Airgeadais (i)	53,033	59,509
Barrachas Rialála Airgeadais ó 2012 (i)	–	15,384
Táilí iarchurtha don Rialáil Airgeadais (Nóta 42(vi))	7,406	–
Pionóis Airgeadaíochta na Rialála Airgeadais (ii)	1,348	8,493
Ioncam eile na Rialála Airgeadais (Nóta 42(iii))	1,717	1,040
Eile	1,833	1,499
Iomlán	59,588	76,815

- (i) Ó 2013, i ndiaidh athraithe ar an gcur chuige cuntasaíochta i leith barrachais/(easnamh) arna n-eascairt as maoiniú tionscail, déanfar costas na rialála airgeadais is inghnóthaithe ón tionscal a nochtadh mar ioncam. Rinneadh an maoiniú barrachais (€15.4 milliún) arna eascairt in 2012 a aithint mar ioncam sa bhliain sin. D'fhoillíodh le comparáid a dhéanamh, rinneadh ath-anailísiú ar mhéideanna áirithe comparáideacha.

I (Nóta 42(ii)), leagtar amach comhdhéanamh Ghlanmhaoiniú Tionscail na Rialála Airgeadais agus an réasúnaíocht maidir le háireamh Bharrachas na Rialála Airgeadais ó 2012.

- (ii) Is ionann pionóis airgeadaíochta agus na méideanna is iníoctha leis an mBanc ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais tar éis chur i gcrích na gcomhaontuithe socraíochta leis na heintitis sin maidir le sárú ceanglas rialála. Áirítear méid iomlán na bpionós sin atá comhionann le €1.3 milliún in 2013 faoin Ioncam Barrachais is iníoctha leis an Státhiste i ndiaidh fhaomhadh an Ráitis Cuntas (Nóta 9).

Nóta 8: Caiteachais

€000	Ceannoifig*		Oibreacha Priontála		Ceannoifig & Oibreacha Priontála		Mionta (i)		Iomlán	
	2013	2012	2013	2012	2013	2012	2013	2012	2013	2012
Tuarastail/Liúntais (ii)	87,453	81,299	9,261	9,192	96,714	90,491	710	684	97,424	91,175
ÁSPC	6,973	6,849	676	692	7,649	7,541	43	46	7,692	7,587
Pinsin (Nóta 32 (i))	16,156	7,403	–	–	16,156	7,403	142	95	16,298	7,498
Costais Foirne	110,582	95,551	9,937	9,884	120,519	105,435	895	825	121,414	106,260
Cumarsáid & TF	9,416	7,114	2	12	9,418	7,126	81	37	9,499	7,163
Taisteal Gnó	2,309	1,885	177	191	2,486	2,076	22	23	2,508	2,099
Costais Riaracháin	796	840	162	179	958	1,019	3	11	961	1,030
Táillí Gairmiúla (iii)	26,723	21,370	360	181	27,083	21,551	4	6	27,087	21,557
Taighde Seachtrach & Síntiús Chorporáideacha	1,516	1,776	6	49	1,522	1,825	2	2	1,524	1,827
Foilsitheoireacht & Caidreamh Poiblí	409	443	6	12	415	455	–	–	415	455
Íocaíochtaí & Táillí Bainistíochta										
Sócmhainní	4,061	3,559	4	8	4,065	3,567	20	31	4,085	3,598
Soláthairtí Airgeadra & Cothabháil Trealamh	–	–	873	1,264	873	1,264	173	128	1,046	1,392
Oiliúint, Oideachas & Comhdhálacha	3,046	2,386	101	61	3,147	2,447	7	12	3,154	2,459
Earcaíocht & costais foirne eile	2,166	1,912	176	154	2,342	2,066	–	–	2,342	2,066
Bainistíocht & Cothabháil Saoráidí	2,924	2,842	3,107	2,667	6,031	5,509	7	7	6,038	5,516
Cíos & Fóntais	7,693	6,709	1,052	1,154	8,745	7,863	–	–	8,745	7,863
Ilghnéitheach (iv)	2,856	141	–	311	2,856	452	2	–	2,858	452
Costais Oibríochtúla Eile	63,915	50,977	6,026	6,243	69,941	57,220	321	257	70,262	57,477
Dímheas	9,304	6,266	4,043	5,164	13,347	11,430	96	50	13,443	11,480
Amhábhair um tháirgeadh airgeadra	–	–	3,478	3,676	3,478	3,676	2,612	2,492	6,090	6,168
Caiteachais Iomlána	183,801	152,794	23,484	24,967	207,285	177,761	3,924	3,624	211,209	181,385

* I gcaiteachais na Ceannoifige, cuimsítear na caiteachais go léir (lena n-áirítear caiteachais rialála airgeadais) cé is moite de na cinn sin a bhaineann leis an bPrionta agus an Mionta. I Nóta 42, taispeántar mionsonraí maidir le hioncam agus caiteachas na rialála airgeadais in 2013.

- (i) Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta i ndáil le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad a aistriú go díreach chuig Cúlchiste Airgeadra faoi fhorálacha an Achta Monaíochta 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998 seachas chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Beartas Cuntasaíochta (g).
- (ii) Ar áireamh i bpá, tá fabhrú €6.5 milliún as saoire bhliantúil atá dlite do chomhaltaí foirne. Ba í seo an chéad uair a rinne an Banc costas saoire bliantúla a fhabhrú (Nóta 31).

Nóta 8: Caiteachais (ar lean)

Luach saothair Stiúrtóirí Feidhmiúcháin agus Neamhfheidhmiúcháin in 2013.

Ainm	Tréimhse	Tuarastail agus Táillí	Eile ¹³
Patrick Honohan*			
An Gobharnóir	1 Eanáir-31 Nollaig	€265,186	€5,694
Stefan Gerlach			
An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)	1 Eanáir-31 Nollaig	€240,175	€5,554
Matthew Elderfield			
An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)	1 Eanáir-8 Deireadh Fómhair	€258,016	€1,859
Cyril Roux			
An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)	1 Deireadh Fómhair-31 Nollaig	€77,500	–
Táillí iomlána a íodadh le comhaltaí eile Choimisiún an Bhainc Ceannais	1 Eanáir-31 Nollaig	€74,680	€4,975 ¹⁴

*Faoi alt 483 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, thug an Ghobharnóir, Patrick Honohan, €60,186 don Aire Airgeadais i leith a chuid díolaíochtaí don bhliain 2013 sa chaoi gurbh ionann a luach saothair glan agus €205,000 do 2013. Ní théann teidlíochtaí pinsin Patrick Honohan thar ghnáth-theidlíochtaí scéime aoisliúntais sochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

B'ionann an táille bhliantúil chomhiomlán do 5 chomhalta neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún agus €74,680 (€14,936 in aghaidh an chomhalta). Ní fhaigheann na comhaltaí ex-officio den Choimisiún táille i leith a gcomhaltais den Choimisiún.

- (iii) Is ionann an méadú ar tháillí gairmiúla (€5.5 milliún) agus íocaíochtaí arna dtabhú ar thionscadail arna nglacadh de láimh sa Bhanc i ndáil leis an ngéarchéim airgeadais.

Sna táillí gairmiúla, foláitear méideanna a íodadh le hiniúcháirí seachtracha freisin. Ba iad seo a leanas na táillí iniúcháirí arna dtabhú i leith seirbhísí arna soláthar ag RSM Farrell Grant Sparks agus tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste:

	2013	2012
	€000	€000
Iniúcháireacht ar an Ráiteas Cuntas	265	256
RSM Farrell Grant Sparks	150	150
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	115	106
Seirbhísí Ráthaíochta Eile	35	35
RSM Farrell Grant Sparks	35	35
Iomlán	300	291

Seirbhísí Dearbhaithe Eile do 2013, baineann siad le seirbhísí iniúcháireachta a chuirtear ar fáil thar ceann an BCE agus an Chiste Aoisliúntais.

¹³ Baineann sé seo le haisíocaíochtaí taistil.

¹⁴ Baineann sé le caiteachais cóiríochta agus taistil arna dtabhú ag comhalta amháin den Choimisiún.

Nóta 8: Caiteachais (ar lean)

- (iv) Faoi lghnéitheach, cuimsítear suim €2.3 milliún i leith díluachálacha sócmhainní dochta i ndiaidh athbhreithnithe ar Chlár na Sócmhainní Dochta (Nóta 22 (ii)). Áirítear san aicme seo freisin caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais €0.08 milliún (2012: €0.1 milliún) a íocann an Banc i gcomhréir le forálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, mar atá arna leasú.
- (v) Íocadh €6.3 milliún (2012: €6.3 milliún) leis an Roinn Airgeadais i leith asbhaintí a bhaineann le pinsean ó thuarastail comhaltaí foirne. Ní thaispeántar an figiúr seo ar leithligh sa tábla ach áirítear é san fhigiúr do Thuarastail.
- (vi) Íocaíochtaí Cúitimh arbh ionann iad agus €69,124 (2012: €264,227) agus a bhí sa réimse ó €5,000 go dtí €56,583 (2012: €9,000 go dtí €96,988), íocadh iad i 3 chás a bhain le fostaíocht (2012: 7).

Nóta 9: Barrachas Ioncain

Tá barrachas ioncain €1,212.1 milliún iníoctha leis an Státhchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2013 (2012: €1,147.6 milliún).

De réir alt 6J d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú), tá an Banc díolmhaithe ó Cháin Chorporáideach, ó Cháin Ioncain agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

Nóta 10: Ór agus Infhaighteachtaí óir

Ór agus infhaighteachtaí óir, cuimsíonn siad stoic monaí arna gcoinneáil sa Bhanc, maille le barraí óir arna gcoinneáil i mBanc Shasana. Tháinig laghdú ar an iarmhéid ag deireadh 2013 mar thoradh, don chuid is mó, ar an athrú ar mhargadhluach shealúchais óir bliain-ar-bhlain.

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

	2013	2012
	€000	€000
Infhaighteachtaí ón CAI (i)	1,016,123	1,048,950
Iarmhéideanna le Banc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha Eile (iv)	3,000	2,512
Iomlán	1,019,123	1,051,462

- (i) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI).

	2013	2012
	€000	€000
Cuóta	1,394,551	1,449,944
Lúide sealúchais euro de chuid an CAI	(1,105,325)	(1,148,519)
Suíomh cúlchiste sa CAI (ii)	289,226	301,425
Sealúchais CST (iii)	726,897	747,525
Iomlán	1,016,123	1,048,950

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro (ar lean)

(ii) Suíomh Cúlchiste san CAI:

Is ionann an tsócmhainn seo agus an difríocht idir Cuóta na hÉireann sa CAI agus sealúchais euro an CAI. Is ionann cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta, agus íocadh 25 faoin gcéad de in airgeadra eachtrach agus an t-iarmhéid in euro. Ag an tús, b'ionann sealúchais euro an CAI arna gcoinneáil leis an mBanc agus 75 faoin gcéad den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí le Ballstáit.

(iii) Cearta Speisialta Tarraingthe (CST):

Is cúlsócmhainn idirnáisiúnta í CST arna cruthú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970idí/80idí d'fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainítear CST i dtéarmaí ciseáin d'airgeadraí. Déantar a luach a chinneadh mar shuim ualaithe rátaí malairte ceithre airgeadra (dollar SA, steirling, yen agus euro) (Nóta 28).

(iv) Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

Nóta 12: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro

	2013	2012
	€000	€000
Iarmhéideanna le bainc (i)	–	482,381
Infheistíochtaí Urrús – MTM (ii)	–	13,216
Iomlán	–	495,597
Próifíl Aibíochta	2013	2012
	€000	€000
0 - 3 mí	–	495,597
Iomlán	–	495,597

- (i) In 2012, chuimsigh an mhír seo éileamh a thig as oibríochtaí droim ar ais le contrapháirtithe Eurochórais ab ionann agus €482.4 milliún i dtaca leis an gclár gearrthéarmach chun leachtacht dhollar SA a sholáthar. Faoin gclár seo, sholáthair an Cúlchiste Feidearálach dollair na Stát Aontaithe don BCE trí shocrú sealadach cómhalmartach airgeadra (línte babhtála) d'fhonn maoiniú gearrthéarmach dhollair na Stát Aontaithe a thairiscint do chontrapháirtithe an Eurochórais. Ag an am céanna, rinne an BCE idirbhearta babhtála droim ar ais le BCNanna a raibh an euro glactha acu, agus úsáideadh na cistí a thig as na hidirbhearta sin chun dul i mbun oibríochtaí chun leachtacht a sholáthar le contrapháirtithe an Eurochórais. Ní raibh aon oibríochtaí droim ar ais in Airgeadra Eachtrach fós amuigh le Cónaitheoirí sa Limistéar Euro ag deireadh 2013 (Nóta 38).

- (ii) Beartas Cuntasaíochta (j).

Nóta 13: Éilimh Neamh-Euro ar Chónaitheoirí Lasmuigh den Limistéar Euro

	2013	2012
	€000	€000
Iarmhéideanna le Baint	1,754	144,231
Infheistíochtaí Slándála - Marcáil ón Margadh (i)	662,600	534,303
Infheistíochtaí Slándála - a Choinnítear go dtí Aibíocht (i)	819,374	550,062
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii)	31,000	–
Iomlán	1,514,728	1,228,596

Próifil Aibíochta

	2013	2012
	€000	€000
0 - 3 mí	235,948	235,282
3 mí – 1 bliain	128,676	164,033
1 – 5 bliain	1,073,670	735,593
5 – 10 bliain	76,434	93,688
Iomlán	1,514,728	1,228,596

(i) Beartas Cuntasaíochta (j).

(ii) Beartas Cuntasaíochta (l).

Nóta 14: Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2013	2012
	€000	€000
Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (i)	4,545,000	7,850,000
Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (ii)	34,501,000	63,086,000
Iomlán	39,046,000	70,936,000

Tá na hiarmhéideanna sin déanta suas d'airleacain chuig institiúidí creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Tá na hairleacain go léir urraithe go hiomlán le comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras. Bhí laghdú suntasach ar leibhéal Phríomhoibríochtaí Athmhaoinithe an Eurochórais agus ar leibhéal Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAF) an Eurochórais le linn 2013. Amhail ar an 31 Nollaig 2013, b'ionann na hairleacain iomlána a bhain le beartas airgeadaíochta an Eurochórais agus €752.3 billiún (2012: €1,128.8 billiún), agus bhí €39.0 billiún ar seilbh ag an mBanc (2012: €70.9 billiún). De réir Airteagal 32.4 de Reachta CEBC, ba cheart go ndéanfaí aon chailleanais ó iasachtú le hInstitiúidí creidmheasa sa limistéar euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh i réim san Eurochóras. Maidir le hiasachtaí arna n-urruí le hÉilimh Bhreise ar Chreidmheas, is é an Banc a iompróidh na rioscaí (Nóta 37).

(i) Déantar príomhoibríochtaí athmhaoinithe a fhorghníomhú trí idirbhearta droim ar ais chun leachtacht a sholáthar, ar idirbhearta iad a mbíonn minicíocht sheachtainiúil agus aibíocht aon seachtaine acu, trí bhithin tairiscintí caighdeánacha de ghnáth. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2008 i leith, seoltar na hoibríochtaí sin mar nósanna imeachta tairisceana ar ráta socraithe. Tá ról rithabhachtach ag na hoibríochtaí sin i dtaca le ráta úis a threorú, le leachtacht an mhargaidh a bhainistiú agus leis an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta a léiriú.

(ii) Leis na hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha, féachtar le hathmhaoiniú breise fadtéarmach a sholáthar do chontrapáiríthe. In 2013, seoladh oibríochtaí a raibh a dtréimhsí aibíochta comhionann leis an tréimhse chothabhála cúlchiste agus agus seoladh oibríochtaí a raibh aibíocht trí mhí acu. Seoladh na hoibríochtaí sin ar ráta socraithe agus cionroinneadh méid iomlán na tairisceana.

Nóta 15: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro

	2013	2012
	€000	€000
Iarmhéideanna le bainc (i)	150,606	500
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais	411,000	–
Cúnamh Leachtachta Eisceachtúla (CLE) (ii)	–	40,425,000
Iomlán	561,606	40,425,500

(i) Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

(ii) Ní raibh aon CLE fós amuigh ag deireadh 2013. An 7 Feabhra 2013 i ndiaidh leachtú IBRC, tháinig deireadh le soláthar CLE arbh ionann é agus €39.5 billiún. Ar an dáta sin, ghlac an Banc úinéireacht iomlán ar na Nótaí Gealltanais, ar an nGníomhas Saoráide agus ar Bhanna GNBS a glacadh mar chomhthaobhacht do CLE. Ina dhiaidh sin, thairg an Rialtas go ndéanfaí an chomhthaobhacht do na Nótaí Gealltanais neamhchaighdeánacha agus neamh-intrádála a mhalartú ar phunann de bhannaí caighdeánacha fadreacha neamh-amúchta inmargaidh Rialtas na hÉireann, malartú ar ghlac an Banc leis (Nóta 16(ii)).

Nuair a socraíodh na hidirbhearta sin (faoin 28 Márta 2013), bhí punann urrús faighte ag an mBanc a raibh na luachanna ainmniúla seo a leanas ag baint leo:

- Nótaí Rátaí Comhlúthacha an Rialtais (arna gcur in ionad an Nóta Gealltanais) €25.0 billiún;
- Bannaí GNBS arna Ráthú ag an Rialtas (comhthaobhacht reatha) €0.8 billiún;
- Bannaí GNBS arna Ráthú ag an Rialtas (gníomhas saoráide) €12.9 billiún;

Mar chuid den idirbheart, fuair an Banc Banna 2025 Rialtas na hÉireann 5.4% nuair a foirceannadh punann margaidh IBRC i mí Feabhra 2013. Ina theannta sin, fuair sé comhthaobhacht mar bhunús leis na príomhoibríochtaí athmhaoinithe (Nóta 14) le IBRC arbh ionann iad agus €0.4 billiún agus a díoladh le linn 2013 agus réadaíodh gnóthachain €16.8 milliún.

Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí an Limistéir Euro in Euro

Tá dhá phunann sa mhír seo: (i) 'Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta' a tugadh isteach chun punanna bannaí faoi chumdach arna n-ainmniú in euro a chur in iúl, ar thosaigh an chéad cheann díobh i mí Iúil 2009 agus an dara ceann i mí na Samhna 2011, mar aon le clár na margaí urrúis arna n-ainmniú in euro a tosaíodh i mí Bealtaine 2010; agus (ii) 'Urrúis Eile' lena n-áirítear urrúis inmargaidh nach mbaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Euróchárais.

	2013	2012
	€000	€000
Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	3,306,696	4,362,841
Urrúis Eile (ii)	60,510,456	16,901,287
Iomlán	63,817,152	21,264,128

Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí an Limistéir Euro in Euro (ar lean)**(i) Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta**

	2013	2012
	€000	€000
Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 1 (CBPP1) - HTM	423,465	696,316
Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 2 (CBPP2) - HTM	195,281	257,176
Clár na Margaí Urrús (CMU) - HTM	2,687,950	3,409,349
Iomlán	3,306,696	4,362,841

Próifil Aibíochta	2013	2012
	€000	€000
0 - 3 mí	2,501	–
3 mí - 1 bliain	438,989	821,316
1 - 5 bliain	1,297,224	1,949,411
5 - 10 bliain	1,473,144	1,498,050
10 - 15 bliain	94,838	94,064
Iomlán	3,306,696	4,362,841

Sa aicme seo den Chlár Comhardaithe, cuimsítear urrúis arna bhfáil ag an mBanc laistigh de raon na gClár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach¹⁵, agus urrúis fiachais phoiblí arna bhfáil laistigh de raon CMU.¹⁶ Faoi Chlár na Margaí Urrús a bunaíodh i mí Bealtaine 2010, d'fhéadfadh an BCE agus na BCNanna urrúis fiachais phoiblí agus phríobháidigh a cheannach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mífheidhmiú a tháinig chun cinn i roinnt codanna de mhargaí urrús fiachais an limistéir euro agus d'fhonn meicníocht tarchuir iomchuí beartas airgeadaíochta a athbhunú.

Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis arna sealbhú faoi Chlár na Margaí Urrús agus faoin dá Chlár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach. Cuireadh deireadh le CMU i Meán Fómhair 2012 nuair a fógraíodh clár nua dá ngairtear Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach (IAGA), agus tháinig deireadh le CCBC1 agus CCBC2 an 30 Meitheamh 2010 agus 31 Deireadh Fómhair 2012 faoi seach.

B'ionann sealúchas iomlán urrúis CMU, CCBC1 agus CCBC2, faoi seach, ag BCNanna an Eurochórais (lena n-áirítear an BCE) agus €178.8 billiún, €41.6 billiún agus €15.4 billiún ag deireadh mhí na Nollag 2013, mar a bhí €2,688 milliún, €423 milliún agus €195 milliún ar seilbh ag an mBanc (Nóta 1(ii)) Beartais Chuntasaíochta (c)(iii) agus (c)(ix).

Urrúis arna gceannach faoi CMU agus CCBCanna, aicmítear iad mar urrúis a shealbhaítear go dtí aibíocht agus déantar iad a thuairisciú ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe. Déantar tástálacha bliantúla um lagú a sheoladh ar bhonn na faisnéise a bhíonn ar fáil agus ar bhonn na méideanna inghnóthaithe arna meas amhail ar an dáta tuairiscithe.

15 Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, Ich. 18 agus Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, Ich. 70.

16 Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margaí urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich. 8.

Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí an Limistéir Euro in Euro (ar lean)**(ii) Urrúis Eile**

	2013	2012
	€000	€000
Infheistíochtaí Urrús - MTM (i)	52,567,482	9,050,743
Infheistíochtaí Urrús - HTM (ii)	7,942,974	7,850,544
Iomlán	60,510,456	16,901,287

Próifíl Aibíochta	2013	2012
	€000	€000
0 - 3 mí	14,234,149	2,893,331
3 mí - 1 bliain	5,160,082	4,073,584
1 - 5 bliain	5,488,723	5,250,149
5 - 10 bliain	4,255,636	4,684,223
10 - 15 bliain	3,545,024	–
> 15 bliain	27,826,842	–
Iomlán	60,510,456	16,901,287

- (i) Folaíonn an mhír seo punann urrús arna bhfáil ag an mBanc i mí Feabhra 2013 i ndiaidh leachtú IBRC. Leis an leachtú, cuireadh deireadh le soláthar CLE chuig IBRC ón mBanc (Nóta 15). B'ionann an phunann agus €43.9 billiún ag deireadh mhí na Nollag 2013. Cuimsíonn an phunann ocht Nóta Rátaí Comhlúthacha neamh-amúchta Rialtas na hÉireann (€27.8 billiún), bannaí neamh-amúchta GNBS (€12.6 billiún) agus banna 2025 Rialtas na hÉireann 5.4% a fuair an Banc nuair a foirceannadh comhaontú athcheannaigh margaidh IBRC i mí Feabhra 2013 (€3.5 billiún). Tá sé ar intinn ag an mBanc comhphunann na NRCanna agus an bhanna ráta sheasta a dhíol a luaithe is féidir, ar choinníoll go bhféadfadh déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Díolfaidh an Banc íosmhéid na n-urrús seo i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: go deireadh 2014 (€0.5 billiún), 2015-2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus 2024 ar aghaidh (€2 billiún in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta). Mar chuid de na díolacháin íosta seo, bhí €350 milliún de Bhanna 2025 Rialtas na hÉireann 5.4% díolta ag an mBanc faoi dheireadh mhí na Nollag 2013.

Nótaí Rátaí Comhlúthacha (NRCanna)

Fuair an Banc NRCanna arbh ionann iad agus €25.0 billiún mar chuid de mhalartú sócmhainní i ndiaidh leachtú IBRC. Tá raon aibíochta ó 2038-2053 ag na hocht NRC. Ní dearnadh aon NRCanna a dhíol, a cheannach nó a aistriú le linn na bliana. Amhail ar an 31 Nollaig 2013, rinneadh na NRCanna a luacháil ar €27.8 billiún a bhí ina bhun le gnóthachan neamhréadaithe €2.8 billiún amhail ar an dáta sin (Nóta 34). Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 3.

Ó tharla nach bhfuil margadh gníomhach ann i nótaí rátaí comhlúthacha, déanann an Banc luacháil ar NRCanna trí shamhail inmhéanach a úsáid lena bhfeidhmítear modhanna agus teicnící luachála a aithnítear mar chinn atá caighdeánach sa tionscal. Rinneadh luach cóir na n-urrús sin a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála sreafa airgid lascainithe lena n-ionchorpraítear:

- cuar euribor measta "6 mhí ar aghaidh" a athraíonn le himeacht ama mar fhreagairt ar thosca éagsúla, lena n-áirítear soláthar agus éileamh i ndáil le leachtacht sna bainc mar aon le fás eacnamaíoch agus ionchais maidir le boilsciú, agus
- cuar toraidh Éireannach gan chúpón don tréimhse ar ina leith atá praghsanna margaidh inbhraite ar fáil, agus ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as torthaí inbhraite ar chuair toraidh Eorpacha gan chúpón a bhíonn á dtrádáil i margai gníomhacha.

Nóta 16: Urrúis Chónaitheoirí an Limistéir Euro in Euro (ar lean)

Is gá breithiúnas a fheidhmiú i leith tosca samhla chun a áirithiú go ndéantar iad a mheas mar is iomchuí le himeacht aimsire. Bheadh iarmhairt €1 billiún nó mar sin ar an luacháil dá mbeadh athrú 25 bonnphointe ar an raon difríochta idir réamhrátaí euribor agus an cuar lascaine arna úsáid sa tsamhail praghsála. Déanann an Banc measúnú go tráthrialta ar an tsamhail chun a áirithiú go bhfuil sí i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Níor aithníodh aon ghnóthachain nó aon chaillteanais sa tréimhse atá faoi athbhreithniú anseo.

Bannaí GNBS

Fuair an Banc €13.7 billiún ainmniúil de Bhannaí GNBS i ndiaidh leachtú IBRC agus fuasclaíodh €1.1 billiún den mhéid sin ag GNBS in 2013. Amhail ar an 31 Nollaig 2013, rinneadh Bannaí GNBS a luacháil ar €12.6 billiún a bhí ina bhun le gnóthachan neamhréadaithe €12.4 billiún amhail ar an dáta sin (Nóta 3). In éagmais margaidh ghníomhaigh, déanann an Banc luacháil ar na Bannaí seo ag baint úsáid as praghsanna arna ndíorthú ó Mhol Comhphraghsála an Eurochórais. Baintear úsáid as Mol Comhphraghsála an Eurochórais chun críocha phraghsáil na comhthaobhachta i gcomhthéacs oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 2.

Banna 2025 Rialtas na hÉireann 5.4%

Fuair an Banc €3.5 billiún ainmniúil de Bhanna 2025 Rialtas na hÉireann 5.4% i ndiaidh leachtú IBRC. Le linn 2013, dhíol an Banc €350 milliún ainmniúil den bhanna sa chaoi gur réadaíodh gnóthachain arbh ionann iad agus €24.8 milliún. Amhail ar an 31 Nollaig 2013, rinneadh Banna 2025 Rialtas na hÉireann 5.4% a luacháil ar €3.5 billiún a bhí ina bhun le gnóthachan neamhréadaithe €292.7 billiún amhail ar an dáta sin (Nóta 34). Déantar luacháil ar an urrús sin ag baint úsáid as praghsanna margaidh luaite (neamhchoigeartaithe) i gcomhréir leis an gcur chuige arna ghlacadh i leith a bhfuil fágtha de phunann marcáil ón margadh de chuid an Bhainc. Aicmítear é seo mar urrús Leibhéal 1.

Na sócmhainní agus dliteanais airgeadais eile go léir sa Ráiteas Cuntas, aicmítear iad mar Leibhéal 1. Beartas Cuntasaíochta (j)(vi).

- (ii) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eistitheoirí de chuid an limistéir euro. Beartas Cuntasaíochta (j).

Nóta 17: Leas Rannpháirteachais sa BCE

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc le caipiteal an BCE. Faoi bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC, is iad BCNanna CEBC na suibscribhaithe aonair le haghaidh chaipiteal an BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana.

An 1 Iúil 2013, tháinig athrú ar scála caipitil an BCE de thoradh aontachas na Cróite leis an AE agus de thoradh na nuashonruithe ar na comhpháirteanna a úsáidtear chun an scála a ríomh (OTI agus daonra). Tháinig méadú beag ar scair an Bhainc de chaipiteal suibscríofa an Eurochórais go dtí 1.1111 faoin gcéad (2012: 1.1107 faoin gcéad). Beartas Cuntasaíochta (c)(iii).

Dá bhrí sin, tháinig méadú €3.3 milliún ar leas rannpháirteachais an Bhainc sa BCE. Chuimsigh sé sin méadú €0.8 milliún ar scair an Bhainc de chaipiteal suibscríofa an BCE agus méadú €2.5 milliún ar scair an Bhainc de ghlansócmhainní carntha an BCE (dá ngairtear glanchothromas freisin). Bhí sé seo ina bhun le haistriú €3.3 milliún chuig an BCE.

Nóta 18: Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Is ionann iad seo agus éilimh an Bhainc arna n-eascairt as aistriú shócmhainní cúlchistí eachtracha chuig an BCE i gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Reacht CEBC. Déantar na héilimh a ainmiú in euro de réir luacha arna shocrú tráth a n-aistrithe. Tabharfar luach saothair ina leith de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna choigeartú chun toradh nialasach ar an gcomhpháirt óir a léiriú. D'fhonead scála caipitil an BCE a choigeartú an 1 Iúil 2013, b'éigean sócmhainní breise cúlchistí eachtracha go feadh €4.1 milliún a aistriú chuig an BCE lena n-ionchorpraítear an méadú ar scair an Bhainc den scála caipitil. Leis seo, b'ionann iomlán na n-éileamh i leith na sócmhainní sin agus €643.9 milliún (Nóta:1(v)) Beartas Cuntasaíochta (c)(vii).

Nóta 19: Éilimh eile laistigh den Eurochóras

	2013	2012
	€000	€000
Sciar de bhrabúis BCE (i)	21,879	9,122
Glantordadh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta (ii)	11,458	60,625
Iomlán	33,337	69,747

- (i) Is ionann é seo agus scair an Bhainc de leithdháileadh eatramhach seigniorage agus ioncaim eile ag an BCE do 2013 (Nóta 5(i)) Beartas Cuntasaíochta (c)(v).
- (ii) Is ionann é seo agus ioncam airgeadaíochta infhaighte tar éis ioncam iomlán airgeadaíochta an Eurochórais a leithdháileadh ar na BCNanna i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil faoi seach (Nóta 6(ii)) Beartas Cuntasaíochta (c)(vi).

Nóta 20: Míreanna atá á Socrú

Is ionann míreanna atá á socrú agus éileamh ar institiúidí creidmheasa maidir le seiceanna arna dtaisceadh sa Bhanc ag a chustaiméirí ar an lá deireanach gnó den bhliain agus arna seachadadh chuig na hinstiúidí creidmheasa sin ar an gcéad lá gnó den bhliain úr.

Nóta 21: Sócmhainní Eile

	2013	2012
	€000	€000
Scaireanna sa Bhanc um Socraíochtaí Idirnáisiúnta (i)	18,922	19,444
Stoic Ábhar do Tháirgeadh Nótaí Bainc	3,884	1,676
Ioncam Úis Fabhraithe (ii)	962,479	786,348
Réamhíocaíochtaí	2,724	1,478
Sócmhainní Dochta (Nóta 22)	79,435	79,953
Eile (iii)	36,498	52,497
Iomlán	1,103,942	941,396

- (i) Sealbhaíonn an Banc 8,564 scair (2,564 íochta) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €18.9 milliún a gcoibhéis euro (2012: €19.4 milliún) (Nóta 5 (ii) agus 36 (i)). Íoctar díbhinn ar bhonn bliantúil.
- (ii) Folaíonn an mhír seo ioncam fabhraithe arna thuilleamh ar na hurrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC.
- (iii) Sa mhír seo, áirítear suim €7.4 milliún (Nóta 42 (vi)) i leith muirear iarchurtha a bheidh le forchúiteamh ón tionscal agus suim €4.7 milliún atá in ionannas easnamh atá dlite d'fho-aicmí áirithe den Mhaoiniú Tionscail de réir méideanna ag deireadh 2013 (Nóta 42(i)).

Nóta 22: Sócmhainní Dochta

€000	Áitribh		Gléasra & Innealra		Trealamh Ríomhaireachta		Trealamh Eile		Trosacán, Feistithe & Daingneáin		Sócmhainní faoi thógáil (iii)		Sócmhainní Dochta Iomlána	
	2013	2012	2013	2012	2013	2012	2013	2012	2013	2012	2013	2012	2013	2012
Ar a chosta – 1 Eanáir	66,849	67,154	54,751	50,122	40,615	33,406	16,564	15,815	15,529	15,251	1,518	–	195,826	181,748
Éadálacha	101	53	253	4,629	4,261	7,791	474	749	371	278	9,825	1,518	15,285	15,018
Diúscairtí	–	(358)	–	–	(5,595)	(582)	–	–	–	–	–	–	(5,595)	(940)
Ar a chostas – 31 Nollaig	66,950	66,849	55,004	54,751	39,281	40,615	17,038	16,564	15,900	15,529	11,343	1,518	205,516	195,826
Dímheas carntha an 1 Eanáir	19,743	18,221	46,216	43,689	23,285	18,899	14,604	12,837	12,025	10,872	–	–	115,873	104,518
Dímheas don bhliain	3,425	1,579	1,917	2,527	5,901	4,454	938	1,767	1,276	1,153	–	–	13,457	11,480
Diúscairtí (ii)	–	(57)	–	–	(3,249)	(68)	–	–	–	–	–	–	(3,249)	(125)
Dímheas carntha an 31 Nollaig	23,168	19,743	48,133	46,216	25,937	23,285	15,542	14,604	13,301	12,025	–	–	126,081	115,873
Glanluach leabhar an 31 Nollaig	43,782	47,106	6,871	8,535	13,344	17,330	1,496	1,960	2,599	3,504	11,343	1,518	79,435	79,953

- (i) As an muirear iomlán dímheasa €13.4 milliún (2012: €11.4 milliún), rinneadh €0.01 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le hinnealra Mionta (2012: €0.05 milliún).
- (ii) I ndiaidh athbhreithnithe ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, rinneadh sócmhainní dochta arbh ionann a luach agus €2.3 milliún, a dhíscríobh chuig Caitheachais Oibríochtúla Eile.
- (iii) Sócmhainní faoi Thógáil, baineann sé le caiteachas ar an suíomh ag Cé an Phoirt Thuaidh, lena n-áirítear praghas ceannaigh €7 milliún (Nóta 36).
- (iv) Le linn 2013, i ndiaidh próisis chuimsithigh um measúnú, chuir an Banc bailchríoch ar cheannach leasa léasachta 300 bliain i suíomh ag Cé an Phoirt Thuaidh a fhorbrófar mar cheanncheathrú nua an Bhainc. Mar thoradh ar an gcinneadh seo, tá sé ar intinn ag an mBanc a chuid áitreabh reatha a fhágáil (idir áitribh atá ar úinéireacht agus ar cíos, lena n-eisiatar an t-áitreabh in Áth an Ghainimh) in 2016. Toisc go bhfuil sé beartaithe na háitribh seo a fhágáil, bhí athruithe éagsúla ar bhrabús i ráitis airgeadais na bliana reatha, lena n-áirítear soláthar léasa dhochraidigh agus trochlaith €18.4 milliún i leith an áitribh ag Duga Spencer a áirítear i Soláthairtí (Nóta 33) agus muirear dímheasa luathaithe €2 milliún in 2013 i leith sócmhainní áirithe a bheidh faoi thionchar ag an aistriú a áirítear i nDímheas Luathaithe. Rinneadh athbhreithniú lagaithe agus ní raibh aon ghá le lagú.

Nóta 23: Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

	2013	2012
	€000	€000
Luach iomlán na nótaí bainc euro arna gcur i gcúrsaíocht ag an mBanc	30,527,687	29,269,087
Dliteanas a eascraíonn as scair an BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht	(1,221,905)	(1,158,907)
Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil an BCE	(15,254,643)	(14,781,774)
Iomlán	14,051,139	13,328,406

Folaíonn an mhír seo scair an Bhainc de na nótaí bainc iomlána arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Leithdháiltear luach iomlán nótaí bainc euro i gcúrsaíocht ar gach banc ceannais náisiúnta ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nóta bainc.

Le linn 2013, tháinig méadú 4.8% ar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht san Eurochóras. I gcomhréir leis an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €14.1 billiún i gcúrsaíocht ag an mBanc ag deireadh na bliana, i gcomparáid le €13.3 billiún ag deireadh 2012. Tháinig méadú 4.3% ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint iarbhair ag an mBanc in 2013 ó €29.3 billiún go dtí €30.5 billiún. Ó tharla gur mhó é seo ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht de €16.5 billiún (i gcomparáid le €15.9 billiún in 2012) faoi 'Dliteanais a bhaineann le Leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras' (Nóta 29) Beartas Cuntasaíochta (c)(iv).

Nóta 24: Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2013	2012
	€000	€000
Cúltaisí íosta (i)	1,979,736	1,798,115
Taiscí thar oíche (ii)	1,262,964	1,720,000
Iomlán	3,242,700	3,518,115

- (i) Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meántaiscí cúlchiste íosta a shealbhú lena gcuid BCNanna faoi seach chun críocha bainistíochta leachtachta. In 2013, íocadh ús ar na taiscí sin de réir phríomhráta úis an BCE do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe.
- (ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc ar bhonn thar oíche.

Nóta 25: Dlíteanais do Chónaitheoirí eile sa Limistéar euro

	2013	2012
	€000	€000
Tiascí Rialtais Ghinearálta (i)	10,260,770	19,635,529
Cúlchiste airgeadra a bhaineann le glanfháltais monaí (ii)	3,284	3,095
Iomlán	10,264,054	19,638,624

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na míreanna seo.

- (i) Folaítear Ciste na gComhar Creidmheasa san iarmhéid seo. Bunaíodh an Ciste seo faoin Acht um Chomhair Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche 2012. Is é is cuspóir don Chiste seo foinse tacaíochta airgeadais a chur ar fáil chun comhair chreidmheasa a athstruchtúrú, is athstruchtúrú a dhéanfaidh an Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (ReBo) a bunaíodh freisin faoin Acht. Faoin Acht, tá an tAire Airgeadais freagrach as Ciste na gComhar Creidmheasa a riaradh agus a bhainistiú. B'ionann an t-iarmhéid amháin ar an 31 Nollaig 2013 agus €249 milliún.

Ar áireamh i dTaiscí Rialtais Ghinearálta freisin, tá creidmheasanna €1.2 milliún (2012: €0.4 milliún) san iomlán arna sealbhú ag an Sannaí Oifigiúil i bhFéimheacht faoi fhorálacha an Achta Féimheachta, 1988.

- (ii) Faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990, agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998, ceanglaítear go ndéanfar na costais agus na fáltais a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc. Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc (Nóta 8 agus Beartas Cuntasaíochta (g)). Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

	2013	2012
	€000	€000
Monaí arna gcur i gcúrsaíocht/(arna bhfuascailt ó chúrsaíocht)	5,150	(24,282)
Foirne monaí samplacha	2,157	3,178
Monaí Éireannacha arna dtarraingt as cúrsaíocht	(237)	(318)
Fáltais ó mhonaí bruithnithe	–	–
Fo-iomlán	7,070	(21,422)
Lúide costais oibríochtúla (Nóta 8)	(3,924)	(3,624)
Glanfháltais ó eisiúint monaí	3,146	(25,046)
Ús ar dhliteanais pinsin	(253)	(178)
Ranníocaíocht aoisliúntais fostóra	(98)	(92)
Aistriú (chuig)/ón Státchiste	(2,606)	26,709
Iarmhéid Tosaigh	3,095	1,702
Iarmhéid Deiridh	3,284	3,095

Mar thoradh ar an Acht Airgeadais 2002, agus mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, bhí glaneisiúint monaí i gceist ón mBanc chuig na bainc thráchtála sa bhliain 2013. Dá bhrí sin, ghin an glanbharrachas aistriú €2.6 milliún a íocadh leis an Státchiste i mí na Nollag 2013 (2012: aistriú €26.7 milliún ón Státchiste).

Nóta 26: Dlíteanais in euro do Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

	2013	2012
	€000	€000
Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta	98	98
Gníomhaireachtaí AE	17,182	22,147
Iomlán	17,280	22,245

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

Nóta 27: Dlíteanais in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí sa Limistéar euro

Baineann an dlíteanas seo le taise a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun ceanglas maidir le hiarmhéid íosta i gCuntas leis an gCúlchiste Feidearálach a mhaoiniú, ar cuntas é a úsáidtear chun glacadh le cistí Chlár Maoiniúcháin an CAI d'Éirinn.

Nóta 28: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag an CAI

Is ionann é seo agus dlíteanas an Bhainc don CAI i leith leithdháileadh CSTanna ar Éirinn. Féadfaidh go n-athróidh CSTanna an Bhainc de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh malartuithe CSTanna ar airgeadra eachtrach leis an CAI féin, le comhaltaí eile den CAI agus sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Ina theannta sin, féadfaidh go n-athróidh sealúchais CSTanna de thoradh íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar shuíomh cúlchiste an Bhainc sa CAI agus ar shealúchais CSTanna an Bhainc tar éis leithdháiltí CSTanna (Nóta 11).

Nóta 29: Dlíteanais a bhaineann le Leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

Cuimsíonn an mhír seo dlíteanas an Bhainc i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a eisíodh go hiarbhrí ag an mBanc agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 23) Beartas Cuntasaíochta (c)(ii) agus (c)(iv).

Nóta 30: (Glan)Dlíteanais eile laistigh den Eurochóras

Is ionann an mhír seo agus glandlíteanas an Bhainc don BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir atá rannpháirteach sa CEBC (Beartas Cuntasaíochta (c)(ii)). Ag deireadh 2013, bhí sé thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Danmhairg, Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh iad sa phróiseas iltaobhach glanluachála.

Nóta 31: Dlíteanais Eile

	2013	2012
	€000	€000
Brabúis & Caillteanais & Leithghabháil (i)	1,212,110	1,147,628
Cuntais Cosanta Taiscí (ii)	379,757	403,024
Fabhruithe úis	31,594	87,223
Fabhruithe eile (iii)	24,454	14,749
Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (iv)	235,746	249,442
Eile (v)	27,112	13,529
Iomlán	1,910,773	1,915,595

- (i) Is ionann é seo agus an t-ioncam barrachais is iníoctha leis an Státchiste (Nóta 9).
- (ii) Is iarmhéideanna iad seo arna dtaisceadh leis an mBanc ag institiúidí creidmheasa, lena n-áirítear comhair chreidmheasa, mar chuid de Scéim Cosanta Taiscí na hÉireann (IDPS) faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí), 1995 agus faoi Alt 4 den Acht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí) 2009 faoi seach. Tá an IDPS á mhaoiniú ag institiúidí creidmheasa agus comhair chreidmheasa, arna n-údarú ag an mBanc. Le linn 2013, rinne an Scéim Ráthaíochta Taiscí íocaíochtaí iomlána cúitimh arbh ionann iad agus €25 milliún le 1,350 sealbhóir cuntas taiscí de chuid IBRC i leith leachtú na hinstitiúide creidmheasa sin.
- (iii) I bhfabhrúithe eile, áirítear fabhrú €6.5 milliún i leith saoire bliantúla atá dlite do chomhaltaí foirne (Nóta 8(ii)).
- (iv) Bunaíodh an Ciste Réitigh Foras Creidmheasa ag deireadh 2011 faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Rinne an tAire Airgeadais €250 milliún a lóisteáil sa chuntas taisce arna gcoinneáil ag an mBanc. Is é is cuspóir don chiste, foinse maoinithe a sholáthar chun éagobhsaíocht airgeadais in institiúidí creidmheasa lena n-áirítear comhair chreidmheasa a réiteach, nó chun bagairt thromchúiseach don chobhsaíocht airgeadais in institiúidí creidmheasa a réiteach. An laghdú ar iarmhéid an chiste ag deireadh 2013, léiríonn sé íocaíocht €23 milliún le Permanent TSB i ndáil le haistriú shócmhainní agus dhliteanais Chomhar Creidmheasa an Droichid Nua Teo. Rinneadh an íocaíocht seo a fhritháireamh go pointe leis na ranníocaíochtaí a fuarthas ó institiúidí creidmheasa i gcomhréir leis na Rialacháin um Thobhach an Chiste Réitigh Foras Creidmheasa 2012 (IR 381/2012). Ullmhaíonn an Banc Ráitis Airgeadais Leithleacha don Chiste.
- (v) Áirítear in Eile, suim €4.3 milliún a sheasann do bharrachais a bheidh dlite d'fho-aicmí áirithe den Mhaoiniú Tionscail ag deireadh 2013 (Nóta 42(ii)).

Nóta 32: Dlíteanais Aoisliúntais

Is faoi scéim pinsin le sochar sainithe a éiríonn teidlíochtaí pinsin iarchomhaltaí foirne agus comhaltaí foirne reatha de chuid an Bhainc. Faoi scéim, faigheann comhaltaí foirne an Bhainc na teidlíochtaí céanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Oibrítear an Scéim ar bhonn neamh-ranníocach do chomhaltaí foirne arna n-earcú roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de ranníocaíochtaí arna ndéanamh leis an Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanáí agus d'íocaíochtaí arna bhfáil ó chomhaltaí foirne incháilithe i leith seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne arna n-earcú an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, beidh ranníocaíochtaí iníoctha i leith na príomhscéime freisin. Go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, bhí córas 'íoctar mar a úsáidtear' i bhfeidhm ag an mBanc, is é sin nár sainaithníodh sócmhainní go leithleach d'fhonn freastal ar dhliteanais pinsin an Bhainc, agus íocadh sochair de réir mar a bhí siad dlite ó na cúlchistí reatha. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin (mar a socraíodh faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003) agus aistríodh €400 milliún chun sócmhainní ciste a cheannach. Cuirtear síos ar luacháil na sócmhainní ciste an 31 Nollaig 2013 i gcuid (v) den nóta seo.

Nochtann an Banc an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le Financial Reporting Standard (FRS) 17 – 'Sochair Scoir'.

Rinne achtúirí an Bhainc, Lane Clark Peacock, luacháil achtúireach iomlán a thabhairt chun críche amhail ar an 31 Nollaig 2013 chun ceanglais maidir le nochtadh faoi FRS 17 a chomhlíonadh.

Nóta 32: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála/ar an gCúlchiste Airgeadra**

	Brabús & Caillteanas 2013	Cúlchiste Airgeadra 2013	Iomlán 2013	Iomlán 2012
	€000	€000	€000	€000
Toradh ionchasach ar shócmhainní	16,276	–	16,276	14,120
Ús ar Dhliteanas na Scéime Pinsin	(22,025)	(253)	(22,278)	(23,408)
Costas Seirbhíse Reatha	(20,113)	(142)	(20,255)	(15,083)
Costas Seirbhíse Roimhe Seo	3,957	–	3,957	7,585
Fo-Iomlán	(16,156)	(142)	(16,298)	(7,498)
Costas Iomlán na Scéime Pinsin le Sochar Sainithe	(21,905)	(395)	(22,300)	(16,786)

Amhail ar an 31 Nollaig 2013, ní raibh aon bharrachas nár aithníodh roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin. Folaíonn barrachas costais iarseirbhíse €3.9 milliún do 2013 (2012: €7.6 milliún) méid €4.3 milliún (2012: €8.8 milliún) i leith laghduithe do phinsinéirí arna fhritháireamh le costas €0.4 milliún (2012: €1.2 milliún i leith aistriú seirbhíse pinsin do chomhaltaí nua foirne.

(ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsin

An Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig	2013	2012	2011
	€000	€000	€000
(Caillteanas)/gnóthachan ar Dhliteanas Pinsin	(11,410)	(92,808)	(34,288)
(Caillteanas)/gnóthachan ar Shócmhainní an Phlean	32,624	19,468	(37,580)
Iomlán	21,214	(73,340)	(71,868)

Amhail ar an 31 Nollaig 2013, b'ionann an caillteanas carnach achtúireach sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus €128.3 milliún (2012: €149.5 milliún). Le linn 2011, thug an Rialtas tobhach isteach ar shócmhainní an chiste pinsin go ceann tréimhse ceithre bliana. Tugtar cuntas i leith an tobhaigh tríd an toradh ionchais ar shócmhainní a laghdú de réir an ráta ábhartha. In 2013, b'ionann an ráta tobhaigh pinsin agus 0.6%. In 2014, méadaíodh an ráta go dtí 0.75% (viii).

(iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

Is iad seo a leanas na méideanna a aithnítear sa Chlár Comhardaithe:

An Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig	2013	2012	2011	2010	2009
	€000	€000	€000	€000	€000
Luach láithreach oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach	(615,766)	(571,218)	(455,336)	(392,615)	(377,004)
Luach cóir shócmhainní an phlean	531,198	473,793	434,160	443,876	414,611
(Dlíteanas)/Sócmhainn Glanphinsin	(84,568)	(97,425)	(21,176)	51,261	37,607

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dlíteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta. Barrachas de dhlíteanais na scéime thar shócmhainní na scéime, léirítear é ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

Nóta 32: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime**

	2013	2012	2011	2010	2009
	€000	€000	€000	€000	€000
Luach reatha tosaigh oibleagáidí na scéime	(571,218)	(455,336)	(392,615)	(377,004)	(382,927)
Costas seirbhíse reatha	(20,255)	(15,083)	(11,330)	(9,432)	(9,575)
Costas seirbhíse roimhe seo	3,957	7,585	(1,969)	(720)	–
Pinsin a íacadh	10,468	12,337	10,746	11,387	11,830
Ranníocaíochtaí na bhfostaithe	(4,121)	(4,060)	(3,509)	(2,809)	(2,545)
Aistrithe faighte	(909)	(445)	(252)	(763)	–
Ús ar dhliteanas na scéime pinsin	(22,278)	(23,408)	(22,119)	(22,085)	(22,453)
Gnóthachan achtúireach ó choigeartuithe taithí	33,561	21,522	9,492	27,460	28,666
Caillteanas achtúireach ó choigeartuithe luachála dlíteanais	(44,971)	(114,330)	(43,780)	(18,649)	–
Luach reatha deiridh oibleagáidí na scéime	(615,766)	(571,218)	(455,336)	(392,615)	(377,004)

(v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

	2013	2012	2011	2010	2009
	€000	€000	€000	€000	€000
Luach cóir tosaigh shócmhainní an phlean (luach tairisceana)	473,793	434,160	443,876	414,611	404,657
Toradh ionchasach	16,276	14,120	22,346	13,586	10,089
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	32,624	19,468	(37,580)	12,894	(678)
Ranníocaíocht fostóra	13,943	13,877	12,503	10,600	9,828
Ranníocaíochtaí fostaithe	4,121	4,060	3,509	2,809	2,545
Pinsin a íacadh	(10,468)	(12,337)	(10,746)	(11,387)	(11,830)
Aistrithe faighte	909	445	252	763	–
Luach cóir deiridh shócmhainní an phlean (luach tairisceana)*	531,198	473,793	434,160	443,876	414,611

* Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre ar seilbh leis an mBanc. B'ionann an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2013 agus €0.4 milliún (2012: €0.4 milliún) agus €4.1 milliún (2012: €3.5 milliún) faoi seach.

Nóta 32: Dhliteanais Aoisliúntais (ar lean)**(vi) Toimhdí Airgeadais**

	2013	2012
	%	%
Ráta lascaíne	3.70	3.90
Toradh ionchasach ar shócmhainní	3.25	3.40
Ráta méadaithe na dtuarastal inphinsin	3.50	3.50
Ráta méadaithe na bpinsean	3.50	3.50
Méadú ar bhoilsciú praghsanna	2.00	2.00

Ba é a bheadh mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.1% ar an ráta lascaíne, laghdú/méadú 2.2% a bheag nó a mhór ar dhliteanais na scéime.

(vii) Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

	2013	2012
Básmhaireacht Réamhscoir*	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)
Básmhaireacht Iarscoir*	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)	62% PNML00 (fireann) 70% PNFL00 (baineann)
Liúntas d'fheabhsuithe amach anseo ar bhásmhaireacht	Dearfach	Dearfach
Scoir	Leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)	Leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)
Scor ar fhorais drochshláinte	Curtha san áireamh	Curtha san áireamh
Luathscor	As an áireamh	As an áireamh
Tarraingthe siar	As an áireamh	As an áireamh
Céatadán atá pósta	90%	90%
Difríocht aoise idir chéilí	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile
Ionchas saoil ag aois 65	Fireannach: 86.9 Baineannach: 88.6	Fireannach: 86.8 Baineannach: 88.5

* Is éard atá i PNML00/PNFL00, táblaí básmhaireachta foilsithe arna n-ullmhú do Ghairm na hAchtúireachta sa Ríocht Aontaithe ag an *Continuous Mortality Investigation Bureau*. Tá na toimhdí básmhaireachta a roghnaítear bunaithe ar tháblaí caighdeánacha ina léirítear básmhaireacht thipiciúil pinsinéirí agus déantar foráil iontu do mhéadú ionchais saoil le himeacht aimsire.

Nóta 32: Dlíteanais Aoisliúntais (ar lean)**(viii) Sócmhainní Phlean na Scéime**

Ba é seo a leanas an toradh ionchais ar Shócmhainní agus ar Leithdháileadh Sócmhainní amhail ar an 31 Nollaig 2013:

Aicme	Toradh Ionchasach	Dáileadh	Dáileadh Fadtéarmach
	%	%	%
Cothromas	7.00	53.5	50.0
Ús seasta/Airgead tirim	1.00	46.5	50.0
Iomlán	4.00	100.0	100.0
Tobhach pinsin	(0.75)		
Toradh Ionchasach Foriomlán	3.25		

Rinneadh na sócmhainní a athchothromú go dtí leithdháileadh 50%/50% go luath in 2014. Déantar an toradh ionchais ar shócmhainní an phlean a shocrú ag féachaint do na torthaí ionchasacha fadtéarmacha ar na haicmí éagsúla sócmhainne arna sealbhú ag an Scéim. Rinneadh an toradh ionchais a choigeartú faoi 0.75% chun foráil a dhéanamh don tobhach pinsin a bhainfeadh as na sócmhainní. B'ionann an toradh iarbhair ar shócmhainní an phlean don bhliain 2013 agus gnóthachan €48.9 milliún (2012: gnóthachan €33.6 milliún).

(ix) Costais Chomparáideacha na Bliana Roimhe sin

Is iad seo a leanas na méideanna don tréimhse reatha agus do na ceithre thréimhse roimhe seo:

An Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig	2013	2012	2011	2010	2009
	€000	€000	€000	€000	€000
Oibleagáid Sochair Shainithe	(615,766)	(571,218)	(455,336)	(392,615)	(377,004)
Luach cóir shócmhainní an phlean	531,198	473,793	434,160	443,876	414,611
Barrachas/(Easnamh) sa phlean	(84,568)	(97,425)	(21,176)	51,261	37,607
Gnóthachan/(Caillteanas) taithí ar					
- dhliteanais an phlean	33,561	21,522	9,492	27,460	28,666
Mar chéatadán de dhliteanais na scéime	5.5%	3.8%	2.1%	7.0%	7.6%
- shócmhainní an phlean	32,624	19,468	(37,580)	12,894	(678)
Mar chéatadán de shócmhainní na scéime	6.1%	4.1%	(8.7%)	2.9%	(0.2%)

(x) Ranníocaíochtaí Ionchais don Phlean don Tréimhse dar Críoch an 31 Nollaig 2014

Tá na meastacháin seo a leanas, ón achtúire, maidir le ranníocaíochtaí ionchais bunaithe ar bhallraíocht reatha agus rolla tuarastail rannpháirtithe an phlean.

31 Nollaig 2014	
	€000
Ranníocaíochtaí ón bhfostóir	14,604
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe an phlean	4,188
Iomlán	18,792

Nóta 33: Soláthairtí

Coinníodh na soláthairtí seo a leanas an 31 Nollaig 2013:

	2013	2012
	€000	€000
Riosca Contrapháirtí ó Oibríochtaí Bheartas Airgeadaíochta an Eurochórais (i)	–	3,952
Soláthar i leith urrús	350,000	400,000
Nóta Puint Éireannacha Neamhfhuascailte (iii)	11,563	13,189
Soláthar i leith Léasa Dhochraidigh agus Trochlaithe (iv)	18,400	–
Iomlán	379,963	417,141

- (i) I gcomhréir le cinneadh Chomhairle Rialaithe an BCE arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí contrapháirte in oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna bhunú in 2008 a leithdháileadh idir BCNanna na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE sa bhliain inar tharla an mhainneachtain. I gcomhréir le prionsabal cuntasaíochta ginearálta na stuamachta, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle Rialaithe ar iomchuíbheas an tsoláthair atá fós amuigh agus chinn sí é a dhíscaroileadh ag deireadh 2013. Léirítear na coigeartuithe, faoi seach, i gcuntais Brabúis agus Caillteanaís agus Leithghabhála na BCNanna. I gcás an Bhainc, b'ionann an t-ioncam a thig as agus €3.9 milliún (Nóta 6(ii)).
- (ii) Tá soláthar arb ionann é agus €350 milliún coinnithe ag an mBanc (2012: €400 milliún). Leis an gcomhsholáthar sin, léirítear liúntas measta i leith rioscaí a thig as na hurrúis atá ar seilbh chun críocha beartas airgeadaíochta agus chun críocha infheistíochta. Tá meastachán bliantúil na táille lagaithe faoi réir éiginnteachta suntasaí, éiginnteacht atá ard i gcónaí sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Tá sí faoi réir tosca amhail braistint an mhargaidh maidir le hinbhuanaitheacht fiachais. Na toimhdí atá mar bhonn taca leis an tuairim seo, tá siad suibhiachtúil agus tá siad bunaithe ar mheasúnú na bainistíochta i gcomhthéacs na ndálaí margaidh amhail ar an 31 Nollaig 2013, arna fhormheas ag an gCoimisiún (Nóta 3) Beartas Cuntasaíochta (m).
- (iii) Nótaí puint Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Amhail ar an 31 Nollaig 2002, bhí nótaí arbh ionann a luach agus €299.7 milliún fós amuigh, tráth a rinneadh soláthar €60.0 milliún chun freastal ar oibleagáidí i leith nótaí piunt Éireannacha neamhfhuascailte. Ag deireadh 2010 agus 2012, aistríodh €10 milliún ó bhrabúis chun an soláthar seo a athshlánú. An 31 Nollaig 2013, b'ionann an soláthar sin agus €11.6 milliún (2012: €13.2 milliún) (Nóta 3 agus Nóta 36 (iii)) Beartas Cuntasaíochta (m).
- (iv) Tá sé beartaithe ag an mBanc imeacht as an áitreabh ag Duga Spencer mar chuid den aistriú chuig Cé an Phoirt Thuaidh agus, dá bhrí sin, cruthaíodh soláthar léasa dochraidigh agus trochlaithe arbh ionann é agus €18.4 milliún i leith glanoibleagáidí an Bhainc a bhaineann leis an léas ar an áitreabh tar éis 2016. I ríomh an tsoláthair don léas dochraideach, folaítear toimhde go bhféadfaidh an Banc costais a aisghabháil tríd an bhfoirgneamh agus tríd an gcarrchlós a ghabhann leis a fholigeán (Nóta 3 agus Nóta 22) Beartas Cuntasaíochta (m).

Nóta 34: Cuntais Athluachála

	2013	2012	Glang hluaiseacht
	€000	€000	€000
Ór	120,663	195,961	(75,298)
Airgeadra Eachtrach	12,792	21,378	(8,586)
Urrúis agus Ionstraimí Eile (i)	3,128,912	117,459	3,011,453
Amhail ar an 31 Nollaig	3,262,367	334,798	2,927,569

- (i) In Urrúis agus Ionstraimí Eile, áirítear gnóthachain caipitil neamhréadaithe a thig as luacháil dheireadh na bliana ar urrúis arna bhfáil i ndiaidh leachtú IBRC i mí Feabhra 2013 (Nóta 16(1)).

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear *vis-à-vis* an euro do luachálacha dheireadh na bliana:

	2013	2012
Airgeadra	Ráta	Ráta
Dollar SA	1.3791	1.3194
Yen na Seapáine	144.7200	113.6100
Steirling	0.8337	0.8161
Franc na hEilvéise	1.2276	1.2072
Coróin na Danmhairge	7.4593	7.4610
Coróin na Sualainne	8.8591	8.5820
Dollar Cheanada	1.4671	1.3137
CST	0.8942	0.8579
Is iad seo a leanas na praghsanna óir a úsáideadh:		
Euro de réir an mhínunsa	871.2200	1,261.1790

Nóta 35: Caipiteal agus Cúlchistí

	Caipiteal (i)	Cúlchiste Ginearálta	Cúlchiste Airgeadra	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Amhail ar an 31 Nollaig 2012	30	1,757,822	351,648	2,109,500
Brabús coinnithe don bhliain (ii)	–	327,241	–	327,241
Amhail ar an 31 Nollaig 2013	30	2,085,063	351,648	2,436,741

- (i) **Faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, socraítear caipiteal údairithe an Bhainc mar €50,790.** Is ionann agus €30,474 caipiteal eisithe agus láníochta atá ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Tá an t-iarmhéid iniúchta mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire é.
- (ii) Faoi na *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*, cheadaigh an Coimisiún go n-aistreofaí €327.2 milliún ón gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála chuig an gCúlchiste Ginearálta, lena n-áirítear glanchaillteanas achtúreach arb ionann é agus €21.2 milliún a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 32 (iii)).

Nóta 36: Dlíteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

Dlíteanais Theagmhasacha

(i) **An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta**

Sealbhaíonn an Banc 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus tá 2,564 díobh sin láníochta. Tá dlíteanas teagmhasach ag an mBanc i leith an iarmhéid (Nóta 5(ii) agus Nóta 21(i)).

(ii) **Sócmhainní Caipitil agus Cúl sócmhainní Eachtracha atá Geallta don BCE**

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc amach anseo, mar aon leis na BCNanna rannpháirteacha eile go léir, méideanna breise caipitil (Airteagal 28) agus cúl sócmhainní eachtracha (Airteagal 30) a aistriú chuig an BCE.

(iii) **Nótaí Puint Éireannacha**

Tá an Banc faoi dhlíteanas teagmhasach maidir le nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2013, bhí nótaí puint arbh ionann a luach agus €231.3 milliún fós amuigh (Nóta 33 (iii)).

(iv) Tá 15 cás dlí ar siúl faoi láthair ag an mBanc arb é dlíteanas don Bhanc an toradh a fhéadfaidh a bheith orthu i gcás ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc. Níl na dlíteanais theagmhasacha seo inchainníochtúil. Tá na caingne seo á gcosaint ag an mBanc agus, dá bhrí sin, ní fhoráiltear d'aon mhéid.

Ceangaltais

(i) **Léasanna Oibriúcháin**

I mí Iúil 2008, rinne an Banc comhaontú léasa 25 bliana i ndáil le cóiríocht oifige ag Duga Spencer, Baile Átha Cliath 1. Is ionann agus €3.6 milliún an íocaíocht bhliantúil cíosa faoin léas oibriúcháin seo (2012: €3.3 milliún).

Ina theannta sin, rinne an Banc léas 4 bliana i mí na Samhna 2010, do chóiríocht i gCúirt Úibh Eachach, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Is ionann agus €1.5 milliún an íocaíocht bhliantúil chíosa faoin léas oibriúcháin seo.

(ii) **Ceannach an tsuímh ag Cé an Phoirt Thuaidh**

An 13 Samhain 2012, rinne an Banc comhaontú neamhchoinníollach chun leas léasachta 300 bliain a cheannach sa suíomh ag Cé an Phoirt Thuaidh ar €7.0 milliún sa iomlán. Íocadh éarlais de €0.7 milliún le linn 2012, agus íocadh €6.3 milliún a bhí fágtha an 28 Feabhra 2013 nuair a tugadh an comhaontú ceannaigh chun críche agus aistríodh na gníomhais chuig an mBanc. Mar chuid den idirbheart seo, bhí íocaíochtaí breise tobhaigh forbartha de thuairim is €3.5 milliún iníochta le gníomhaireachtaí agus le húdaráis iomchuí, mar a bhí €0.8 milliún i dtobhaigh arna n-íoc in 2013. Beidh infheistíocht shuntasach bhreise ón mBanc i gceist leis an tionscadal i ndáil le dearadh, tógáil agus feistiú an fhoirgnimh sin sula ndéanfaidh an Banc a cheanncheathrú a athlonnú ann in 2016. B'ionann agus €3.4 milliún na ceanglais chonraithe iomlána amhail ar an 31 Nollaig 2013.

Nóta 37: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tagann rioscaí airgeadais chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc mar thoradh ar a ról reachtúil mar pháirt lárnach den earnáil airgeadais intíre agus mar bhanc ceannais comhpháirteach den Eurochóras. Folaíonn na rioscaí sin riosca creidmheasa, riosca margaigh agus riosca airgeadra. Mar bhanc ceannais náisiúnta den Eurochóras, ní bhíonn riosca leachtachta maidir le dlíteanas euro i gceist.

Tá próisis bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an mBanc chun rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhonatóiriú, laistigh de bheartais shoiléire inmheánacha riosca agus faoi threoir bheartais riosca bainistíochta an Eurochórais i gcás inar iomchuí.

Tacaíonn foirne agus coistí speisialtóirí leis an ardbhainistíocht chun a áirithiú go gcloítear le caighdeán agus beartais chomhaontaithe. Go háirithe, déanann an Coiste Riosca agus an Coiste Feidhmiúcháin Riosca de chuid an Choimisiúin maoirseacht ar bhainistíocht riosca ghníomhaíochtaí baincéireachta ceannais an Bhainc. Tá an Rannán um Riosca Eagraíochtúil freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar riosca airgeadais ó lá go lá. Is rannán neamhspleách bainistíochta riosca é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil a thuairiscíonn go díreach don Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) atá ina chathaoirleach ar an gCoiste Feidhmiúcháin Riosca chomh maith.

Nóta 37: Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eisitheora, contrapháirtí nó custaiméara a chuid oibleagáidí don Bhanc a chomhlíonadh. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca creidmheasa i mbainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, in oibríochtaí beartais airgeadaíochta a sheoltar thar ceann an Eurochórais agus i dtaca le tacaíocht leanúnach leachtachta don earnáil baincfeachta náisiúnta.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc a rialú trí chóras de theorainneacha arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún, ar córas é atá bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí rátála Fitch agus Moodys. Maolaítear neamhchosaint shócmhainní infheistíochta an Bhainc ar riosca creidmheasa trí bheartas infheistíochta cuíosach coimeádach.

Déantar riosca creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí bhíthin fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC, lena n-áirítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht a sholáthar agus creidmheas ionlae) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach.

D'fhonn an riosca seo a rialú tuilleadh, cuirtear dianchritéir incháilitheachta maidir le comhthaobhacht inghlactha i bhfeidhm ar fud chreat measúnaithe creidmheasa an Eurochórais agus cuirtear bearta leanúnacha um rialú riosca i bhfeidhm lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. An riosca creidmheasa don Bhanc a eascraíonn as oibríochtaí an Eurochórais, déantar é a mhaolú tuilleadh trí mheicníocht chomhroinnte caillteanas an chórais lena ndéantar aon chaillteanais a eascraíonn as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil na mBanc Ceannais Náisiúnta. Ar a shon sin, i gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le hÉilimh Bhreise Creidmheasa, is é an BCN a ghlacann leis an gcomhthaobhacht lena mbaineann a iompróidh an riosca.

Déantar riosca creidmheasa i ndáil le Clár na Margaí Urrús agus leis na Cláir Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach de chuid an Eurochórais a bhainistiú i gcomhréir leis na creata iomchuí Eurochórais. Is iad na BCNanna faoi seach a iompróidh aon chaillteanais ionchasacha ar urrúis atá á sealbhú sna Cláir Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach.

Riosca Margaidh

Sainmhínítear riosca margaidh mar chaillteanas a eascraíonn as athruithe ar thosca riosca margaidh, lena n-áirítear praghsanna, rátaí úis, rátaí malairte eachtraí, praghsanna tráchtearraí agus raon difríochta creidmheasa. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca margaidh trí íogaireacht ráta úis a shócmhainní infheistíochta. Ina theannta sin, éiríonn riosca margaidh as punann bannaí an Bhainc, ar bannaí iad a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC. Féadfaidh go n-éireoidh neamhchosaint as luaineachtaí an ráta malairte, as praghsanna óir agus as athruithe ar dhálaí margaidh airgeadais.

Riosca margaidh a bhaineann le punanna trádála, déantar é a bhainistiú laistigh de Stiúrtóireacht Oibríochtaí Airgeadais i gcomhréir le teorainneacha ardleibhéil bainistíochta riosca, rialachais agus faoi réir na gcreat rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún mar aon le socruithe tuairiscithe do phríomhtháscairí riosca. Is é an Rannán um Riosca Oibríochtúil a dhéanann comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin a fhíorú agus a thuairisciú.

Tá an Banc neamhchosanta ar riosca ráta úis ina phunann infheistíochta marcáil ón margadh. Déantar tosaíochtaí bainistíochta riosca i ndáil le sócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca margaidh (ráta úis) punann marcáil ón margadh de chuid an Bhainc a bhainistiú trí mharthanacht mhodhnaithe a úsáid. Le marthanacht leasaithe, tomhastar íogaireacht luach punainne infheistíochta maidir le hathruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach-faoi-Riosca (LfR) agus Easnamh Ionchais mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh ar phunanna an Bhainc.

Ina theannta sin, tá an Banc neamhchosanta ar riosca margaidh ar a phunann neamh-amúchta de bhannaí caighdeánacha inmargaidh Rialtas na hÉireann agus de bhannaí Rialtas-Ráthaithe GNBS a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC (Nóta 16).

Nóta 37: Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)**Riosca Airgeadra**

I gcomhthéacs an limistéir euro agus, dá bhrí sin, i gcomhthéacs na heaspa idirghabhála malairte eachtraí, rinneadh sealúchais shócmhainní luaineacha eachtracha an Bhainc a laghdú go dtí an t-íosmhéid. Déantar athbhreithniú ar leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta go tréimhsiúil trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh mhí na Nollag 2013, bhí formhór phunanna an Bhainc in euro, agus méid beag ainmnithe i ndollair SA. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca airgeadra freisin trí staid glandliteanais i gCearta Speisialta Tarraingthe (Nóta 11 agus Nóta 28).

Nóta 38: Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

Ní raibh aon Chonarthaí neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach fós amuigh ag deireadh na bliana.

	31 Nollaig 2013		31 Nollaig 2012	
	EUR	Dollar SA	EUR	Dollar SA
000s d'aonaid airgeadra				
Ceannacháin Neamhaibithe	–	–	494,565	–
Díolacháin Neamhaibithe	–	–	–	(641,943)
Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	–	–	494,565	(641,943)

Nóta 39: Conarthaí Neamhaibithe in Urrúis

Ba iad seo a leanas conarthaí neamhaibithe in urrúis ag deireadh na bliana:

	31 Nollaig 2013		31 Nollaig 2012	
	EUR	Dollar SA	EUR	Dollar SA
000s d'aonaid airgeadra				
Ceannacháin Neamhaibithe	131,973	–	–	–
Díolacháin Neamhaibithe	(442,033)	–	–	–
Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	(310,060)	–	–	–

Tháinig na conarthaí go léir in aibíocht faoin 3 Eanáir 2014.

Nóta 40: Páirtithe Gaolmhara

- (i) Cuireann an Banc cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairsealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí le linn na bliana go dtí an 31 Nollaig 2013:

- soláthar seirbhísí baincéireachta lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a choinneáil;
- soláthar agus eisiúint monaí;
- Clár urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.

- (ii) Mar bhall rannpháirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc le BCNanna eile agus leis an BCE.

- (iii) Tá an Banc ar cheann de thrí scairsealbhóir sa 'Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí Teoranta' (ICCL) agus soláthraíonn sé seirbhísí riaracháin agus eile di, a ndéantar a gcostais a ghnóthú ón ICCL. Is é an Banc an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta seo. Riarann an ICCL an scéim chúitimh d'infheisteoirí lena ndéantar cliaint gnólachtaí teipthe infheistíochta a chúiteamh. Ullmhaíonn an ICCL a Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Cuntas iniúchta féin.

Nóta 41: Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

(i) Bannaí GNBS a fhuascailt

Ón dáta tuairiscithe i leith, tá laghdú €3.2 billiún tagtha ar shealúchais an Bhainc de Bhannaí GNBS i ndiaidh fuascailtí ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS).

(ii) Dáileadh Deiridh Bhrabúis an BCE

Chinn Comhairle Rialaithe an BCE an 20 Feabhra 2014 go ndéanfaí an brabús a bhí fágtha aige don bhliain 2013 arb ionann é agus €60.5 milliún a dháileadh ar BCNanna an limistéir euro, i gcomhréir lena scaireanna láníochta. B'ionann scair an Bhainc den dáileadh deiridh seo agus €1 milliún agus tabharfar cuntas ina leith i Ráitis Airgeadais 2014.

Nóta 42: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

Is í seo a leanas achoimre ar ioncam agus ar chaiteachas i leith gníomhaíochtaí rialála airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 mar aon le comparáidí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012.

		2013	2012
		€000	€000
Ioncam			
Ioncam Tobhaigh	(i)	69,736	65,170
(Méadú)/Laghdú ar an Soláthar i leith Tobhach Neamhíochta	(ii)	(1,319)	335
Ioncam eile	(iii)	1,717	1,077
Ioncam iomlán		70,134	66,582
Fóirdheontas ó Bhanc Ceannais na hÉireann	(iv)	57,912	44,096
		128,046	110,678
Costais			
Costais iomlána i leith gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	(v)	128,046	110,678
Muirir iarchurtha is inchurtha i leith an Tionscail	(vi)	(7,406)	–

Nóta 42: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**(i) Ioncam Tobhaigh**

	Barrachas ó 2012	Méid a tobhaíodh in 2013	2013 Easnamh/ (Barrachas)*	2013 Ioncam Tobhaigh	2012
	€000	€000	€000	€000	€000
Maoiniú Tionscail					
Institiúidí Creidmheasa	7,063	25,518	3,178	35,759	42,012
Gnóthais Árachais	4,248	12,551	(2,451)	14,348	8,902
Idirghabhálaithe	718	2,363	75	3,156	2,108
Gnólachtaí Urrús & Infheistíochta	1,665	5,314	(105)	6,874	5,162
Scéimeanna Comhinfeistíochta & Soláthraithe Seirbhíse	1,360	5,819	(134)	7,045	4,082
Comhair Chreidmheasa	–	1,375	–	1,375	1,398
Iasachtóirí Airgid	124	392	(146)	370	207
Comhlachtaí Gairmiúla Ceadaithe	10	30	3	43	39
Malartuithe	–	–	–	–	233
Bureau de Change	5	17	(2)	20	102
Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais & Creidmheasa Miondola	24	75	(3)	96	90
Institiúidí Seirbhíse Íocaíochta	167	480	3	650	835
Maoiniú Iomlán	15,384	53,934	418	69,736	65,170

* I gcásanna áirithe, is ionann an t-easnamh/(barrachas) is inchurtha d'aicme Maoiniúcháin agus glanéifeacht an easnaimh/(bharrachais) is inchurtha d'fho-aicmí leithleacha laistigh den aicme sin. I Nóta 21, áirítear comhiomlán na n-olleasnamh (€4.7 milliún) is inchurtha do gach fo-aicme de mhaoiniú tionscail. Ar an gcaoi chéanna, áirítear i Nóta 31 comhiomlán na n-ollbharrachas (€4.3 milliún) is inchurtha do gach fo-aicme de mhaoiniú tionscail.

Taispeántar Glanmhaoiniú Tionscail na Rialála Airgeadais i Nóta 7 mar seo a leanas:

	2013	2012
	€000	€000
Ioncam Tobhaigh 2013	69,736	65,170
Lúide: Barrachas ón mBliain Roimhe sin	(15,384)	(5,996)
Lúide: (Méadú)/Laghdú ar an Soláthar do Thobhaigh Neamhíochta	(1,319)	335
Glanmhaoiniú Tionscail na Rialála Airgeadais (Nóta 7)	53,033	59,509

Nóta 42: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**(ii) (Méadú)/Laghdú ar an Soláthar do Thobhaigh Neamhíoctha**

Coinníonn an Banc soláthairtí i leith tobhach a bheidh fós gan íoc ag deireadh na bliana. Téitear sa tóir ar thobhaigh den sórt sin mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

Is iad seo a leanas na soláthairtí/an díscríobh:

	2013	2012
	€000	€000
Soláthar Tosaigh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíoctha	1,520	2,252
Tobhaigh Díscríofa	(199)	(397)
Méadú/(laghdú) ar an soláthar	1,319	(335)
Soláthar Deiridh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíoctha	2,640	1,520

(iii) Ioncam Eile

Cuimsítear é seo mar seo a leanas:

	2013	2012
	€000	€000
Táillí Margaidh Urrús	1,465	1,028
Táillí Ceadúnúcháin	238	–
Ilghnéitheach	14	12
	1,717	1,040
Ioncam Eile	–	37
	1,717	1,077

(iv) Fóirdheontas

Le comhaontú an Aire Airgeadais, rinneadh 50 faoin gcéad de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí rialála airgeadais a íoc ó 2007 i leith trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an Banc iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil i gcomhréir le hAlt 321 d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú). Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe um maoirseacht ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folaigh) a dhéantar san eagraíocht. Eisiadh na costais seo, arbh ionann iad agus €5.702 milliún in 2013, ó na Glantobhaigh Maoiniúcháin Tionscail arna n-eisiúint chuig an tionscal in 2013. Léirítear táillí Margaidh Urrús (a áirítear i Nóta (iii) thuas) mar ioncam.

De bhreis air sin, faoi fhorálacha na Rialachán um Acht an Bhainc Cheannais 1942 (Alt 33J) 2013, gearradh tobhach forlíontach ar institiúidí creidmheasa arna n-údarú faoi reachtaíocht na hÉireann agus a thagann faoin Scéim um Institiúidí Creidmheasa (Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe) 2009 atá ceaptha 100 faoin gcéad de na costais comhairleachta a bhaineann leis na cleachtaí um Measúnú ar Chlár Comhardaithe arna seoladh le linn na bliana a aisghabháil ó na hinstiúidí cumhdaithe ábhartha creidmheasa.

Nóta 42: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**(v) Caiteachais Iomlána**

	2013	2012
	€000	€000
Caiteachais Dhíreacha	81,674	72,429
Seirbhísí Tacaíochta	46,372	38,212
	128,046	110,641
Caiteachais Eile	–	37
Caiteachais Iomlána	128,046	110,678

I Nóta 8, áirítear caiteachais dhíreacha agus caiteachais a bhaineann le seirbhísí tacaíochta.

Caiteachais Dhíreacha

	2013	2012
	€000	€000
Tuarastail/Liúntais	45,780	44,497
ÁSPC	3,846	3,925
	49,626	48,422
Soláthar Pinsin	7,834	3,694
Costais Foirne	57,460	52,116
Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne	1,538	1,758
Trealamh, Stáiseanáireacht & Riachtanas	1	252
Taisteal Gnó	1,295	1,089
Foilseachán & Fógraíocht Tomhaltóirí	43	129
Táillí Gairmiúla	19,606	16,086
Ilghnéitheach	1,731	999
Caiteachais Oibríochtúla Neamhphá	24,214	20,313
Caiteachais Dhíreacha	81,674	72,429

B'ionann méid iomlán na dtáillí gairmiúla a tabhaíodh in 2013 i leith Measúnuithe ar Chlár Comhardaithe na n-institiúidí cumhdaithe airgeadais agus €12.2 milliún (2012: €12.0 milliún). Aisghabhadh na táillí seo go léir ó na hinstiúidí airgeadais ábhartha agus áiríodh iad faoi Mhaoiniú Tionscail d'Institiúidí Creidmheasa.

Nóta 42: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)**Seirbhísí Tacaíochta**

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, riarachán acmhainní daonna, cuntasáíocht, iniúchóireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíochta faisnéise ó stiúrthóireachtaí seirbhísí tacaíochta sa Bhanc. B'ionann costas na seirbhísí sin in 2013 agus €46.4 milliún (2012: €38.2 milliún).

Ríomhadh na costais seo trí chur i bhfeidhm na modheolaíochta um leithdháileadh costas, ar modheolaíocht í a ndearna sainchomhairleoirí neamhspleácha seachtracha athbhreithniú uirthi roimhe seo. Tá leithdháileadh bunaithe ar chleachtas aithinte tionscail lena n-áirítear spás urláir áitithe, líon ríomhairí pearsanta agus líon daoine (líon foirne) de réir mar is iomchuí. Is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na gcostas thuas:

	2013	2012
	€000	€000
Áitribh & Saoráidí	12,309	11,969
Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise	15,610	10,386
Acmhainní Daonna	5,941	5,240
Seirbhísí Eile	12,512	10,617
Iomlán	46,372	38,212

(vi) Muirir larchurtha is inchurtha don Tionscal

In 2013, d'aithin an Banc táillí áirithe, a ndéanfar cion ábhartha díobh a ghearradh ar an Tionscal amach anseo de réir mar a thabhfófar eisíocaíochtaí iarbhir. Baineann na caiteachais seo leis an méid seo a leanas:

- (i) Soláthar léasa dhochraidigh agus trochlaithe (Nóta 22 (iv)); agus
- (ii) Fabhrú as saoire bhliantúil (Nóta 8 (ii)).

Déanfar an cion ábhartha de na muirir seo arbh ionann é agus €7.4 milliún a thabhairt ar aghaidh go dtí go mbeidh an oibleagáid socraithe (Nóta 21).

Nóta 43: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú ó thaobh comhsheasmhachta le nochtadh faisnéise na bliana reatha.

Nóta 44: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 14 Aibreán 2014.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Banc Ceannais na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam, faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, ar ráiteas cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013. Sa ráiteas cuntas, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach ann, cuimsítear na beartais chuntasaíochta agus faiséis ghaolmhar, an cuntas brabúis agus caillteanais agus leithghabhála, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. An creat um thuairisciú airgeadais a úsáideadh chun an ráiteas cuntas a ullmhú, leagtar amach é i mír (b) de na beartais chuntasaíochta agus san fhaisnéis ghaolmhar.

Freagrachtaí Choimisiún an Bhainc Ceannais

Tá comhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais freagrach as an ráiteas cuntas a ullmhú, as a áirithiú go dtugann na cuntais léargas fíor, cothrom ar staid ghnóthaí an Bhainc agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht idirbheart a áirithiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá freagracht orm an ráiteas cuntas a iniúchadh agus tuarascáil a thabhairt air i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Rinne mé an iniúcháireacht faoi threoir léirbhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmíocht.

Cuireadh an iniúcháireacht seo i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) agus le Caighdeáin Eitice na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais d'Iniúcháirí.

Raon na hIniúcháireachta a Rinneadh ar na Ráitis Airgeadais

Is é a bhíonn i gceist le hiniúcháireacht, fianaise leordhóthanach a fháil maidir leis na méideanna agus leis an nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun go bhféadfar dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhair, cibé acu trí chalaos nó trí mhíriltacht nó earráid eile. Áirítear sa mhéid seo measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí d'imthosca an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach;
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn an ráiteas cuntas a ullmhú; agus
- cur i láthair foriomlán an ráitis cuntas.

Féachaim freisin le fianaise a fháil maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn na hiniúcháireachta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Bhainc chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis an ráiteas cuntas iniúchta a shainaithint. Má fheictear dom go bhfuil aon mhírítis nó neamhréireachtaí ábhartha, breithním na himpleachtaí don tuarascáil seo.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim maidir leis an ráiteas cuntas a ullmhaíodh go cuí ar an mbonn a thuairiscítear i mír (b) de na beartais chuntasaíochta agus faisnéis ghaolmhar, go dtugtar léargas fíor, cothrom ann ar staid ghnóthaí an Bhainc amhail ar an 31 Nollaig 2013 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhainc do 2013.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Banc leabhair chuntais chuí. Tá an ráiteas cuntas ag teacht leis na leabhair chuntais.

Leachtú IBRC agus Ceanncheathrú Nua

Gan mo thuairim a cháiliú, ba mhaith liom aird a thabhairt

- ar Nóta 15 agus ar Nóta 16 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas ina leagtar amach an iarmhairt a bhí ag leachtú IBRC ar chlár comhardaithe an Bhainc.
- ar Nóta 22 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas, ina leagtar amach na hiarmhairtí cuntasaíochta agus airgeadaíochta a d’eascair as cinneadh an Bhainc athlonnú chuig Cé an Phoirt Thuaidh agus a chuid foirgneamh reatha a fhágáil (lena n-eisiatar an t-áitreabh in Áth an Ghainimh).

Nithe a gceanglaítear orm a thuairiscíú ar bhonn eisceachtúil

Tuairiscím go heisceachtúil:

- mura mbeidh gach faisnéis agus gach míniú a bhí ag teastáil uaim don iniúchóireacht, nó
- má bhíonn aon chás ábhartha ann nach n-úsáidtear airgead poiblí chun na gcríoch atá beartaithe nó nach mbíonn na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis atá á rialú, nó
- mura mbeidh an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Bhainc ag teacht leis an ráiteas cuntas gaolmhar, nó
- mura léireofar sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBanc, nó
- má fheictear dom go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ina ndéanfar gnó poiblí.

Soláthar neamhiomaíoch

Sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, nochtáítear go raibh cásanna ábhartha de sholáthar neamhiomaíoch i leith conarthaí a oibríodh in 2013. Leagtar amach ann freisin, na gníomhaíochtaí a rinne an Banc chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

14 Aibreán 2014

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig Coimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann

Tá iniúcháireacht déanta againn ar Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann ('an Banc') don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013, a gcuimsítear ann an Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, an Clár Comhardaithe agus nótaí gaolmhara 1 go dtí 44. An creat um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun iad a ullmhú ba ea an Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasáochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, i gcás nach dtugann an Treoirlíne treoir shonrach nó nach bhfuil a cur i bhfeidhm éigeantach, leanadh na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn).

Freagrachtaí chomhaltaí an Choimisiúin agus na nIniúcháirí faoi seach

Mar a mhínítear ar mhodh níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin, tá comhaltaí an choimisiúin freagrach as an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an gcreat um thuairisciú airgeadais.

De bhun cheanglais Airteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh, ceapadh muidne le hiniúcháireacht a dhéanamh ar Ráiteas Cuntas Bhainc Ceannais na hÉireann. Tá de fhreagracht orainn mar iniúcháirí neamhspleácha iniúcháireacht a dhéanamh ar an Ráiteas Cuntas agus tuairim a thabhairt ina leith i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire). Cuireann na caighdeáin seo de cheangal orainn Caighdeáin Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí a chomhlíonadh. Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do Choimisiún an Bhainc mar chomhlacht agus dó sin amháin, i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus chun na críche sin amháin. Agus an tuairim seo á tabhairt againn, ní ghlacaimid orainn féin freagracht chun críche ar bith eile nó freagracht do dhuine ar bith eile a dtaispeántar an tuarascáil seo dó nó di nó do dhuine ar bith a gheobhaidh é ach amháin i gcás ina gcomhaontóimid a mhalairt go sainráite i scríbhinn.

Raon na hiniúcháireachta ar an Ráiteas Cuntas

Is é a bhíonn i gceist le hiniúcháireacht, fianaise leordhóthanach a fháil maidir leis na méideanna agus leis an bhfaisnéisiú sa Ráiteas Cuntas chun go bhféadfar dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an Ráiteas Cuntas saor ó mhíráiteas ábhair, cibé acu trí chalaois nó trí mhírialtacht nó earráid eile. Folaíonn sé seo measúnú ar na nithe seo a leanas: cibé acu an bhfuil na beartaí chuntasaíochta iomchuí d'imthosca an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta arna ndéanamh ag comhaltaí an choimisiúin; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ní cheanglaítear orainn tuairim a thabhairt i dtaobh éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha airgeadais an Bhainc. Léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis an Ráiteas Cuntas iniúchta a shainaithint. Má fheictear dúinn go bhfuil aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha, breithnímid na himpleachtaí don tuarascáil seo. Ní bhaineann ár gcuid freagrachtaí le haon fhaisnéis eile.

Tuairim ar an Ráiteas Cuntas

Is é ár dtuairim maidir leis an Ráiteas Cuntas:

- go dtugtar léargas fíor, cothrom ann ar staid ghnóthaí an Bhainc, amhail ar an 31 Nollaig 2013, agus ar an mbarrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin, i gcomhréir leis an Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, i gcás nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach nó nach mbeidh a cur i bhfeidhm éigeantach, i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad i gcomhréir leis an gcreat um thuairisciú airgeadais.

Nótaí Rátaí Comhlúthacha

- Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis na Nótaí Rátaí Comhlúthacha a fuair an Banc le linn na bliana, tarraingítear aird an léitheora ar Nóta 16. Níl aon athrú ar ár dtuairim i leith an ní seo.

Nithe eile a gceanglaítear orainn a thuairisciú

- Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasamar a bheith riachtanach don iniúchóireacht.
- Is é ár dtuairim gur choinnigh an Banc taifid chuntasaíochta chuí.
- Tá an Ráiteas Cuntas ag teacht leis na leabhair chuntais.
- Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis an gcleachtas is fearr, ar ní é a chuirfeadh in iúl go dtuairisceoimis daoibh más rud é, gurb é ár dtuairim nach ndéantar luach saothair agus idirbhearta chomhaltaí an choimisiúin a nochtadh.

RSM Farrell Grant Sparks
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath

14 Aibreán 2014

An leagan Gaeilge seo de Thuarascáil Bhliantúil 2013 Bhanc Ceannais na hÉireann, arna fhoilsiú i gcomhréir le halt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, is aistriúchán é ar an leagan Béarla arna ullmhú agus arna thíolacadh don Aire Airgeadais i gcomhréir le halt 32K d'Acht an Bhainc Cheannais 1942.

T +353 1 224 6278

F +353 1 671 6561

www.centralbank.ie

publications@centralbank.ie



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

**Bosca OP 559, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, Éire
PO Box 559, Dame Street, Dublin 2, Ireland**